



Department of Enterprise, Trade and Employment
Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2007





Department of Enterprise, Trade and Employment
Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2007

CLÁR ÁBHAIR

Réamhfhocal leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Brollach leis an Ard-Rúnaí

Cairt Eagrúcháin

Cuailí agus Eochairspríocanna ár gcuid Straitéise

Anailís Chomhshaoil

Achoimre ar na hEochairnithe a Baineadh Amach in 2007

Cuaille 1 - Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás

Cuaille 2 - Obair agus Foghlaim Ardchaighdeáin

Cuaille 3 - Slíte Chun gur Fearr a Oibreoidh Margat agus Rialúchán

Cuaille 4 - Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméara

Achoimre ar na hEochair-Thosaíochtaí a Aithníodh sa Ráiteas Straitéise

CUAILLE 1 - Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás

- Iomaíochas
- Grúpa Straitéise Fiontraíochta
- Gnónna Beaga
- Caiteachas Poiblí ar Fhorbairt Fiontraíochta
- Gníomhaíocht Fhiontraíochta
- Úsáid TFC ag Gnóthais Bheaga & Mheánacha
- Forbairt Réigiúnach & Gníomhaireachtaí Forbartha
- An Timpeallacht Fhioscach
- Ag Cur Infheistíochta i dTaighde & i bhForbairt Chun Cinn
- Maoin Intleachtúil

- Trádáil Idirnáisiúnta
- Acmhainn & Cumas Onnmhairithe a Fhorbairt
- Margadh Inmheánach
- Ionbhuaine & Iomaíochas

CUAILLE 2 - Obair agus Foghlaim Ardchaighdeáin

- Foghlaim Ar Feadh an tSaoil
- Traenáil in-Chuideachta(Uas-sciliú lad sin atá ar Fhostaíocht)
- Traenáil agus Tacaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Gairmoideachas agus Traenáil Ghairme ar leibhéal an AE
- Tacaíocht do Dhaoine Dífhostaithe
- Straitéis Fostaíochta na hEorpa
- Saothar Oilte ó Lasmuigh den LEE
- Ceadanna Fostaíochta
- Caiteachas agus Gníomhaíochtaí FÁS
- Sonraí ar Mhargadh an tSaothair
- Ciste Sóisialta na hEorpa
- Dearadh Cláir CSE 2007-2013
- Idirphlé Sóisialta
- Réiteach Reachtaíochta, um Ghéilliúntas agus Díospóidí

CUAILLE 3 – Slite Chun Gur Fearr a Oibreoidh Margáí agus Rialúchán

- An tÚdarás Iomaíochta
- Iomaíocht in Earnálacha Cosanta
- Polasaí Tomhaltóireachta
- Dlí Cuideachta agus Gníomhaireachtaí Rialúcháin
- Creatlach Reachtach Chuideachta do Thionscal na Seirbhísí Airgeadais
- Reachtaíocht an AE ar Dhlí na gCuideachtaí
- Acht Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe Dlí na gCuideachtaí
- Clár Athchóirithe Árachais

CUAILLE 4 - Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméara

- Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Nua-aoisiú
- Acmhainní Daonna & Traenáil
- Bainistíocht Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide
- Dílárú
- Rialú Airgeadais & Luach ar Airgead
- Iniúchadh Inmheánach
- Oscailteacht, Trédhearcacht & Cuntasacht
- Straitéis Staidreamh
- Rialúchán Níos Fearr
- Bainistíocht Riosca

Aguisíní

- Aguisín 1: Meastachán (nó Buidéad na Roinne do 2007)
- Aguisín 2: Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí
- Aguisín 3: Géilliúntas don Acht um Íoc Pras Cuntas
- Aguisín 4: Tuarascáil ar Mheasúnú ar Thionchar Rialála (MTRanna)
- Aguisín 5: Reachtaíocht á riaradh ag an Roinn
- Aguisín 6: Reachtaíocht a Achtaíodh in 2007
- Aguisín 7: Ionstraimí Reachtúla a déanadh in 2007
- Aguisín 8: Treoracha gur glacadh leo ar leibhéal AE i rith 2007
- Aguisín 9: Treoracha a trasuíodh in 2007
- Aguisín 10: Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna) agus Comhaontuithe Cláraithe Fostaíochta (CCFanna) a déanadh in 2007
- Aguisín 11: Sonraí Mhargadh an tSaothair
- Aguisín 12: Comhlachtaí agus Oifigí a bhaineann leis an Roinn
- Aguisín 13: Seoltaí Oifigí na Roinne Láithreáin Gréasáin an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

BROLLACH LEIS AN TÁNAISTE AGUS AN TAIRE FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA



Déanann an tuarascáil seo athbhreithniú stairiúil ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmiúchán na Roinne in 2007, tá sé seo á dhéanamh againn is sinn ar an eolas maidir leis na hathruithe móra atá tarlaithe san eacnamaíocht dhomhanda agus i bhfeidhmiúchán eacnamaíochta na hÉireann. Tuigimid go mbeidh orainn aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shuntasacha le go spreagfaí athshlánú náisiúnta chun ceann de na géarchéimeanna is déine dá raibh lenár linn, sna margaí idirnáisiúnta airgeadais, a shárú. Tá súil agam go léiríonn an tuarascáil go bhfuil an Roinn i riocht maith le freagairt do na saolta deacra atá romhainn.

Bliain shuntasach ab ea 2007 d'eacnamaíocht na hÉireann agus dúshlán nua ag teacht chun cinn san eacnamaíocht dhomhanda. Bhí treocht ardaithe ar phraghas na hola le linn na bliana sin agus thosaigh an boilsciú laistigh de limistéar an euro ag ardú de réir a chéile, agus mhéadaigh an Banc Ceannais Eorpach na rátaí úis arís dhá bhabhta laistigh de chéad leath na bliana. Ar a shon sin, ainneoin tionchar na dtoscaí seachtracha seo ar an eacnamaíocht, sonraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo conas a chabhróidh feidhmiúchán an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2007 le hÉirinn leis an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a bheidh ar fáil. Soláthraíonn an Tuarascáil, a leagann amach gnóthachtálacha na Roinne i leith na dtiomantas atá sonraithe ina Ráiteas Straitéise 2005-2007, fianaise ar na prionsabail iontaofa eacnamaíochta a cuireadh i bhfeidhm le blianta beaga anuas agus a bhrostóidh an t-athshlánú de réir mar a thiocfaidh sámhnas ar na srianta seachtracha seo.

Eochairdhúshlán a bheidh romhainn laistigh de na cúinsí seo ná ár n-iomaíochas a choimeád. In 2007, bhí mo Roinn rannpháirteach i raon tionscnamh dírithe ar a dheimhniú go mbainfeadh ár ngnónna amach a lánacmhainneacht fáis trína n-earraí agus a seirbhísí a sholáthar ar rátaí iomaíocha. Chuir gníomhaíochtaí a glacadh chun Straitéis Liospóin i leith fáis agus fostaíochta a chur chun cinn bonn agus taca faoin bpolasaí seo. Bhí an dul chun cinn ina leith seo le

feiscint i gcomhthéacs freagra na Roinne ar an gCoimisiún Eorpach maidir le Clár Athchóirithe Náisiúnta Liospóin, go háirithe maidir le feabhas a chur ar iomaíochas, ar infreastruchtúr, ar rialúchán agus ar chuimsiú sóisialta, infheistíocht agus éifeachtacht T&F a mhéadú, agus breis nuálaíochta agus fiontraíochta a spreagadh.

Creidim gurb i réimse an taighde agus na forbartha atá teacht ar eochair dár rathúnas agus dár bhfás inbhuanaithe fadtéarmach amach anseo, a bheidh ina thiománaí ar infheistíocht inár n-eacnamaíocht agus a sholáthróidh éileamh ar shaothraithe ardoilte. Chun na críche sin, tá ról cinnireachta ag mo Roinn maidir leis an Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2007-2013 a chur i bhfeidhm. Faoin Straitéis, tá tiomantas tugtha ag an Rialtas i leith €8.2bn d'fhonn eolas nua a ghiniúint agus a úsáid do dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta, laistigh de chultúr nuálaíochtbhunaithe.

Cé gur faoi threoir Theicneolaíocht Éireann a dhéanfar an infheistíocht seo, cuirtear béim sa tuarascáil seo ar athrú a chuimsíonn go bhfuil tionchar méadaithe ag gnónna beaga ar an eacnamaíocht. Thug an chéad tuarascáil POS dar teideal "Small Business in Ireland" tacar cuimsitheach de staitisticí le chéile a léirigh go soiléir conas mar a bhí tionscnaimh sa réimse seo le déanaí tar éis gnónna beaga a chumasú le seachadadh a dhéanamh ag teacht lena gcuid acmhainneachta.


Iarmhairt a ghabhann leis an infheistíocht seo is ea an gá atá le lucht saothair leis an saineolas agus leis an inniúlacht riachtanach le freastal ar na héilimh ó mhargadh domhanda atá ag athrú go mear. Caithfidimid a dheimhniú go mbeidh lucht saothair foghlamtha ardoilte againn leis na scileanna riachtanacha le freastal ar éilimh ghnónna. Dá bhrí sin, i gcomhar leis an infheistíocht leanúnach sa chóras foirmeálta oideachais ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, rinne an Roinn os cionn €1bn a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí traenála agus fostaíochta FÁS in 2007. Creidim go bhfuil an tábhacht atá le traenáil thar a bheith tábhachtach má táimid le saothraithe ar ardchaighdeán atá tarraingteach do chuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta a sholáthar.

Eascróidh brúnna nua maidir le conas a fheidhmeoidh margaí saothair in eacnamaíocht níos dúshlánaí. Tá diminsean nua á thabhairt leis ag an Údarás nua Náisiúnta um Chearta Fostaíochta chuig réimse na gceart fostaíochta. Thacaigh an leibhéal suntasach cistíochta a cuireadh ar fáil in 2007 le hobair na hOifige, ag áireamh cigirí breise a earcú.

Bliain shuntasach ab ea 2007 maidir le cosaint cearta tomhaltóirí, nuair a achtaíodh an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007. Soláthraíonn an tAcht cumhachtaí i réimsí abhcóideachta, oideachais agus na feasachta, an fhorfheidhmithe, soláthar eolais agus taighde do thomhaltóirí. Anois, tá cosc dlí curtha ar os cionn 30 cleachtas áirithe tráchtála ar a n-áirítear áireamh díolachán pirimide. Cuireann an tAcht feabhas mór ar raon na roghanna forfheidhmiúcháin agus tá sainfhoráil ann d'íocaíochtaí um pionós socraithe.

Cuirim fáilte chomh maith roimh atosú na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas in Iúil 2007. Is ardtosaíocht don Roinn é comhoibriú eacnamaíochta trasteorann agus creidim go mbainfidh gnónna agus tomhaltóirí araon leas as oscailt na margaí agus as trádáil mhéadaithe ar fud an oileáin. Sonraíonn an tuarascáil seo forbairt leanúnach na n-eochairghréasán gnó ag Idirthrachtáil Éireann maidir leis seo.

Mar atá léirithe ag imeachtaí le tamall anuas, beidh an-dúshlán faoin Roinn agus faoin tír sna blianta atá romhainn, ach táim lánmhuiníneach go bhfuil na daoine cearta againn chun na roghanna cearta a dhéanamh le cabhrú leis an eacnamaíocht a thabhairt ar ais ar bhonn níos cobhsaí.



Mary Coughlan, TD

tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

BROLLACH LEIS AN ARD-RÚNAÍ



Clúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil do 2007 bliain deiridh Ráiteas Straitéise 2005-2007 na Roinne agus mar sin, soláthraíonn sí léargas maith ar an gcineál ratha a bhí orainn maidir le nár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach sa tréimhse trí bliana roimhe sin, chomh maith le mórán tiomantas ón gClár don Rialtas. Léiríonn an tuarascáil seo go bhfuilimid ag obair go comhtháiteach agus go héifeachtach i dtreo cuspóirí na straitéise a bhaint amach i leith na gceithre chuaille tacaíochta, is é sin (1) Fiontraíocht, Nuálaíocht agus Fás, (2) Obair agus Foghlaim Ardchaighdeáin, (3) Margaí agus Rialúchán a chur ag Feidhmiú Níos Fearr, agus (4) Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Seirbhísí do Chustaiméirí.

Seo a leanas sainghnéithe dár tharla in 2007:

- Cur chun cinn leanúnach infheistíochta san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht den €8.2bn a leithdháileadh faoi Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, ag áireamh fiontair a spreagadh le díriú ar fheabhas a chur ar iomaíochas trí T&F a chur i bhfeidhm agus trí dhámhachtainí cistíochta de nach mór €365m d'institiúidí ardoideachais ar fud na tíre.
- Chríochnaigh an Grúpa Gníomhaireachta Fiontraíochta, a bunaíodh in 2005 le tuairisciú ar an dul chun cinn maidir le feidhmiúchán an Phlean Gníomhaíochta Fiontraíochta comhaontaithe ag an Rialtas, a chuid oibre agus chur a thuarascáil dheiridh faoi bhráid an Aire i nDeireadh Fómhair 2007.
- Baineadh amach méadú suntasach i mbarrachas foriomlán trádála na hÉireann ó €18.6bn in 2006 go €26.4bn in 2007, le hEaspórtálacha Seirbhísí ag méadú 18% go €64.8bn.
- Ár dtiomantais faoin bPlean Gníomhaíochta um Nua-Aoisiú I dTreo 2016 a chomhlíonadh agus rannpháirtíocht sa chéad chéim de Chlár Athbhreithniúcháin Eagraíochta na Ranna Rialtais, a rinne athbhreithniú dearfach ar acmhainn na Roinne chun a cuid pleananna iomadúla straitéiseacha a sheachadadh.
- Tugadh socruithe faoin Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006, isteach in Eanáir, socruithe a dhíríonn ar imirce saothraithe leis na scileanna riachtanacha nach bhfuil ar fáil laistigh den Limistéar Eacnamaíochta Eorpach a mhealladh isteach, agus déanadh na socruithe sin a chur i bhfeidhm go rathúil i rith na bliana.
- Sholáthair Acht nua um Chosaint Tomhaltóirí raon níos láidre agus níos nua-aimseartha de chosaintí le cabhrú le haghaidh a thabhairt ar raon de cheisteanna a bhaineann le cosaint tomhaltóirí, leithéidí cleachtas éagóracha tráchtála agus fógraíocht mhíthreorach.

Cé go bhfáiltítear roimh na gnóthachtálacha thuasluaite, táimid go hiomlán feasach ar na dúshláin eile atá romhainn. Leanfaimid orainn ag measúnú na roghanna uile agus úsáidfimid gach meicníocht atá ar fáil chun ár ndul chun cinn eacnamaíochta sa toadhchá a thiomáint.

Sna blianta atá romhainn a bheidh triail cheart ar ár struchtúir agus ar ár bpolasaithe. Is amhlaidh a chaithfear mórán a dhéanamh leis an mbeagán. Ar a shon sin, táim lánsásta go bhfuil an saineolas riachtanach againn chomh maith leis an tiomantas laistigh den Roinn le go mbainfimis cuspóirí amach faoi na coinníollacha níos déine atá romhainn. Chomh maith le hinfheistiú in earnálacha táirgiúla na heacnamaíochta, tá mo Roinn ag plé slite ina bhféadfaí feabhas a chur ar a rialachas corparáideach agus ar a hacmhainn anailíse eacnamaíochta. Tá leorfhianaise sa Tuarascáil Bhliantúil seo maidir lenár ndul chun cinn go dtí seo agus dár n-acmhainn seirbhís ardchaighdeán a sheachadadh dár bpáirtithe leasmhara ar fud an raon leathan réimsí feidhmiúcháin go bhfuil freagracht ag an Roinn astu.

Creidim gur cáilíocht, tiomantas agus inniúlacht fhoirne na Roinne is cúis lenár rathúlacht sna réimsí sin agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil leo as ucht a gcuid dianoibre in 2007. Táim ag súil lenár móiminteam a choimeád sna blianta atá romhainn agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir lenár dtiomantais Rialtais agus Roinne a sheachadadh agus eacnamaíocht na hÉireann a spreagadh.



Sean Gorman,
An tArd-Rúnaí.

CAIRT EAGRÚCHÁIN

**AN TÁNAISTE AGUS AN TAIRE, FIONTAR,
TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA**
Mary Coughlan, TD

**An tAire Eolaíocht, Teicneolaíocht
agus Nuálaíocht**
Dr. Jimmy Devins, TD

An tAire Gnóthaí Saothair
Billy Kelleher, TD

An tAire Trádála agus Tráchtála
John McGuinness, TD

An tAire Foghlaim Ar Feadh an tSaoil
Sean Haughey, TD

An tAire Saincheisteanna Méichumais
John Moloney, TD

Ard-Rúnaí na Roinne
Sean Gorman

**An Rannán Fiontar agus
Gníomhaireachtaí**
Brian Whitney
Rúnaí Cúnta

**An Rannán Eolaíochta,
Teicneolaíochta agus
Maoine Intleachtúil**
Martin Shanagher
Rúnaí Cúnta

**An Rannán Gnóthaí
Iomaíochais agus
Idirnáisiúnta**
Clare Dunne
Rúnaí Cúnta

**An Rannán Tráchtála,
Tomhaltóirí agus
Iomaíochta**
Breda Power
Rúnaí Cúnta

**Rannán Forbartha an
Lucht Saothair**
Dermot Mulligan
Rúnaí Cúnta

**An Rannán um Chearta
Fostaíochta agus
Chaidreamh Tionsclaíoch**
Dermot Curran
Rúnaí Cúnta

**Rannán um Sheirbhísí
Corparáide agus Polasáí
Eacnamaíochta**
Gerry Donnelly
Rúnaí Cúnta



*Baill Bhord Bainistíochta na Roinne
(L to R) Dermot Mulligan, Siobhan Daly (Runai), Dermot Curran, Clare Dunne, Sean Gorman (Ard Runai na Roinne), Martin Cronin (CEO, Forfas), Brian Whitney, Gerry Donnelly, Breda Power & Martin Shanagher (missing from photo Kieran Grace, Planning Officer).*

ÁR BPOLASAÍ

Oibreoimid don Rialtas agus do na daoine chun fostaíocht ardchaighdeáin agus iomaíocht náisiúnta a fhás.

Dearadh ár bpolasaithe chun iomaíochas a fheabhsú, chun comhshaol a chruthú inar féidir le fiontraíocht fás agus teacht i dtreis agus ina ndéantar cosaint ar thomhaltóirí, scileanna breise a thabhairt don lucht saothair, soláthar a dhéanamh ar dheiseanna inbhuanaithe fostaíochta, feabhas a chur ar choinníollacha sa láthair oibre agus cabhrú chun sochaí chuimsitheach a thógáil.

Tá ár gcur chuige um chaidreamh lenár n-eochairpháirtithe leasmhara - An Rialtas agus an tOireachtas, baill den phobal, eagraíochtaí eile poiblí agus príobháideacha agus go himhneánach lenár bhfoireann – bunaithe ar na bunluachanna seo a leanas:

- Cothroime agus Meas
- Oscailteacht agus Trédhearcacht
- Solúbthacht agus Sofhreagracht
- Comhpháirtíocht agus Comhairleoireacht
- Freagracht
- Spreagadh agus Feidhmíocht
- Seirbhís
- Gairmiúlacht

Struchtúr na Roinne

Roinntear an Roinn i seacht Rannán éagsúil mar seo a leanas:

- Fiontraíocht agus Gníomhaireachtaí
- Iomaíochas agus Gnóthaí Idirnáisiúnta
- Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Maoin Intleachtúil
- Forbairt an Lucht Saothair
- Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch
- Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht
- Seirbhísí Corparáide agus Polasaí Eacnamaíochta

CUAILLÍ AGUS EOCHAIRSPRIOCANNA ÁR GCUID STRAITÉISE

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo bunaithe ar ghníomhaíochtaí atá sna ceithre chuaille atá sonraithe inár Ráiteas Straitéise 2005 - 2007 agus tá spriocanna ardleibhéil i ngach cuaille, agus is iad seo bunús oibre na Roinne i rith na tréimhse sin. Seo a leanas na Cuailí agus na Spriocanna sin:

Cuaille 1 - Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás

Eochairspríocanna

- Feabhas a chur ar leibhéil táirgíochta agus iomaíochta na hÉireann chun gur féidir earraí agus seirbhísí a chuireann le leas na tíre a tháirgeadh agus a dhíol go hinbhuanaithe ar mhargaí an domhain.
- Polasaithe a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun feabhas a chur ar an gcomhshaol fiontraíochta as a dtiocfadh rátaí arda de ghníomhaíocht inbhuanaithe fhiontraíochta, tosú agus fás gnólachtaí iomaíocha, infheistíocht dhíreach choigríche leanúnach agus forbairt inbhuanaithe.
- Gnó a spreagadh chun tiomantas do T&F a mhéadú, nuálaíocht a chur chun cinn agus le cultúr fiontraíochta i measc taighdeoirí a spreagadh agus luaíocht a dhéanamh ar nascanna éifeachtacha idir an fhiontraíocht agus an t-aos léinn.
- Feidhm a bhaint as acmhainn na heacnamaíochta feachtbhunaithe do leas eacnamaíochta agus sóisialta, táirgí agus seirbhísí a dhéanamh den bhfeacht, agus cuidiú le forbairt na bhfiontar gur féidir leo a bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta agus dá réir sin breis fostaíochta a sheachadadh chun leas an uile dhuine.
- Oibriú leis na páirtithe leasmhara ábharthacha chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh cáil domhanda ar Éirinn ar bharr feabhais ár gcuid

taighde agus go mbeidh sí i bhfíorthosach maidir le heolas nua a ghiniúint agus a úsáid do dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta, laistigh de chultúr atá á thiomáint ag nuálaíocht.

- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar pholasaithe agus idirghabhálacha tionsclaíocha i bhfianaise an chomhshaoil iomaíochta atá ag teacht chun cinn, forbairtí maidir le heacnamaíocht uile-oileáin agus an gá atá le cothromaíocht réigiúnach.

Cuaille 2 - Obair agus Foghlaim Ardchaighdeáin

Eochairspríocanna

- Feidhmiú ar pholasaithe i margadh an tsaothair a dhéanann forbairt ar chaipiteal daonna agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna na heacnamaíochta, áisiú a dhéanamh ar mhéadú ar rannpháirtíocht i bhfostaíocht agus ar rochtain ar fhostaíocht, agus cuidiú le cuimsiú sóisialta.
- Breis feabhais a chur ar fhostaíocht ardchaighdeáin trí fheabhas agus fhorfheidhmiú a dhéanamh ar chearta agus ar theidlíochtaí fostaíochta, ag áireamh sábháilteachta agus sláinte sa láthair oibre, agus comhpháirtíocht shóisialta, síocháin thionsclaíoch agus réiteach éifeachtach ar dhíospóidí a chur chun cinn.

Cuaille 3 - Slite Chun gur Fearr a Oibreoidh Margaí agus Rialúchán

Eochairspríocanna

- A chinntiú go ndéanfaidh an córas reatha rialúcháin margaí éifeachtacha agus iomaíocha a sheachadadh le hardchaighdeáin de rialachas corparáideach agus cosanta tomhaltóra.
- Breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat reachtaíochta, ag tabhairt aird ar an gcleachtas is fearr rialúcháin, go háirithe prionsabail an Rialúcháin Níos Fearr.
- Laghdú ar an gcostas a bhaineann le cúiteamh a sheachadadh agus ar na hamanna seachadadh próiseála d'éilimh um ghortú pearsanta le súil feabhas a chur ar fheidhmiúchán an mhargadh árachais ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnónna.

Cuaille 4 - Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméara

Eochairspríocanna

- Soláthar a dhéanamh ar thacaíocht agus ar chomhairle phroifisiúnta ardleibhéil ar fud na Roinne i réimsí eochairthacaíochta, d'fhonn a chinntiú go mbainfimid amach ár spriocanna gnó agus go leanfaimid de bheith i bhfíorthosach sa chlár nua-aoiseachtaithe.
- Seirbhísí barr feabhais a sheachadadh dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara seachtracha tríd an úsáid, an fhorbairt agus an leithdháileadh is éifeachtaí dár n-acmhainní a chinntiú agus tríd an uasluach a fháil ar ár gcaiteachas.

ANAILÍS CHOMHSHAOIL

Stiúradh gníomhaíochtaí in 2007 i gcomhthéacs an tríú agus an bhliain dheiridh de Ráiteas Straitéise 2005-2007 na Roinne agus dá bhrí sin comhlíonann an Tuarascáil Bhliantúil seo déróil maidir le gnóthachtálacha na dtrí bliana roimhe sin, agus go háirithe 2007, agus ag léiriú na ndúshlán nach bhfuil comhlíonta go fóill agus na dúshlán nua sin a d'eascair le míonna beaga anuas.

Tá athrú ó bhonn tarlaithe sna trí bliana sin maidir le feidhmiúchán na heacnamaíochta domhanda agus, dá thoradh sin is ann do roinnt dúshlán go mbeidh ar eacnamaíocht na hÉireann aghaidh a thabhairt orthu. Mar sin féin, bhí an fás OTI ann in 2007 de 6 faoin gcéad agus 4.1 faoin gcéad ar an OTN. D'fhás easpórtálacha na hearnála seirbhísí 17.6 faoin gcéad, agus d'fhás easpórtálacha eanála neamhsheirbhísí 2 faoin gcéad. D'eascair barrachas trádála d'ós cionn €26,000m ónár bhfeidhmiúchán iompórtála agus easpórtála in 2007 agus chuidigh sin le fás fostaíochta de 57,600 (2.6%). Cé gur ardaigh líon na ndaoine a bhí dífhostaithe 7,600 (7.5%) anuraidh, bhí an ráta dífhostaíochta de 4.5 faoin gcéad fós faoi bhun an mheáin Eorpaigh.

Léiríonn na staitisticí seo gur éirigh linn leibhéal mhaithe rathúlachta a bhaint amach sna réimsí sin le linn 2007. Ar ndóigh, toisc gurb eacnamaíocht bheag oscailte atá againn, tá ár rathúnas eacnamaíochta fós go mór ag brath ar éileamh seachtrach ar ár n-earraí agus ar ár seirbhísí agus tá an cor a tharla in 2008 tar éis cur isteach ar ár n-ionchas meántéarmach eacnamaíochta.

Is í an tosaíocht atá againn, dá bhrí sin, ná cur le gnóthachtálacha na Roinne in 2007, cé gur i dtimpeallacht níos deacra a chaithfear é sin a dhéanamh, ceann ina bhfuil brúnna nach raibh ann le tamall maith anuas ar na príomhpháirtithe leasmhara. Ar a shon sin, is cúis dóchais ár gcuid rathúlachta in 2007 leith na spriocanna faoin gceithre chuaille atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Maidir leis seo, aithníonn an Tuarascáil raon fairsing tionscnamh agus beartas a cuireadh ann le feidhm a thabhairt don Chlár comhaontaithe don Rialtas.

Cuspóirí rithábhachtacha laistigh den chuaille Fiontraíochta, Nuálaíochta agus Fáis ab ea na beartais a bhí dírithe ar iomaíochas eacnamaíochta na hÉireann a threisiú, agus béim ar leith á chur ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá sé thar a bheith tábhachtach a lua sa chomhthéacs seo go léiríonn an Tuarascáil go bhfuil an earnáil intíre ag teacht chun a bheith ina toisc níos suntasaí agus níos tábhachtaí le fás a spreagadh san eacnamaíocht. Is de bhun an dul chun cinn suntasach a déanadh maidir le forfheidhmiú mholtaí na Tuarascála um Fhóram na nGnónna Beaga formhór na rathúlachta seo. I rith na bliana tugadh isteach go rathúil beartas mar an Clár "Tech-Check", a sholáthraíonn rochtain ar sheiceáil neamhspleách teicneolaíochta d'fhonn feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar bhrabús, agus Scéimeanna feabhsaithe agus fairsingthe Méadaithe Gnó agus Síolchaipitil. Cuireadh leis seo trí athruithe a déanadh ar an réimeas cánach do ghnónna beaga sa Bhille Airgeadais 2008, ina laghdaítear a ndlíteanais agus a athraíonn tráthúlacht na n-íocaíochtaí, agus ar an mbealach sin ag laghdú an ualaigh do chuideachtaí beaga agus nua.

D'éirigh le Fiontraíocht Éireann na spriocanna a leagadh amach ina Straitéis trí bliana féin a shárú, go háirithe maidir le Gnólachtaí nua-thionscanta Ardacmhainne agus tionscnaimh um Fhormheas Cistí Táirgiúlachta. Ba é an glantordh ná táirgeacht Díolacháin Nua-Easpórtála de €4.42bn thar trí bliana ó chuideachtaí ar Cuidíodh leo, i gcomparáid leis an sprioctháirgeacht de €3bn.

I rith 2007, d'oibrigh an Roinn leis an gCoimisiún Eorpach le teacht chun réitigh ar Scéim nua simplithe Deontais um Thaighde agus Fhorbairt, ina ndéanfaidh Fiontraíocht Éireann agus an ÚFT os cionn €500m a infheistiú chun tacú le cuideachtaí T&F atá bunaithe in Éirinn faoi Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2008-2013 an Rialtais. Cuirfidh sé seo leis an gcistíocht AE de €57m a gnóthaíodh in 2007 trí mholtaí rathúla Éireannacha faoin Seachtú Clár Frámaíochta um Thaighde agus Fhorbairt.

Aithníonn an Roinn gur eochairghnéithe iad cúinsí fairsinge sóisialta chomh maith leis an ngá atá ann

leibhéal de scileanna oibre a bheadh tarraingteach d'infheisteoirí ionchasacha a choimeád maidir le forbairt sa todhchaí a thiomáineann infheistiúocht leanúnach san oiliúint faoin gcuaile um Fostaíocht agus Fhoghlaim Ardchaighdeáin. Dá bhrí sin, cuireadh leis an gclár oibre gnó-dhírthe in 2007 trí shraith beartas dírithe ar fheabhas a chur ar choinníollacha sa mhargadh saothair, go háirithe maidir le hinfhostaitheacht lucht saothair le scileanna isle agus daoine faoi mhíchumas. Mar a aontaíodh faoin gcomhpháirtíocht shóisialta, leanann tacaíochtaí mar Chlár Aonchéime Suas FÁS, a sholáthair traenáil do thuairim is 27,000 duine in 2007, agus leanann Clár Traenála Ghréasán Skillnets ag soláthar traenála forbartha do shaothraithe leochaileacha.

Mar léiriúchán ar an tábhacht a bhaineann leis an gceist seo, déanadh cistíocht d'os cionn €1bn a leithdháileadh ar FÁS in 2007 d'fhonn a ghníomhaíochtaí traenála agus fostaíochta a fhorbairt. Is ionann é seo agus méadú de nach mór 7.5% ar 2006 agus déanadh é a infheistiú i gcláir thraenála a dearadh le cúnamh a thabhairt do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, do dhaoine atá eisiata go sóisialta, do shaothraithe ar iomarcaíocht agus do mhná ag iarraidh rochtain ar mhargadh an tsaothair. In 2007, de bharr na hinfheistiúochta seo chuaigh os cionn 53,000 duine i mbun cláir thraenála FÁS.

Bhí feidhmiú an Achta um Cheadanna Fostaíochta 2006 ón 1ú Eanáir 2007 ar aghaidh ina chomhábhar rithabhachtach dár Straitéis Náisiúnta Scileanna agus is rud é a dheimhneoidh cur chuige solúbtha, sofhreagreach agus bainistithe ar an bpolasaí um imirce eacnamaíochta. Tá an córas nua seo um cheadanna fostaíochta níos éifeachtaí maidir le riachtanais mhargadh an tsaothair a shásamh agus dá réir beidh ar ár gcumas na daoine ardoilte atá ag teastáil uainn chun éilimh fhiontraíochta a shásamh a mhealladh chugainn.

Forbairt eile i margadh an tsaothair a bhí chomh tábhachtach céanna, agus ceann a shásaíonn tiomantas a tugadh faoi l dTreo 2016, ná bunú an Údaráis nua Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) ar bhonn eastramhach i bhFeabhra 2007. Is aidhm don ÚNCF géilliúntas don reachtaíocht um chearta fostaíochta a dheimhniú agus cultúr géilliúntais a chothú in Éirinn. Chun na críche sin, thosaigh an ÚNCF ar chainteanna leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le córas cuimsitheach agus sofhreagrach do ghéilliúntas agus d'fhorfheidhmiúchán cearta

fostaíochta a fhorbairt i gcaitheamh na bliana.

Chuidigh na beartais seo, i gcomhar le cinn eile atá sonraith sa Tuarascáil, le go mbainfí amach taifead íseal nua i líon na laethanta oibre a cailleadh de dheasca díospóidí tionsclaíochta. Ciallaíonn líon na laethanta dá leithéid a cailleadh, 6,038, gurb í an bhliain 2007 an ceathrú bliain ó 2002 a tháirg taifead íseal nua.

Chuidigh an cúlra seo go suntasach le feabhas a chur ar iomaíochas, rud a feabhsaíodh a thuilleadh ag beartais eile ar glacadh leo faoin gcuaile Margaí agus Rialúcháin a Fheidhmiú Níos Fearr. Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar bhonn reachtúil i mBealtaine 2007 agus tá cumhachtaí agus feidhmeanna aici i réimsí abhcóideachta, taighde, oideachais agus le feachtas, faisnéise agus forfheidhmithe do thomhaltóirí. Cuireann an tAcht um Chosaint Thomhaltóirí 2007 bonn agus taca faoin nGníomhaireacht, mar tá sraith beartas san Acht a dhaingníonn go suntasach na cosaintí atá ar fáil do thomhaltóirí na hÉireann. Ina measc seo tá sainchosc ar chleachtais míthreoracha agus ionsaitheacha tráchtála agus déantar eisreachtú ar chleachtais éagóracha mar dhíolachán pírimide, camscéimeanna duaise agus "glaonna gan iarraidh" gan staonadh.

Déanadh athruithe reachtaíochta eile in 2007 atá ina mbuntáiste do chuideachtaí, cuid acu ina raibh trasúil na gceisteanna a chlúdaíonn raon na dTeoracha AE a ghabhann le Dlí Cuideachtaí i gceist leo. Tá suntas ar leith ag baint leis na Rialacháin um Chuideachtaí Poiblí faoi Dhliteanas Teoranta 2007, a dhéanann éascú do chuideachtaí le fairsingiú agus le hoibríochtaí trasteorann a bhainistiú, agus na Rialacháin um Leasú Cuideachtaí 2007, a éascaíonn faisnéis chuideachta a chomhdú agus a rochtain go leictreonach. Tá na beartais seo comhsheasmhach leis an gClár Gníomhaíochta AE maidir le hUalaigh Riaracháin a Laghdú. Beidh gníomhaíocht bhreise sa réimse á thiomáint ag riachtanais a d'aithin an Grúpa Ardleibhéal do Rialúchán Gnó a bhunaigh an tAire in Aibreán 2007.

Ina theannta sin, de dhroim gníomhaíochta an chlár oibre athchóirithe árachais le blianta beaga anuas is ann do shábháil suntasach ar riarachán dámhachtainí um dhíobháil phearsanta. Rinne an Bord Measúnaithe Díobháilacha Pearsanta (BMDP) os cionn 8,200 dámhachtain dar iomlán €181m le linn 2007, ar chostas feidhmiúcháin de €7.4m. Is ionann é seo is coigilt airgeadais de nach mór €40m agus seirbhís níos

tapúla de 29 mí mar mheán i gcomparáid leis an gcóras sáraíochta dlíthíochta a bhí ann go dtí seo.

Tá spriocanna straitéiseacha na Roinne treisithe ag bonn agus taca ó éiteas seirbhísí ardchaighdeán do chustaiméirí atá leagtha amach sa chuaille Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméirí Tiománann Ceithre Phríomhghrúpa Oibre Tionscnaimh Bainistíochta Straitéiseacha an clár oibre um nua-aoisiú, gach ceann acu ag baint an leas is fearr as dhinimic tras-Ranna d'fhonn athrú custaiméirdhírthe a bhaint amach. Léiríodh fianaise ar thiomantas na Roinne don bpróiseas nuair a cinneadh páirt a ghlacadh go deonach sa Chlár Athbhreithnithe Oibriúcháin (CAO) a sheol an Taoiseach anuraidh. Rinne an fhoireann CAO athbhreithniú ar acmhainn na Roinne a cuid pleannanna iomadúla straitéiseacha a sheachadadh agus tá Plean Gníomhaíochta ullmhaithe ag an Roinn a shonraíonn conas atá beartaithe feabhas a chur ar a hacmhainn seachadta ag teacht le torthaí na tuarascála.

Mar atá le hearnálacha eile den eacnamaíocht, tá ár n-acmhainn lenár gcuspóirí straitéiseacha a sheachadadh ag brath ar ábaltacht na foirne freagairt do na dúshláin a thagann chun cinn. De thoradh na timpeallachta eacnamaíochta a bheith ag athrú tá sé riachtanach sinn a bheith faoi réir aghaidh a thabhairt ar ár riachtanais féin agus chomh maith leo sin ag na hearnálacha eacnamaíochta sin atá ag brath orainn. Maidir leis seo, lean an Roinn uirthi ag infheistiú i dtraenáil agus i dtacaíochtaí TFC le go dtabharfaí an deis don bhfoireann uile a n-acmhainn a uasmhádú agus lena riachtanais ghnó a shásamh.

Is sa chomhthéacs seo a rachfar i mbun eilimintí de Phlean Forbartha Náisiúnta (CFN) 2007-2013 na Roinne a sheachadadh. Is í an Roinn seo a bheidh ina maoirseoir ar an infheistíocht de €13.7bn d'Fhiontraíocht, d'Eolaíocht agus do Nuálaíocht agus do Chaipiteal Daonna mar atá leagtha amach sa CFN. Tá na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha, agus na spriocanna gaolmhara is gá chun an t-uasleas a bhaint as toradh na hinfheistíochta seo, leagtha amach inár Ráiteas nua Straitéise 2008-2010.

NITHE SUNTASACHA A BAINNEADH AMACH IN 2007

Cuaille 1 – Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás

- Leanadh leis an tiomáint chun iomaíochais i rith 2007 agus cuireadh a lán de na moltaí ar tugadh imlíne orthu i nDúshlán Iomaíochais 2006 an NCC i bhfeidhm ag teacht le polasaí an Rialtais, go háirithe i gcomhthéacs na frámaíochta a sholáthair an Straitéis Náisiúnta Scileanna, an Páipéar Bán ar Fhuinneamh agus bunú na Comhairle Forbartha Bainistíochta.
- Leanadh le feidhmiú na Straitéise Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-2013, le fócas láidir ar a chinntiú ar fhorbairt leanúnach ar acmhainní daonna san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht agus ar nascanna láidre a fhorbairt le hidirleathadh agus tráchtálaíocht a chinntiú i sreabhadh nua smaointe agus eolais a chur chun cinn i rith 2007.
- D'fhógair an tAire Airgeadais tuilleadh beartas nua a ceapadh le cabhrú le hearnáil na ngnóthas beag maidir le Tairsigh um Chlárú CBL, agus Réamhíocaíochtaí Cánach Corparáide, i gCáinainéis 2008, ar an 5 Nollaig 2007.
- Seoladh an Clár "Tech-Check" in Aibreán 2007, a sholáthraíonn deis do ghnóthais bheaga rochtain a fháil ar sheiceáil neamhspleách teicniúil a bhíonn fóirdheonaithe go mór agus cabhrú leo le bealaí a aimsiú a chuirfeadh lena dtairgiúlacht agus a mbrabúsacht trí úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht.

Cuaille 2 – Obair & Foghlaim Ardchaighdeáin

- Ba ionchur tábhachtach é foilsiú tuarascála na Straitéise Náisiúnta Scileanna dár teideal Scileanna an Lae Amáraigh – I dtreo Straitéise Náisiúnta Scileanna leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin (EGFSN) a foilsíodh i Márta 2007 ar pholasaí ar fhorbairt ar ár gcaipiteal daonna trí chlár breisoiliúna, traenála agus oideachais don tréimhse go dtí 2020.
- Tosaíodh ar an Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 i mí Eanáir 2007 agus soláthraíonn sé socruithe nua d'imirce eacnamaíochta agus do cheadanna fostaíochta atá níos freagraí agus níos éifeachtaí maidir le freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus sinn ag leanúint len ár dtrasfhoirmiú go heacnamaíocht arna tiomáint ag nuálaíocht agus í a bheith eolasbhunaithe.
- Ghlac Coimisiún na hEorpa le Clár Oibriúcháin Infheistíochta na hÉireann do Chiste Sóisialta na hEorpa um Chaipiteal Daonna 2007-2013 i Samhain 2007. Díreoidh an Clár, a bhfuil buiséad foriomlán de €1.36bn aige, le ranníocaíocht CSE de €375m, ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais aitheanta tacaíochta traenála agus/nó fostaíochta mhargadh an tsaothair ag teacht le prionsabail chomhaontaithe agus rialacháin an AE. Díreoidh sé ach go háirithe ar dhá phríomhthosaíocht, is iad sin breisoiliúint an fhórsa saothair agus gníomhachtú agus rannpháirtíocht ghrúpaí lasmuigh den fhórsa saothair.
- Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) nua ar bhonn eatramhach i mí Feabhra 2007 agus aistríodh go ceannáras

nua i gCeatharlach é i mí Iúil mar chuid de Chlár Díláraithe an Rialtais. Tá tosaithe ag an ÚNCF ar dhul i gcomhairle le raon de pháirtithe leasmhara agus cuireadh tús le hidirphlé struchtúrtha le páirtithe leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta ar chóras cuimsitheach agus freagrach géilliúntais agus forfheidhmithe ar chearta fostaíochta a fhorbairt.

Cuaille 3- Margaí & Rialacháin a chur ag Feidhmiú Níos Fearr

- Cuireadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar bun ar bhonn reachtúil i mBealtaine 2007. Tá mandáid leathan reachtúil ag an nGníomhaireacht, a chuimsíonn Oifig an Stiúthóra Gnóthaí Thomhaltóirí, le cumhachtaí agus feidhmeanna breise i réimsí abhcóideachta, taighde, oideachais agus feasachta, faisnéise agus forfheidhmithe do thomhaltóirí. Tá tacaíocht aige ó bheartais eile a rinne nuachóiriú agus daingniú ar an dlí a dhéileálann le fógraíocht, margaíocht, praghsanna a thaispeáint, agus eolas don tomhaltóir tar éis achtaithe an Achta um Chosaint Thomhaltóirí 2007.
- Tháinig Rialacháin le Reacht Eorpach na gCuideachtaí a chur i bhfeidhm a dhéanann éascaíocht do chuideachtaí le méadú agus bainistiú a dhéanamh ar oibríochtaí trasteorann gan an ró-oifigiúlachas a bhaineann le gréasán fochuideachtaí a chur ar bun, ón 21 Eanáir 2007.

Cuaille 4 – Seachadadh Gnó, Nuachóiriú & Fócas ar an gCustaiméir

- Dheonaigh an Roinn a bheith rannpháirteach sa chéad chéim den Chlár Athbhreithnithe Eagrúcháin, a dhíríonn go háirithe ar athbhreithniú ar acmhainn na Ranna Rialtais seachadadh a dhéanamh ar a gcuid bpleananna straitéiseacha iomadúla.
- Ag teacht le comhaontú ar fud na státseirbhís ar fad, déanadh cónascadh foirmeálta ar Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) na Roinne le polasaithe níos leithne AD, le himpleachtaí don fhoireann maidir le pá agus le hincháilitheacht do chomórtais ardaithe céime maidir le tearcfheidhmíocht.
- Seoladh Clár uailmhianach Ceannaireachta sa Roinn, i Meán Fómhair 2007, dírithe ar leibhéal Príomhoifigigh Chúnta agus Príomhoifigigh, agus a chuimsíonn measúnú "360-céim", fortheagasc pearsanta, croímhodúil ar cheannaireacht, soláthar straitéise agus cumarsáid.
- Cuireadh céad Ráiteas Táirgeachta Bliantúil na Roinne, ag tabhairt imlíne ar bhuiséad agus ar thosaíochtaí na Roinne do 2007 i bPríomhréimsí an Chláir agus ag leagan roinnt príomhspríocanna amach don bhliain, faoi bhráid Chomhchoiste na Dála um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí len é a mheas.

Achoimre ar na hEochair- Thosaíochtaí a Aithníodh sa Ráiteas Straitéise

ACHOIMRE AR NA HÉOCHAIR- THOSAÍOCHTAÍ A AITHNÍODH SA RÁITEAS STRAITÉISE

Grúpa Straitéise Fiontraíochta

Bunaíodh an Grúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF) chun roghanna polasaí a fhorbairt do straitéis fhiontraíochta na hÉireann d'fás agus d'fhostaíocht sna deich mbliana atá romhainn. Foilsíodh a dtuarascáil – “Ahead of the Curve, Ireland’s Place in the Global Economy” in Iúil 2004. D’aontaigh an Rialtas ar phlean gníomhaíochta leantach ina dhiaidh sin. Bunaíodh an Grúpa Comhairleach Fiontraíochta (GCF) i bhFómhar na bliana 2005 le go ndéanfaí tuairisciú ar an dul chun cinn maidir le forfheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta Fiontraíochta. I measc raon na gceisteanna gur thug an Plean Gníomhaíochta aghaidh orthu bhí roinnt a bhí cuíosach simplí le cur i bhfeidhm agus roinnt eile go raibh castacht agus ceisteanna um leithdháileadh acmhainne ag baint leo a chúiseadh creatlach ama feidhmiúcháin níos fadtéarmaí. Tá aghaidh tugtha go cuimsitheach dá bhí sin ar an mbealach lena bhfeidhmiúcháin, mar shampla i gcláracha straitéiseacha fadtéarmacha oibre mar an Plean Forbartha Náisiúnta.

Tugann téarmaí tagartha an GCF údarás dó go deireadh 2007. Chur sé a thríú tuarascáil, arbh é a thuarascáil dheiridh é, faoi bhráid an Aire i Samhain 2007. Toisc go bhfuil a chuid oibre críochnaithe aige (roimh an am) ní thiocfaidh siad le chéile níos mó. Tá príomhthéamaí na tuarascála GSF fós ábhartha agus beidh tionchar i gcónaí acu ar chlár oibre pholasaí na Roinne seo.

Gnónna Beaga

Leanadh ag déanamh dul chun cinn suntasach i rith 2007 maidir le forfheidhmiú mholtaí na Tuarascála um Fhóram na nGnólachtaí Beaga (a foilsíodh i mBealtaine 2006) le raon tionscnamh nua agus feabhsaithe, a thabhairt isteach, dírithe ar acmhainn iomlán na hearnála a chur ag obair (féach leathanach 23 den Tuarascáil Bhliantúil seo lena thuilleadh eolais a fháil).

Infheistíocht i dTaighde agus i bhForbairt

Déanann an Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SETN) 2006-2013 soláthar d'fhorbairt leanúnach ar chóras ardchaighdeáin taighde, le tacaíocht ón infreastruchtúr riachtanach fisiciúil agus daonna. Tá meicníochtaí sonraithe sa Straitéis chomh maith chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar an luach is mó is féidir tráchtála dár ninfheistíocht shuntasach i dtaighde. Maidir le fiontraíocht, leagann an Straitéis amach struchtúir agus meicníochtaí chun feabhas a chur ar thacaíochtaí do thionscail agus le spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí páirt níos mó a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha. Comhpháirt lárnach den bPlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013 is ea an Straitéis, le hinfheistíocht de €8.2 billiún in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht chun an eacnamaíocht eolais a sheachadadh agus Éire a chur ar chomhchéim le feidhmiúcháin taighde agus forbartha na n-eacnamaíochtaí cinnireachta.

I rith na tréimhse athbhreithnithe, lean an Roinn seo uirthi ag déanamh comhordaithe ar chur chuige uile-Rialtais maidir leis an Straitéis a chur i bhfeidhm. Dheimhnigh an Roinn gur fheidhmigh na struchtúr rialachais a cuireadh i bhfeidhm le deimhin a dhéanamh d'idirghníomhaíocht, de chomhordú agus d'athbhreithniú éifeachtachta ar aschur ar fud ocht Roinn Rialtais, Oifig an Ardchomhairleora Eolaíochta, gníomhaireachtaí stáit agus institiúidí ardoideachais, go héifeachtach. Dhá uair in 2007, rinne an Coiste Idir-Rannach don ETN tuairisciú go dtí an Coiste Comh-Aireachta don ETN maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta ar an Straitéis a chur i bhfeidhm. Ar an dá ócáid deimhníodh don Choiste Comh-Aireachta go raibh an infheistíocht a bhí á dhéanamh i gcaipiteal daonna, in infreastruchtúr fisiciúil agus i dtráchtáil an taighde ag cuidiú le fíorú na físe atá sonraithe sa Straitéis.

Ceisteanna um Imirce Eacnamaíochta

Dúshlán leanúnach ab ea é do mhargadh saothair na hÉireann in 2007 scileanna, scileanna nach bhféadfaí a fhoinsú laistigh den LEE, a bhí riachtanach chun ár nieacnamaíocht a chur chun cinn go ceann atá eolasbhunaithe agus á brostú ag an nuálaíocht, a thabhairt isteach ó lasmuigh den Limistéir Eacnamaíochta Eorpach (LEE). Cheadaigh an tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006, a tháinig i bhfeidhm in 2007, d'Éirinn socrúithe nua um cheadanna imirce eacnamaíochta agus fostaíochta a sheoladh rud a dheimhneodh cur chuige solúbtha, sofhreagrach agus bainistithe maidir le polasaí um imirce eacnamaíochta. Is iad na ceithre chead fostaíochta a tugadh isteach de bhun an Achta ná:

- Cárta Glas;
- Cead Oibre;
- Cead um Aistriú Laistigh de Chuideachtaí; agus
- Ceadanna do Chéilí agus do Chleithiúnaithe.

Tá an polasaí sa réimse seo á bhrostú ag folúntais seachas a bheith bunaithe ar chuótaí nó ar phointí; is é sin le rá; is é croílár an pholasaí ná tairiscint poist. Ar an mbealach seo, tá córas um straitéis do cheadanna fostaíochta na hÉireann sofhreagrach agus éifeachtach maidir le riachtanais mhargadh an tsaothair a shásamh.

Foghlaim Ar Feadh an tSaoil

D'fhoilsigh an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (SGRST) an tuarascáil ar Straitéis Náisiúnta Scileanna dar teideal *Scileanna an Lae Amáirigh – I dtreo Straitéis Náisiúnta Scileanna* i Márta 2007. Leagann an doiciméad tábhachtach seo cuspóirí straitéiseacha scileanna na hÉireann amach go dtí 2020 agus déanfaidh sé eolasú ar pholasaí feasta.

Ainmníodh an tUas. Seán Haughey T.D ina Aire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le an freagracht iomlán as Foghlaim ar Feadh an tSaoil i rith 2007.

Daoine Dífhostaithe agus Daoine Dífhostaithe go Fadtéarmach/Daoine atá faoi Mhíchumas

Leanann FÁS ar aghaidh ag soláthar sraith de sheirbhísí dóibh sin go bhfuil fostaíocht á lorg acu ag áireamh na bpríomhscéimeanna oibre agus/nó traenála, Fostaíocht Phobail agus Tionscnamh Oibre, chomh maith le socrúcháin agus seirbhísí treoracha gairme.

Bunaíodh Grúpa Oibre Ardleibhéal, comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ó Roinn an Taoisigh agus FÁS, chun cur i ngníomh na ngrúpaí cliaint eile a chur chun cinn i dtreo an mhargadh saothair, go háirithe, Tuismitheoirí Anaracha agus Daoine atá faoi Mhíchumas.

Grúpa Straitéise Tomhaltóra

Ceapadh an Grúpa Straitéise Tomhaltóra i Márta 2004 le comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh d'fhorbairt straitéise náisiúnta um polasaí tomhaltóra. Foilsíodh tuarascáil dheiridh dar teideal "Make Consumers Count" an Ghrúpa i mBealtaine 2005. Ba é príomh-mholadh na Tuarascála ná go mbunófaí Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóra nua (GNT), ag corprú Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóra atá ann cheana féin. Maidir leis seo, déanadh achtú ar an Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 ar an 1^ú Bealtaine 2007 agus bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar bhonn reachtúil. Tugadh údarás reachtúil níos fairsinge don Gníomhaireacht, ag corprú Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóra atá ann cheana féin, le cumhachtaí agus feidhmeanna breise i réimsí abhcóideachta, taighde, oideachais agus feasachta, faisnéise agus forfheidhmiúcháin tomhaltóra. Ceadóidh mandáid na Gníomhaireachta di feidhmiú ina habhcóide láidir thar ceann tomhaltóirí agus leasa tomhaltóirí.

Polasáí Iomaíochta

I rith 2007, rinne an tAire athbhreithniú maidir le hoibriú agus cur i bhfeidhm an Achta Iomaíochta 2002 a thionscain. Mar chuid den bpróiseas athbhreithnithe seo, seoladh comhairliúchán poiblí. Déanfaidh an t-athbhreithniú imscrúdú ar a éifeachtaí atá an reachtaíocht maidir leis na cuspóirí ar ar bunaíodh í a shásamh ó dhearcadh an Údaráis Iomaíochta, chleachtóirí iomaíochta, gnónna agus an ghnáthphobail de agus lean an obair sin ar aghaidh isteach in 2008.

Dílárú

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Roinn maidir le dílárú an 250 post go Ceatharlach, atá riachtanach faoi Chlár Dílárthaí an Rialtais. D’oscail an Roinn réamhoifig i gCeatharlach in Iúil 2007. Tá an Oifig nua suite ar Bhóthar Uí Bhriain, Ceatharlach agus osclaíodh go hoifigiúil í ar an Déardaoin an 6ú Meán Fómhair 2007.

Ó thaobh na foirne de, thosaigh an sannadh foirne do “Phoist Cheatharlach” in 2007 agus faoi dheireadh na bliana, bhí 97 duine lonnaithe i gCeatharlach. Tá an figiúr seo tar éis méadú go hos cionn 100 ó shin. Chomh maith leis an bhfoireann atá dílárthaí cheana féin go Ceatharlach, faoi dheireadh 2007 bhí 86 eile státseirbhíseach tiomanta do dhílárú go Ceatharlach leis an Roinn seo.

Maidir leis an aistriú buan, lean an Roinn ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí in 2007 maidir le soláthar a dhéanamh ar oifigí buana i lárbaile Cheatharlach.

Rialúchán Níos Fearr

In Aibreán 2007, bhunaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Grúpa Ardleibhéil ar Rialúchán Gnó faoi Chathaoirleacht Ard-Rúnaí a Roinne. Is aidhm don Grúpa ualaigh riaracháin ar ghnónna na hÉireann a aithint agus a laghdú ar bhealach tosaíochta, d’fhonn na coigiltis costais a thomhas agus feidhmiú mar “áras imréitithe” le haghaidh a thabhairt ar ualaigh riaracháin a laghdú. Is aidhm don nGrúpa an t-ualach riaracháin a bhaineann le rialúchán intíre ar ghnónna a laghdú 25% roimh 2012.

Sa ghearttarma, tá an Grúpa ag díriú ar chúig réimse tosaíochta a aithníodh i dTuarascáil an Fhóraitm ar Rialúchán Gnó. Is iad na cúig réimse ná Cánachas, Staidreamh, Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Díl Fostaíochta agus Cuideachtaí. Tuairisceoidh an Grúpa ar a chuid oibre go dtí an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in Iúil 2008.

Comhoibriú Thuaidh/Theas

Is ardtosaíocht don Roinn é comhoibriú eacnamaíochta Thuaidh/Theas. Tar éis athbhunaithe Chomhthionól agus Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann, reáchtáladh an cúigiú lánchruiniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas in Ard Mhacha ar an 17ú Iúil, 2007. Ócáid shuntasach ab ea í seo mar dob é an chéad lánchruiniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas é ó 2002. Lean Idirthráchtáil Éireann – an Comhlacht um Fhorbairt Thrádála agus Ghnó, atá ar cheann de na sé Chomhlacht Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta; ag forbairt eochairghríasán gnó in oileán na hÉireann agus thug tacaíocht do raon leathan tionscnamh dírithe ar fheabhas a chur ar acmhainn ghnónna a bhfiontair a fhás ar bhonn uile-oileáin.

Grúpa Ardleibhéil ar Dhéantúsaíocht

Faoin gComhaontú ‘I dTreo 2016’, bunaíodh Grúpa Ardleibhéil ar Dhéantúsaíocht chun beartais a phlé agus a aithint le aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair na hearnála. Sholáthair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, i gcomhar le Forfás, seirbhísí Rúnaíochta agus tacaíochta don ghrúpa. Tháinig an grúpa le chéile i rith 2007 agus chuir an cathaoirleach an tUas. Joseph Harford tuarascáil eatramhach faoi bhráid an Fhóraitm Pháirtnéireachta in Iúil 2007 ag rianú luathobair agus réamhthorthaí an ghrúpa.

Foilsíodh tuarascáil dheiridh an Ghrúpa in Aibreán 2008. Tá 26 moladh sonracha sa tuarascáil atá dírithe ar eochair-réimsí na nuálaíochta agus na táirgiúlachta as a dtiocfadh athrú, athsciliú agus forbairt bhainistíochta bunathraithe don ghnólacht nuálaíochta agus méadú i bhfeasacht/í gcríochoantú na dtacaíochtaí atá ann cheana féin. Chomh maith leis sin, molann an Grúpa go mbunófaí Fóram Déantúsaíochta le freagracht a ghlacadh as cur i

bhfeidhm moltaí na tuarascála agus as a bheith ina thacadóir agus ina chosantóir láidir ag an earnáil déantúsaíochta lena dheimhniú go bhfanfaidh an déantúsaíocht lárnach do pholasáí reatha agus todhchaí na tionsclaíochta. Pléfar athleanúint na tuarascála leis na Comhpháirtithe Sóisialta mar chuid den athbhreithniú “*I dTreo 2016*” in 2008.

Forbairt na Sionainne

Déanadh neadú breise ar mhandáid nua Fhorbairt na Sionainne i gcaitheamh na bliana, mar a chinn an tAire in Iúil 2005, agus aistríodh freagracht as an tionsclaíocht dhúchais i réigiún an mheániarthair go Fiontraíocht Éireann ar an 1^ú Eanáir 2007. Rinne an Chuideachta athbhreithniú ar bhainistíocht a punann maoinne ag teacht lena mandáid agus chuimsigh seo forbairt ar mháistirphlean um athghiniúint ar Limistéar Neamhchustaim na Sionainne i gcaitheamh na bliana atá á hathbhreithniú.

Ciste Sóisialta na hEorpa

I rith 2007, chríochnaigh an Roinn idirbheartaíochta leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhlachtaí Náisiúnta ábhartha agus de bharr na n-idirbheartaíochta sin ghlac an Coimisiún Eorpach le Clár Oibriúcháin um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna CSE 2007-2013 ar an 6^ú Samhain 2007. Díreoidh an Clár ar aghaidh a thabhairt ar na riachtanais tacaíochta traenála agus/nó fostaíochta mhargadh an tsaothair ag teacht le prionsabail agus rialúcháin chomhaontaithe an AE. Go háirithe, Díreoidh sé go háirithe ar dhá phríomhthosaíocht – uas-sciliú a dhéanamh ar an bhfórsa saothair chomh maith le grúpaí lasmuigh den bhfórsa saothair a chur i mbun gnímh agus go mbeidís rannpháirteach.

Diminsean Idirnáisiúnta

Eochairthosaíocht do 2007 ab ea é cur le rathúlacht leanúnach feidhmiúcháin onnmhairíochta na hÉireann. Cé go raibh deacrachtaí i gcuid dár n-eochairmhargáí, go háirithe na fadhbanna de dheasca rátaí malartaithe neamhfhabhracha idir an Euro agus Dollar na Stát Aontaithe agus Steirling, léiríonn na figiúirí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) gur ardaigh luach na n-onnmhairí marsantachta 2% in 2007 go €88.6bn.

Go suntasach, mhéadaigh Onnmhairí Seirbhíse anuraidh 18% go €64.8bn. Mhéadaigh ollbharrachas trádála na hÉireann ó €18.6bn in 2006 go €26.4bn in 2007. I gcaitheamh na bliana, déanadh an-dul chun cinn sna margáí ag teacht chun cinn, go háirithe cuid d’eacnamaíochtaí bhallstát nua an AE agus na hÁise.

Bhí Éire rannpháirteach go gníomhach chomh maith i gcruinnithe an AE agus eagraíochtaí eile idirnáisiúnta maidir le ceisteanna rialúcháin onnmhairíochta, is í na cathaoirleach ar Shainghrúpa den Socraíocht Wassenaar, an réimeas idirnáisiúnta um rialúchán onnmhaireachta gnátharm agus earraí dé-úsáide, in 2007.

Ar deireadh mar atá rianaithe faoi “Gníomhaíochtaí Straitéiseacha” indibhidiúla ar fud na Tuarascála Bliantúla seo, lean an Roinn uirthi in 2007 ag obair go dlúth lenár gComhpháirtithe Idirnáisiúnta, go háirithe ar leibhéal AE, lenár gclár oibre forleathan polasáí a chur chun cinn.

Clár Oibre um Nua-Aoisíú

Lean na Grúpaí Oibre éagsúla um Thionscnamh Bainistíochta Straitéisach (TBS) na Roinne ag cur an Clár Oibre um Nua-aoisíú chun cinn ar fud na Roinne i rith 2007. Cuidíonn obair na ngrúpaí sin le cur chun cinn ghníomhaíochtaí nua-aoisithe mar Straitéisí um Acmhainní Daonna, um Thraenáil agus Fhorbairt agus um TFC a fheidhmiú, chomh maith le monatóireacht a bheith á dhéanamh ar Chaighdeán ár Seirbhísí do Chustaiméirí agus ár ngníomhaíochtaí um Dhílárú a chur chun cinn agus mar sin de.

I rith 2007, chuir an Roinn dhá thuarascáil faoi bhráid Ghrúpa Fíorúcháin Fheidhmíochta na Státseirbhíse ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le seachadadh na dtiomantas éagsúla atá sonraithe inár bPlean Gníomhaíochta um Nuá-aoisíú I dTreo 2016, agus thug an Grúpa faomhadh don dá thuarascáil (féach www.CSPVG.gov.ie do thuilleadh eolais).

Comhaontú Comhpháirtíochta Náisiúnta

I rith 2007 lean obair leanúnach na Roinne ar aghaidh maidir le forfheidhmiú na dtiomantas éagsúla a déanadh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta I dTreo 2016.

I gcaitheamh na bliana bhí an Roinn rannpháirteach chomh maith sa phróiseas leanúnach athbhreithnithe ar I dTreo 2016 agus ar ullmhúchán don chéad tacar eile idirbheartaíochta faoi na Comhaontuithe a bhí le plé in 2008.

Cuaille 1

Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás

CUAILLE 1

FIONTRAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT, FÁS

Iomaíochas

CUSPÓIR

An t-iomaíochas a chur chun cinn le go ngnóthófaí leibhéal tháirgiúlachta in Éirinn atá ar aon leibhéal leis na hardeacnamaíochtaí sa domhan trí idirghabhálacha polasaí i bhfeairinn na fiontraíochta a chur in ord tosaíochta, trí infheistiú i dtaighde agus i bhforbairt, trí pholasaithe iomaíochais agus tomhaltóra, trí athchóiriú rialaitheach, trí acmhainní daonna a fhorbairt chomh maith le hathchóiriú na hearnála poiblí. Cuirfear leis seo trí fhócas ar iomaíochas costais le go ndéanfaí praghsanna coibhneasta a athshlánú le go mbeadh comparáid fhabhrach acu le tíortha comparadóra; agus trí thiomantas dul ag obair lenár gcomhpháirtithe AE maidir leis na gníomhaíochtaí chun go mbainfí amach spríocanna iomaíochais na Liosbóine.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Coimeádfaimid ardphróifíl do cheisteanna agus do dhúshlán iomaíochais thar tréimhse na straitéise trí thuirsciú go dtí an Rialtas gach sé mí.

Cuirfimid tuarascáil go dtí an Rialtas gach bliain maidir le Tuarascáil Iomaíochais agus Dúshlán na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus rachfaimid i mbun athleanúint ghníomh-dhírithe na moltaí.

Iomaíochas Náisiúnta

I rith 2007, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (CNI) a Tuarascáil Bhliantúil ar Iomaíochas 2006 ina dtugtar aitheantas d'eacnamaíocht láidir leanúnach na hÉireann. D'éiligh an Dúshlán Iomaíochais go ndéanfaí gníomhaíocht pholasaí i ndeich eochair-réimse (roinnt moltaí i ngach ceann acu) a cheapfaí le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán i bhfeidhmiúchán iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann.

Mar a béimníodh i dtuarascálacha CNI cheana, tá nádúr fás eacnamaíochta na hÉireann tar éis athrú go han-mhór le blianta beaga anuas, ó fhás faoi chinnireacht na honnmhairíochta go cúinse ina bhfuil eárnálacha intíre ag tiomáint na heacnamaíochta Éireannach chun cinn. Le go mbeadh ann do ghiniúint rachmais inbhuanaithe fadtéarmach, chuir an CNI béim ar an ngá go bhfillfeadh Éire ar chéim d'fhás faoi thiomáint na honnmhairíochta.

Le go ndéanfaí moltaí na Comhairle a chur chun cinn, lean an Roinn uirthi ina cathaoireach ar an ngrúpa idirannach, freagrach as maoirseacht fheidhmiúchán mholtaí na Comhairle. Tá formhór na moltaí atá sonraithe i nDúshlán Iomaíochais an CNI 2006 curtha i bhfeidhm ag teacht le polasaí an Rialtais. Ceann de thábhacht ar leith ab ea cur i bhfeidhm na moltaí i gcomhthéacs na creatlaí oibre a sholáthraíonn an:

- an Straitéis Náisiúnta um Scileanna
- an Páipéar Bán um Fhuinneamh
- bunú na Comhairle um Fhorbairt Bainistíochta.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Rachaimid i mbun anailise téamaí nó earnála ar cheisteanna iomaíochais ó am go chéile, de réir mar is gá.

I rith 2007, d'oibrigh an Roinn go dlúth le Forfás agus ón obair sin foilsíodh roinnt staidéar (Mionsonraí i dTuarascáil Bhliantúil Fhorfás) ag áireamh anailís ar bhainistíocht dramhaíola.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tacóimid go dlúth, mar chuid den gcuidiú náisiúnta le Straitéis na Liospóine, le glacadh agus cur i bhfeidhm éifeachtach na réimsí agus na n-ionstraimí polasaí ar aontaíodh leo tar éis athbhreithnithe meán-téarma Liospóin, atá laistigh de raon na Roinne. Mar chuid den tiomantas maidir le feabhas a chur ar "úinéireacht" pháirtithe leasmhara náisiúnta an chlár oibre, cuimseoidh seo tuairisc thráthúil agus éifeachtach ar Ghnóthaí AE a thabhairt do Choiste an Oireachtais maidir le ceisteanna a thagann chun cinn. Cuimseoidh sé rannpháirtíocht éifeachtach chomh maith le foirne tras-Rannacha atá ag plé leis an AE agus, go háirithe, le clár oibre na Liospóine.

Ag teacht le 'straitéis Liospóin' i leith fais agus fostaíochta, ghlac an Roinn ról na cinnreachta – i gcomhairle le Ranna ábhartha eile Rialtais – i ndrúchtú na bpolasaithe micreacnamaíochta agus fostaíochta, maidir le haighneacht a réiteach don Tuarascáil um Dhul Chun Cinn ar Chlár Athchóirithe Náisiúnta na Liospóine (CAN) don Choimisiún Eorpach.

Bhí an Roinn rannpháirteach go lárnach in athbhreithnithe leanúnacha agus i bpróisis faireachais tíre maidir le heilimintí iomaíochais agus fostaíochta an CAN ag áireamh tinreamh ag cruinnithe um athbhreithniú piaraí sa Bhruiséil.

D'éirigh go maith leis an gCoimisiún ar an gcártá scórála maidir le cur i bhfeidhm Chlár Athchóirithe Náisiúnta na hÉireann (CAN) thar an tréimhse 2005-2007. Arís eile, bhí Éire ar cheann de ghrúpa beag Ballstát nach bhfuair aon mholtaí ar leith. Tuairiscíodh an-dul chun cinn chomh maith maidir le formhór na dtiomantas a rinne Comhairle Earraigh na hEorpa. D'éirigh go maith leis an ndul chun cinn chomh maith san olltréimhse 2005-2007 maidir le forfheidhmiú

polasaithe áirithe le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin micreacnamaíochta, go háirithe maidir le feabhas a chur ar iomaíochas, ar infreastruchtúr, ar rialúchán agus ar chuimsiú sóisialta, infheistíocht agus éifeachtacht T&F a mhéadú, níos mó nuálaíochta agus fiontraíochta chomh maith le forbairt inbhuanaithe a spreagadh.

I gcaitheamh na bliana atá faoi athbhreithniú, bhí an Roinn rannpháirteach go gníomhach i gcóras Grinnscrúdaithe an Oireachtais ar mholtaí AE agus chuir isteach Nótaí Faisnéise ar 92 moladh. Cuireadh cúig cinn de na moltaí sin ar aghaidh go comhchoistí éagsúla an Oireachtais le go ndéanfaí grinnscrúdú breise orthu. Rinne an Roinn tuarascálacha leathbhliantúla a chur isteach chomh maith go dtí an Oireachtas don bhliain 2007 faoi Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tacóimid go réamhghníomhach le hiarrachtaí maidir le Comhairle Iomaíochais an AE a bheith ina heochairthiománaí ar athchóirithe iomaíochais ar leibhéal an Aontais.

Rinneadh raon d'obair chomhordaithe, de líonrú, de bhailiú faisnéise agus de thionchar ar shaincheisteanna go háirithe maidir le Comhairle Iomaíochais an AE. Maidir leis sin, i gcomhar lenár nIonadaíocht Bhuan sa Bhruiséil, leanamar orainn ag glacadh páirt gníomhach in idirbheartaíocht AE d'fhonn tionchar a bheith againn ar thorthaí na mbeartas reachtaíochta agus neamhreachtaíochta ag an AE. I gcaitheamh na bliana, i gcomhthéacs Chomhairle Iomaíochais an AE dhírímear ar: Iomaíochas agus Táirgiúlacht; saincheisteanna Maoine Intleachtúla; Cláracha T&F; Ualaí Riaracháin a Laghdú; Athrú Aeráide; Cosaint do Thomhaltóirí; Dlí Cuideachtaí agus Polasaí Fiontraíochta do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide.

I gcaitheamh na bliana, mar chuid dár n-ionchur sa Chomhairle Iomaíochais, bhíomar rannpháirteach go gníomhach sa Ghrúpa Ardleibhéil um Iomaíochas agus Fhás agus sa Ghrúpa um Polasaí Fiontraíochta.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Leanfaimid orainn le comhairleacht agus cothú feasachta ar cheisteanna a chuireann isteach ar earnálacha ar leith fiontar agus leanfaimid orainn ag éileamh go dtabharfaí aghaidh ar na ceisteanna sin oiread agus is féidir, ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta.

Cuimsíodh an t-iomaíochas ina théama uileghabhálach i dtéarmaí tagartha an Fhochoiste comh-aireachta ar Thithíocht, Infreastruchtúr agus ar Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPPanna). Leanann an Roinn uirthi ag tógáil ceisteanna iomaíochais a chuireann isteach ar fhiontair ag an bhfóram seo.

Tá fóram comhairleoireachta bunaithe ag an Roinn leis an gCoimisiún um Laghdú Fuinnimh (CLF) agus lenár nGníomhaireachtaí um fhorbairt fiontar, áit a phlétear ceisteanna fiontair i gcomhthéacs ról um shocrú praghsanna an CLF. In 2007, tháinig an tAire agus oifigigh le chéile le cuideachtaí agus le heagraíochtaí ionadaíocha, ó raon earnálacha, chun tosca a bhfuil tionchar acu ar iomaíochas gnó a phlé agus lean siad na ceisteanna leis na húdaráis ábhartha intíre agus ar leibhéal AE.

Nuálaíocht agus Iomaíochas

Ceapadh an tUas. Michael Ahern, T.D. ina chéad Aire um Polasaí Nuálaíochta ó Éirinn in Iúil 2007 chun clár oibre ilghnéitheach nuálaíochta a chur chun cinn agus le polasaithe a chomhordú ar fud na Ranna Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Oideachais agus Eolaíochta. Tosaíodh ar obair ar Ráiteas Polasaí ar Reachtaíocht in Éirinn in 2007. Dearfar an ráiteas seo le clár oibre nuálaíochta níos fairsinge a chuimsiú agus straitéis nuálaíochta faoi thiomáint an éilimh ag tacú leis an iomaíochas a chur chun cinn. Déanfaidh sé soláthar chomh maith ar phointe tagartha agus ar chomhthéacs níos fairsinge d'fhorfheidhmiú na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013. Aithníodh deich n-eochair-réimse polasaí a chuireann bonn agus taca faoi chur chuige an Rialtais maidir le nuálaíocht mar thacaíocht ar eacnamaíocht agus ar fhiontraíocht eolasbhunaithe. Ina measc sin tá forbairt ar sholáthar poiblí chun an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí nuálacha, ar sheirbhísí nuálaíochta, líonraí agus cnuasaigh gnó, d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus scileanna agus do nuálaíocht san áit oibre a thiomáint chun cinn.

Grúpa Straitéise Fiontraíochta

CUSPÓIR

Moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF) a chur chun cinn mar atá cinnte ag an Rialtas.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Ag teacht le cinní an Rialtais agus leis an bplean comhaontaithe gníomhaíochta cuirfimid feidhmiúchán mholtaí na tuarascála GSF a chur chun cinn.

Bainfimid leas as an Sainghrúpa, a bunaíodh le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiúchán mholtaí an GSF, le deimhin a dhéanamh de dhul chun cinn inbhuanaithe maidir leis an gcuspóir seo a bhaint amach.

Cuirfimid tuarascáil maidir leis an dul chun cinn i bhfeidhmiúchán mholtaí an GSF faoi bhráid an Rialtais dhá uair in aghaidh na bliana agus tuairisceoidimid ar na gníomhaíochtaí sin i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Chuir an Grúpa Comhairleach Fiontraíochta (GCF), faoi chathaoirleacht an Uas. Michael Buckley, a thuirimí deireanacha maidir le feidhmiú an chlár oibre GSF faoi bhráid an Aire i rith 2007. Ag teacht leis an tiomantas maidir le tuairisc ar an ngníomhaíocht um fheidhmiúchán an chlár oibre GSF a chur faoi bhráid an Rialtais, déanadh an dul chun cinn maidir leis an ngné sin den gclár oibre fiontraíochta a phlé ag dhá chruinniú Comh-Aireachta i rith na bliana.

Ó foilsíodh an Plean Gníomhaíochta GSF tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an bplean a chríochnú. Tá feidhmiúchán 24 topaic clúdaithe ag raon de Rannóga sa Roinn seo. Faoin am go raibh a chuid oibre críochnaithe ag an GCF bhí gach topaic faoi shainchúram na Roinne curtha i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm den chuid is mó. Mar shampla, déanadh mórán de mholtaí GSF a chur i bhfeidhm trí chuspóirí straitéiseacha na ngníomhaireachtaí um fhorbairt fiontar na Roinne, agus glacadh an-chuid moltaí go mear isteach i straitéis Fhiontraíocht Éireann don tréimhse 2005-2007 agus ar leanúint isteach sa sprioc straitéise is déanaí den FÉ do 2008-2010.

Gnónna Beaga

CUSPÓIR

Deimhin a dhéanamh de go mbeidh comhshaol fabhrach ann d'fhorbairt agus d'fhás na ngnónna beaga in Éirinn.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Déanfaimid athbhreithniú ar an gcomhshaol do ghnónna beaga in Éirinn, le tagairt ar leith do na tosca a áisíon forbairt agus fás na ngnónna.

Deimhneoidimid go mbeidh idirphlé oscailte agus éifeachtach ann le hearnáil na ngnónna beaga trí chruinnithe Comhchéime do Ghnónna Beaga a réachtáil.

Bunaíodh an Fóram um Ghnólachtaí Beaga in Iúil 2005 le plé a dhéanamh, i dtéarmaí leathana, ar an gcomhshaol reatha maidir le gnónna beaga a rreachtáil in Éirinn agus maidir le leorgacht agus oiriúnacht na bhfreagairtí polasáí poiblí i gcomhthéacs an chomhshaoil sin, ag áireamh idirghabhálacha na ngníomhaireachtaí um fhorbairt fiontar. Foilsíodh Tuarascáil an Fhórait um Ghnólachtaí Beaga i mBealtaine 2006.

Tráth a foilsithe, aontaíodh go mbunófaí Comhlacht Feidhmiúcháin le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtéarmaí feidhmiúcháin, agus le spreagadh a dhéanamh ar sheachadadh tráthúil na moltaí agus go gcoimeádfai an Fóram chun an ról seo a chomhlíonadh. Glacadh leis an moladh seo agus glacadh leis chomh maith go dtiocfadh an Comhlacht Feidhmiúcháin seo le chéile le hAire agus le hArd-Rúnaí an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, dhá uair in aghaidh na bliana, go dtí 2009.

I bhfianaise an chur chuige seo agus ag cur san áireamh gur chuimsigh Fóram na nGnólachtaí Beaga ionadaithe d'fhormhór na n-eagraíochtaí le hionadaíocht ag Cruinnithe comhchéime na nGnónna Beaga, measadh go raibh sé cuí aon chruinnithe eile Comhchéime a chur ar ceal. I rith 2007 tháinig an tAire agus an tArd-Rúnaí le chéile leis an gComhlacht Feidhmiúcháin dhá uair.

Lean an Roinn agus áiteanna eile leis an dul chun cinn suntasach i rith 2007 maidir le moltaí Tuarascála an Fhórait um Ghnólachtaí Beaga a chur i bhfeidhm, ina measc:

Seoladh an clár “Tech-Check” in Aibreán 2007. Soláthraíonn an Clár seo an deis do ghnónna beaga rochtain a fháil ar sheiceáil theicneolaíochta neamhspleách atá ard-fhóirdheonaithe agus a chabhródh leo bealaí chun a gcuid táirgiúlachta agus a gcuid brabúis a mhéadú a aithint trí úsáid níos fearr na teicneolaíochta. Tá an Clár seo á sheachadadh ag na Boird Fiontar Contae agus Cathrach.

Bunaíodh an Chomhairle um Fhorbairt Bainistíochta i mBealtaine 2007, chun leibhéil na hacmhainne bainisteoireachta a thiomáint laistigh den earnáil fiontraíochta. Déanfaidh an Chomhairle an soláthar reatha um fhorbairt bainistíochta na hÉireann a thagarmharcáil agus ag an am gcéanna cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le tuiscint a chothú in earnáil na bhFiontar Beaga agus Meánmhéide do luach agus riachtanas scileanna cinnireachta agus bainistíochta.

D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an chéad Thuarascáil ar “*Gnónna Beaga in Éirinn*” i mBealtaine 2007. Tugann an foilseachán seo tacar cuimsitheach de staitisticí le chéile den chéad uair a léiríonn go soiléir an tábhacht atá le hearnáil na ngnónna beaga dár n-eacnamaíocht agus chuir an pobal gnó fáilte roimhe go forleathan.

Ag léiriú cúiseanna imní an Fhórait, tá comhairle nua d'Údarás Phleanála maidir le Scéimeanna um Ranníocaíocht Forbartha a bheith á gcur i bhfeidhm faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000, a d'éisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mBealtaine 2007, tar éis béim a chur ar an ngá go gcuirfí san áireamh an tionchar atá ag Scéimeanna dá leithéid ar ár n-iomaíochas. Fuarthas faomhadh ón gCoimisiún AE faoi na Rialacháin um Chúnadh Stáit i Lúnasa 2007 leis na Scéimeanna Méadaithe Gnó agus Síolchaipitil a shíneadh agus a fheabhsú go suntasach suas go dtí 2013. D'fhógair an tAire Airgeadais, ar an 5ú Nollag 2007, beartais nua a ceapadh chun cabhrú le hearnáil na ngnónna beaga a fhógairt i mBuiséad 2008 agus deimhníodh iad sin sa Bhille Airgeadais 2008, mar a leanas:

- Méadaíodh Tairseacha Láimhdeachais um Chlárú CBL – don dara bliain as a chéile – ón 1ú Bealtaine 2008 ar aghaidh, ó €27,500 go €37,500 do sheirbhísí agus ó €70,000 go €75,000 d'earraí faoi seach.
- Ceadaítear anois do chuideachtaí beaga a réamhíocaíochtaí Cánach Corparáideach a ríomh bunaithe ar 100% den dliteanas cánach ón tréimhse roimhe mura dtéann a ndliteanas cánach don tréimhse roimhe sin thar thairseach áirithe. Táthar ag ardú na tairisí seo go €200,000. Do dhátaí réamhíocaíochta cánach a thagann tar éis an 5ú Nollaig 2007.
- Ní gá do chuideachtaí nua, nach measann go rachaidh a ndliteanas cánach sa chéad bliain os cionn €150,000, réamhcháin a íoc sa chéad bhliain sin. Táthar ag ardú na tairisí seo go €200,00. Do dhátaí réamhíocaíochta cánach a thagann tar éis an 5ú Nollaig 2007.
- Tá Ráiteas Polasaí ar Fhiontraíocht á dhréachtú ag an Roinn, le súil a fhoilsithe i rith 2008, polasaí atá dírithe ar fhiontraíocht a spreagadh agus níos mó gnólachtaí nua-thionscanta agus níos fearr a ghiniúint.

Is tosaíocht ag an Rialtas fós é na moltaí atá sonraithe i dTuarascáil Fhórait na nGnólachtaí Beaga a chur i bhfeidhm, chomh fada agus is féidir é. Tá an obair ar an gclár oibre tábhachtach seo ag dul ar aghaidh i gcónaí.

Is é ról na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) tacaíocht a sholáthar don earnáil mhicri-fhiontraíochta sna céimeanna tosaithe agus méadaithe, chun acmhainn an mhicri-fhiontair dhúchais a chur chun cinn agus a fhorbairt agus chun gníomhaíocht eacnamaíochta agus fiontraíochta a spreagadh ar an leibhéal áitiúil. Déanann na BFCanna seachadadh ar shraith Chlár chun a ról a chomhlíonadh. I rith 2007 rinne an Roinn áisiú ar sheachadadh na gClár seo trí leithdháileadh Caipitil os cionn €18m milliún a sholáthar do thacaíocht agus d'fhorbairt mhicri-fhiontar ar fud na Tíre. Chomh maith leis sin, déanadh Caipitil Anonn de €4.45m ó 2006 a leithdháileadh le soláthar a dhéanamh ar chistíocht bhreise do ghníomhaíochtaí bunúsacha BFC agus le cistiú a dhéanamh ar tionscnaimh féideartha nua ag eascairt ó Thuarascáil an Fhórait um Ghnólachtaí Beaga. Is comhpháirtíocht idir an stáit agus an pobal áitiúil í an Scéim um Ionad Fiontar

Pobail ina soláthraítear spás gnó i gcomhshaol tacaíochta d'fhiontraíochtaí atá ag teacht chun cinn. Ó seoladh an scéim den chéad uair in 1989, tugadh faomhadh d'os cionn €44m. In Aibreán na bliana 2007 bhí os cionn 100 ionad le 840 gnó ag fostú os cionn 3,800 duine ar fud na tíre nuair a d'fhógair an tAire €21m breise le cistiú a dhéanamh ar scéim nua, scéim a mheastar a dhéanfaidh 330 gnó nua a ghiniúint chomh maith le 1,500 post nua a chruthú i réimsí gur bhain cailteanais poist dóibh. I Mí na Samhna, déanadh infheistíocht de €6.74m i 22 tionscnamh um Ionad Fiontar Pobail faoin gcistíocht chéad bhabhta, atá chun 10 ionad nua a chruthú agus 12 ionad atá ann cheana féin a fhairsingiú.

Caiteachas Poiblí ar Fhorbairt Fiontraíochta

CUSPÓIR

Dianmhonatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an chaiteachais poiblí ar fhorbairt fiontraíochta agus ar éifeacht a ghníomhaireachtaí ina thaobh seo.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid maoirseacht ar chúrsa bun-athbhreithnithe buiséide ar gach clár gníomhaireachta.

Ag leanúint ar aghaidh ó 2006, glacadh le roinnt athbhreithnithe arís i bhFiontraíocht Éireann in 2007 ag clúdach réimsí mar an Tionscnamh um Tháirgí Barrmheasa Comhshaoil, an Clár Luasghéaraithe Gnó (CLG) agus an Ciste Iomaíochais.

Mar a leanas a bhí Torthaí an Athbhreithnithe:

An Tionscnamh Barrmheasa Comhshaoil

Tá athbhreithniú déanta ar an tairiscint airgeadais i bhfianaise na ndúshlán nua agus faoi na cuideachtaí cliaint agus tá táirgeadh nua forbartha. Tá tairiscint Chatagóir 1 leathnaithe le cuimsiú a dhéanamh ar thionscnaimh atá ceaptha le cuidiú le cuideachtaí

feabhas a chur ar a gcuid feidhmíochta comhshaoil agus airgeadais trí níos mó éifeachta in úsáid fuinnimh agus acmhainní. Seolfar an tairiscint nua, atá ceaptha go háirithe do cheisteanna comhshaoil agus nach bhfuil in iomaíocht le feidhmeanna eile de Chatagóir 1, in Eanáir 2009.

Clár Luasghéaraithe Gnó (CLG)

Seoladh an Clár Luasghéaraithe Gnó (CLG) in 2005. In 2007, críochnaíodh athbhreithniú ar an CLG agus léiríodh (ar an mbunleibhéal) torthaí dearfacha faoin gclár. De bhun an athbhreithnithe, i Meitheamh 2008 rinne an Coiste Gnó formhuiniú ar na moltaí maidir le ról CLG agus ról Forbartha Bainistíochta Cliant, ag obair leis an earnáil domhanda le:

- Príomhpháirt a ghlacadh in aistriú an chleachtais domhanda is fearr go háirithe sna margaí ardfháis
- Deimhin a dhéanamh de dhomhaintuisicint i measc client, DAs agus MAs ar bhuntáistí an chláir
- Bearnaí sa tairiscint a aithint agus réitigh a mholadh
- Bunachar sonraí a ullmhú agus a chomhordú ar na BAs de réir margaidh
- Monatóireacht agus tuairiscí a dhéanamh ar thógáil agus ar thorthaí na sannachán BA

Ciste Iomaíochais

Seoladh an Ciste Iomaíochais in 2003, agus é mar aidhm aige feabhas substaintiúil a chur ar tháirgiúlacht fiontar beag agus meánach (SMEanna).

Deineadh athbhreithniú ar an gCiste Iomaíochais ar bhonn freagraí cuideachtaí ar Athbhreithniú Gnó Bliantúil Fhiontraíocht Éireann do 2006. Bhain an t-athbhreithniú ar an gCiste Iomaíochais amach, gurbh fhearr trí chéile a d'fheidhmigh cuideachtaí a chríochnaigh a gcuid tionscadal ar fad nó an chuid is mó díobh le fás i ndíolachán, easpórtáil, fostaíocht

agus táirgiúlacht. Déanfar nuashonrú ar an athbhreithniú seo bunaithe ar Athbhreithniú Gnó Bliantúil Fhiontraíocht Éireann do 2006.

I bhfianaise na dtorthaí dearfacha eatramhacha seo, seoladh an Ciste um Fheabhsú Táirgiúlachta agus é d'aidhm aige stádas iomaíochta chliant SMEanna Fhiontraíocht Éireann a fheabhsú trína n-aschur, a mbreisluach agus a n-easpórtáil trí chéile a mhéadú agus i gcaitheamh an ama feabhas nó cothabháil a dhéanamh ar a gcuid leibhéal reatha fostaíochta.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Freagróimid do dhúnta suntasacha ar cuideachtaí lena chinntiú go ngníomhóidh gach Gníomhaireacht iomchuí Stáit ar bhealach tráthúil agus comhordaithe d'fhonn go bhfeidhmeoidh an Stát ar an mbealach is éifeachtaí maidir lena ndúnadh.

In 2007, rinne an Roinn maoirseacht ar idirghabhála gníomhaireachtaí Stáit atá faoina coimirce mar fhreagra ar dhúnadh cuideachtaí agus ar an gcailliúint jabanna a lean é. Ina measc sin bhí bearta maidir le hoibríthe a chaill a gcuid post de dhroim na hiomarcaíochta agus maidir le deiseanna malartacha fostaíochta agus infheistíochta a mhealladh go dtí na réigiúin áirithe sin.

Gníomhaíocht Fhiontraíochta

CUSPÓIR

Iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar an ráta gníomhaíochta fiontraíochta d'fhonn feabhas a chur ar ghnólachtaí nua-thionscanta agus ar iomaíochas cuideachtaí.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tacóimid le ÚFT Éireann maidir le soláthar roinnt suíomh tionsclaíoch ar dshonraíochta, a bheadh dáilte go réigiúnach le cur ar a chumas a bheith san iomaíocht do thograí ardluacha sna hearnála Bithchógasaíochta agus TFC.

Leanann an Gníomhaireacht Forbartha Tionscail (ÚFT Éireann) uirthi ag cur go mór le hacmhainn torthúlachta na réigiún trí chur i bhfeidhm an chlár náisiúnta infheistíochta i bhforbairt páirceanna gnó agus soláthar a dhéanamh ar shuímh do mhórhionscadail, ag áireamh TFC agus bith-chógais. In 2007, déanadh mórobair thógála in Órán Mór, Co. na Gaillimhe agus i nDún Dealgan, Co. Lú ar shuímh dianáirgiúlachta. Tá an ÚFT tar éis láthair a cheannach i mBaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Leanann an ÚFT air ag cur tuarascálacha in aghaidh na ráithe go dtí an Roinn maidir le forbairtí i leith an tionscnaimh um Láithreacha Straitéiseacha.

Léiríonn fógairtí a rinne cuideachtaí mar Microsoft (Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath), Merck Sharpe Dohme (Ceatharlach), GlaxoSmithKline (Corcaigh), Servier (Cill Chainnigh) agus Baxter (Maigh Eo) le déanaí, rathúlacht leanúnach na hÉireann ina rogha suímh ardfeidhmiúcháin ardluacha d'infheisteoirí thar lear.

Chríochnaigh an ÚFT idirbheartaíochta go rathúil do 114 infheistíocht nua in 2007, 26 % acu a deimhníodh ó chliant nua don IDA, infheistíochtaí T&F ab ea 40% acu agus fairsingiú ar áiseanna a bhí ann cheana féin ab ea 34% acu.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tabharfaimid tacaíocht do na gníomhaireachtaí forbartha tionsclaíochta le soláthar clár a chabhróidh leis an earnáil fiontraíochta fás agus forbairt trí thacaíochtaí airgeadais, clár forbartha cumais bhainistíochta agus gníomhaíochtaí chun fiontraíocht agus cultúr fiontraíochta a chur chun cinn ar fud na heacnamaíochta.

Cúnamh Réigiúnach

Tháinig an Mapa um Chúnamh Réigiúnach 2007-2013, faoinar choimeád Éire scóip shuntasach le hinfeistíocht fhóirdheontais a dheonadh, i bhfeidhm ar an 1ú Eanáir 2007. Agus limistéir á n-ainmniú ina bhféadfaí leanúint ag tabhairt cúnamh infheistíochta, bhí ar Éirinn cloí le riachtanas docht an AE gur mó a bheadh na limistéir a roghnófaí ná limistéir eile i ngá, go comparáideach, forbartha eacnamaíochta. Faoin Mapa nua, tá Réigiún uile na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair rangaithe mar “réigiún forbartha

eacnamaíochta” agus leanfaidh sé de bheith incháilithe do chúnamh réigiúnach i rith 2007-2013. Tá foréigiún an Oirdheiscirt (Loch Garman, Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Tiobraid Árann Theas) incháilithe freisin do chúnamh réigiúnach i rith 2007-2013 ar bhonn chritéir na difhostaíochta mar atá sonraithe ag Coimisiún na hEorpa. Beidh foréigiún an Mheániarthair (an Clár, Luimneach agus Tiobraid Árann Thuaidh) agus Ciarraí i dteideal chúnamh do ghnóthais bheaga agus mheánacha amháin i rith 2007-2013 agus do ghnóthais mhóra i rith 2007-2008. Sainíodh Contae Chorcaí do chúnamh réigiúnach do ghnóthais bheaga, mheánacha agus mhóra do 2007, rud a leanfaidh ar aghaidh in 2008. Ina theannta sin, tá ceantar na ndugaí i gCorcaigh sainithe mar cheantar athghiniúna uirbeach agus beidh sé i dteideal chúnamh do ghnóthais bheaga agus mheánacha chomh maith go dtí deireadh 2013.

Cé nach bhfuil Baile Átha Cliath agus foréigiún an Mheánoirthir (an Mhí, Cill Mhantáin agus Cill Dara) i dteideal chúnamh réigiúnaigh, beidh siad fós cáilithe do chineálacha eile cúnamh Stáit, cúnamh do ghnóthais bheaga agus mheánacha san áireamh, cúnamh do Thaighde, d'Fhorbairt agus do Nuálaíocht, cúnamh Traenála agus cúnamh do Chaomhnú an Chomhshaoil, (a bheidh ar fáil i gcónaí i ngach ceantar.) Tháinig Scéim nua Cúnamh Stáit um Thaighde, Fhorbairt agus Nuálaíocht i bhfeidhm chomh maith in 2007 agus clúdaíonn sé an tréimhse 2007-2013. Leagann an Scéim síos na heochairthacaíochtaí trína gcuirfidh gníomhaireachtaí forbartha eacnamaíochta feidhmiúchán na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013 chun cinn san earnáil déantúsaíochta agus san earnáil um sheirbhísí idirnáisiúnta.

ÚFT Éireann

Tá Infheistíocht Dhíreach Iasachta ina heochair-chomhpháirt de rath eacnamaíochta na hÉireann agus leanfaidh ÚFT Éireann ag forbairt tairiscintí nua luacha agus próisis oibre a thiocfaidh le hiomaíochas straitéiseach na hÉireann i margadh atá ag éirí níos iomaíochtaí. Úsáidfidh an Gníomhaireacht uirlisí éagsúla chun IDI a chur chun cinn agus chun freagairt do riachtanais chliant nua agus na gliant atá ann cheana féin. Ina measc sin tá raon de tháirgí airgeadais chun tacú le hinfeistíochtaí agus seirbhísí cliant, mar sholáthar eolais agus comhairle, áisiú, ionadaíocht agus réiteach maoinne/infreastruchtúir.

Cruthaíodh os cionn 9,000 post nua in 2007, le lánfhostaíocht d'os cionn 136,000 post i gcuideachtaí atá tacaíte ag an ÚFT. Ba é an gnáth-thuarastal ó infheistíochtaí tacaíte ag an ÚFT in 2007 ná nach mór €44,000, nó 19% os cionn an gnáthphá tionsclaíoch de €36,800, ag léiriú ardchaighdeáin agus ardscoilleana gaolmhara na bpost nua a chruthaigh na hinfeistíochtaí seo. D'íoc cuideachtaí tacaíte ag an ÚFT tuairim is €3bn i gCáin Chorporáide in 2007, méid ab ionann le 47% den iomlán cánach corporáide de thuairim is €6.7bn. a bailíodh. Bhí siad freagrach chomh maith as tuairim is 85% d'onnmhairí na gcuideachtaí déantúsaíochta agus chaith siad €15.87bn i gcaiteachas díreach laistigh den eacnamaíocht, comhdhéanta de €6.73bn ar an bpárolla, €5.71bn ar sheirbhísí agus €3.43bn ar ábhair ó fhoinsí Éireannacha.

Fiontraíocht Éireann

Lean FÉ uirthi ag soláthar raon de shainchláir dírithe ar fhiontraíocht mar Enterprise Start, Enterprise Platform agus an Clár um Smaointe a Chlaochlú go Gnó. Spreagann FÉ acmhainn nuálaíochta trí smaoineamh fiontraíochta luathchéime a fhorbairt. Oibríonn an FÉ go dian le gach fiontraí agus foireann bainistíochta nua maidir le gnéithe éagsúla dá bpleananna gnó chun na pleananna sin a chlaochlú go gnónna nua. Tá Roinn um Ghnólachtaí Nua-Thionscanta Ardacmhainne bunaithe ag Fiontraíocht Éireann a oibríonn leis na foirne réigiúnacha chun gnólachtaí nua-thionscanta ardacmhainne réigiúnbhunaithe a spreagadh, agus leis na foirne thar lear cabhraíonn an Roinn seo le GNTAanna a gcéad chustaiméirí tagartha idirnáisiúnta, agus tuilleadh ina dhiaidh sin, a dheimhniú.

Díríonn Fiontraíocht Éireann a cuid tacaíochta GNTA ar chabhrú le cuideachtaí teacht slán ón gcéad trí bliana criticiúla, le go mbainfí amach cobhsaíocht, le díolacháin níos mó ná €5 milliún, chomh maith le hacmhainn a thógaint le mórscaála a bhaint amach. Spreagann Fiontraíocht Éireann infheistíocht ag cliaint i leibhéil mhéadaithe táirgiúlachta, agus dá réir sin in onnmhairí, tríd an gCiste um Fheabhsúchán Táirgiúlachta (CFT). Rinne an Ciste gearáil ar infheistíocht de thuairim is €83m i gcuideachtaí Éireannacha in 2007 le tuairim is €29m á sholáthar ag an FÉ. Bhain 158 cuideachta ar fad feidhm as an gciste seo in 2007. Tugann réamhthaispeántais le tuiscint go mbainfear amach gach, nó níos mó fiú, eochairspríoc

straitéiseach do 2007. Aithnítear spriocanna i straitéis trí bliana Fhiontraíocht Éireann 2005 – 2007 do dhíolacháin nua onnmhairíochta, do líon nua cuideachtaí rannpháirteach i T&F, do líon na ngnólachtaí nua-thionscanta le hardacmhainn um fhás onnmhairíochta agus do líon na gcuideachtaí go bhfuil tionscadail táirgiúlachta agus iomaíochais á bhfeidhmiú acu. Taispeánann an táirgeacht ag

Tábla 1: Spriocanna Straitéiseacha Sprioc 2005-07

Sprioc 2005-07		
	Táirgeacht 2005- 07	Táirgeachta
Díolacháin Nua Onnmhairíochta	€3bn	€4.42bn
Gnólachtaí Nua-Thionscanta Ardacmhainne	210	221
Faomhadh do Chistíochta Táirgiúlachta	300	346
Cuideachtaí rannpháirteach i dT&F bríoch (infheistíocht de €100k in aghaidh na bliana)	617	624
Cuideachtaí rannpháirteach i T&F suntasach (infheistíocht de €2m in aghaidh na bliana)	42	42

deireadh na bliana 2007 go bhfuil Fiontraíocht Éireann ag baint amach nó ag sárú a gcuid spriocanna ar gach fronta mar a léirítear thíos:

Lean Fiontraíocht Éireann uirthi ag soláthar tacaíochta airgeadais i dtreo an chostais a ghabhann le bunú, fás agus fairsingiú gnó. Is meascán de ghnáthscaireanna agus de dheontais de ghnáth í cistíocht FÉ atá dírithe d'aon toisc ar chostais i réimse an taighde agus an dearaidh, na traenála, cruthú poist agus sealbhú sócmhainní caipitil. Tá tacaíochtaí neamh-airgeadais ar fáil chomh maith. I measc na ngníomhaíochtaí nua in 2007 tá an Scéim um Dhearbháin Nuálaíochta agus síneadh na Scéime um Fhiontair Pobail.

Tugadh isteach an tionscnamh um Dhearbháin Nuálaíochta in Aibreán 2007. I rith na céime píolótaí in 2007, fuair 428 cuideachta dearbhán aonair nuálaíochta i leithdháileadh deontais de €2.14 milliún. Bhí 292 de na cuideachtaí sin suite sna réigiúin agus

fuair siad leithdháileadh deontais de €1.46 milliún ar fad.. Ag tús na bliana 2008 fuair 20 cuideachta breise dearbháin i leithdháileadh iomlán deontais de €100,000. Tá sé i gceist go mbeadh gairmeacha nó cuirí rannpháirtíochta breise ann sa Tionscnamh um Dhearbhán Nuálaíochta in 2008. Soláthraíonn an FÉ raon clár chomh maith le cúnamh a thabhairt maidir le hacmhainn bhainistíochta agus chinnireachta na gcuideachtaí Éireannacha a fhorbairt agus iad ag fás go scála ard. Mar shampla, cabhraíonn sé le cuideachtaí rochtain a fháil ar shaineolas seachtrach le bearnaí acmhainne a shárú, tugann cúnamh maidir le foirne bainistíochta cuideachtaí a thógáil agus déanann soláthar ar an gclár Leadership 4 Growth a dearadh d'aon toisc do POFanna cuideachtaí go bhfuil an uailmhian agus an acmhainn acu scála suntasach a bhaint amach ina margáí tofa.

ÚCNÉ

Tacaíonn Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) le fiontraíocht, trádáil agus le tomhaltóirí trí sholáthar éifeachtach ar sheirbhísí den chaighdeán is airde i réimsí Caighdeán, Méadreolaíochta Dlí, Agrément, Deimhniúcháin agus Méadreolaíochta Eolaíochta agus Tionsclaíochta. I rith 2007, lean an ÚCNÉ ag tabhairt tacaíochta láidir go gníomhach, go háirithe i réimse deimhniúcháin agus caighdeán, do ghníomhaíocht eacnamaíochta go ginearálta agus chuir sé le cumas fiontar táirgí agus seirbhísí le diminsean náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt.

Go háirithe, lean an ÚCNÉ le forbairt a dhéanamh ar shárchaighdeán Éireannacha, Eorpacha agus Idirnáisiúnta atá ábhartha do thionsclaíocht, chomh maith le soláthar a dhéanamh ar rochtain fheabhsaithe do chuideachtaí nuálaíochta atá bunaithe in Éirinn, go háirithe GBM, ar na próisis caighdeánaithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta agus ar an mbealach sin ag méadú na ndeiseanna le dul san iomaíocht agus trádáil go rathúil ar an margadh domhanda. Mhéadaigh an Seirbhís Méadreolaíochta Dlí ag an ÚCNÉ a fócas cigireachta le hardghéilliúntas a chinntiú d'fhonn méadú ar mhúinín an tomhaltóra as cruinneas tomhais trádála agus cainníochtaí phacáiste.

Forbairt na Sionainne

Tá Forbairt na Sionainne freagrach as Infheistíocht Dhíreach Choigríche i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus déanann sí comhlánú ar obair an ÚFT agus Fhiontraíocht Éireann trí sholáthar a dhéanamh ar réitigh maoine ar fud réigiúin an Mheániarthair. I rith 2007, mealladh ceithre chuideachta nua go dtí an limistéar, i.e., Whitehorse Insurance, PC Tools Software, Tranzeo Wireless agus Genesis Leasing. Cruthaíodh 354 post nua sa limistéar in 2007. Thosaigh Forbairt na Sionainne ar mhórchleachtadh máistirphleanála um athghiniúint a dhéanamh ar an Limistéar, le feabhas a chur ar a sheasamh mar cheann de phríomhshuímh na hÉireann do sheirbhísí agus do dhéantúsaíocht do thrádáil idirnáisiúnta. I rith 2007, rinne Forbairt Shionainne os cionn €8 milliún a infheistiú maidir le réitigh maoine a sholáthar d'fhiontair i Réigiún na Sionainne agus lean sí lena clár maidir le cur chun cinn agus le hinfeistíocht i Líonra Eolais Fhorbairt na Sionainne maidir le cúig pháirc teicneolaíochta gnó. Sa Pháirc Teicneolaíochta Náisiúnta, Luimneach, d'oibrigh Forbairt na Sionainne go dlúth le ÚFT Éireann i gcaitheamh na bliana agus dá bharr tháinig trí chuideachta um Infheistíocht Dhíreach Choigríche go dtí an bPáirc, agus chruthaigh 151 post nua.

Forbairt Thuaidh/Theas

Is féidir leasa suntasacha do ghnó a bheith i gcur chuige uile-oileáin d'fhorbairt fiontraíochta. Aithníodh ón 'Staidéar Cuimsitheach ar an Eacnamaíocht Uile Oileáin' a foilsíodh in 2006, raon réimsí ina mbeadh idirghabháil chomhordaithe polasaí Thuaidh/Theas chun leasa dá dhlínse. I measc na réimsí a aithníodh tá comhordú ar chur chun cinn ar thrádáil agus infheistíocht, ar thaighde agus ar fhorbairt na heacnamaíochta eolasbhunaithe, córais oideachais agus traenála le feabhas a chur ar chaipiteal daonna agus soláthar comhordaithe ar eochairinfreasturctúr iompair, fuinnimh agus teileachumarsáide a fhorbairt. Leagann an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 clár oibre mionsonraithe agus sainithe síos chun comhoibriú dá leithéid a chur chun cinn. Tá raon de tionscnaimh shuntasacha tugtha ar aghaidh ag an Roinn agus a gníomhaireachtaí óna n-eascróidh eacnamaíocht níos dinimiciúla agus níos rathúla ar fud na hÉireann. Cuimsíonn tionscnaimh dá leithéid comhoibriú ar eolaíocht, theicneolaíocht agus ar nuálaíocht agus misin trádála do mhargáí onnmhairíochta.

Lean obair leanúnach Idirthrachtáil Éireann, an Comhlacht um Fhorbairt Tráchtála agus Gnónna Uile Oileáin, ar aghaidh in 2007 le cláir ag cuimsiú Gréasáin Ghnó Uile Oileáin, Trádáil Trasteorann, Tacaíocht Mhicrifhiontair, Feasacht ar Choithromas Príobháideach, Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, Tagarmharcáil Uile Oileáin, Bainistíocht Shlabhra an tSoláthair, Taighde Gnó agus Eacnamaíochta. Ba é sprioc straitéiseach Idirthrachtáil Éireann in 2007 é líon, éifeachtacht agus luach na ngréasán forbartha tráchtála agus gnó uile-oileáin a mhéadú. Bhí os cionn 450 gnólacht rannpháirteach go díreach i ngréasáin gnó agus i gcláir trádála agus forbartha gnónna Idirthrachtáil Éireann, agus bhain os cionn 1,800 gnólacht úsáid as a hacmhainní eolais. D'fhógair gnónna a bhí rannpháirteach ina chlár agus ina ghréasáin €77 milliún de luach forbartha tráchtála agus gnó. Do mhórán de na gnólachtaí sin, b'ionann a rannpháirtíocht i gcláir uile-oileáin Idirthrachtáil Éireann agus tús le gníomhaíocht nuálaíochta foirmeálta le hinstiúidí tríú leibhéal agus le díolachán trasteorann. Chuidigh an Roinn agus a gníomhaireachtaí le hobair leanúnach ar an Tionscnamh um Gheatabhealach an Iarthuaiscirt, comhstraitéis trasteorann ina gcuimsítear raon leathan de ghníomhaíochtaí, ag áireamh forbairt scileanna agus fiontar, le huasmhéadú a dhéanamh ar acmhainn réigiún an Iarthuaiscirt.

Boird Fiontar Contae agus Cathrach

Lean an soláthar de chúnamh airgeadais, in 2007, ó Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) do thionscadail micri-fhiontair trí Dheontais Chaipitil, Deontais Fostaíochta agus Deontais Staidéir Fhéidearthachta go príomha. Soláthraíodh cúnamh neamhairgeadais trí raon leathan seirbhísí comhairle agus eolais ghnó, traenáil cumais bhainistíochta agus clár forbartha, etc. I dteannta na ngníomhaíochtaí seo, lean na BFCanna ag cur cultúir fhiontraíochta chun cinn go gníomhach tríd an Scéim Náisiúnta um Dhámhachtainí Fiontar agus, go háirithe laistigh d'earnáil an oideachais, tríd an Scéim Náisiúnta um Dhámhachtainí Fiontar do Mhic Léinn. Ina theannta sin, dhírigh na BFCanna ar fhiontraíocht ban a chur chun cinn trína líonraí de Mhná i nGnó agus trína Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan.

Maidir le cúnamh airgeadais, d'eisigh na BFCanna faomhadh deontais in 2007 de €14.8 milliún ar an earnáil mhicrifhiontair agus d'eisigh íocaíochtaí

deontas ar níos mó ná €12.4 milliún. Eisíodh faomhadh agus íocaíochtaí deontas maidir le caiteachas tacaíochta tionscadal mar Dheontais Chaipitil, Deontais Staidéir Fhéidearthachta agus Deontais Fostaíochta. Fuair os cionn 900 tionscadal cúnamh deontais in 2007 agus cruthaíodh os cionn 2,000 post i bhfiontair lenar chuidigh BFC in 2007.

Maidir le cúnamh neamhairgeadais, bhí os cionn 21,000 duine rannpháirteach sna cúrsaí éagsúla Traenála agus Forbartha Bainistíochta a bhí á dtairiscint ag na BFCanna in 2007 agus ghlac os cionn 12,000 mac léinn páirt sa scéim Náisiúnta Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn i rith na scoilbhliana 2006/2007. I gcaitheamh na bliana d'fhorbair na BFCanna i gcomhar le Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal (STDLE) an Roinn Oideachais agus Eolaíochta pacáiste acmhainne dar teideal Exploring Enterprise.

Bunaíodh Láraonad um Chomhordú (LC) laistigh d'Fhiontraíocht Éireann in 2007 le soláthar a dhéanamh ar thacaíochtaí straitéiseacha riaracháin, airgeadais agus teicniúla do na Boird Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna). Is é ollchuspóir an láraonaid é feabhas a chur ar éifeachtacht, ar fhoirfeacht agus ar thionchar na BFCanna maidir le micrifhiontair a fhorbairt in Éirinn agus cuidiú le leibhéal níos mó comhsheasmhachta agus cleachtais is fearr thar an ngréasán BFC trí chéile.

Tá creat dlí agus riaracháin curtha i bhfeidhm le háisiú a dhéanamh ar aistriú feidhmeanna ón Roinn go dtí an LC. Soláthraíonn Ordú 2006 (I.R. Uimh. 655/19ú Nollaig 2006) an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann a Údarú) 1995 an bonn dlíthiúil don aistriú, agus tá an chreat riaracháin um áisiú a dhéanamh ar aistriú na bhfeidhmeanna bunaithe ar dhoiciméad mionsonraithe ag leagann síos nádúr na bhfeidhmeanna atá le haistriú agus an ról faoi seach atá ag an Roinn agus an LC araon maidir leis na feidhmeanna sin. Tá an LC lonnaithe sa tSionainn agus tá sé i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2007. Tá an tAonad ar an gcéad phointe teagmhála do BFCanna maidir le ceisteanna oibriúcháin agus ó Eanáir 2008 tá an fhreagracht as gach gníomhaíocht riaracháin BFC, leithdháileadh na mbuiséad indibhidiúla BFC san áireamh, aistrithe go dtí an Aonad nua.

Tar éis aistrithe na bhfeidhmeanna seo meastar go mbeidh an Roinn i riocht níos fearr le díriú ar fhorbairt polasaí straitéiseach i leith na hearnála micrifhiontair agus tosóidh an LC ar leibhéal feabhsaithe de thacaíochtaí cinnreachta agus teicniúla a

sheachadadh. Tugadh Tuarascáil Fhorfás “I dTreo Polasaí Fiontraíochta a Fhorbairt d’Éirinn” chun críche i Meán Fómhair 2007, tuarascáil a leagann síos na treoirphrionsabail do Pholasaí Náisiúnta Fiontraíochta.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid iarracht ar shochar ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa a uasmhéadú trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm airgeadais agus fisicigh na hEarnála Táirgiúlachta.

Is í an Roinn an tÚdarás Bainistíochta do Chlár Feidhme na hEarnála Táirgiúlachta 2000-2006, tráth a rinneadh infheistíocht de €4 billiún le linn saolré an Chláir thar an tréimhse 2000-2006, i réimsí a chlúdaíonn Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht Teicneolaíochta, chomh maith le hInfheistíocht Dhúchais agus lasachta. Lean monatóireacht agus bainistíocht leanúnach an chláir ar aghaidh in 2007 i leith na mbeartas comhchistithe AE faoin gClár, agus reáchtáladh dhá chruinniú coiste monatóireachta i rith 2007, cé gur tháinig an clár chun críche ag deireadh na bliana 2006 do gach beartas neamh-chomhchistithe.

Faoi dheireadh na bliana 2007 bhí go leor caiteachais deimhnithe i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (D&O) le leithdháileadh iomlán Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a bhí ar fáil don réigiún faoin gClár a tharraingt anuas. Fad is a bhaineann le Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (réigiún TLI), thug an Coimisiún AE a gcomhaontú in 2007 maidir le comhchistiú roinnt beartas, nach raibh comhchistithe roimhe sin, ag áireamh beartas nua amháin, le go bhféadfadh Éire cistiú AE do ghníomhaíocht TFTI sa réigiún a tharraingt anuas, nuair a bhí an tarraingt anuas ar cúl ó thaobh sprice de de dheasca easpa acmhainne ionsúite. Bhí an dul chun cinn i leith roinnt de na beartais seo cuíosach mall in 2007, agus leanfaidh caiteachas faoin gClár isteach go 2008.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid iarracht a chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach ag Éirinn sa Chlár Ilbhliantúil Fiontair agus Fiontraíochta 2001-2005 agus a chomharba.

Clár Iomaíochais agus Frámaíochta Nuálaíochta (CIN) 2007-2013

Glacadh leis an gClár seo i nDeireadh Fómhair 2006 agus tugann sé le chéile roinnt de thionscnaimh scartha an AE atá ann cheana féin sna réimsí Nuálachta, maoiniú GBM, TFC, éifeacht teileachumarsáide agus fuinnimh faoi chomhchreat buiséid agus riaracháin, dírithe ar aithint agus leathadh an Chleachtais is Fearr, i bpríomhréimsí roghnaithe polasaí fiontair agus fiontraíochta.

I rith 2007, tháinig an Coiste le chéile trí bhabhta agus thug siad faomhadh do Chlár Oibre ar a raibh roinnt tionscadal den Chleachtas is Fearr mar:

- Malartú dea-chleachtais faoin gCairt Eorpach d’Fhiontair Bheaga
- Forbhreathnú ar cheisteanna ábhartha gnó teaghlach-bhunaithe: taighde, líonraí, beartais polasaí agus staidéar atá ann cheana féin
- Na cleachtas is fearr maidir le tacaíocht le forfheidhmiú Rialachán um Maoin Intleachtúil (RMI) a aithint agus a mhalartú le tionscal agus le Ballstáit

Shocraigh an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann sna tionscadail thuas.

Úsáid TFC ag Gnóthais Bheaga & Mheánacha

CUSPÓIR

Spreagadh a thabhairt do GBManna níos mó úsáide agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as TFC i ngach earnáil den eacnamaíocht.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Thar tréimhse na straitéise seo, rollálfaimid amach an straitéis eGhnó, a sheol an Roinn i mí na Nollag 2004. Deánfaidh Grúpa Oibre trasRannach/Gníomhaireacht maoirseacht ar fheidhmiúchán an chláir oibre seo.

Mhol Fóram na nGnólachtaí Beaga (FGB) gur cheart clár de "Iniúchtaí TFC" a thabhairt isteach d'earnáil na ngnólachtaí beaga chun feasacht ar na leasa táirgiúlachta a bhaineann le húsáid níos straitéisí a bhaint as TFC ag gnólachtaí beaga a chur chun cinn. Ag eascairt as an moladh seo, forbraíodh an Clár Tech-Check i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus an 35 Bord Fiontar Cathrach agus Contae (BFCanna). Seoladh an Clár Tech-Check i rith Mí an Aibreáin 2007 agus déanann na BFCanna é a sheachadadh. Déanadh cistíocht de €1m a leithdháileadh do rolláil amach an Chláir seo sa leath deiridh de 2007.

Forbairt Réigiúnach & Gníomhaireachtaí Forbartha

CUSPÓIR

A chinntiú go bhfuil straitéisí na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar go soiléir agus go hinfhioraithe ag cur le forbairt chothrom réigiúnach.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Éileimid ar na gníomhaireachtaí forbartha fiontar athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar a straitéisí forbartha réigiúnacha agus oibreimid leis na gníomhaireachtaí seo agus aghaidh á tabhairt ar thorthaí na n-athbhreithnithe.

ÚFT Éireann

San am atá caite mhéadaigh ÚFT Éireann an acmhainn áitiúil le hinfheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) a bhuanach trí chlár náisiúnta d'infheistíocht straitéiseach in infreastruchtúr criticiúil, i maoin agus i láithreáin mhóra a mhéadú. Lean seo trí 2007 fad a tosaíodh ar ghníomhaíochtaí chun ailíniú a dhéanamh ar phunann infheistíochtaí criticiúla na Gníomhaireachta ar feadh línte réigiúnacha mar thacaíocht don Straitéis Spásúlachta Náisiúnta (SSN). Tá ÚFT Éireann tar éis a thiomantas a léiriú maidir leis an gothromaíocht réigiúnach is fearr a bhaint amach ina phunann infheistíochtaí. In 2007, is lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bhí os cionn dhá thrian de na tionscadail, agus dá thoradh sin bhí raon mór d'infheistíochtaí ardluacha ann thar raonta éagsúla earnála gnó. In 2007, d'infheistigh GlaxoSmithKline €250m sna háiseanna a bhí acu cheana féin i gCorcaigh; chuaigh Merck Sharpe Dohme i gceann Páirc Gnó agus Teicneolaíochta 65 acra an ÚFT i gCeatharlach chun áis straitéiseach vacsaíne dar luach €200 milliún a fhorbairt. Bhunaigh Apex Funds ceanncheathrú réigiúnach i Mainistir na Corann agus rinne DeCare Systems infheistiú i bhfairsingiú straitéiseach chomh maith i gCorcaigh. Chuir Daiwa Securities lena bhfeidhmiúchán i mBaile Átha Cliath le háis nua Riaracháin um Chistí Fálaithe i nDún Dealgan. I Leitir Ceanainn, chur Pramerica Systems ionad forbartha agus tástála bog earraí leis na oibríochtaí a bhí acu ann cheana féin. Rinne Genzyme infheistíocht i bhforbairt áiseanna nua próiseála i bPort Láirge agus in 2007 chomh maith rinne Nortel infheistíocht nua T&F i nGaillimh agus bheartaigh Fidelity Investments ionad nua T&F.

Fiontraíocht Éireann

Is straitéis nua trí bliana Fhiontraíocht Éireann (FÉ) 2008-2010 á forbairt, rinne an gníomhaireacht athbhreithniú ar a ghníomhaíocht réigiúnach mar cheist neamhspleách sa straitéis sin. Déanann sí athrá ar a

tiomantas do na réigiúin chomh maith le spriocdhírú ar rannpháirtíocht mhéadaithe i ngníomhaíochtaí FÉ sna réigiúin. Leagann an FÉ a tiomantas réigiúnach síos chomh maith i dtéarmaí daingne trína shonrú go dtacóidh sí le 200 Gnólacht Nua-Thionscanta Ardacmhainne (GNTAanna), go mbeidh 50% díobh á lonnú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Mar eagraíocht réigiúnach le hoifigí i ndeich gcinn de na fiche sé contae, lean Fiontraíocht Éireann uirthi ag tabhairt cúnamh do chuideachtaí ar fud na tíre lena meascán de shaineolas idirnáisiúnta thar lear agus lena fócas réigiúnach sa bhaile. Rinne sí a thuilleadh forbartha ar a láithreacht sa tSionainn trína Ceannteathrú réigiúnach nua a lonnú ansin agus tá babhta nua cistíochta á riaradh aici faoin Scéim Fiontraíochta Pobail, scéim a spriocdhírionn ar fhiontair áitiúla.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfaidh an Roinn ag tacú le seachadadh níos comhordaithe ar na seirbhísí poiblí ar leibhéal áitiúil trína tacaíocht leis na Boird Forbartha Contae/Cathrach, go háirithe trí rannpháirtíocht an ÚFT, Fiontraíocht Éireann, na Boird Fiontar Contae/Cathrach agus FÁS ar na Boird. Déanann an Clár um Fhorbairt Tuaithe 2007-13 soláthar le go gcuirfí comhaontú i bhfeidhm idir Bhoird Fiontraíochta Contae agus Grúpaí Ceantair Áitiúla maidir le 'tacaíocht do chruthú agus d'fhorbairt gnó' a sheachadadh faoin gClár. Leanann an Roinn de bheith i gcomhthadhaill leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhar le Láraonad um Chomhordú Fhiontraíocht Éireann agus leis na Boird Fiontraíochta Contae le súil le teacht ar chomhaontú do thréimhse an Chláir. Is aidhm do na hidirghníomhaíochtaí sin ailíniú níos dlúithe a dhéanamh ar sheachadadh na dtacaíochtaí do mhicrifhiontair ar leibhéal áitiúil, ag na comhlachtaí ábhartha.

An Timpeallacht Fhioscach

CUSPÓIR

A chinntiú go leanann an timpeallacht fhioscach ag fás i dtacaíocht le fiontraíocht agus dea-fhostaíocht.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Oibreoimid leis na Gníomhaireachtaí Fiontraíochta chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar mholtaí fioscacha lena chinntiú go mbeidh Éire ina suíomh tarraingteach do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta a bhfuil tóir orthu.

Oibreoimid tríd an nGrúpa Straitéiseach Cánach chun tacú le polasaithe fioscacha atá cuí maidir le riachtanais na hÉireann atá ag teacht chun cinn.

Réitigh an Roinn agus a gníomhaireachtaí um fhorbairt fiontar moltaí do Bhuiséad 2008 agus dá thoradh déanadh feabhsuithe breise ar na Scéimeanna creidmheasa cánacha T&F agus na Scéimeanna um Fhairsingiú Gnó, a tugadh isteach ar mhaithe leis an earnáil fhiontraíochta. Go háirithe, measadh gur chomhábhar rithábhachtach de phacáiste na hÉireann iad na feabhsuithe breise ar an scéim chreidmheasa cánach T&F maidir le gníomhaíochtaí ardluacha a mhealladh. Fógraíodh athruithe eile cánacha chomh maith a bhaineann le CBL (féach leathanach xxx). Lean an Roinn dá rannpháirtíocht sa Ghrúpa Straitéiseach Cánach chomh maith sa bhliain atá faoi athbhreithniú ina plé roimh Bhuiséad 2008.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid athbhreithniú ar an gcreidmheas cánach T&F a tugadh isteach le déanaí lena chinntiú go noibríonn sé mar spreagadh éifeachtach do chuideachtaí chun T&F a mhéadú.

Ag cur na n-athruithe a lean athbhreithniú na scéime creidmheasa cánach T&F in 2006 chomh maith leis na hathruithe a tugadh isteach don scéim i mBuiséid 2007 agus 2008, tá athbhreithniú breise ar an scéim sceidealta do 2008.

Ag Cur Infheistíochta i dTaighde & i bhForbairt Chun Cinn

CUSPÓIR

Polasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na spriocanna i dTógáil Eacnamaíochta Eolais na hÉireann, i Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun Infheistíocht a chur chun cinn i T&F go dtí 2010 a bhaint amach. Is é an sprioc foriomlán ná go gcuirfeadh an fheidhmíocht feabhsaithe i ngnó, in ardoideachas agus san earnáil phoiblí T&F le glanchaiteachas ar T&F ag ardú go 2.5 faoin gcéad den OTN faoi 2010.



An tAire Martin ag Seoladh Chlár Iniúchta ICT - 26 Aibreán 2007: Sean Ryan, Ronan Denny, Loman Byrne ICT agus Minister Martin.

Cuireadh forbairt na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SETN) 2006-2013 in ionad an chuspóra sin. Tá an SETN ar cheann de phríomhchuaillí an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) agus déanann dícheall i dtreo na físe seo a leanas a bhaint amach:

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Faoi 2013 beidh cáil idirnáisiúnta ar Éirinn mar gheall ar bharr feabhais a cuid taighde, agus beidh sí ar thús cadhnaíochta maidir le heolas nua a ghiniúint agus a úsáid do dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta, laistigh de chultúr faoi thiomáint na nuálaíochta.

Soláthraíonn an SETN an acmhainn dúinn le cóineasú, comhleanúnachas agus colántacht a bhaint amach inár gcóras náisiúnta nuálaíochta agus lena dheimhniú go mbaintear an t-uasleas eacnamaíochta agus sóisialta amach ó thiomantas €8.2 billiún an Rialtais don réimse seo faoin PFN. Dírionn sé go láidir chomh maith ar fhorbairt inbhuanaithe na n-acmhainní daonna san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht a dheimhniú agus ar naisc láidre a thógáil le deimhin a dhéanamh de leathadh agus thráchtáil ar shreabhadh méadaithe tuairimí agus eolais nua.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid forbairt agus úsáidfimid na struchtúir agus na meicníochtaí do chomhordú agus do chur i bhfeidhm polasáí náisiúnta d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht in Éirinn, ar an mbealach is mó buntáiste.

Comhordú & Rialachas ar Pholasáí Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálachta (ETN)

Lean an Córas Comhordaithe agus Rialachais d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ETN), a bunaíodh in 2006 de réir na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SETN), ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach in 2007. Cinntíonn an córas seo sineirge leanúnach, comhleanúnachas agus comhordú polasáí níos struchtúrtha sa timpeallacht chasta seo atá ag teacht chun cinn. Ceadaíonn idirghníomhaíocht éifeachtach na struchtúr leathana do chur i bhfeidhm na Straitéise ar bhealach uile-rialtais.

Tá ról lárnach ag an gCoiste Idir-Rannach (CIR) ar ETN maidir le ceapadh polasáí ETN. Tá freagracht fhoriomlán air as tiomáint agus monatóireacht fheidhmiúcháin an SETN agus as tuarascáil a chur faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachta ar ETN. Tá an Coiste comhdhéanta d'oifigigh shinsearach na Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta sa chathaoir. Tháinig an CIR le chéile 5 uaire in 2007 agus chuir siad dhá thuarascáil faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachta maidir leis an dul chun cinn a déanadh ar sheachadadh an SETN.

Mar chuid den bhfrámaíocht uileghabhálach faoi choimirce an Choiste Comh Aireachta agus an CIR, dhá ghrúpa ar leith ach le gaol eatarthu, Teicneolaíocht Éireann agus an Grúpa Taighde Ardoideachais, go bhfuil eochair-ról acu i bhfeidhmiúchán an SETN.

Tá ballraíocht Theicneolaíocht Éireann (TÉ) comhdhéanta d'ionadaithe sinsearach ón Roinn agus a Gníomhaireachtaí Forbartha Tionscail, chomh maith le hionadaíocht ón Údarás um Ard-Oideachas. I rith 2007, lean TÉ ar aghaidh ag teacht le chéile ar bhonn míosúil chun tionscnaimh nua a fhorbairt agus chun feidhmiúchán dhimhinsean fiontraíochta an SETN a thiomáint chun cinn.

Tá an Roinn Oideachais & Eolaíochta sa chathaoir ar an nGrúpa Taighde Ardoideachais (GTAO), agus tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta sa LeasChathaoir. Tá a chlár oibre do 2007 dírithe ar thabhairt faoi na cuspóirí atá san SETN don Earnáil Ardoideachais, chomh maith le méadú ar líon na PhD.

In 2007, lean an Chomhairle Comhairleach Eolaíochta (CCE) ag obair laistigh den CIR agus rinne cur chun cinn ar dhréachtú ar thuarascálacha ar ghairmeacha taighdeoirí agus ar an acmhainn do chomhoibriú idirnáisiúnta ETN. Thosaigh an Chomhairle chomh maith ar obair le hiniúchadh a dhéanamh ar acmhainn ionsúiteach na bhfiontar do chéimithe PhD.

I gcaitheamh na bliana 2007, lean an tOllamh Patrick Cunningham, Príomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais, air ag soláthar ionchur polasaí do chlár oibre an SETN.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH

Oibreimid le ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann chun athbhreithniú, agus athrú a dhéanamh nuair is gá, ar na cláir d'Fhiontraíocht Éireann agus ÚFT Éireann atá dírithe ar chumas T&F a gcliaintchuideachtaí a neartú, ag forbairt chomhoibriúcháin T&F i measc na gcuideachtaí seo agus idir chuideachtaí agus eagraíochtaí T&F ardoideachais agus na hearnála poiblí, agus ag éascú tráchtálaíochta na taighde a éiríonn as na foinsí seo.

Trí Theicneolaíocht Éireann (grúpa ionadaíochta sinsearach na Roinne, an eagraíocht um Fhorbairt Fiontar agus an ÚAO) forbraíodh roinnt tionscnamh suntasacha nua le hionchur trasghníomhaireachta nó ar bhonn trasghníomhaireachta.

I rith 2007, cuireadh béim leanúnach ar fhiontar a bheith á spreagadh le go ndíreoidís ar fheabhas a chur ar an iomaíochas trí thaighde agus fhorbairt (T&F) a úsáid, trí ghníomhaithe T&F atá ann cheana a spreagadh le go ndaingneoidís a dtiomantas

nuálaíochta, agus trí chuideachtaí nach bhfuil tairbhí acu ar T&F a spreagadh le go dtosóidís ar an bpróiseas nuálaíochta táirge agus próisis.

Scéim Deontas Taighde agus Forbartha (T&F)

Deimhníodh comhaontú leis an gCoimisiún Eorpach do scéim deontais nua simplithe Taighde agus Forbartha faoi rialacha athbhreithnithe um Chúnamm Stáit. Sheol an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an deontas nua um Thaighde agus Fhorbairt in Eanáir na bliana 2008. Rinne Fiontraíocht Éireann agus an ÚFT comh-líomhchóiriú ar a dtacaíochtaí éagsúla cistíochta T&F le go mbeadh sé chomh simplí agus ab fhéidir do chuideachtaí cistíocht a fháil dá dtionscadail T&F. Faoin gclár seo déanfaidh Fiontraíocht Éireann agus ÚFT Éireann infheistíocht chomh mór d'os cionn €500 milliún chun tacú le T&F i gcuideachtaí atá bunaithe in Éirinn ar feadh an chuid eile de thréimhse na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nualaíocht an Rialtais (2006-2013). Déanfaidh an clár athbhreithnithe níos mó cuideachtaí a áisiú le dul i mbun gníomhaíochta T&F – ag freastal ó nóibhísigh go cinnirí T&F. Táthar ag dul i mbun feachtais sna meáin i rith 2008 le gnónna a spreagadh leis an leas is mó a bhaint as na deiseanna a thairgíonn an scéim nua.

Dearbháin Nuálaíochta

Do chuideachtaí nach ndearna gníomhaíochtaí T&F roimhe seo, seoladh scéim nua Dearbháin Nuálaíochta in Aibreán 2007 mar a sonraíodh níos luaithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Is cuspóir don tionscnamh tiomáint a dhéanamh ar aistriú leanúnach nuálaíochta cultúir laistigh d'fhiontar beag trí cur chun cinn agus spreagadh ar aistriú eolais idir sholáthróirí poiblí eolais na hÉireann agus comhlúadar na ngnóthaí beaga agus sineirgíthe níos mó a chruthú eatarthu. Faoin Tionscnamh, déantar dearbháin dar luach €5,000 a leithdháileadh ar bhonn leathiomáioch ar ghnóthaí beaga go sásaíonn a moltaí, le hoibriú le soláthróirí eolais poiblí ar shaincheisteanna nuálaíochta, na bunchritéir. In 2007, fuarthas 555 iarratas Dearbháin san iomlán agus eisíodh 428 Dearbhán, ionann le tiomantas de €2.14 milliún.

Ionaid Inniúlachta

Chomh maith i rith 2007, d'fhorbair gníomhaireachtaí de chuid Theicneolaíocht Éireann moltaí ar bhunú Ionaid Inniúlachta mar chomhthionscnamh cinnireachta ÚFT/FÉ. Is cuspóir den tionscnamh seo buntáiste iomaíochais a bhaint amach do thionscail in Éirinn trí rochtain a fháil ar acmhainn nuálaíochta an phobail taighde. Is éard a bheidh sna hIonaid Inniúlachta ná aonáin chomhoibritheacha bunaithe ag agus faoi chinnireacht bhoird tionscail, le foirne de thaighdeoirí ardcháilithe, a bhaineann le hinstiúidí taighde, go bhfuil an chumhacht acu dul i mbun T&F straitéiseach margadhíre ar mhaithe le tionscal. Tar éis gairme ar mholtaí i rith 2007, tá na gníomhaireachtaí fiontraíochta ag obair leis na cuibhreannais rathúla tionscail chun moltaí mionchruinne a fhorbairt do bhunú ionad tiomanta. Bunófar na hionaid thosaigh i rith 2008.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid maoirseacht agus measúnú ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus a dháileadh ar acmhainní suntasacha dírithe ar chumas taighde a thógáil chomh maith leis an mbarr feabhais is gá chun taca a chur faoi iomaíochas sa todhchaí.

Is eochairghníomhaí é Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) in ollfheidhmiúchán na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. In 2007, rinne an FEÉ cistiú ar 570 dámhachtain ina raibh tiomantas airgeadais dar luach nach mór €365 milliún d'instiúidí ardoideachais ar fud na tíre, agus leis sin is é an tiomantas infheistíochta iomlán ó bunaíodh é in Iúil 2003 ná €1.04 billiún, méid shuntasach. Ba é líon iomlán na bPríomh-Imfhiosóirí gníomhacha a bhí cistithe ag an FEÉ ar an 31ú Nollaig 2007 ná 284, líon atá chun tosaigh ar an sprioc faoin SETN.

I rith 2007, thug an FEÉ isteach roinnt clár nua dámhachtana, mar Chnuasaigh Straitéiseacha Taighde (CSTanna) agus Cláir Ollúnachta agus Léachtóireachta Stokes le cúnamh a thabhairt don FEÉ a spriocanna SETN a bhaint amach. Dearadh go cúramach iad le haghaidh a thabhairt ar na bearnaí sa phunann reatha taighde. Bhí rath ar an ngairm ar mholtaí ag na CSTanna, agus rinneadh trí oiread na ndámhachtainí ná mar a bhí pleanáilte de bharr ardchaighdeán na n-iaratas a cuireadh isteach. Béimníonn an fhíríc go bhfuil 48 páirtneir tionsclaíochta rannpháirteach le 12

CSTanna rathúla, eatarthu, acmhainn an chláir le naisc láidre a bhunú idir eolaithe agus innealtóirí ar fud na hacadamhaíocht agus na tionsclaíochta.

Bunaíodh Ionad breise FEÉ d'Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IEIT) "Comhchruinniú den Chéad Ghlúin Eile" in 2007, ag tabhairt líon na gcomhoibrithe suntasacha seo idir an saol acadúil agus tionscal a bhíonn i mbun cláir idirnáisiúnta iomaíochais taighde go 8, cistithe thar tréimhsí 5 bliain. D'fhéadfadh go mbeadh os cionn 70 taighdeoir ó raon disciplíní éagsúla in IEIT amháin ag obair le chéile le heolas i réimsí dírithe ar thaighde a chur chun cinn agus ag obair i dteannta páirtneirí tionscail.

Ard Stiúrthóir nua ar an FEÉ Ainmnithe

Chomh maith leis sin, in 2007 chríochnaigh FEÉ a phróiseas earcaíochta idirnáisiúnta iomaíochais, agus dá dhroim sin, ceapachán Ard Stiúrthóra nua, an tOllamh Frank Gannon, a bhí ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin roimhe sin ar an Eagraíocht Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EEBM) agus ina Eolaí Sinsearach ag an Saotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach (SEBM) atá bunaithe in Heidelberg na Gearmáine; áit ar oibrigh sé ó 1994.

Sular n-ainmníodh é ag an EEBM, bhí an tOllamh Gannon in Stiúrthóir ar an Ionad Náisiúnta Diagnóiseach agus ina Ollamh Comhlach i Roinn Mhicribhitheolaíochta Ollscoil na hÉireann Gaillimh. An tOllamh Gannon a bhunaigh Bimini Ltd. (1990) agus Elara Pharmaceuticals (2006) araon agus bhí sé ina bhall de Bhord Eatramhach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ó 2002 go 2003.

In a theannta sin, i rith 2007, lean an Roinn ar aghaidh le pleananna chun dul i mbun Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead den FEÉ, agus bronnadh an conradh don athbhreithniú ar Indecon International Consultants i lár 2007 ar lorg phróisis tairisceana. Déanadh obair shuntasach i rith 2007, agus táthar ag súil le tuarascáil dheiridh i lár 2008. Clúdóidh an tuarascáil seo na príomhchláir FEÉ agus déanfaidh spriocmholtaí, mar is cuí, ar éifeacht fhoriomlán na dtacaíochtaí gníomhaireachta i dtógáil chórais taighde ar chaighdeán domhanda in Éirinn le fócas ar luach ar airgead na gcláir faoi mar atáthar á n-oibriú agus ar úsáid éifeachtach a bhaint as airgead poiblí.



An tAire Martin ag Seoladh Scéime na nDearbhán Nuálaíochta
An tAire Martin-Minister Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, James Connelly-MD of Applied Thermal Imagery Ltd agus William Green.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfimid feabhas ar an leibhéal feasachta ar eolaíocht i measc daoine óga, agus i measc an phobail go ginearálta, tríd an gclár feasachta comhtháite a bunaíodh le déanaí, Aimsigh Eolaíocht & Innealtóireacht, agus leanfaimid le monatóireacht agus le tacú le dul chun cinn an Stáisiúin Taiscéalaíochta, an ionad idirghníomhach eolaíochta agus foghlama atá le hoscailt i 2006.

Fionn Eolaíocht agus Innealtóireacht

Is clár comhtháite feasachta é Fionn Eolaíocht & Innealtóireacht (FEI) atá dírithe ar chur le feasacht an phobail ar eolaíocht agus ar tharraingteacht na heolaíochta mar ghairmréim. Tá an clár ag feidhmiú go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar an laghdú atá ag teacht ar líon na mac léinn atá ag roghnú ábhar eolaíochta ag an dara agus an tríú leibhéal, ar treocht é a mbeidh tionchar substaintiúil aige ar chumas na hÉireann, má fhágtar gan srianadh é, leanúint leis an aistriú go heacnamaíocht eolas-bhunaithe.

In 2007 bhí leithdháileadh buiséid de €5 milliún ag an gclár FEI, clár atá á bhainistiú ag Forfás thar ceann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ar na príomhthionscnaimh ar thug an clár tacaíocht dóibh bhí an tSeachtain Náisiúnta Eolaíochta, cláir do dhaltáí agus do mhúinteoirí bun agus meánscoile, cláir theilifíse agus clár uailmhianach urraíochta do ghníomhaíochtaí feasachta eolaíochta ar fud na tíre.

Stáisiún Taiscéalaíochta

In 2007, leanadh den obair ar fhorbairt an Stáisiúin Taiscéalaíochta, atá pleanáilte le bheith ina chuid d'Fhorbairt Gheata Heuston i mBaile Átha Cliath. Soláthróidh Oifig na nOibreacha Poiblí an foirgneamh don ionad, ionad a bheidh dírithe go príomha ar leanaí óga. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, trína aithint go gcabhróidh an t-ionad seo chomh maith le fíorú a dhéanamh ar spriocanna feasachta an SETN, tar éis tiomantas a thabhairt maidir le hacmhainní a sholáthar thar an tréimhse 2007 – 2010 d'éilimint feistithe agus dearaidh an tionscadail.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Oibreimid lena chinntiú go ndéanfaidh Éire uasmhéadú ar a rannpháirtíocht agus a hiostarraingt faoin Séú Clár Frámaíochta (CF6) 2002 – 2006 atá ann faoi láthair agus lena chinntiú go mbeidh ár dtosaíochtaí le feiceáil i ndearadh an tSeachtú Clár Frámaíochta, a bheidh ar siúl ó 2007.

Cláir Thaighde AE

Bhí Éire rannpháirteach go gníomhach sa Séú Creatchlár Frámaíochta Taighde agus Forbartha (CF6), a bhí ar siúl thar an tréimhse ó 2003 go 2006, le buiséad de thuairim is €17 billiún, agus d'éirigh le taighdeoirí agus cuideachtaí Éireannacha tuairim is €210 milliún a dheimhniú ó CF6. Tá eagraíochtaí

rathúla ar fud corparáidí ilnáisiúnta, tionscail dhúchasacha agus an saol acadúil (ag áireamh institiúidí teicneolaíochta) na hÉireann.

Tá buiséad d'os cionn €50 billiún ag an Seachtú Creatchlár reatha do T&F (CF7), ag clúdach na tréimhse seacht mbliana ó 2007 go 2013 agus dearadh é chun cur le gnóthachtálacha a réamhtheachtaí i dtreo Limistéar Taighde na hEorpa a chruthú. Tá cuid mhaith comhlántachta idir infheistíocht mhéadaithe náisiúnta na hÉireann in T&F agus an fócas méadaitheach atá ar T&F ar leibhéal na hEorpa. Léiríonn struchtúr agus ábhar an CF7 meaitseáil láidir i dtéarmaí tosaíochtaí taighde na hÉireann (TFC, eolaíochtaí beatha, bia, acmhainní daonna, soghluaiseacht, etc.).

Tá Líonra Tacaíochta Náisiúnta nua curtha i bhfeidhm don CF7, ar a bhfuil Stiúrthóir Náisiúnta do CF7 atá ina chinnire ar fhoireann atá bunaithe i bhFiontraíocht Éireann i gceannas. Deimhníonn an struchtúr nua tacaíochta seo go nglacfar le cur chuige comhordaithe i dtreo rannpháirtíocht i CF7 ar fud gach roinn agus gníomhaireacht rialtais agus eagraíochtaí eile rannpháirteacha.

I Samhain 2007, d'aontaigh an Coiste Comh-Aireachta ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht gur cheart sciar iomlán na cistíochta AE á bheadh ina sprioc ag Éirinn thar saolré an CF7 a mhéadú ó €400 go €600 milliún. Meastar an sprioc athbhreithnithe nua seo a bheith réadúil ach fós leordhúshlánach. Cuireann sé san áireamh an acmhainn atá ann do rannpháirtíocht na hÉireann i gcodanna éagsúla den chlár.

Léiríonn na réamhstaitisticí don chéad bliain (2007) den CF7 gur bhuaigh taighdeoirí Éireannacha (acadúil agus tionscail) €57 milliún i gcistíocht le moltaí ar éirigh leo laistigh den chéad 54 gairm ar mholtaí. Tá baint ag taighdeoirí na hÉireann (acadúil agus tionscail) le 222 moladh a coinníodh do chistíocht. Tá an ráta rathúlachta Éireannach – (222 as 950 moladh le rannpháirtíocht Éireannach a cuireadh isteach nó 23.4%) chun tosaigh ar an meán iomlán do gach tír (21.2%) agus is léiriú dearfach é seo ar na hionchais do rannpháirtíocht Éireannach sa CF7 go ginearálta.

Páipéar Glas ar Limistéar Taighde na hEorpa

Tosaíodh ar Limistéar Taighde na hEorpa a fhorbairt in 2000 agus tá sé ina eochairchuaille de Chlár Oibre na Liospóine anois. In Aibreán 2007, d'fhoilsigh an

Coimisiún Páipéar Glas dar teideal “ERA – New Perspectives” ina moltar fíis den Limistéar Taighde na hEorpa, fíis atá bunaithe ar sé diminsean, is iad sin: margadh amháin saothair do thaighdeoirí a fhíorú; infreastruchtúir taighde ar chaighdeán domhanda a fhorbairt; institiúidí taighde a threisiú; roinnt eolais; an leas is fearr a bhaint as cláir agus tosaíochtaí taighde; agus oscailt don domhan trí chomhoibriú idirnáisiúnta in E&T.

I nDeireadh Fómhair 2007, ar lorg próisis chomhairliúcháin náisiúnta, chuir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagra mionchruinn isteach ar Pháipéar Glas an Choimisiúin. Molfaidh an Coimisiún sainghníomhaíochtaí in 2008, ag cur san áireamh an t-aiseolas a fuarthas ó bhallstáit agus ó pháirtithe leasmhara eile mar fhreagra ar an bPáipéar Glas.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Saothróimid tionscnaimh a sholáthróidh cúnamh do thaighdeoirí soghluaiste agus tabharfaimid modhanna meara oibre isteach chun feabhas a chur ar na coinníollacha iontrála do thaighdeoirí tríú tíre (neamh LEE) agus a dteaghlai.

Aithníodh soghluaiseacht taighdeoirí mar thosaíocht d'Éirinn sa Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006–2013. Déanann an Roinn páirtchistiú (in éineacht le Cumann Ollscoileanna na hÉireann) ar an Ionad agus an Tairseach Náisiúnta Soghluaisachta a sholáthraíonn ionad ilfhreastail do thaighdeoirí atá ag iarraidh a ngairmréim a chur chun cinn trí aistriú go, nó as (h)Éirinn. I rith 2007, lean an COÉ (Cumann Ollscoileanna Éireann) ag forbairt na Tairisí Soghluaisachta do Thaighdeoirí. Léiríonn na Staitisticí do 2007: 2,500 úsáideoir cláraithe ar an tairseach; 10,852 cuardach poist, 209 iarratas poist déanta go díreach tríd an tairseach, agus iomlán de 56,686 cuairt ar leith ar an tairseach.

In 2007, d'oibrigh an Roinn leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, maidir leis an Treoir Comhairle AE 2005/71/AE a chur i bhfeidhm, treoir a dhéanann soláthar do thaighdeoirí a ligean isteach sa Stát ó Thríú Tíortha ar bhonn “Comhaontú Óstaíochta” a aontaítear idir an taighdeoir agus an eagraíocht um thaighde. Tá an Roinn freagrach as eagraíochtaí taighde a chreidiúnú faoi fhorálacha na Treorach. Soláthraíonn an Comhaontú Óstaíochta coinníollacha iontrála atá cosúil leo sin don Chárta



Cruinniú Mullaigh Fhondúireacht Eolaíochta 2007: An tAire Martin leis an gCoimisinéir Eorpach, Janez Potocnik, Coimisinéir Eolaíochta agus Taighde agus an tOllamh Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir FEE

Glas um Chead Oibre (a tugadh isteach in 2006) agus déanann sé soláthar chomh maith d'athaontú comhthráthach teaghlaigh agus don cheart ag bail teaghlaigh iarratas a dhéanamh ar chead oibre, gan é a bheith riachtanach tástáil mhargaidh saothair a dhéanamh.

Thacaigh an Roinn le, chomh maith le bheith rannpháirteach i, staidéar ar thug an Chomhairle Comhairleach Eolaíochta faoi maidir leis na ceisteanna a raibh éifeacht acu ar ghairmeacha taighdeora sa tír seo, trí thagairt a dhéanamh don chleachtas idirnáisiúnta is fearr. Meastar go bhfoilseofar an tuarascáil seo i lár na bliana 2008.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cothóimid tionscnaimh atá dírithe ar fheabhas a chur ar chomhoibriú Thuaidh/Theas ar ETN, in éineacht le tríú tíortha nuair is cuí.

Ag leanúint ar aghaidh ó athbhunú na n-institiúidí cineachta i dTuaisceart Éireann in 2007, bhí rannpháirtíocht ghníomhach ann idir rúnaíocht an Choiste Idir-Rannach (CIR) agus a Chomhphost ó Thuaidh maidir le scóipeáil a dhéanamh ar fhorbairt naisc agus tionscadail taighde Thuaidh / Theas trí Chiste Nuálaíochta de thréimhse trí bliana. Tá £90m breise á chur ar fáil ó Státchiste na Ríochta Aontaithe thar thréimhse trí bliana do thionscadail nuálaíochta laistigh de Thuaisceart Éireann agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart. Déanfar é sin a mheaitseáil trí réamhinfheistíocht ó Rialtas na hÉireann de €60m do

naisc agus do thionscadail chomhoibritheacha Thuaidh / Theas thar an thréimhse chéanna. Tá tionscadail go dtacófar leo á n-aithint is é i gceist tús a chur lena bhfeidhmiúchán níos déanaí in 2008.

I gcaitheamh na bliana tosaíodh ar dhíospóireachtaí idir InvestNI agus Fiontraíocht Éireann dírithe ar thaighdeoirí a thabhairt le chéile le go dtosódís tionscadail chomhoibritheacha taighde faoin 7^ú Creatchlár T&F AE. Tá cur chuige comhoibriúcháin á fhorbairt chomh maith tríd an gcomhpháirtíocht T&F Éireannach / SAM.

In 2007, d'iarr Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) ar na sealbhóirí dámhachtana FEÉ atá ann cheana féin iarratais a chur isteach ar chistíocht bhreise do thionscadail comhoibritheacha le heolaithe i bhForais Ard-Oideachais i dTuaisceart Éireann. Tá an FEÉ chun Gairm ar Ionaid d'Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IEIT) a dhéanamh sa todhchaí ar bhonn Uile-Oileáin.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid measúnú, forbairt agus forfheidhmiú ar pholasáí maidir le rannpháirtíocht na hÉireann in eolaíocht, i dteicneolaíocht agus i nuálaíocht spás-bhunaithe, i gcomhthéacs ár mballraíochta i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE), agus na naisc atá ag méadú idir an tAontas Eorpach agus an GSE.

Cuireann ballraíocht na hÉireann i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE) ar chumas cuideachtaí agus taighdeoirí a bheith rannpháirteach i dtaighde agus i bhforbairt spásghaolmhar atá ar thús cadhnaíochta. Rinne an rannpháirtíocht seo áisiú ar cháiliú táirge d'fheidhmiúcháin ardiontaofa, ag seasamh le slabhraí móra soláthair aeraspáis agus ag tógáil creidiúnachta margaidh trí bhaint le suíomh ardaitheanta tagartha.

Bíonn bonn tionsclaíochta na hÉireann atá rannpháirteach i gclár GSE ag éabhlóidiú de shíor ag teacht le hacmhainní tionsclaíochta na hÉireann. Léiríonn réamhfhigiúirí do 2007 go bhfuair 17 cuideachta Éireannach, 3 cinn acu ina n-iontrálaithe den chéad uair, conarthaí nua GSE i gcaitheamh na bliana. Ina theannta sin fuair 7 foireann ollscoile conarthaí nua GSE chomh maith i rith na bliana. Meastar gur fiú €7m milliún na conarthaí sin gur fiú os cionn €25m an gnó a d'éirigh as rannpháirtíocht na hÉireann sa GSE.



An tAire Killeen ag Taispeántas an Eolaí Óig: An tAire Killeen agus Eoghan Ryan ó Phobalscoil N. Chainín lena thionscadal "Seaweeds and Golf Courses - Will the Grass be Greener?"

Maoin Intleachtúil

CUSPÓIR

A chinntiú go dtagann ár bhfrámaíocht reachtúil ar mhaoin intleachtúil le forbairtí i gcleachtas agus oibleagáidí maoinne intleachtúla ag éirí as comhaontaithe AE agus idirnáisiúnta.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Ag aithint an tábhachta atá le frámaíocht nuaimseartha maoinne intleachtúil mar fhoinsé do bhuntáiste iomaíochais, cinnteoimid go bhfanfaidh reachtaíocht maoinne intleachtúil cothrom le dáta agus go ngéillfidh sí dár n-oibleagáidí idirnáisiúnta.

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007

Ag teacht lenár dtiomantas maidir le hoibleagáidí a eascraíonn faoi chomhaontuithe AE agus idirnáisiúnta, déanadh dlí den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007 (Uimh. 39/2007) ar an 4^ú Nollaig 2007.

Déanann an tAcht seasamh na hÉireann maidir le ligean tríd an gcóras leabharlainne poiblí a rialú, ag teacht leis an Treoir AE maidir le Cíos agus Ligean (92/100/EEC). Faoin Acht seo, bronnar ceart eisiach láithreach bonn ar údair ar ligean a saothar cóipchirt i

leabharlanna poiblí. Ar bhonn cothroime, feictear don reachtaíocht go mbunófar Scéim Luachsaothair um Ligean Poiblí, faoi Rialacháin atá le tabhairt chun cinn ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, faoina níocfaí ríchiosa le húdar as a gcuid saothar a ligean. Meastar go mbeidh scéim feidhmiúcháin um ligean i bhfeidhm in 2009.

Rialacháin Paitinne agus Trádmhairc

Cuireadh rialacháin faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 i bhfeidhm le cead a thabhairt do Ghníomhairí Paitinne agus Trádmhairc laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch gnó a dhéanamh in Éirinn. Tá na sonraí tugtha in IR Uimh. 141/2006 agus in IR Uimh. 622/2007.

An tOrdú um Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 (Forálacha Áirithe) (Tosach Feidhme) 2007

Is é príomhaidhm Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 ná ár nDlí um Maoin Intleachtúil a bheith ag géilliúil do na hoibleagáidí faoi na comhaontaithe idirnáisiúnta. Is é an 13^ú Nollaig 2007 an dáta a sonraíodh san Ordú um Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 (Forálacha Áirithe) (Tosach Feidhme) 2007 (I.R. Uimh. 761/2007) le go dtiocfadh sainfhorálacha Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 i bhfeidhm, ag eascairt ó athbhreithniú Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha. Déileálann na forálacha a bhaineann le Coinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha san Acht le critéir riachtanacha um paitinní agus, go háirithe, aitheantas follasach a thabhairt gur féidir go ngnóthófaí paitinn do dhara úsáid míochaine de shubstaint aitheanta; teorannú a dhéanamh ar éifeacht na bPaitinní Eorpacha i ndiaidh an phróisis lárnaigh teorannaithe os comhair Oifig na bPaitinní Eorpacha (OPE) agus soláthar a dhéanamh le tríú páirtithe a chosaint nuair a dhéanann Bord Méadaithe na nAchomharc den OPE paitinn a aiscur, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh Bhord Achomhairc an OPE.

Trádáil Idirnáisiúnta

CUSPÓIR

Uasmhéadú a dhéanamh ar na buntáistí d'Éirinn a bhaineann le críoch rathúil a bheith ar idirbheartaíocht Chlár Oibre Forbartha Doha, go háirithe maidir le rochtain ar an margadh, maoin intleachtúil agus rialacha trádála.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid comhordú ar príomh-shainleasa na hÉireann maidir le ceisteanna a éiríonn faoi chreat Chomhpholasaí Tráchtála an AE agus déanfaimid iarracht ar thionchar a bheith againn, trinár rannpháirtíocht ar Choiste 133 agus na struchtúir a bhaineann leis, le hoscailt leanúnach ar mhargaí agus léirscoileadh ar fhorbairtí polasaí trádála, ag áireamh críoch rathúil ar bhabhta Doha den idirbheartaíocht.

I rith 2007, lean rannpháirtíocht na hÉireann agus ár sainleas á chur chun cinn ag cruinnithe polasaí trádála an AE (Airteagal 133 agus coistí eile) agus leanadh de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ag an Eagraíocht Trádála Domhanda. Tá sainleasa straitéiseacha trádála na hÉireann léirithe go hiomlán i gComhpholasaí Tráchtála an AE. Rinne an Roinn comhordú ar sheasamh na hÉireann trí dhul i gcomhthadhaill le ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile.

Déanadh idirbheartaíocht san Eagraíocht Trádála Domhanda ar Chlár Oibre Forbartha Doha (COFD) a athsheoladh ag druidim le deireadh na bliana 2006. Ag deireadh 2007, lean na cainteanna ag díriú ar mholtaí téacsúla, leis an fhéidearthacht go mbeadh toradh rathúil ar an dreas in 2008, cé gurb ann do réimsí conspóide i gcónaí. Clúdaíonn idirbheartaíocht raon ábhar, go háirithe:

- Trádáil in earraí talmhaíochta
- Rochtain ar mhargaí neamhthalmhaíochta (RMNT) (earraí tionsclaithe)
- Trádáil i seirbhísí
- Áisiú trádála (próiseas simplithe custaim)
- Trádáil agus an comhshaol

Acmhainn & Cumas Onnmhairithe a Fhorbairt

CUSPÓIR

A chur ar chumas onnmhaireoirí Éireannacha leas a bhaint as na deiseanna trádála atá ar fáil i margaí ar fud an domhain agus córas a chruthú do bhainistiú éifeachtach ar chóras ceadúnaithe onnmhairithe na hÉireann.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Oibreimid i gcomhar le Ranna eile Rialtais, le Fiontraíocht Éireann agus le gníomhaireachtaí eile a bhfuil cúram orthu onnmhairí a chur chun cinn d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar bhuntáistí mhargaí domhanda dár nonnmhaireoirí. Áireófar bealaí forbartha air seo mar ar féidir leis na cliaint atá i gceist – ar onnmhaireoirí iad féin - ábhar is cúram dóibh a chur in iúl agus moltaí a dhéanamh ar conas a fhéadfaí polasaí, tacaí agus nósanna imeachta riaracháin a cheartú nó a athrú chun leasa i dtreo is go mbeadh toradh ar iarrachtaí leanúnacha an Stáit feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht onnmhairithe.

I rith 2007 bhí an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin T.D., agus an tAire Trádála agus Tráchtála, an tUas. Michael Ahern T.D. agus ina dhiaidh sin, John McGuinness T.D. ina gcinnirí ar 15 misean ar leith trádála thar lear. Eagraíodh iad seo in éineacht le Fiontraíocht Éireann agus d'áirigh sé rannpháirtíocht i mórmhisean trádála leis an Taoiseach go an Araib Shádach agus go dtí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha; sé mhisean trádála go tíortha san Eoraip agus chomh maith misin go tíortha eile ag áireamh Singeapór, An Mhalaeisia, Ceanada, An Rúis, An Phacastáin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Rinne na Misin Trádála seo éascú do chuideachtaí Éireannacha maidir le tús a chur nó forbairt a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí le páirtithe atá ann nó a fhéadfadh a bheith ann i spriocmhargaí éagsúla. Léiríonn réimse na margaí a roghnaíodh an gá atá le tacaíocht a sholáthar i margaí tábhachtacha seanbhunaithe, agus le cabhair a thabhairt do chuideachtaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a n-acmhainn onnmhairithe agus éagsúlú trí rochtain a

fháil ar mhargaí atá ag teacht chun cinn go háirithe na cinn in Iarthar na hEorpa agus san Áise.

I gcomhar leis na misin trádála seo, d'áisigh an Roinn roinnt cuairteanna inmheánacha le hAirí iasachta, toiscaireachtaí, Ambasadóirí agus oifigigh ó mhórán tíortha, ina measc an Araib Shádach, an tSín, an India agus an Éigipt. Is toska ríthábhachtacha iad na cuairteanna inmheánacha seo maidir le caidrimh eacnamaíochta déthaobhacha a fhorbairt, agus dá réir cuidiú le leibhéil chothaithe agus fhairsingthe trádála.

Léiríonn sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain iomlán go raibh luach €88 billiún ar onnmhairí earraí marsantachta in 2007, méadú de 2% ar iomlán na bliana 2006 de €86 billiún. Is san AE atá ár margadh is mó onnmhairithe i gcónaí, agus is ionann é agus níos mó ná 60% faoin gcéad den iomlán ann. Bhí onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe, an margadh aonair onnmhairithe is mó atá againn, ag 18%. Mhéadaigh onnmhairí seirbhíse 17% i rith na bliana 2007, go €64bn.

I rith 2007, réachtáladh an seachtú seisiún den Chomhchoimisiún Eacnamaíochta agus Teicneolaíochta Araib Shádach – Éireannach, ar leibhéal oifigeach, in Riyadh. Déanadh dul chun cinn ar raon de cheisteanna a bhaineann le trádáil.

Tá Comhchoimisiún Eacnamaíochta (CCEanna) bunaithe ag an Roinn le ceithre thír – an Araib Shádach, an tSín, an Rúis agus an Chóiré Theas. Is fóraim fhoirmeálta Déthaobhacha Idir-Rialtasacha iad na CCEanna seo a cuireadh ar bun chun déileáil le gach gné den bhforbairt trádála, marsantach agus seirbhíse. Is é a ról é tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhoibriú eacnamaíochta agus gnó, chomh maith le comhoibriú eolaíochtúil agus teicneolaíochta agus fóram a sholáthar chun ceisteanna ar chomhleas agus comhspéis an dá thír rannpháirteach a phlé.

Leanfaidh an Roinn ag forbairt polasaí trádála na hÉireann maidir leis an AE agus le Frámaíocht na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Bímid rannpháirteach i gCoiste Infheistíochta an ECFE agus i gclár an AE chun cúnamh a thabhairt do thíortha áirithe i Lár agus in Iarthar na hEorpa agus i Lár na hÁise, go príomha, an Ionstraim um Chúnamh RéamhAontachais (ICR - a raibh PHARE air roimhe seo).

Tá an Roinn, i gcomhar le Ranna agus comhlachtaí eile, tar éis clár cuimsitheach a thionscain le deimhin a

dhéanamh d'fheidhmiúchán Choinbhinsiún an ECFE maidir le Breabaireacht Oifigeach Iasachta a chomhrac. Tá an Coinbhinsiún dírithe ar chaimiléireacht a laghdú i dtíortha atá ag forbairt trí smachtbhannaí a spreagadh i gcoinne na breabaireachta in idirbhearta idirnáisiúnta gnó, a bhíonn á gcomhlíonadh ag cuideachtaí a bhíonn bunaithe i mballtíortha an choinbhinsiúin. Is aidhm do an chothromaíocht a bhaint amach i gcomhshaol gnó idirnáisiúnta an lae inniu. Rinne Éire an coinbhinsiún a dhaingniú i Meán Fómhair 2003. Tá ar thíortha a shínigh an coinbhinsiún reachtaíocht a chur i bhfeidhm a dhéanann coir de a bheith ag breabadh oifigeach iasachta poiblí agus beidh orthu chomh maith tiomantas a thabhairt maidir le raon cuimsitheach de ghníomhaíochtaí múscaillte feasachta maidir leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

Cuireadh an Scéim Árachais Chreidmheasa Onnmhairithe, a bhí á soláthar ag an Roinn sna blianta roimhe sin, ar fionraí in 1998. Bhí cuid de na fiacha a bhí ag dul don Stát fós gan díol agus ceapadh roimhe sin nárbh fhéidir iad a fháil ar ais. Ar a shon sin, tá an Roinn go gníomhach i mbun tionscnaimh aisghabhála le blianta beaga anuas agus tá ag éirí go rathúil léi. Aisghabháladh €1.8m milliún i rith 2007.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tabharfaimid nósanna oibre athcheartaithe isteach chun tuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag misin trádála thar lear d'fhonn táscairí feabhais a aimsiú chun tagarmharcáil a dhéanamh ar na torthaí sa todhchaí.

I ndiaidh comhairliúcháin idir an Roinn Fiontar, Fostaíochta agus Trádála agus Fiontraíocht Éireann (FÉ), tuairiscíonn Fiontraíocht Éireann an dul chun cinn ar gach misean trádála Aireachta thar lear chun éascú a dhéanamh ar anailís níos fearr ar na fachtóirí a thugann rath agus ar thorthaí misean dá leithéid. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo do na mórmhisin a mbíonn acmhainní suntasacha i gceist leo. Cinntíonn an obair seo gur féidir leis an Roinn agus le FÉ luach na misean seo, a dearadh chun go mbeadh ról tábhachtach acu i bhfeabhsú feidhmíochta onnmhairithe na hÉireann, a uasmhéadú.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfimid moltaí an Athbheithnithe ar an gCóras Ceadúnais Onnmhairithe i bhfeidhm, ag áireamh reachtaíocht nua a thabhairt isteach.

Cuireadh tús leis an mBille um Rialú Onnmhairí sa Seanad i bhFeabhra 2007 agus chuaigh sé trí gach céim sa teach sin roimh thosach an Mháirta. Déanadh an Bille a aiscur tar éis na Dála nua a bheith curtha le chéile in Iúil 2007 agus faoi dheireadh na bliana bhí sé gafa trí Chéim an Choiste. Déanadh achtú ar an reachtaíocht ina dhiaidh sin i bhFeabhra 2008.

Déanadh obair fhorbartha breise maidir le córas iarratais ar líne um cheadúnas onnmhairíochta a thabhairt isteach ag teacht le moladh ón Athbheithniú um Cheadúnú Onnmhairíochta le rannpháirtíocht ó ionadaithe tionscail.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Oibreimid i dtreo Straitéise nua don Áise a chur i bhfeidhm don tréimhse atá romhainn.

An tIar-Thaoiseach an tUas. Bertie Ahern, T.D. a sheol an dara céim den Straitéis don Áise, don tréimhse 2005-2009, go hoifigiúil in Aibreán 2005. Leagann sí seo síos spriocanna agus tosaíochtaí maidir le naisc thrádála agus eacnamaíochta le heochaireacnamaíochtaí na Áise a fhairsingiú. Bunaíodh Grúpa Straitéise Ardleibhéil don Áise, le hionadaíocht ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ag Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha Rialtais maidir leis na sainspriocanna a leagadh síos le baint amach d'fheidhmiúchán na Straitéise. Feidhmíonn an tAonad um Chur ar Aghaidh Trádála Déthaobhach na Roinne ina Rúnaíocht don Ghrúpa Ardleibhéil, grúpa atá faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne seo. Tháinig seo an Grúpa le chéile dhá uair in 2007. I measc na sainfhorbairtí maidir le spriocanna na Straitéise seo tá: Tá 213 cuideachta Éireannach tar éis láithreacha a bhunú sna tíortha tosaíochta; tá os cionn 6,500 mac léinn tríú leibhéal ag teacht go hÉirinn agus tá méadaithe suntasacha ann in onnmhairí bia agus dí. I rith 2007, d'eagraigh Fiontraíocht Éireann 40 imeacht chun onnmhairí go dtí an réigiún a chur chun cinn.



An tAire Ahern ar Thuras Trádála FÉ ar Shingepór agus an Mhalaeisia 12-16 March 07: KB Lim, El Bainisteoir Shingepór, Ambasadóir Richard O'Brien, Kent Svanaasen, Bainisteoir réigiúnach europlex agus tAire Stát Michael Aherne, éisteacht le to Mr R Venkatesh, COO of Europlex in Asia.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid athbheithniú fairsing ar cheist na hinfheistíochta díri amach. Déanfar na himpleachtaí nó na hionstraimí is gá le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht sa réimse seo a phlé nuair a dhéanfar athbheithniú orthu in 2005

D'fhoilsigh Forfás tuarascáil ar Infheistíocht Dhíreach Amach i Samhain 2007. Sonraíodh sa tuarascáil go bhfuil infheistíocht amach na hÉireann níos mó anois ná an infheistíocht isteach ag cuideachtaí thar sáile in Éirinn. Tá éifeacht tairbhiúil ar an eacnamaíocht ag an bpróiseas idirnáisiúnaithe seo ag cuideachtaí Éireannacha, trí infheistíocht agus fairsingiú, i margai thar lear. Soláthraíonn an Tuarascáil nuashonrú ar threochtaí reatha in Infheistíocht Dhíreach Amach (IDA) agus déanann an tionchar eacnamaíochta ag IDA ag gnólachtaí Éireannacha a imscrúdú.

Margadh Imheánach

CUSPÓIR

Feidhmiúchán an Mhargaidh Imheánaigh a threisiú, ag áireamh forbairt réimis chun Margadh Imheánach a chruthú i seirbhísí, agus trí thrasúí tráthúil Treoracha AE.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Leanfaimid ag obair chun Margadh Inmheánach éifeachtach a chruthú d'earraí agus do sheirbhísí. Fócas ar leith a bheidh ann do thréimhse na straitéise seo ná tosú ar an Treoir AE ar Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach a thrasú.

Treoir ar Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach

Tá sé i gceist leis an Treoir ar Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach (2006/123/EEC) "margadh aonair" dílis a chruthú do sheirbhísí tráchtála agus is eochairfhoráil de Clár Oibre Liospóin é. Déanfaidh sé cumasú ar sholáthróirí seirbhísí, gur fiontair bheaga agus mheánmhéide iad (FBM) den chuid is mó, bunú i mBallstát eile (ciallaíonn bunaithe, go bunúsach, oifig bhuan a bheidh ann) nó seirbhísí a sholáthar do Bhallstát eile gan a bheith bunaithe ann (a ghairtear soláthar sealadach de, i.e. feidhmiú i mBallstát gan oifig bhuan). Baineann an Treoir, ar glacadh léi i Nollaig 2006 agus a chaithfear a thrasú roimh an 28ú Nollaig 2009, le gníomhaíochtaí laistigh de agus idir Bhallstáit.

Tá forálacha tábhachtacha sa Treoir maidir le comhoibriú riaracháin idir Ballstáit, forálacha atá ceaptha le muinín agus iontaoibh a ghiniúint eatarthu chomh maith le muinín a thabhairt do thomhaltóirí agus do sholáthróirí seirbhísí a bheidh rannpháirteach in idirbhearta trasteorann. Tá forálacha tábhachtacha ar chosaint tomhaltóirí ann chomh maith.

Measann Forfás go ndéanfaidh an Treoir, nuair a bheidh sé i bhfeidhm, leas dá luach tuairim is €300 milliún in aghaidh na bliana d'eacnamaíocht na hÉireann, den chuid is mó trí rochtain ar sheirbhísí ag tomhaltóirí Éireannacha ar phraghsanna níos iomaíthí. Buntáiste eile d'Éirinn, is ea oscailt margái na hEorpa do sholáthróirí seirbhíse na hÉireann. I measc na n-earnálacha acmhainne fáis tá an t-oideachas príobháideach, maoinintleachtúil, díolachán agus margáíocht idirnáisiúnta, bainistíocht shlabhra an tsoláthair, agus seirbhísí proifisiúnta agus comhairliúcháin.

Tosaíodh ar obair ar thrasú na Treorach in 2007 agus leanfaidh an obair sin ar aghaidh i rith 2008 agus 2009. Tá Measúnú Tionchair Rialaitheach ar an modh um thrasú á réiteach. Ar an leibhéal AE de, tháinig Sainghrúpa faoi chathaoirleacht an Choimisiúin le chéile ar bhonn rialta in 2007 le plé a dhéanamh ar cheisteanna teicniúla maidir le trasú na Treorach agus

maidir le cúnamh a sholáthar do na Ballstáit. Leanfaidh an Sainghrúpa orthu ag teacht le chéile in 2008.

Margadh Aonair don Eoraip sa 21ú Céad

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thuarascáil dheiridh ar a athbhreithniú ar an Margadh Aonair (nó Inmheánach) ar an 20ú Samhain 2007. Is iad na príomhréimsí fócais don todhchaí a sonraíodh sa thuarascáil ná (a) tomhaltóirí a chumasú níos fearr leis an Margadh Aonair a dhéanamh níos ábharthaí dóibh agus iarracht ar thacaíochta a thabhairt do ghnónna beaga le saothrú níos fearr a dhéanamh ar na deiseanna a thugann sé, (b) tacú le gnónna maidir le leas a bhaint as domhandú; (c) nuálaíocht a chur chun cinn san AE agus (d) diminsean sóisialta agus comhshaoil an Mhargaidh Inmheánaigh a fhorbairt. Bhí an Roinn rannpháirteach i ngrúpaí oibre a bhunaigh an Coimisiún le cúnamh a thabhairt le linn an athbhreithnithe.

Tacaíonn an Roinn le thuarascáil dheiridh an Choimisiúin ach ní cás do gach ní dá bhfuil inti, mar shampla na tagairtí do chánachas. Cuirimid fáilte, go háirithe, roimh an chuspóir a luaitear aistriú ón rialúchán (a chaithfidh a bheith fianaise-bhunaithe agus comhréireach) go forfheidhmiúchán (i.e., feidhmiúchán ceart an dlí AE). Cuirimid fáilte chomh maith roimh an fócas ar leasa tomhaltóirí agus gnónna beaga. Mar chuid dá cuid oibre sa chúlra i rith an athbhreithnithe, rinne an Roinn Forfás a choimisiúnú le dul i mbun staidéir ar tionchar an mhargaidh aonair ar Éirinn. Cé go raibh sé críochnaithe mórán in 2007, ní raibh an staidéar le foilsiú go dtí luath in 2008.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Deimhneoidimid géilliúntas agus feidhmiúchán tráthúil dhlí an Mhargaidh Inmheánaigh AE in Éirinn trína bheith ag obair le Ranna eile Rialtais le dianmhonatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cheart-thrasú agus cur in iúl Treoracha uile an Mhargaidh Inmheánaigh.

Treoracha a Thrasú

Tá an bhunfhreagracht as rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh a bheith á bhfeidhmiú go cuí ag Éirinn ar

na Ranna atá freagrach as iad a thrasú agus a chur i bhfeidhm, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta san áireamh. Is leas na Ranna uile é deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmíonn an Margadh Inmheánach i gceart ar mhaithe lenár ár ngnónna agus ár saoránaigh. Mura gcuirtear rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach agus in am, cuirfead isteach go mór ar a gcuidiú le fás agus iomaíochas an AE.

Rinne an Roinn 18 treoir AE a thrasú go rathúil isteach sa dlí intíre i gcaitheamh na bliana. Faoi láthair tá 13 Treoir ar feitheamh le trasú sa tréimhse go 2012. Déanann Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh, a fhoilsíonn An Coimisiún Eorpach dhá uair in aghaidh na bliana, imscrúdú ar thaifid na mBallstát lena dheimhniú go sásaítear na coinníollacha do cheartfeidhmiúchán an Mhargaidh Inmheánaigh. Déanann sé é seo trí imscrúdú a dhéanamh ar a thapúla agus a fheabhas a dhéanann gach Ballstát Treoracha an Mhargaidh Inmheánaigh a thrasú go dlí náisiúnta. Tagann na Ballstáit, ar leibhéal AE, ar chomhaontú maidir leis na Treoracha agus a spriocdhátaí um thrasú.

Bhain Éire amach rátáil easnaimh um thrasú de 1.7% do Threoracha an Mhargaidh Inmheánaigh ar Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh d'Iúil 2007 agus 1.2% do Mhí na Nollag 2007. (Ciallaíonn rátáil easnaimh de 1.2% gur déanadh 98.8% de na Treoracha a thrasú faoin dáta sprice.) Bhí scór na hÉireann i Mí na Nollag 2007 mar an gcéanna le scór na mBallstát ina n-iomláine, scór ab ionann agus an gcuriarracht roimhe sin de 1.2% i Mí na Nollag 2006.

Clár SOLVIT maidir le bacainní sa Mhargadh Aonair a bhaint as

Díríonn SOLVIT ar chásanna mífheidhmiúcháin dlí Mhargadh Inmheánach an AE ag údarais phoiblí sna Ballstáit. Tá ionad SOLVIT na hÉireann bunaithe sa Rannóg Margaidh Inmheánaigh na Roinne agus tá sé ar cheann de 30 ionad SOLVIT é, ceann i ngach ballstát den AE agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Is féidir le saoránaigh agus le gnónna dul i dteagmháil lena n-ionad SOLVIT áitiúil má bhaineann a bhfadhb trasteorann, dar leo, le sárú a gcearta Margaidh Inmheánaigh ag Ballstát mar go measann

siad nach bhfuil an dlí á chur i bhfeidhm mar is ceart ag na húdarais sa stát sin. Nuair atá ionad SOLVIT sásta go bhfuil an fhéidearthacht ann go bhfuil mífheidhmiúchán den dlí AE i gceist le cás a chuirtear os a chomhair, cuireann sé an fhadhb faoi bhráid a chomhionad sa bhallstát ábhartha thar ceann an tsaoránaigh nó an ghnó lena mbaineann. Déanann na hIonaid SOLVIT atá rannpháirteach gach iarracht ar theacht ar réiteach laistigh de 10 seachtainí (14 seachtainí i gcásanna eisceachtúla).

I rith 2007, tháinig méadú suntasach ar líon na gcásanna a fuarthas in Ionad SOLVIT na hÉireann. Dhéileáil an tIonad le 76¹ cás in 2007, 5 cás a thionscain Ionad SOLVIT na hÉireann agus 71 cás a thionscain Ionaid SOLVIT eile. Á chur sin i gcomparáid leis an mbliain 2006, déileáladh le 17 cás, 7 cás a thionscain Ionad SOLVIT na hÉireann agus 10 cás a thionscain Ionaid SOLVIT eile. Ina theannta sin, mar is amhlaidh leis na hIonaid eile, do dhéileáil an tIonad le líon mór d'fhadhbanna agus de cheisteanna breise a bhí ag saoránaigh agus gnónna. Tháinig níos mó ná dúbailt ar líon na gceisteanna a cuireadh faoi bhráid Ionad SOLVIT na hÉireann in 2007 i gcomparáid le 2006.

Tá tuilleadh eolais maidir le SOLVIT, chomh maith le sonraí teagmhála gach Ionad SOLVIT, le fáil ag: http://europa.eu.int/solvit/site/index_en.htm.

TAIEX (Cúnamh Teicniúil agus Malartú Faisnéise)

Soláthraíonn Oifig TAIEX (Cúnamh Teicniúil agus Malartú Faisnéise) den Choimisiún Eorpach tacaíocht um thógáil institiúide i ngach réimse den reachtaíocht AE is é ina chuspóir tacú le hailíniúchán, feidhmiúchán agus forfheidhmiúchán na reachtaíochta sna Ballstáit nua, sna tíortha is larrthóirí, sna Balcáin Thiar, sa Phobal Turcach Cipireach i dtuaisceart na Cipire agus sna tíortha a bhaineann leis an AE tríd an bPolasáí Comharsanachta Eorpach.

Soláthraíonn saineolaithe ón earnáil phoiblí sna Ballstáit cúnamh TAIEX, nuair a iarrtar é. Tá an Coimisiún Eorpach tar éis bunachar sonraí de shaineolaithe dá leithéid a chruthu agus is féidir iad a shlógadh go pras le freagra a thabhairt ar iarratais. Tá

2 Líon mór na gcás a cuireadh isteach ag imircigh ó na Ballstáit nua maidir le ceisteanna leasa sóisialaigh ba mhó ba chúis leis seo

pointe teagmhála náisiúnta ag TAIEX i ngach Ballstát. An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá ina Pointe Teagmhála Náisiúnta d'Éirinn.

Inbhuaine & Iomaíochas

CUSPÓIR

Inbhuaine agus iomaíochas a chomhtháthú agus a dheimhniú go gcuirfidh polasaí comhshaoil ar leibhéal náisiúnta agus AE feabhas ar an iomaíochas, go ndéanfaidh sé fiontraíthe a chothú agus an nuálaíocht a spreagadh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Beimid rannpháirteach leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i gcainteanna ar leibhéal an AE maidir le seasamh an AE ar athrú aeráide don tréimhse iar-Kyoto (2012 ar aghaidh), ag iarraidh deimhin a dhéanamh de chur chuige cothrom a chuireann gnéithe iomaíochais agus comhshaoil san áireamh.

Chuidigh an Roinn leis an díospóireacht polasaí iar-2012 ar leibhéal náisiúnta trí rannpháirtíocht sna struchtúir um Athrú Aeráide go ndéantar soláthar dóibh sa Chlár don Rialtas agus sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012. Bunaíodh Coiste Comh-Aireachta ar Athrú Aeráide agus Áirithiú Fuinnimh, leis an Taoiseach ina chathaoirleach air agus atá comhdhéanta de bhaill ábhartha na Comh-Aireachta ag áireamh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Bhí Oifigigh Shinsearach ón Roinn seo rannpháirteach sa Ghrúpa Oifigeach Sinsearach, a bunaíodh le tacaíocht a thabhairt d'obair an Choiste Comh-Aireachta. Ina theannta sin, cuireadh Grúpa Ardleibhéil um Athrú Aeráide, faoi chinnireacht an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus ina gcuimsítear Ranna Rialtais ábhartha, in ionad na Fhoirne Idir-Rannach um Athrú Aeráide a bhí ann cheana féin. Sular foilsíodh Pacáiste Aeráide agus Fuinnimh an Choimisiúin in Eanáir 2008, eochairfhócas den Roinn ab ea é anailís a dhéanamh ar thionchair an iomaíochais ag an Treoir AE um Thrádáil Astuithe ar Thionscail na hÉireann, le súil go gcuirfí an Roinn i riocht ionchur a dhéanamh ar an seasamh idirbheartaíochta náisiúnta maidir le hathbhreithniú na Treorach.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Comhlíonfaimid ár ról cinnireachta san idirbheartaíocht ar mholtaí REACH maidir le ceimiceáin.

Glacadh leis an Rialachán REACH (Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) ar an 18ú Nollaig 2006 ag an dara léamh tar éis níos mó ná 3 bliana d'idirbheartaíocht ar leibhéal AE. Tháinig sé i bhfeidhm ar an 1ú Meitheamh 2007, agus caithfear réamh-chlárú na gceimiceán a dhéanamh leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán i Heilsincí roimh dheireadh na Samhna 2008. I Nollaig na bliana 2007, thug an Rialtas faomhadh do dhréachtú tosaíochta ar Bhille Ceimiceán chun socruithe riaracháin agus forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm do REACH, agus do reachtaíocht eile ceimiceán, in Éirinn d'fhonn an reachtaíocht a achtú in 2008.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Leanfaimid orainn ag obair ar an Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe na Roinne a dhíríonn ar chosán a sholáthar d'fhiontair le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

Beimid rannpháirteach in idirbheartaíocht ar leibhéal an AE maidir le raon tionscnamh comhshaoil go mbeidh tionchar acu ar thionscail, ag áireamh tionscnaimh um athrú aeráide agus na moltaí do reachtaíocht nua ceimiceán.

I rith 2007, leagadh síos obair na Roinne ar Fhorbairt Inbhuanaithe i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Straitéise AE um Fhorbairt Inbhuanaithe. Chuidigh an Roinn le hathnuachan na Straitéise AE um Fhorbairt Inbhuanaithe in 2007. Tosaíodh ar obair go déanach in 2007 ar dhara athnuachan den Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe, a tháinig i bhfeidhm den chéad uair in 1997 agus ar déanadh athnuachan uirthi in 2002. Thug an Roinn cuidiú tionscanta d'obair ar dhréachtú na Straitéise nua, agus leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2008. Meastar go nglacfar chomh maith le Pleananna Gníomhaíochta faoi na Straitéisí Forbartha AE agus Náisiúnta araon in 2008.

Tá tiomantais maidir sa Chlár nua don Rialtas ar glacadh leis in 2007 do:

- leasú a dhéanamh ar shainchúram Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) le

cuimsiú a dhéanamh ar an tríú cuaille taighde i réimse an fhuinnimh inbhuanaithe agus na dteicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, agus,

- tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na dteicneolaíochtaí comhshaoil in Éirinn le go mbainfí an dá bhua amach, is iad sin iomaíochas feabhsaithe agus feidhmíocht chomhshaoil.

Tosaíodh ar obair in 2007 maidir leis na tiomantais sin a chur i bhfeidhm. Críochnaíodh na socruithe maidir leis an tiomantas ar FEÉ i Márta 2008 nuair a d'fhógair an tAire, in éineacht leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, go raibh siad tagtha chun réitigh ar na prionsabail agus ar an gcistíocht ar a ndéanfaí spriocdhíriú tríd an FEÉ ar an tríú cuaille seo. Aontaíodh go gcuirfí acmhainní ó bhuiséid an dá Roinn le chéile thar an tréimhse den PFN a bhí fágtha le go mbainfí amach infheistíocht acmhainne taighde ar chaighdeán domhanda, ar luach €90 milliún, tríd an FEÉ.

Maidir le hearnáil na nEarraí agus Seirbhísí Comhshaoil, thosaigh an Roinn ar obair le Forfás, Idirthráchtáil Éireann agus na Gníomhaireachtaí eile Rialtais le aithneofaí deiseanna breise fiontraíochta san earnáil a aithint. Déanadh staidéar comhairliúcháin ar an gceist a choimisiúnú i nDeireadh Fómhair 2007 agus nuair a chríochnófar é cuirfear grúpa feidhmiúcháin i bhfeidhm le go molfáí cinntí ar cad iad na bearta breise a fhéadfadh (na gníomhaireachtaí forbartha) an ÚFT agus an FÉ a ghlacadh chun an earnáil a fhorbairt, chomh maith le cad é an taighde breise trí Forfás a fhéadfadh a bheith úsáideach.

Bearta Náisiúnta agus AE a chur i bhFeidhm

In 2007, lean an Roinn uirthi ag tabhairt cistíochta do agus ag obair le Fiontraíocht Éireann maidir le raon tionscnamh a chur i bhfeidhm, tionscnaimh a dearadh d'aon toisc le feabhas a chur ar fheidhmiúchán comhshaoil na dtionscal Éireannacha, e.g. a cláir maidir le táirgí sármhaitheasa Comhshaoil, Córais Bhainistíochta Comhshaoil agus an suíomh gréasáin *Environcentre.ie*.

In éineacht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, lean an Roinn le forfheidhmiúchán Shlí na hÉireann faoi Phlean Gníomhaíochta an AE um Theicneolaíochtaí Comhshaoil (PGTC). Is comhthionscnamh é an PGTC idir Stiúrthóireachtaí Comhshaoil agus Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, atá dírithe ar fheabhas a chur ar fhorbairt agus ar úsáid níos forleithne na dteicneolaíochtaí comhshaoil trí fheidhm a bhaint as na sineirgí idir cosaint chomhshaoil agus fás eacnamaíochta.

Shínigh an tAire ina dhlí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Riachtanais Éicidheartha do Tháirgí Áirithe a Úsáideann Fuinneamh) 2007, a tháinig i bhfeidhm ar an 11ú Lúnasa 2007, ag cur Creat-Treoir an AE ar an ábhar sin i bhfeidhm. Tá Bearta breise, faoi na cumhachtaí atá sa Chreat-Treoir, le glacadh do tháirgí indibhidiúla, ag leagan síos riachtanais chuí éicidheartha i ngach cás.

Cuaille 2

Obair agus Foghlaim Ardchaighdeáin

CUAILLE 2

OBAIR AGUS FOGHLAIM ARDCHAIGHDEÁIN

Foghlaim Ar Feadh an tSaoil

CUSPÓIR

Foghlaim ar feadh an tsaoil a fhíoradh do líon níos mó daoine sa bhFórsa Saothair.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid idirghníomhú le Ranna, gníomhaireachtaí agus grúpaí eile chun tionscnaimh um foghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú a dhéanfaidh soláthar ar dheiseanna do dhaoine sa bhfórsa saothair.

Lean an Roinn, in 2007, ag tabhairt tosaíochta ard d'fhairsingiú deiseanna foghlama do dhaoine d'aois oibre. Go háirithe, chuidigh an Roinn leis an gclár oibre seo trí infheistíocht a dhéanamh ar nach mór €70 milliún i ngníomhaíochtaí, i gcláir agus i seirbhísí traenála fostaíochta chun cuidiú leo siúd a bheadh ag lorg oibre na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha a bhaint amach.

Thug an Roinn ardtosaíocht chomh maith d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna na heacnamaíochta sa todhchaí. D'fhoilsigh an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (SGRST) an tuarascáil ar an Straitéis Náisiúnta Scileanna dar teideal *Scileanna an Lae Amáraigh – I dTreo Straitéis Náisiúnta Scileanna* i Márta 2007. Leagann an doiciméad tábhachtach seo cuspóirí straitéiseacha scileanna na hÉireann amach go dtí 2020. Beidh sé ina ionchur tábhachtach don pholasaí maidir lenár gcaipiteal daonna a fhorbairt trí chlár, breisoiliúna, traenála agus oideachais don tréimhse go 2020. Tá cóip den Straitéis seo ar fáil ag www.skillsireland.ie.

Bunaíodh an Chomhairle Forbartha Bainistíochta (CFB) in 2007 le comhairle a thabhairt don Rialtas ar leorgacht agus ábharthacht an tsoláthair forbartha

bainistíochta in Éirinn agus le cur chuige comhordaithe maidir le feasacht agus léirthuisicint in earnáil na ngnólachtaí beaga agus meánmhéide a mhéadú a chur chun cinn ar mhaithe le, agus leis an ngá le, huasghrádú a dhéanamh ar scileanna cinnireachta agus bainistíochta.

I rith 2007 ainmníodh an tUas. Seán Haughey T.D ina Aire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá freagrach as Foghlaim ar Feadh an tSaoil.

Bunaíodh Coiste idir-rannach, comhdhéanta d'oifigigh ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ón Roinn Airgeadais, le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéis Náisiúnta Scileanna. Thosaigh an coiste ar a cuid oibre in 2008.

Traenáil In-Chuideachta (Scileanna Nua a Thabhairt Dóibh Sin atá i bhFostaíocht)

CUSPÓIR

Fairsingiú a dhéanamh ar leibhéal na rannpháirtíochta agus na hinfeistíochta i dTraenáil In-Chuideachta, ag diriú go háirithe ar oibrítheoirí íseal-scileanna.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Déanfaimid riaradh díreach ar thionscnamh traenála chun aghaidh a thabhairt ar Thraenáil In-Chuideachta trí Ghlaoch poiblí ar Mholtaí agus déanfaimid áisiú ar fhorfheidhmiú ar thionscnaimh breis traenála sa réimse seo ag FÁS, ag baint leasa as airgid CSE agus as an gCiste Náisiúnta Traenála (CNT).

Oibreimid le Ranna, gníomhaireachtaí agus grúpaí eile chun a chinntiú go cuimsíonn forbairt polasaí traenála riachtanais fostaíochta na n-oibríthe íseal-scileanna agus déanfaimid deimhin de go leanfaidh FÁS agus Skillnets ag forbairt clár atá dírithe ar oibríthe íseal-scileanna.

Buanaíodh an méadú suntasach in infheistíocht i dtraenáil na ndaoine a bhí fostaíthe a bhaineadh amach in 2005 agus 2006, agus déanann an chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, *I dTreo 2016*, tiomantas chun leanúint leis an treocht seo.

Réitigh leithdháileadh na n-acmhainní breise seo ó 2005 an chonair do bhreis gníomhaíochta sa réimse sin. Go háirithe, tá FÁS tar éis an Chlár Céim Amháin Suas a fhairsingiú i méid agus i scóip. Síníodh conarthaí do dhá Chomhpháirtíocht Chomhghuaillíochta Straitéisí in 2007. Baineann an chéad ceann le hoibríthe le scileanna/cáilíochtaí ísle a thraenáil, agus díreoidh an dara ceann ar thraenáil forbartha bainistíochta na bhfiontar beaga agus meánmhéide (FBM). I rith 2007, sholáthair an clár Céim Amháin Suas traenáil d'os cionn 27,000 duine.

D'ardaigh an buiséad do thraenáil printíseachta in 2007 go €130 milliún, ó €113 milliún in 2006. Rinne an cistiú seo soláthar ar 1,314,000 lá traenála i gcaitheamh na bliana.

Ina theannta sin, leanann Clár Traenála Gréasáin Skillsnets (CTG) ag tacú agus ag cistiú traenáil gréasáin fiontarbhunaithe faoi shainordú a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh 2010. Skillsnets Teoranta, cuideachta tacaíochta traenála atá ionadaíoch ar fhostaithe agus ar fhostóirí i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, a dhéanann é a reáchtáil agus a sheachadadh. In 2007 d'eisigh Skillnets gairm ar mholtaí do bhabhta cistíochta 2008/2009 agus dá bharr seo gheobhaidh 123 gréasán cistíocht agus tacaíocht ó Skillnets le linn na tréimhse seo.

Déanann Skillnets bainistiú ar an gclár ACCEL chomh maith - Ag brostú scileanna in-chuideachta. In 2007 lean an 55 tionscadal, ar tugadh faomhadh dóibh in 2006, ag fáil tacaíochta agus meastar go gcaithfear an buiséad de nach mór €16 milliún go hiomlán faoi dheireadh an chláir in 2008.

Traenáil agus Tacaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas

CUSPÓIR

Feabhas a chur ar thacaíochtaí traenála agus fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

In éineacht le FÁS déanfaimid forbairt agus rolladh amach ar scéim nua chun tacú le daoine faoi mhíchumas chun dul i mbun fostaíochta lánaimseartha (Scéim Fostaíochta Lánaimseartha).

In 2007 lean feidhmiú na Scéime Fóirdheontais Pá Cistithe ag FÁS ar aghaidh, scéim a thosaigh i Meán Fómhair 2005 mar thionscnamh píolótach trí bliana le soláthar a dhéanamh ar dhreasachtaí leanúnacha d'fhostóirí agus do dhaoine faoi mhíchumas le go rachaidís i mbun fostaíochta sa mhargadh oscailte saothair. Rinne an Roinn coimisiúnú ar chomhairligh sheachtracha i Mí na Samhna 2007 le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime agus meastar go gcríochnófar an t-athbhreithniú sin in 2008.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Gabhfaimid i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara i bhforbairt Plean Earnála don Roinn, mar atá leagtha amach sa Bhille um Míchumas 2004.

Sonraíonn Plean Earnála na Roinne faoin Acht um Míchumas, 2005, na heochairthionscnaimh chun comhdheiseanna i margadh an tsaothair a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas, agus cuimsíonn sé forbairt a dhéanamh ar Straitéis Fostaíochta Cuimsitheach do dhaoine faoi mhíchumas. Is iad eochairchuaillí na straitéise seo ná:

- feabhas a chur ar éifeacht na gclár oiliúna fostaíochta agus gairme do dhaoine faoi mhíchumas
- níos mó forbartha a dhéanamh ar thacaíochtaí airgeadais agus eile d'fhostóirí agus d'fhostaithe ionchasacha faoi mhíchumas, agus

- bearta a fhorbairt níos mó ar fhostú leanúnach oibrithe go mbaineann míchumas dóibh le linn fostaíochta a chur chun cinn

Bunaíodh Fóram Comhairliúcháin ar Straitéis Fostaíochta in 2007 de réir tiomantais a déanadh faoi Phlean Earnála na Roinne. Tá an Fóram Comhairliúcháin tar éis a chlár oibre a leanúint go gníomhach in 2007 de réir príomheilimintí a chlár oibre comhaontaithe, a chuimsíonn coinneáil poist; tacaíochtaí poist; ullmhúchán poist; agus cuardach poist.

Tá an Fóram Comhairliúcháin tar éis an gá atá le hathbheithniú córasach a dhéanamh ar an gcleachtas reatha um choinneáil poist agus um fhilleadh ar an obair tar éis do mhíchumas a tharlú san áit oibre, a aithint ina eochairchuspóir.

Rinne an Roinn an taighde seo a choimisiúnú i Mí na Samhna 2007. Meastar go gcríochnófar an obair ar an tionscadal taighde, atá idir lámha ag comhairligh sheachtracha, i lár 2008.

Rinne FÁS coimisiúnú ar athbheithniú ar fheidhmiúchán an Chláir um Fhostaíocht Thacaithe Cistithe ag FÁS i Mí na Samhna 2007 agus meastar go gcríochnófar é sin i lár 2008.

Tugadh staidéar ar éifeacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí gairmoiliúna agus seirbhísí oiliúna athshlánúcháin a sholáthraíonn sainsoláthróirí oiliúna do dhaoine faoi mhíchumas, thar ceann na Roinne, FÁS agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, chun críche i rith 2007. Tá grúpa oibre comhdhéanta d'ionadaithe ó shainsoláthróirí Seirbhísí Pobail/Cuimsiú Sóisialta bunaithe ag FÁS le maoirsiú a dhéanamh ar mholtaí ag eascairt ón Staidéar.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid iniúchadh ar an scóip atá ann ar fheasacht na bhfostóirí a ardú maidir le daoine faoi mhíchumas a bheith mar acmhainn ag margadh an tsaothair.

Lean an Roinn uirthi ag soláthar cistíochta do thacaíocht feasachta míchumais in 2007 trí bhuiséad FÁS d'fhonn cúnamh a thabhairt le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa lucht saothair.

Gairmoideachas agus Traenáil Ghairme ar leibhéal an AE

CUSPÓIR

Cuidiú, i gcomhair leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, le forbairt polasaí an AE chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh gairmoideachas agus traenáil ghairme cuidiú níos mó agus níos éifeachtaí do chlár oibre Liospóin.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Oibreimid chun éifeacht a thabhairt do na moltaí atá sonraithe i Ráiteas Maastricht Nollaig 2004 ar Oideachas agus ar Thraenáil Ghairme.

Lean an Roinn ag oibriú i gcomhair leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus eagraíochtaí eile ábharthacha, chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh na forbairtí agus na treoracha a aontaíodh ar leibhéal idirnáisiúnta eolasú ar pholasaithe agus chleachtas thraenála agus oideachais intíre.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Tacóimid le tionscnaimh chun soghluaiseacht fhórsa saothair an AE a mhéadú trí fhorbairt a dhéanamh ar Chreat nua Cáilíochta Eorpacha agus ar bheartais eile trédhearcachta agus soghluaiseachta.

Lean an Roinn chomh maith ag comhoibriú le hÚdaráis Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann chun forbairt agus cur chun cinn breise a dhéanamh ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

Tacaíocht do Dhaoine Dífhostaithe

CUSPÓIR

Iontráil na ndaoine difhostaithe agus neamhghníomhacha sa mhargadh saothair a mhealladh agus a áisiú trí sholáthar a dhéanamh ar raon de chlár agus sheirbhísí.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Leanfar de forfheidhmiú na Straitéise Coiscthí, ina mbíonn FÁS rannpháirteach le daoine difhostaithe. Cuirfimid san áireamh moltaí an athbhreithnithe a rinneadh le déanaí ar an straitéis seo le hintinn feabhas a chur ar éifeachtacht an phróisis.

Déanann an Straitéis Choisctheach soláthar ar rannpháirtíocht rianúil d'fhoireann um Sheirbhísí Fostaíochta do daoine difhostaithe. Tá an fhócas dírithe ar idirghabháil go luath le daoine á dtarchur ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go FÁS chun cuidiú lena n-imeasctha sa mhargadh saothair agus le soláthar a dhéanamh, nuair is cuí, ar na scileanna riachtanacha chun feabhas a chur ar a gcuid deiseanna fostaíochta. I rith 2007, cuireadh 51,452 duine go FÁS agus díobh sin d'fhág 32,359 duine an Beo-Chlár. Tá FÁS fós i mbun rannpháirtíochta leis an gcuid eile acu.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Leanfaimid orainn ag déanamh soláthair ar raon de chlár fostaíochta agus traenála chun rannpháirtithe a chumasú le dul ar aghaidh go fostaíocht.

Déanann FÁS soláthar ar raon seirbhísí dóibh sin atá ag lorg fostaíochta. Is iad na príomhscéimeanna fostaíochta atá ann ná Fostaíocht Phobail agus Tionscnamh Post a dhéanann soláthar ar dheiseanna oibre agus/nó traenála le pobail áitiúla. In 2007 bhí os cionn 24,500 áit ar na scéimeanna seo. Déanann FÁS soláthar ar sheirbhísí socrúcháin agus gairmthreorach agus tá rochtain féinseirbhíse aige chomh maith ar raon leathan d'fhollúntais i bpoist ag áireamh

deiseanna do chliant i mBallstáit eile AE agus sa Limistéir Eacnamaíochta Eorpach. Bunaíodh Grúpa Oibre Ardleibhéil, comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ó Roinn an Taoisigh agus FÁS, chun cur i ngníomh na ngrúpaí cliant eile a ghníomhú i dtreo margadh an tsaothair, go háirithe, Tuismitheoirí Aonaracha agus Daoine atá faoi Mhíchumas. Lean an Grúpa Comhpháirtíochta Sóisialta ar cheisteanna Mhargadh an tSaothair ag teacht le chéile in 2007. Lean Fo-Ghrúpa um Sheachadadh Fostaíochta agus Traenála do bhaill Chomhlúadar an Lucht Siúil, faoi chathaoirleacht an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag teacht le chéile in 2007. Sholáthair an Roinn ionadaíocht ar an gCoiste Náisiúnta Monatóireachta agus Comhairliúcháin don Lucht Siúil (NTMAC), a bunaíodh i rith 2007. I gcaitheamh 2007, d'oibrigh an Roinn agus FÁS go dlúth leis an Roinn Airgeadais agus an tSeirbhís um Cheapacháin Poiblí le soláthar a dhéanamh ar shocrúcháin do Lucht Siúil i Ranna Rialtais tríd an gClár Intéirneachta.

Straitéis Eorpach Fostaíochta

CUSPÓIR

A bheith rannpháirteach sa chéad chéim eile den Straitéis Eorpach Fostaíochta, a léireofar sa Chlár Náisiúnta Athchóirithe le béim faoi leith ar fhostaíocht a chruthú agus ar fhórsa saothair inoiriúnaithe sciliúil a fhorbairt.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuideoimid ar leibhéal AE le hobair na Comhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Tomhaltóra (GFPSST) agus grúpaí eile ábhartha, ag áireamh an Choiste Fostaíochta, chun deimhin a dhéanamh de go léiríonn polasaithe AE spriocanna agus cuspóirí na Roinne. Tabharfar chun críche Pleananna Gníomhaíochta um Fhostaíocht Náisiúnta ar bhonn bliantúil agus cuirfear faoi bhráid Choimisiún na hEorpa iad mar chuid de na socrúithe tuarascála ar Chlár Liospóin.

Mar chuid Straitéis Liospóin d’ullmhaigh gach Ballstát Clár Náisiúnta Athchóirithe (CNA) bliantúil ag sonrú na ndúshlán agus na dtosaíochtaí gníomhaíochta le feabhas a chur ar fhás agus ar phoist le linn na tréimhse trí bliana. Cuimsithe i CNA na hÉireann tá raon leathan de pholasaithe agus de thionscnaimh, is é ina chuspóir trí fheidhmiúchán an chláir fás eacnamaíochta agus feidhmiúchán fostaíochta in Éirinn a chothú. Tháinig an “timthriall trí bliana” tosaigh faoi Straitéis athbhreithnithe Liospóin chun deiridh in 2007 agus chuir Éire ár CNA isteach go dtí an gCoimisiún Eorpach i nDeireadh Fómhair 2007. Tá measúnú an Choimisiúin ar an CNA sonraithe ina dTuarascáil Bhliantúil um Dhul Chun Cinn a foilsíodh i Nollaig 2007. Deir an Tuarascáil go bhfuil dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh ag Éirinn maidir leis na polasaithe atá sonraithe sa Chlár Náisiúnta Athchóirithe don tréimhse 2005-2007 a bheith á gcur i bhfeidhm, agus go bhfuil straitéis náisiúnta cuimsitheach agus soiléir i bhfeidhm. Léiríonn an measúnú go gcaithfear an fócas a choimeád ar dhul chun cinn a bhrostú maidir le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú, le go gcuimseofaí dul chun cinn breise a dhéanamh ag bunú infreastruchtúir chuimsitheach um chúram leanaí, forbairt bhreise ar an gcreatpholasaí do mhargadh an tsaothair agus do chuimsiú sóisialta na n-imirceach, agus béim ar leith a chur ar thacaíocht a thabhairt d’oibrithe atá níos sine agus d’oibrithe le scileanna isle.

Faoi Chlár Oibre Liospóin tá roinnt spriocanna fostaíochta AE i bhfeidhm do 2010: ráta foriomlán fostaíochta de 70%; ráta fostaíochta ban de 60% agus ráta fostaíochta de 50% d’oibrithe atá níos sine in aois 55-64. Tá dul chun cinn seasmhach déanta ag Éirinn maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach agus in 2007 sáraíodh na spriocanna do mhná agus d’oibrithe níos sine. I Ráithe 4 2007 b’ é an ráta foriomlán fostaíochta a bhí ann ná 69.0%, b’ é an ráta fostaíochta ban ná 60.8%, agus bhí an ráta fostaíochta d’oibrithe níos sine ag 53.9%. Tá comhdhearcadh fairsing ann i measc na mBallstát nár cheart na Treoirínte Fostaíochta don dara timthriall de Straitéis Liospóin (2008-2010) a athrú agus gur cheart an fócas a choimeád ar fheidhmiúchán. D’fhonn na dúshlán atá romhainn a shásamh tá an bhéim á chur anois ar infheistíocht níos mó i ndaoine agus na margay saothair a nua-aoisiú. Cuimseofar na tosaíochtaí sin sa chur chuige éagsúil dar teideal “flexicurity” (meascán de na focail Bhéarla flexibility agus security) atá forbartha ag na Ballstáit ina CNAanna.

Saothar Oiltge ó Lasmuigh den LEE

CUSPÓIR

Polasaí a chur i bhfeidhm um raon ionstraimí a sholáthar le háisiú a dhéanamh ar earcú pearsanra sciliúil saothair ó lasmuigh den Limistéir Eacnamaíochta Eorpach, nuair nach féidir teacht ar na scileanna atá de dhíth trí ghnáthearcú nó thraenáil.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfidimid i bhfeidhm forálacha an Bhille um Cheadanna Fostaíochta atá le hachtú i 2005 chun an réimeas um Chead Fostaíochta a chur ar bhonn cuimsitheach agus slán reachtúil. Foilseoidimid páipéar polasaí ar riachtanais ar leith scileanna na hÉireann iarmhéadú an AE, ag cur san áireamh sruthanna na nimirceach ó na Ballstáit nua.

Cheadaigh an tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2007, d’Éirinn socruithe nua maidir le himirce eacnamaíochta agus ceadanna fostaíochta a sheoladh, rud a chinntíonn cur chuige solúbtha, freagrúil agus stiúrtha maidir le polasaí imirce eacnamaíochta. Is príomhchuid é seo dár Straitéis Náisiúnta Scileanna agus é ina chomhpháirt thábhachtach den trasfhoirimiú leanúnach atá á dhéanamh againn go heacnamaíocht atá tiomáinte ag nuálaíocht agus í eolasbhunaithe. Is iad na ceithre chineál cead fostaíochta a tugadh isteach i 2007 ná:

- Cárta Uaine;
- Cead Oibre;
- Cead Aistrithe Laistigh de Chuideachtaí; agus
- Ceadanna do Chéilí agus do Chleithiúnaithe.

Is folúntais a thiomáineann polasaí sa réimse seo anois seachas é a bheith bunaithe ar chuótaí nó ar phointí; is é sin, gur tairiscint oibre is croílár don pholasaí seo. Ar an mbealach seo, tá córas ceada fostaíochta na hÉireann níos freagrúla agus níos éifeachtaí maidir le freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair. Tá nasc láidir freisin idir é agus forbairt fiontraíochta, le Scéim an Chárta Uaine ach go háirithe á cheadú dúinn daoine ardoilte atá ag teastáil uainn chun ár n-



An tAire Martin ag Seoladh Socruithe nua Ceadúnais Fhostaíochta Sean Gorman, Ard-Rúnaí na Roinne DE TE, tAire Killeen-An tAire Gnóthaí Saothaire, An tAire Martin-An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Dermot Mulligan-Rúnaí Cúnta, Rannán Forbartha an Lucht Saothair.

eacnamaíocht a aistriú go leibhéal nua a mhealladh – eacnamaíocht a chruthóidh jabanna ardluach sa todhchaí. Eisíodh 2,794 cead i rith na chéad bhliana feidhme faoi Scéim an Chárta Uaine.

Aithníodh liosta de na gairmeacha a mbeadh gá d'Éirinn daoine a earcú dóibh ó lasmuigh den LEE, tar éis comhairle a ghlacadh ón Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Thosaigh an Roinn, in éineacht le FÁS agus leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, ag obair in 2008 lena chinntiú go leanann na catagóirí de ghanntanais saothair agus scileanna ag teacht le riachtanais reatha an mhargaidh saothair.

Ceadanna Fostaíochta

CUSPÓIR

Leibhéal feabhaisithe seirbhíse do chustaiméara a thairiscint d'iarratasóirí ar Chead Fostaíochta

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid cúram de thús a chur le háis ar-líne d'iarratais áirithe ar Chead Fostaíochta agus bainfimid leas as líon laghdaithe d'iarratais i gcomhshaol iar-mhéadaithe an AE chun soláthar a dhéanamh ar fheasacht níos fearr agus ar leibhéal níos pearsanta seirbhíse dár gcustaiméirí.

Leag an Roinn spriocanna seirbhíse do chustaiméirí amach do phróiseáil iarratas ar Chead Fostaíochta i rith 2007, le cúig lá déag oibre leagtha síos mar íos-sprioc. Cé nár baineadh an sprioc seo amach go hiomlán i dtús 2007, ag éirí as socruithe nua riaracháin a tugadh isteach faoi *Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006*, tá an roinn ag déanamh go leanúnach de réir sprice na gcúig lá déag ón gceathrú ráithe de 2007.

Bhí foireann lárionaid tiomnaithe glaonna ag feidhmiú freisin, ag soláthar faisnéise ar gach gné den phróiseas ceada fostaíochta. Freagraítear gach fiosrú ar an teileafón idir 9.30am agus 5.00pm ón Luan go hAoine. Is féidir le hiarratasóirí dul chun cinn a n-iarratas a sheiceáil trí gach staid den phróiseas.

Tá sé ar intinn ag an Roinn tuilleadh feabhais a chur ar sheirbhís do chustaiméirí nuair a lorgaíonn sí tairiscintí in 2008 do thógáil Chóras ordaithe Bhainistíochta um Cheadanna Fostaíochta, a áireoidh áis iarratais ar líne.

Caiteachas agus Gníomhaíochtaí FÁS

CUSPÓIR

Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht caiteachais agus gníomhaíochtaí FÁS i mbaint amach cuspóirí straitéiseacha oiliúna agus margaidh na Roinne.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid maoirseacht ar leithdháileadh na nacmhainní airgeadais do gníomhaíochtaí FÁS agus déanfaimid deimhin de go dtabharfaidh siad tacaíocht do chuspóirí straitéiseacha na Roinne.

Cabhraíonn an Roinn le freagraí a aithint agus a fhorbairt do thosaíochtaí oiliúna agus an mhargaidh saothair, go háirithe trína hionchur agus Ráiteas Straitéise FÁS 2006-2009 á cheapadh. Mar fhreagra ar athruithe éilimh na heacnamaíochta agus an staid ina bhfuil nach mór gach duine fostaíthe, tá an phríomhfhócas anois ar oiliúint agus scileanna breise a sholáthar d'oibrithe. Tá mór-ról ag FÁS maidir leis an oiliúint seo a sholáthar, agus oibríonn sé go dlúth leis an tionsclaíocht chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn an oiliúint agus an curaclam ag teacht le riachtanais iomchuí na bhfostóirí.

Déanadh leithdháileadh ar timpeall €1.047 billiún ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus fostaíochta FÁS in 2007. Ba mhéadú cistiúcháin timpeall 7.5% é seo i gcomparáid le 2006. Déanadh infheistiú ar os cionn €445 milliún i gclár oiliúna i rith 2007. Déanadh infheistiú ar na hacmhainní breise ach go háirithe ar thraenáil bhreise scileanna a sholáthar do dhaoine i bhfostaíocht chomh maith le riachtanais traenála eárnála agus sainchuideachta a aithint agus a chur i bhfeidhm d'oibrithe ag gach leibhéal lena chinntiú go mbíonn fórsa saothair na hÉireann i ndea-riocht le dul in oiriúint do mhargadh domhanda atá ag athrú go tapaigh. Úsáideadh an cistiúchán breise chun clár oiliúna a sholáthar a ceapadh le cabhrú le daoine atá difhostaithe go fadtéarmach, le daoine atá eisiata go sóisialta, le hoibrithe iomarcacha agus le mná dul

isteach sa mhargadh oibre agus feabhas a chur ar a n-ionchas fostaíochta nó fillte ar fhostaíocht. Bhí os cionn 53,000 ag gabháil de chlár oiliúna FÁS i rith 2007, ar a n-áirítear níos mó ná 18,000 duine a thosaigh ar chlár Printíseachta. Le linn cúrsa Ráitis Straitéise na Roinne 2005-2007 bhí 54,000 duine as iomlán de 162,000 oiliúnaí ag gabháil de chúrsa Printíseachta, ag cur béime ar thiomantas na Roinne agus FÁS maidir le cáilíocht oibre agus fhoghlama.

Déanadh leasú de €426 milliún maidir le soláthar chlár fostaíochta, ar a n-áirítear an Clár Tionscnaimh Post a sholáthraíonn fostaíocht lánaimseartha do dhaoine atá os cionn 35 iad difhostaithe le 5 bliana nó níos mó; an Clár Fostaíochta Pobail a chabhraíonn le daoine atá difhostaithe go fadtéarmach a bheith sa bhfórsa saothair in athuir trína dtaithe ar dhífhostaíocht a bhriseadh tríd na gnáthaimh a bhaineann le filleadh ar obair; agus an Clár Fostaíochta faoi Thacaíocht ar thionscnamh gníomhach margaidh saothair é le cabhrú le lucht cuardaigh fostaíochta atá faoi mhíchumas fostaíocht a fháil sa mhargadh oscailte saothair. Bhí beagnach 33,000 duine rannpháirteach i gclár fostaíochta in 2007. Tá an figiúr seo ag teacht le figiúirí 2005 agus 2006 agus léiríonn sé an ráta íseal difhostaíochta fadtéarmach i rith tréimhse 3 bliana (1.3% mar mheán idir Nollaig 2005 agus Samhain 2007) agus le cuspóirí na Roinne agus FÁS maidir le seirbhísí riachtanacha pobail a choimeád agus rannpháirtithe na gclár a chur ar aghaidh i dtreo an mhargaidh oscailte saothair.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmiúchán FÁS chun deimhin a dhéanamh de go ngéilleann an ghníomhaireacht sin do threoirínte straitéiseacha agus chorpáideacha araon.

Bíonn cruinnithe rialta ag an Roinn le FÁS chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus lena chinntiú, nuair is cuí, go gceartaítear an straitéis agus an chistíocht ag teacht le hathruithe ar thosaíochtaí. Déantar monatóireacht go rialta ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht agus déantar athbhreithnithe ar shainscéimeanna a chuirtear ar siúl nuair is gá. I rith 2007 tosaíodh ar obair athbhreithnithe Luach ar Airgead ar Chlár Forbartha Inniúlachta FÁS, meicníocht a ceapadh le leibhéal scileanna spriocfhostaithe in eárnálacha ar leith a ardú.

Táthar ag súil leis go mbeidh an t-athbhreithniú críochnaithe i Meán Fómhair 2008.

Tá ar FÁS géilleadh don Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Déanadh athbhreithniú ar ghéilliúntas FÁS don Chód i Lúnasa 2007.

Sonraí ar Mhargadh an tSaothair

CUSPÓIR

Cur chun cinn a dhéanamh ar shonraí ábharthacha cothrom le dáta mhargadh an tsaothair a dhéanfaidh eolasú ar fhorbairt pholasaithe agus tionscnaimh ar mhargadh an tsaothair.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Réiteimid agus déanfaimid nuashonrú ar shonraí mhargadh an tsaothair trí mhionanailís mhionchruinn ar thuarascálacha eacnamaíochta agus trí staitisticí maidir le treochtaí fostaíochta/dífhostaíochta a thiomsú.

Déantar anailís agus nuashonrú go rialta ar shonraí mhargadh an tsaothair ar bhonn na bhfoilseachán agus na dtuarascálacha éagsúla staitisticíúla ag an PSO ar chomhlachtaí mar an ITES agus FÁS. Déantar monatóireacht ar tháscairí na fostaíochta/mhargadh an tsaothair go rialta chomh maith. Tá imlíne tugtha in Aguisín 11 den Tuarascáil seo ar shonraí a bhaineann le riocht an mhargaidh saothair faoi láthair.

Ciste Sóisialta na hEorpa

CUSPÓIR

A chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) do chlár 2000-2006 agus 2007-2013 le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh mhargadh an tsaothair.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid monatóireacht ar chaiteachas CSE faoi na clár ábharthacha agus déanfaimid gach iarracht an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní CSE.

Fuair Éire tuairim is €136 milliún i gcúnamh CSE i rith 2007, bhain €71.3 milliún de seo le gníomhaíochtaí a réachtáladh ag nó ar son na Roinne seo agus a Gníomhaireachtaí. Ag teacht le héilimh Rialacháin um Chistí Struchtúrtha, rinne an Roinn seiceáil rialúcháin ar gach iarratas CSE a fuarthas in 2007, ag áireamh seiceála ar bhainistíocht airgeadais agus ar chórais rialúcháin na n-eagraíochtaí a chuir iarratais isteach.

Dearadh Chlár Chiste Sóisialta na hEorpa 2007-2013

CUSPÓIR

Dearadh a dhéanamh, laistigh de theorainneacha an AE agus na dtreoirilínte náisiúnta, ar chlár CSE don tréimhse 2007-2013, a chuireann luach le forbairt chaipitil daonna agus a mhéadaíonn rannpháirtíocht i bhfostaíocht.



Tógadh an pictiúr seo ag seoladh an chláir nua CSE d'Éirinn (Infheistíocht Caipitil Daonna OP 2007-2013) agus ceiliúradh 50 Bliain den CSE ag a raibh: An Dr. Rory O'Donnell, An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta; Ms Eucharía Meehan, An tÚdarás um Ard-Oideachas; Mr Franz Pointner, An tArd-Stiúrthóireacht Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialacha agus Comhdheiseanna (Coimisiún na hEorpa); Mr. Michael Ahern, TD, Aire um Polasaí Nuálaíochta; Mr. Donald Sands, Fás agus Mr. John Bowman, Modhnóir.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfimid forbairt, i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara, ar chlá(i)r CSE don tréimhse 2007-2013 a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais aitheanta oiliúna agus/nó fostaíochta an mhargaidh saothair, ag teacht le rialacháin ábharthacha an AE.

I rith 2007, chríochnaigh an Roinn idirbheartaíocht le Coimisiún na hEorpa agus na Comhlachtaí cuí Náisiúnta, as ar ghlac Coimisiún na hEorpa le Clár Oibríocháin Infheistíochta Caipitil Daonna 2007-2013 an CSE ar an 6ú Samhain 2007. Is é an Clár Oibríocháin Infheistíochta Caipitil Daonna (COICD) an t-aon Chlár CSE d'Éirinn i rith na tréimhse 2007 go dtí 2013, le buiséad foriomlán de €1.36 billiún, agus le ranníocaíocht ón CSE de €375 milliún. Díreoidh an Clár ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais aitheanta oiliúna agus/nó fostaíochta an mhargaidh saothair, ag teacht le prionsabail aontaithe agus rialacháin an AE. Beidh fócas aige, ach go háirithe, ar dhá phríomhthosaíocht, is é sin, breisoiliúint don fhórsa saothair agus gníomhachtú agus rannpháirtíocht ghrúpaí lasmuigh den fhórsa saothair.

Sheol Michael Ahern T.D., an tAire um Polasaí Nuálaíochta ag An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Clár Oibríocháin Infheistíochta Caipitil Daonna Chiste Nua Sóisialta na hEorpa 2007-2013 d'Éirinn in Óstán an Gresham ar an 18ú Nollaig 2007. Tharla an seoladh mar chuid de theagmhas níos leithne ag ceiliúradh 50 bliain de Chiste Sóisialta na hEorpa agus ag déanamh iniúchta shonrach ar ranníocaíocht an CSE d'Éirinn ó chuaigh sí sa Chomhfhargadh mar a bhí an uair sin ann in 1973.

Idirphlé Sóisialta

CUSPÓIR

Idirphlé sóisialta a chur chun cinn ar leibhéal AE, náisiúnta agus fiontraíochta.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfimid leis an bpróiseas d'idirphlé sóisialta ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta.

Comhairle Gnóthaí Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Tomhaltóra

Déanann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta comhordú ar ionchur na hÉireann i gComhairle na nAirí Gnóthaí Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Tomhaltóra (GFPSST) ar leibhéal an AE. Tá obair na Comhairle faoi shainchúram na Roinne seo, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Sláinte agus Leanáí. Bhí trí chruinniú Foirmeálta den Chomhairle ann in 2007 chomh maith le dhá chruinniú neamhfhoirmeálta den Chomhairle (i mBeirlín na Gearmáine agus Guimarães na Portaingéile) ag a raibh Aire Gnóthaí Saothair an tráth sin, Tony Killeen, T.D., agus a chomharba Billy Kelleher, T.D., mar ionadaithe na hÉireann.

Comhairlí Foirmeálta

Ba í an príomhcheist fostaíochta ag an gComhairle Fhoirmeálta a tionóladh i bhFeabhra 2007 ná glacadh lena cion tairbhe do Chomhairle Earraigh na hEorpa. Glacadh freisin leis an comhthuarascáil Fhostaíochta agus baineadh comhaontú polaitiúil amach ar mholtaí an Choimisiúin ar leathan-treoirínte pholasaí an bheartais eacnamaíochta maidir le polasaithe fostaíochta na mBallstát do 2007. Rinne an Chomhairle nótaíl ar Theachtaireacht an Choimisiúin “Ag cur i bhfeidhm Straitéise athnuaite Liospóin d’Fhorás agus jabanna: Bliain Seachadta” .

Mar chuid den ullmhúchán do Chomhairle Eorpach an Earraigh, thionóil an Chomhairle ESPHCA malartú tuairimí ar an gCruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach (fostóirí, oibríthe agus ionadaithe Rialtais) ar fhorás agus fhostaíocht a bhí ar siúl ar an lá roimh an Chomhairle Eorpach.

Faoi dheireadh, déanadh láithreoireacht ó bhéal don Chomhairle ar Chlár Oibre an Choiste Fostaíochta agus rinne Vladimir Spidla, An Coimisinéir Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialacha agus Comhdhiseanna, láithreoireacht ghearr don Chomhairle ar Chumarsáid an Choimisiúin “Straitéis nua Pobail ar shláinte agus ar shábháilteacht ag an obair 2007-2012” a bhí á hullmhú tráth na Comhairle. Is í aidhm na Straitéise laghdú 25% a dhéanamh ar thimpistí sa láthair oibre thar an tréimhse atá ráite.

Ag Comhairle Fhoirmeálta na Bealtaine, tháinig na Ballstáit ar chomhaontú polaitiúil nach dtiocfadh athrú ar na Treoirínte Fostaíochta do 2007. Ina theannta sin, glacadh le Conclúidí/Rúin na Comhairle ar Straitéis nua Pobail ar Shláinte agus ar Shábháilteacht ag an Obair (2007-2012). Thionól an Chomhairle cainteanna um lóin ar Imirce agus ar Fhostaíocht.

Ba iad na príomhábhair a bhí á bplé ag Comhairle Fhoirmeálta na Nollag ná na Teoracha conspóideacha um Oibríthe Gníomhaireachta agus um Eagrú Ama Oibre. D’ainneoin plé Aireachta ag am lóin ar an dá mhír, ar nasc an tUachtaránacht le chéile iad, theip ar na Ballstáit teacht chun réitigh maidir leis na sainchomhaid a raibh ceisteanna gan réiteach ag baint leo ar ar áiríodh clásal rogha an diúltaithe maidir leis an Treoir um Ama Oibre agus paireacht phá agus na tréimhsí cairde ar na hOibríthe Sealadacha Gníomhaireachta.

Cé gur theip ar an gComhairle teacht chun réitigh ar na Teoracha seo rinne sí formhuiniú ar an gComhchoiste Fostaíochta (EMCO) agus ar Thuairim an Choiste Cosanta Sóisialta ar chomhphrionsabail leas-solúbthachta agus ghlac sí freisin le Conclúidí na Comhairle. Rinne sí formhuiniú freisin ar thuairim an EMCO agus ghlac le Conclúidí na Comhairle ar ionchais Straitéis Fostaíochta na hEorpa sa todhchaí i gcomhthéacs timthrialla nua Straitéise Liospóin.

Comhairlí Neamhfoirmeálta

Ag cruinniú den Chomhairle Neamhfoirmeálta a tionóladh i mBeirlín i mí Eanáir, ghlac an Ghearmáin le “Dea-Jabanna” mar théama mar go bhfacthas d’Uachtaránacht Ghearmánach an AE gurb é seo an eochair le sprioc Straitéise Liospóin “níos mó jabanna agus jabanna níos fearr a chruthú san Eoraip” a bhaint amach. Leanadh ag an gcruinniú leis an díospóireacht a bhí ar siúl le linn Uachtaránachtaí na hOstaire agus na Fionlainne ar an gcothromaíocht iomchuí a aimsiú sa mhargadh saothair idir solúbthacht agus slándáil. Ag an gcruinniú den Chomhairle Neamhfoirmeálta i mí Iúil 2007 i nGuimarões na Portaingéile, rinne na hAiri Gnóthaí Sóisialta agus Fostaíochta plé ar bhealaí nua sa réimse a bhaineann le comhordú a dhéanamh ar pholasaithe fostaíochta agus sóisialta an AE. Thángthas chun réitigh ag an gcruinniú maidir leis an ngá a bhí le teacht le Treoirínte Comhtháite Liospóin maidir leis an diminsean sóisialta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Déanfaimid ionadaíocht ghníomhach ar an Roinn sa phróiseas náisiúnta comhpháirtíochta sóisialta, ag áireamh cainteanna maidir le cad a thiocfaidh i gcomharbacht ar Dhul Chun Cinn a Choinneáil.

Déanfaimid forfheidhmiú ar na forálacha ábhartha den Dul Chun Cinn a Choinneáil agus aon Chomhaontú a thiocfaidh i gcomharbacht air laistigh den chreat ama atá leagtha síos.

An tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta

Ag teacht leis an tiomantas faoi I dTreo 2016, thosaigh an tÚdarás nua Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (ÚNCF) ar chomhairliúchán lena pháirtithe leasmhara ar fad maidir le tús chur le cainteanna le páirtithe an Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta, ICTU, IBEC agus Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, ar chóras cuimsitheach agus freagrúil a fhorbairt do chomhlíonadh agus d'fhorfheidhmiú cearta fostaíochta. Bhí an ÚNCF i dteagmháil chuiditheach i rith 2007 le heagraíochtaí pháirtithe eile leasmhara mar Ionad Cearta Imirceach Éireann agus na hIonaid Eolais do Shaoránaigh.

Tháinig an ÚNCF le chéile le Roinn Fostaíochta agus Foghlama Thuaisceart Éireann (DELNI) i Meán Fómhair 2007 d'fhonn nascanna Thuaidh-Theas a bhunú sa réimse a bhaineann le cearta fostaíochta. Soláthraíodh faisnéisíú iomlán do ghrúpa idirdhisciplíneach de pháirtithe leasmhara TÉ ar an dul chun cinn maidir le bunú ÚNCF. (Tá áthas orainn a rá go bhfuil ábhar sa Tuarascáil seo freisin ar ÚNCF faoin ngníomhaíocht straitéiseach "Leanfaimid ar an Athbhreithniú ar Shainordú agus Acmhainní a chur ar fáil don Chigireacht Saothair" agus faoin gceannnteideal faoin gColún seo "Gníomhaíochtaí Breise a Gabhadh de Láimh sa tóir ar an Sprioc seo").

Comhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta

Faoi théarmaí I dTreo 2016 is ann do thiomantas tacaíocht a thabhairt don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta. Thug an Roinn, le faomhadh an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, deontas €0.25m do Chomhdháil na gCeardchumann do dhá thionscadal sa tionscal foirgníochta in 2007 faoi choimirce na Comhpháirtíochta seo.

Tá an Tionscadal Éascaithe d'Ionadaithe ar Shábháilteacht (TÉIS), ar soláthraíodh cistiú €200,000 dó in 2007, ag obair le feabhas a chur ar shábháilteacht i dtionscal na foirgníochta le seacht mbliana anuas. Tá an tionscadal seo á chomhreachtáil ag an gComhdháil agus ag Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CTF) mar chuid den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta. Is é a misean é comhoibriú a chur chun cinn idir fhostaithe agus oibrithe agus an teachtaireacht a thabhairt nach é amháin go bhfuil comhairliúchán le hIonadaithe Sábháilteachta (ISanna) na n-oibrithe ina riachtanas dlí

do bhainisteoirí ach gur féidir le suíomhbhainisteoirí atá ag iarraidh rannpháirtíocht na bhfostaithe a spreagadh maidir le cleachtais sábháilte oibre a úsáid.

In 2007, ghlac an TÉIS freagracht as tionscadal speisialta a d'aontaigh an Comhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta dírithe ar bhás agus gortú a laghdú i measc oibrithe imirceacha. Soláthraíodh €50,000 mar chistiúchán. Déanadh pacáiste acmhainne a fhorbairt i ndiaidh chomhairliúcháin fairsing leis an tionscail agus le páirtithe leasmhara. Cuireadh an pacáiste acmhainne ar fáil i bhformáid nuálach agus cairdiúil d'úsáideoirí agus foilsíodh é i bPolainnis, i Rúisis, i Laitvis, i Liotuáinis, i Slóvacais agus Rómánais agus déanadh é a leithdháileadh ar Ionadaithe Sábháilteachta, teagascóirí um Pas Sábháilte FÁS, Ceardchumann Foirgníochta, Comhairlí na gCeardchumann áitiúla agus ionaid áitiúla Chomhdháil na gCeardchumann.

Nuachóiriú ar chóras an Chomhchoiste Oibreachais

Tá soláthar in I dTreo 2016 do thiomantas nuachóiriú a dhéanamh ar chóras an Chomhchoiste Oibreachais. Chuige seo, d'iarr an Roinn ar an gCúirt Oibreachais i ndeireadh 2006 beartais a chur le chéile le feidhm a thabhairt don tiomantas. Le cúnamh a thabhairt don Chúirt sa tasc seo, chuir an Chúirt Meitheal Oibre le chéile ar a raibh ionadaithe ó riarachán na Cúirte, ó Chomhdháil na gCeardchumann agus ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann. Bhí an tÚdarás Náisiúnta um Cearta Fostaíochta rannpháirteach sa phlé freisin. Bhí an Grúpa seo gníomhach i rith 2007. I measc na gceisteanna ar tugadh aghaidh orthu sa chleachtas seo bhí cónascadh nó cealú roinnt CCOanna, ag tabhairt cur chuige caighdeánaithe isteach maidir le téacs agus leagan amach ORFanna agus ailíniú ar dhátaí do roinnt athruithe phá. Mar chuid den chleachtadh nuachóirithe cuireadh trí CCO ar ceal i 2007 agus bunaíodh CCO amháin nua.

Cothromaíocht Oibre/Saoil

I rith 2007, lean obair an Choiste Frámaíochta Náisiúnta do Chothromaíocht Oibre/Saoil lena chlár oibre mar a leagadh amach é in I dTreo 2016 agus sa Chlár don Rialtas mar a bhfuil freagracht air as le tacú

agus éascú a dhéanamh ar pholasaithe a thacaíonn le teaghlaigh atá dírithe ar chabhrú le saol na hoibre agus an teaghlaigh a chomhréiteach ag leibhéal fiontraíochta. Tionóladh Lá Cothromaíochta Oibre/Saoil ar an 1ú Márta, tionscnamh bliantúil a d'fhorbair an Coiste ar dtús in 2001. Chuir an Coiste feachtas náisiúnta ar siúl sna meáin le feachtas ar ardú maidir leis an gceist a bhaineann le hobair agus an saol a chomhthitimid leis an lá. Ina theannta sin d'óstaigh an Coiste seimineár ar an lá agus sheol an tAire Gnóthaí Saothair a bhí an uair sin ann an leabhrán "Cur Chuige Pleanáilte agus Rianúil maidir le Cothromaíocht Oibre/Saoil", a d'fhorbair an Coiste le cabhrú le fostóirí socruithe a chabhródh le feabhas a chur ar chothromaíocht oibre/saoil a thabhairt isteach sa láthair oibre. In 2007, bhunaigh an Coiste Painéal Comhairleoirí freisin le cabhrú le fostóirí cur chuige pleanáilte agus rianúil a fhorbairt ar chothromaíochta oibre agus saoil ag leibhéal fiontar. Faoin scéim seo, is féidir comhairleoir a bhfuil taithí aige/aici a chur ar fáil le hoibriú le fiontar bheaga agus mheánmhéide le polasaithe agus socruithe cothromaíochta oibre/saoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfidimid i bhfeidhm moltaí comhaontaithe ón bhFóram ar an Láthair Oibre sa Todhchaí

D'éascair an Straitéis Náisiúnta don Láthair Oibre, a seoladh in 2005, ón bhFóram faoin Láthair Oibre sa Todhchaí, a bhunaigh an Rialtas chun measúnú a dhéanamh ar ullmhacht ionad oibre na hÉireann le freastal ar dhúshlán ár ngeilleagair eolasbhunaithe atá ag teacht chun cinn. Is é príomhtheachttaireacht na Straitéise ná go bhfuil cáilíocht ionad oibre na hÉireann agus leibhéal na nuálaíochta agus an athraithe iontu riachtanach do thrasathrú leanúnach na hÉireann go geilleagar atá níos dinimiciúla, atá ardoilte agus eolasbhunaithe. Bunaíodh Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmiúcháin in 2005 le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta don Láthair Oibre. Foilsíodh an dara tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil ar an 26 Aibreán 2007 agus tugann sé imlíne ar na príomhfhorbairtí i gcur i bhfeidhm mholtaí na Straitéise ó thug an Grúpa tuarascáil roimhe sin i mí Lúnasa 2006.

As ceann de phríomh-mholtaí na Straitéise a d'éascair an tiomantas sa chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta I dTreo 2016 go gcuirfeadh an Rialtas Ciste

Nuálaíochta don Ionad Oibre ar bun le tacú le comhpháirtíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn ag leibhéal fiontar. D'fhógair an Taoiseach an Ciste Nuálaíochta don Ionad Oibre i mí Eanáir 2007, ag geallúint ciste €9 milliún thar thrí bliana. Tá dhá shnáithe den Chiste, ag cur nuálaíochta chun cinn trí chomhpháirtíocht agus tacaíocht a thabhairt do nuálaíocht ag leibhéal fiontraíochta, le cistíocht iomlán de €7.5m á soláthar tríd an Roinn seo. Déanadh faomhadh ar 12 Tionscadal faoin dá shnáithe in 2007 agus tarraingíodh anuas cistíocht iomlán de €156,347. Bainfear úsáid as formhór na cistíochta sna blianta ina dhiaidh sin de réir mar a thagann luas faoin tsnáithe ar leibhéal fiontar faoi bhainistíocht Fhiontraíocht Éireann, agus de réir mar a dhéanfaidh tionscadail fhaofa cistíocht a tharraingt anuas.

Réiteach Reachtaíochta, Géilliúntais agus Díospóide

CUSPÓIR

Soláthar a dhéanamh ar fhorálacha éifeachtacha reachtaíochta, géilliúntais agus réiteach díospóide i réimse na gceart fostaíochta, sláinte agus sábháilteacht, agus caidreamh tionsclaíoch san áireamh.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tabharfaimid isteach forálacha éifeachtacha reachtaíochta chun dualgais an AE agus na EIS a thrasú.

An Reacht Eorpach um Chomharchumainn

Is ionstraim den AE é an Reacht Eorpach um Chomharchumainn a cheadaíonn do bhunú Chomharchumainn Eorpach (ar a dtugtar SCE), a bhfuil sé mar aidhm aige é a dhéanamh níos éasca do chomharchumainn feidhmiú ar fud an AE. Tá an Reacht comhdhéanta de Rialachán agus de Threoir. Ní féidir SCE nua a chláru gan idirbheartaíocht a bheith ann ar dtús leis na fostaithe ar a gcuid rannpháirtíochta féin sa chomharchumainn, cibé acu an trí fhaisnéis agus chomhairliúcháin é agus/nó, rannpháirtíocht, i gcúinsí áirithe. Déanann Rialachán

na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe) 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007), a chuireann Treoir ón AE 2003/72/CE den 22 Iúil 2003 i bhfeidhm, rialú ar ghnéithe rannpháirtíochta an fhostaí in Éirinn. Tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm sa dlí ar an 29 Bealtaine 2007.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Acht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fostaithe 1996) (Leasú) 2007.

Déanann na Rialacháin seo (I.R. Uimh. 599 de 2007) trasuíomh ar Threoir 2006/109/CE an AE den 20 Samhain 2006 lena n-oiriúnaítear Treoir 94/45/CE ar bhunú Chomhairle Oibreacha Eorpach, nó nós imeachta i ngnóthais ar scála an Chomhphobail agus i ngrúpaí de ghnóthais ar scála an Chomhphobail d'fhonn faisnéis a chur ar fáil d'fhostaithe agus chun dul i gcomhchomhairle leo de thoradh aontachais na Bulgáire agus na Rómáine leis an gComhphobal Eorpach.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Tabharfaimid feidhm reachtaíochta, de réir mar is gá, do tiomantais a eascraíonn faoin gcomhpháirtíocht shóisialta nó chun ceann a thógáil den chomhshaol caidrimh thionsclaíoch atá ag teacht chun cinn.

Leanfaimid ar an Athbhreithniú ar Shainordú agus Acmhainní a chur ar fáil don Chigireacht Saothair.

Comhpháirtíocht Shóisialta

Tá an-chuid fuinnimh agus acmhainní caite ag an Roinn lena chinntiú go ndéantar dul chun cinn suntasach ar réimse leathan gníomhaíochtaí a bhfuil tiomantais tugtha aici ina dtaobh faoi I dTreo 2016. Tá réimse leathan tiomantas comhlíonta ag an Roinn cheana féin faoi Chuid 2 den Chomhaontú (Pá, an tIonad Oibre, agus Cearta Fostaíochta agus Comhlíonadh) ar a n-áirítear: achtú an Achta um Chomhiomarcaíocht Eisceachtúil agus Acht na gCeadanna Oibre, foilsíú an Bhille um Chomhlíonadh Cearta Fostaíochta, méadú ar acmhainní do

scileanna/oiliúint, ardú ar an bPá Íosta Náisiúnta go €8.65, níos mó acmhainní a sholáthar do na comhlachtaí réitithe díospóide (ar a n-áirítear cúigear Coimisinéir nua um Chearta), bunú Chiste Nuálaíochta don Ionad Oibre agus Cód Cleachtais a thabhairt isteach chun Daoine atá ar Fostú i dTithe Dhaoine Eile a Chosaint, etc. Thar aon ní eile, bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (féach thíos).

Comhiomarcaíochtaí Suntasacha

Tá reachtaíocht nua corpraithe san "Acht um Chosaint Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Eile Gaolmhara) a tugadh isteach ar an 8ú Bealtaine, 2007. Tá foráil san Acht seo do chur i bhfeidhm Chinneadh éigeantach an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach sa chás *Junk v Kuhnel* den 27 Eanáir 2005. Tá foráil anseo a deir nach féidir le fostóirí fógraí indibhidiúla iomarcaíochta a eisiúint go dtí go mbíonn an tréimhse 30 lá fógraíochta agus comhairleoireachta faoin Acht um Chosaint Fostaíochta 1977 istigh.

Athbhreithniú ar an Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971

Bhí cainteanna agus comhairliúchán ar siúl go leanúnach i rith 2007 le gach páirtí leasmhar ar na tiomantais sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta I dTreo 2016, dírithe ar uasdátú agus neartú a dhéanamh ar Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971 ar rialú na hearnála gníomhaireachta fostaíochta. I ndiaidh na tréimhse comhairliúcháin fhairsing seo, rinne an tAire breithniú ar eilimintí deireanacha Bhille a bhí beartaithe le rialú a dhéanamh ar earnáil na ngníomhaireachtaí agus a gcomhairleoirí i rith 2007, agus athsheoladh á dhéanamh ag Uachtaránachta na Portaingéile ar Threoir loicthe an AE ar Obair Shealadach Ghníomhaireachta, obair a lean ar aghaidh in 2008, mar chúlra leis.

Gnóthais a Aistriú (Soláthar Roghnach Pinsean)

Aontaíonn an Rialtas i bprionsabal le trasuíomh a dhéanamh go dlí na hÉireann ar an soláthar roghnach pinsean atá sa Treoir um Aistriú Gnóthais. Is í an aidhm a bheadh le haon reachtaíocht sa réimse seo ná bonn

reachtúil a sholáthar don trasuíomh d'fhonn foráil a dhéanamh d'aistriú aon chearta breise pinsean i gcás go ndéantar gnóthais a aistriú. Ag deireadh 2007, bhí próiseas comhairliúcháin ar siúl, faoi choimirce Roinn an Taoisigh, le cabhrú leis an Rialtas an bealach ar aghaidh sa réimse seo a shoiléiriú.

An tÚdarás Náisiúnta um Cearta Fostaíochta

Bunaíodh an tÚdarás nua Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (ÚNCF) ar bhonn eatramhach i bhFeabhra 2007 agus aistríodh go ceannáras nua i gCeatharlach é i mí Iúil mar chuid de Chlár Díláraithe an Rialtais. Chuaigh an Stiúrthóir i mbun dualgais ar an 12ú Feabhra, agus bhí foireann iomlán bainistíochta ann faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair. Beidh foireann údaráithe de 141 ag UNCF, ag áireamh líon méadaithe de 90 Cigire Saothair, agus foireann tacaíochta ina mbeidh saineolaithe dlí agus cuntasáíochta chomh maith le foireann riaracháin. Bhí dul chun cinn mór déanta maidir le hearcú, sannadh agus oiliúint chigirí breise agus oifigi réigiúnacha a chur ar bun (Baile Átha Cliath, an tSionainn, Sligeach agus Corcaigh) faoi dheireadh 2007. Thosaigh an ÚNCF ar chomhairliúchán lena pháirtithe leasmhara ar fad agus cuireadh tús le cainteanna struchtúrtha le páirtithe an Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta ar chóras cuimsitheach agus freagrúil a fhorbairt do chomhlíonadh agus d'fhorfheidhmiú cearta fostaíochta.

Tábla 2: NERA Iniúchtaí 2006-2007		
	2006	2007
Líon na gCigireachtaí /Glaonna/ Agallaimh	15,855	14,413
Líon na sárúithe a aimsíodh	2,108	2,353
Riaráistí aisghabháilte	€1.4m	€2.5m

Ar an 31 Deireadh Fómhair 2007 rinne an Rialtas faomhadh ar dhréachtú Bhille um Chomhlíonadh Dlí Fostaíochta le feidhm a thabhairt d'fhorálacha Ailt 11 go 16 de CHUID 2 de "I dTreo 2016" (chomh maith

Tábla 3: NERA Soláthar Faisnéise 2006-2007

	2006	2007
Glaonna teileafóin ar déileáladh leo	122,419	93,000
Teagmhála r-phost	3,768	5,800
Teagmhála pearsanta	1,319	990
Iarratais ghlórphoist	4,595	4,134
Taispeántais	4	11
Láithreoireachtaí a déanadh	18	40

leis an Stiúrthóir a cheapadh ar bhonn reachtúil leis na cumhachtaí agus na dualgais riachtanacha), leis na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006 a neartú, agus le soláthar a dhéanamh d'fhorfheidhmiú forálacha na nAchtanna sin ag oifigh údaráithe an Stiúrthóra leis na cumhachtaí breise a sholáthraítear sa Bhille.

Ag teacht le tosú *I dTreo 2016*, tosaíodh ar ghníomhaíocht chomhchigireachta agus ar mhalartú faisnéise in 2007 le Cigirí ón ÚNCF, ó na Coimisinéirí loncainn agus ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tháinig na forálacha riachtanacha reachtúla a cheadaíonn do mhalartú faisnéise idir na trí chomhlacht i bhfeidhm ar an 30 Márta 2007 le hachtú Acht um Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007.

Iniúchtaí

Le linn na chéad bhliana dá fheidhmiúchán in 2007, rinne an ÚNCF timpeall 14,400 iniúchadh agus rinne aisghabháil ar thart ar €2.5m i riaráistí d'oibríthe. Díriodh feachtais chigireachta ar leith ar phá fosta a fhorfheidhmiú, ar oibríthe óga a chosaint agus ar an earnáil fhoirgníochta.

Soláthar Faisnéise

I rith 2007, rinne líne fhaisnéise an ÚNCF déileáil le hos cionn 93,000 glaoch ag lorg eolais maidir le cearta fostaíochta. Rinne an ÚNCF eolas neamhchlaonta a sholáthar ar réimse leathan den reachtaíocht ar chearta fostaíochta i scríbhinn, le r-phost, le freastal ar thaispeántais, le láithreoirachtaí agus trí chlár leanúnacha feasachta poiblí.

Tábla 4: NERA Ionchúisimh 2006-2007		
	2006	2007
Líon na gcás a cuireadh chuig OPAS	62	98
Líon na gciontaithe	26	34
Líon na gás a críochnaíodh go rathúil /a tarraingíodh siar	31	29

Ionchúisimh

Lean an ÚNCF lena chlár oibre ionchúisimh freisin agus cuireadh 98 cás chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit in 2007.

Tábla 5: NERA Imeachtaí Forfheidhmiú 2006-2007		
	2006	2007
Líon na gcás nua cláraithe	47	34
Líon na gcás a cuireadh chuig	19	17
Cásanna a críochnaíodh	61	52
Riaráistí a bailíodh	€193,056	€67,050

Forfheidhmiú

Tá forálacha i reachtaíocht áirithe um chearta fostaíochta maidir le himeachtaí a thionscnamh d'fhonn deonuithe na Cúirte Oibreachais agus an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a fhorfheidhmiú. Críochnaíodh 52 cás, ina raibh timpeall €67,000 de riaráistí i gceist, in 2007.

Cód Cleachtas d'Oibrithe Teaghlaigh

Ar an 18 Bealtaine, 2007, sheol an tAire Gnóthaí Saothair an Cód Cleachtas Chun Daoine atá ar Fostú i dTithe Dhaoine Eile a Chosaint. Tagann an Cód Cleachtas as comhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta ar an ngá atá le céimeanna speisialta le tacú le cearta fostaíochta na ndaoine sin atá fostaithe i dtithe dhaoine eile. Soláthraíonn sé frámaíocht chuimsitheach do thuiscint chomhaontaithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí maidir le cosaint daoine a fhéadfadh a bheith ina bhfostaithe leochaileacha. Cuireann an Cód béim ar an gcomhtheidlíocht atá ag fostaithe i dtithe dhaoine eile ar na cearta agus na cosaintí fostaíochta atá ar fáil d'aon fhostaí eile. Cuireann sé béim ar chuid de na cearta seo agus tá forálacha ann a bhaineann le cosaintí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo do na fostóirí agus do na fostaithe seo.

Íosphá Náisiúnta

Trí Ordú a síníodh ar an 20 Nollaig, 2006, thug an tAire Gnóthaí Saothair feidhm do mholadh na Cúirte Oibreachais maidir le méadú ar an Íosphá Náisiúnta. Dá réir sin, ardaíodh an tÍosphá Náisiúnta go dtí €8.30 ar an 1 Eanáir 2007 agus go dtí €8.65 ar an 1 Iúil 2007.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid, in éineacht le Ballstáit eile, agus i gcomhairle le Ranna agus Comhpháirtithe Sóisialta ábharthacha athbhreithniú ar Threoir an AE um Amanna Oibre.

Nuair nár baineadh comhaontú amach ar dhréacht-Treoir AE ar Am Oibre ag an gComhairle um Ghnóthaí Fostaíochta, Polasaí Sóisialta agus Sláinte agus Tomhaltóra (GFPSST), ar an 7 Samhain 2006, rinne Uachtaránacht na Portaingéile iarracht ar chomhaontú polaitiúil a bhaint amach ar an sainchomhad seo ag an GFPSST a thionól an Chomhairle ar an 5 Nollaig 2007. Ag an am gcéanna, rinne an Uachtaránacht athsheoladh ar chainteanna ar Threoir loicthe (ó 2004) an AE ar Obair Shealadach Ghníomhaireachta. Mheas Uachtaránacht na Portaingéile go mbeadh luach breise le hoibriú ar réiteach comhuaineach agus comhtháite ar an dá sainchomhad íogair seo, i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhí ann roimhe seo réiteach a fháil ar gach rún reachtach leis féin. Ar a shon sin, níor tugadh na sainchomhaid seo chun críche rathúil ag an gComhairle i rith 2007.

Maidir leis an Treoir a bhí molta ar Eagrú Ama Oibre, b'ionann an moladh ó Uachtaránacht na Portaingéile agus iarracht suntasach ar chomhréiteach a aimsiú agus a bhféadfadh Éire tacú leis. Maidir leis an Treoir a bhí molta maidir le hObair Shealadach Ghníomhaireachta, ba chás le hÉirinn nach raibh na heilimintí riachtanacha cothromaíochta go léir sna moltaí a bhí os comhair na Comhairle le measúnú a dhéanamh orthu. Dá réir sin, bheadh díolúintí a raibh soláthar ann dóibh sa Treoir a bhí molta chun leasa nó buntáiste do chuid de na Ballstáit ach ní hamhlaidh a bheadh do chuid eile. Sin mar a bheadh do na Ballstáit sin ina dtagann reachtaíocht ar phá comhionann le comhaontuithe comhchoitinne agus mar a gceadaítear diall ón gclásail ar phá comhionann sa reachtaíocht, thiocfadh tuilleadh breithniúcháin ar na sainchomhaid seo i 2008.

I rith 2007, d'fhreagair an Roinn iarratas ó Choimisiún an AE ar thuarascáil ar chur i bhfeidhm phraiticiúil na Treorach Ama Oibre in Éirinn. Chuimsigh freagra na Roinne dearcadh an dá thaobh den tionscal ar an gceist.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Daingneoidimid corpas dlí na fostaíochta agus forbróimid moltaí, in éineacht leis na páirtithe leasmhara, maidir le struchtúir agus nósanna imeachta na gcomhlachtaí um chearta fostaíochta.

Cuirfimid feabhas ar an ngéilliúntas do reachtaíocht um chearta fostaíochta trí athchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus trí mholtaí a fhorbairt le plé ag an Rialtas.

Chuir Aide-Memoire ó Aibreán 2007 an Rialtas ar an eolas maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta go dtí sin ag an nGrúpa um Chearta Fostaíochta (GCF) agus cé chomh mór agus a comhchuimsíodh a chlár oibre sna tiomantais reachtaíochta agus sa bhfrámaíocht tuarascála a aontaíodh leis na comhpháirtithe sóisialta in I dTreo 2016.

Dá thoradh sin, ní raibh gá níos mó don an GCF leanúint leis an gcleachtadh áirithe seo mar dá ndéanfaí sin bheadh an baol ann go ndéanfaí dúbláil ar iarrachtaí agus go gcaillfí fócas. Dá réir sin, d'aontaigh an Grúpa, cé gurbh fhéidir agus gur chóir an clár oibre a chríochnú faoi na struchtúir nua, go raibh a shainról féin tagtha chun deiridh anois. Tabharfar aghaidh ar na nithe a bhí fágtha ón gcéad chlár oibre GCF laistigh den bhfrámaíocht nua iar-I dTreo 2016.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Déanfaimid achtú ar reachtaíocht nua Sláinte agus Sábháilteachta agus ina dhiaidh sin déanfaimid nuashonrú ar na rialacháin ghinearálta iarratais a ghabhann leis chomh maith le roinnt rialachán sainearnálacha.

Forbróimid treoirlínte do gach gníomhaí i réimse sábháilteachta, sláinte agus leasa oibre.

Faoi mar a bhí in 2006, bhí fócas fhormhór na ngníomhaíochta sa réimse sláinte agus sábháilteachta oibre agus rialachán cheimiceán i 2007 dírithe ar athbhreithniú leanúnach ar rialacháin agus ar thrasuíomh Theoracha. Féach Aguisín 7 do shonraí ar na Rialachán a déanadh.

Tháinig na Rialacháin nua um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2007. Tá na Rialacháin, ar bharrchríoch iad ar phríoiseas cuimsitheach athbhreithnithe, ann in ionad agus mar aisghairm cuid mhór ar Rialacháin Feidhme Ghinearálta 1993 agus iad ann freisin in ionad liosta leathan reachtaíochta tánaistí sa réimse a bhaineann le sábháilteacht cheirde agus sláinte chomh maith le trasuíomh a dhéanamh ar 14 Treoir ón AE. Tagann siad le hAcht um



An tAire Kelleher ag Seoladh Thuarascáil Bhliantúil HSA 2007 le Martin O'Halloran, Príomhfheidhmeannach, HSA agus Jim Lyons, Cathaoirleach, HSA

Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 trí áireamh a dhéanamh in aon doiciméad amháin cairdiúil don úsáideoir ar beagnach gach dlí sonrach sábháilteachta agus sláinte a bhaineann go ginearálta le gach fostaíocht.

Seoladh na Rialacháin um Thógáil agus Obair ar Airde freisin go luath in 2007 agus tá siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta www.hsa.ie

Tháinig Cód Cleachtas athbhreithnithe d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe ar Chosc agus Réiteach ar Bhuláíocht san Ionad Oibre i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2007. Rinne an Cód nuashonrú agus athsholáthar ar an gCód a bhí ann roimhe sin (a bhí i bhfeidhm ó 2002) go mbeadh sé ag teacht le hAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Soláthraíonn an Cód treoir phraiticiúil d'fhostóirí ar bhuláíocht ag an obair a aithint agus a chosc ag éirí as a ndualgas faoi Acht 2005. Soláthraíonn sé eolas ar ghníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a dhéanamh ar bhealach a chuireann cosc, chomh fada agus is féidir é go réasúnta, le haon iompar míchuí nó aon iompar ba dhóichí a chuirfeadh sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a f(h)ostaithe i mbaol.

Tugann an Cód comhairle freisin ar conas polasaí frithbhuláíochta a ullmhú agus leagann béim ar an bhfíric gurb é an áit is fearr le déileáil le gearán bulaíochta ná ag leibhéal ionaid oibre na cuideachta. Molann sé go ndéanfaí déileáil le cásanna go himmheánach tríd na próisis seo a leanas:

- duine réasúnta ag teacht ar réiteach neamhfhoirmeálta
- modh foirmeálta le gearán a dhéanamh.

Níor chóir gur ghá tacaíocht a fháil ón taobh amuigh ach nuair a theipeann ar na próisis inmheánacha. Sa chás sin, deirtear sa Chód gur chóir an t-achomharc chur faoi bhráid Seirbhís an Choimisinéara um Chearta faoi na hAchtanna um Chaidreamh Tionscail. Is féidir achomharc eile a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid athbhreithniú ar sheachadadh seirbhíse sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta.

An Binse Achomhairc Fostaíochta

Ba bhliain ar leith í 2007 i stair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta (BAF) le ceiliúradh ceithre bliana déag ó bunaíodh é i mí na Nollag 1967. Sa chéad bhliain ina raibh sé ag feidhmiú rinne an Binse déileáil le 113 achomharc, agus faoi dheireadh 2007 bhí sé tar éis 2,807 a chur de lámh.

Cuireadh roinnt Seirbhísí do Chustaiméara a bhí á dtabhairt isteach chun cinn i 2007. Orthu seo bhí Seirbhísí Ar Líne BAF (BAFAL) a fuair 1.84 milliún ‘amas’ i rith na bliana agus bunachar sonraí ar líne Chlár na gCinntí. Mar aitheantas ar ardleibhéal na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a bhí á soláthar ag BAFAL, cuireadh an suíomh gréasáin ar ghearrliosta i ndá chatagóir do r-Dhámhachtainí Rialtais na hÉireann in 2007.

Tá beartais tugtha isteach mar is féidir, ar fhaomhadh an Bhinse, ateangaire a sholáthar le héascú a dhéanamh ar éisteacht le fianaise ó chustaiméirí nach mbeadh líofacht sa Bhéarla acu.

Leanann clár ‘Deireadh le Scoil: Foghlaim san Ionad Oibre’, ag soláthar deise do mhic léinn dara agus tríú leibhéal agus iarchéime cuairt a thabhairt ar an mBinse agus taití a fháil dóibh féin ar obair an Bhinse. Ag deireadh, déanadh athbhreithniú ar mhodhanna oibre BAF i 2007, a bhfuil imlíne dá shonraí in Aguisín 2.

Tábla 6: Iomarcaíochtaí de réir earnála i 2007

Líon na bhFostaithe	Uimhir Fostaí		IOMLÁN
	Fireann	Baineann	
Talmhaíocht/Foraoiseacht agus lascaireacht	317	139	456
Fuinneamh agus Uisce	80	40	120
An Tionscal Eastósctha (Táirgí Ceimiceacha)	238	70	308
Déantúsaíocht Miotail agus Innealtóireacht	880	223	1,103
Déantúsaíocht Eile	3,856	2,316	6,172
Tógáil agus Innealtóireacht Shibhialta	3,705	216	3921
Trádáil Imdhála	1,106	762	1,868
Iompar agus Cumarsáidí	867	501	1,368
Seirbhísí Eile	4,180	5,096	9,276
Bancaeireacht, Airgeadas agus Árachas	403	464	867
IOMLÁN	15632	9,827	25,459

Gníomhaíochtaí Breise ar Glacadh leo d'fhonn an Cuspóir um Reachtach, Géilliúntas agus Réiteach Díospóide a bhaint amach

Díospóidí Tionsclaíocha

Cailleadh 6,038 lá oibre de dheasca díospóidí tionsclaíocha i rith 2007, arbh é an méid ab ísle é ó tosaíodh ar thaifid a choimeád in 1923 agus ba í an ceathrú bliain ó 2002 í inar tharla thug taifead nua ísleachta maidir le laethanta oibre a cailleadh de dheasca díospóidí tionsclaíocha.

Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta Aisghabhála Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta

Deánadh athbhreithniú ar nósanna imeachta iomarcaíochta/Dócmhainneachta in 2007 lena fháil amach conas ab fhearr sruthlíniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar aisghabháil airgid/fiacha dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh. I líon cuíosach beag de chásanna, nuair nach mbíonn ar chumas an fhostóra nó nach mbíonn an fostóir toilteanach íocaíochtaí iomarcaíochta a íoc, íocann an Roinn an méid ón gCiste Árachais Shóisialta. Caithfidh an Roinn an t-airgead seo a aisghabháil agus a íoc ar ais leis an gCiste Árachais Shóisialta. Aithníodh na Cumhachtaí agus na Dualgais reatha Dlíthiúla agus scrúdaíodh taighde ar Nósanna Imeachta um Dhíscríobh agus ar Cháschuntais shamplacha in 2007. Léirigh a dtaighde go gcaithfidh cur chuige nua maidir le haisghabháil fiacha agus díscríobh a bheith tráthúil, éifeachtach agus costéifeachtach. Caithfidh ráiteas réadúil ar fhiacha in-aisghabhála a bheith mar thoradh air. Beidh cur i bhfeidhm thorthaí na taighde mar ábhar breithnithe in 2008.

Íocaíochtaí Iomarcaíochta

Rinne an Roinn Íocaíochtaí Iomarcaíochta de thuairim is €182.8 milliún i leith 25,459 fostaí in 2007. Seo a leanas sonraí na n-iomarcaíochtaí in 2007 de réir earnála:

Íocaíochtaí Dócmhainneachta

Ba 6,609 líon iomlán na n-éileamh a próiseáladh faoin Scéim um Íocaíochtaí Dócmhainneachta in 2007 ina raibh 184 fostóir agus 2,143 fostaí i gceist. Ba €5.7m an caiteachas iomlán. Ba é an meán am feithimh do chásanna nár ceistíodh in 2007 níos lú ná 4 seachtaine.

Cuaille 3

Slite chun go nOibreoidh Margaí agus Rialachán Níos Fearr

CUAILLE 3

SLITE CHUN GO NOIBREOIDH MARGAÍ AGUS RIALACHÁN NÍOS FEARR

An tÚdarás Iomaíochta

CUSPÓIR

Deimhin a dhéanamh de go bhfuil leoracmhainní agus leorchumhacht ag an Údarás Iomaíochta chun a mhisean a chomhlíonadh.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tabharfaimid cúnamh don Údarás a Roinn um Chumaisc a fhairstingíú agus freastal ar an méadú éilimh agus coimeádfaimid leibhéal foirne agus cistíochta an Údaráis faoi athbhreithniú feasta.

Ceadáíodh sé phost breise do dhara roinn um chumaisc agus líonadh iad seo in 2005. I rith 2007, chuir an tÚdarás trí chomórtas earcaíochta poiblí ar siúl óna ndearnadh ocht gceapachán leis na folúntais a d'éirigh in 2006 agus 2007 a líonadh. Táthar ag leanúint le monatóireacht ar chistiú an Údaráis.

Rinne an tOrdú um an Acht Iomaíochta 2002 (Alt 18 (5) agus (6)) 2007 (I.R. Uimh. 122 de 2007), a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Bealtaine 2007, caolchúisiú ar aicme na meánchumasc a bheadh le cur in iúl don Údarás. Ó shin i leith tá laghdú tagtha ar líon na meánchumasc a cuireadh in iúl don Údarás. Cheadaigh an laghdú seo don Údarás acmhainní a dhíriú ar chumaisc níos casta.

Iomaíocht in Earnálacha Cosanta

CUSPÓIR

Srianta ar iomaíocht a bhaint as agus earnálacha cosanta na heacnamaíochta a oscailt.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Déanfaimid anailís ar na forálacha reatha rialacháin a chuireann srian ar iomaíocht agus ar mholtaí do rialachán nó reachtaíocht nua le hintinn iarracht a dhéanamh deireadh a chur le haon srianta iomaíochta gan údar.

Cuirfimid feabhas ar ról polasaí iomaíochta agus tomhaltóra chun srianta ar iomaíocht a bhaint as agus earnálacha cosanta na heacnamaíochta a oscailt.

Staidéir An Údaráis Iomaíochta

I rith 2007 lean an tÚdarás Iomaíochta lena anailís ar iomaíocht sna seirbhísí gairmiúla agus d'fhoilsigh a chúigiú tuarascáil i sraith i dtaca le Fiaclóirí i nDeireadh Fómhair. Chinn an tÚdarás go raibh iomaíocht i seirbhísí fiaclóireachta srianta agus díspreagtha ag córas rialacháin a bhí as dáta. Rinne sé 12 moladh le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna iomaíochais a aithníodh Leanann an tÚdarás lena anailís féin a dhéanamh ar na gairmeacha Míochaine agus Tréidliachta.

Sonrú ComReg mar “Údarás Iomaíochta”

Tar éis cumhachtaí comhchumaracha iomaíochta a shannadh don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) in 2006 le hAcht Cumarsáide (Leasú) 2006, ba ghá ComReg a shannadh mar údarás iomaíochta maidir le feidhmeanna a shannadh air a bhaineann le seirbhísí cumarsáide leictreonacha, líonraí cumarsáide leictreonacha nó áiseanna a bhaineann leo. Chuige seo rinne an tAire Ionstraim Reachtúil dar teideal Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cur i ngníomh na Rialacha maidir le hlomaíocht a leagadh síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh) (Leasú) 2007 (I.R. Uimh. 525 de 2007) a tháinig i bhfeidhm ar an 27ú Iúil 2007.

Polasaí Tomhaltóra

CUSPÓIR

Polasaí nua tomhaltóra a chumadh agus a fhorfheidhmiú ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus é bunaithe ar chreat nua-aoiseach institiúide agus reachtaíochta.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Forbróimid polasaí nua tomhaltóra agus na struchtúir tacaíochta a ghabhann leis dírithe ar leasa na dtomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint bunaithe ar obair an Ghrúpa Straitéiseach Tomhaltóra.

Cuirfimid athbhreithniú na reachtaíochta tomhaltóra atá ann cheana féin chun cinn chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh tuiscint níos forleithne ar dhlí tomhaltóra agus chun go bhfreastalóidh sé ar riachtanais na dtomhaltóirí.

I mBealtaine 2007 cuireadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar bun ar bhonn reachtúil. Tugadh údarás reachtúil níos leithne don Ghníomhaireacht a rinne ionchorprú ar Oifig an Stiúirthóra um Ghnóthaí Tomhaltóra, le cumhachtaí agus feidhmeanna breise sna réimsí a bhaineann le haighneacht do thomhaltóirí, taighde, oideachas agus feasacht, faisnéis agus forfheidhmiú. Ceadáíonn

sainordú na Ghníomhaireachta di feidhmiú mar abhcóide láidir ar son an tomhaltóra agus leasa an tomhaltóra.

Ba é achtú an Achta um Chosaint an Tomhaltóra 2007 sa Bhealtaine an chéad mhórphíosa reachtaíochta intíre do chosaint an tomhaltóra a déanadh in Éirinn le 30 bliain. Chomh maith leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a bhunú, rinne an tAcht nuachóiriú agus daingniú ar an dlí a dhéileáilann le fógraíocht, margaíocht, taispeántas phraghas, agus faisnéis do thomhaltóirí ar bhonn na frámaíochta a soláthraíodh leis an Treoir um Chleachtais Éagóracha Tráchtála (Treoir 2005/29/CE). Chomh maith le toirmeasc ginearálta ar chleachtais éagóracha tráchtála, tá saintoirmisc san Acht ar chleachtais tráchtála atá míthreorach agus ionsaitheach. Déanann sé eisreachtú freisin ar os cionn tríocha cleachtas éagórach a shonraítear ar a bhfuil díol pírimide, camscéimeanna tarraingte duaise agus glaoch go leanúnach gan iarraidh. Déanann an tAcht neartú suntasach ar na cosaintí atá ar fáil do thomhaltóirí na hÉireann. Agus aisghairm á dhéanamh ar thrí phíosa déag reachtaíochta príomhúil – cuid acu os cionn céad bliain d’aois – agus reacht amháin a chur ina n-ionad, tá cion tairbhe suntasach déanta freisin aige d’athchóiriú rialála.

Dlí Cuideachta agus Ghníomhaireachtaí Rialúcháin

CUSPÓIR

Comhoibriú agus tacú le agus monatóireacht a dhéanamh ar an OCC, RFS, ODCE agus an IAASA (nuair a bheidh sé bunaithe go foirmeálta) chun an sprioc ardleibhéil d’ardchaighdeán de rialachas corparáideach a sheachadadh a bhaint amach.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid forbairt i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí rialála ar fhoilseachán Thuarascáil Bhliantúil na gCuideachtaí mar mheicníocht le monatóireacht agus tuairisciú a

dhéanamh ar an dul chun cinn a déanadh maidir leis an dá sprioc ardleibhéil sa réimse a bhaineann le Dlí na gCuideachtaí.

Déantar tuairisciú níos iomláine ar nithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí agus gníomhaireachtaí rialaithe i dTuarascáil Bhliantúil na gCuideachtaí ar féidir féachaint uirthi ag www.entemp.ie

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid breis forbartha ar chóras bheartas comhlíonta rialála (agus neamh-chomhlíonadh) i gcomhairle le gníomhaireachtaí rialála, le dul chun cinn a cheadú i dtreo na chéad Sprice thuas le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh air.

Taighde Margaidh OSFC

Um dheireadh 2007, rinne Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) coimisiúnú ar thaighde margaidh chun forbheathnú a fháil ar thimpeallacht ghéilliúntais um dhlí na gcuideachtaí agus feidhmiú na hOifige i mbun a dualgais a chomhlíonadh.

Lean an cur chuige in 2007 cuid mhór de réir an bhealaí inar déanadh an gnó deireanach in 2005. Déanadh teagmháil le 299 stiúirthóir cuideachta, 100 cuntasóir agus 41 leachtaitheoir (440 freagróir ar fad) i rith Samhain/Nollaig 2007 agus cuireadh sraith ceisteanna orthu maidir lena dtuiscint ar dhlí na gcuideachtaí agus ar an Oifig, cad a cheap siad de dhlí na gcuideachtaí go ginearálta, agus nuair ba chúig, a dtaití i ndéileáil leis an Oifig.

Lorgaíodh a dtuairim ar 440 freagróir maidir leis an athrú cáilíochtúil ar thimpeallacht chomhlíonta dlí na gcuideachtaí le cúig bliana anuas. Bhí 85% de na stiúirthóirí den tuairim go raibh feabhas ar chomhlíonadh le cúig bliana anuas, ardú 11% ar an toradh a fuarthas sa taighde den chineál céanna a déanadh in 2005. Chreid gach duine de na 141 cuntasóir agus leachtaitheoir go raibh feabhas ar chomhlíonadh. Sa phobalbhreith ar timpeall 1,000 duine, dúirt 52% go raibh cuideachtaí go maith maidir lena n-oibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh. Bhí ardú beag anseo ar an toradh de 50% a baineadh amach roimhe sin sa taighde in 2005.

Cuireadh agallamh ar roinnt príomh-sainleas gairmiúil agus meáin ar bhonn pearsanta agus déanadh suirbhéireacht ar 1,000 duine freisin i rith Deireadh Fómhair 2007.

Áis Nua Ríomhchomhdaithe OCC

D'fhonn déileáil leis an méadú ar líon na gclárúcháin, atá ann mar thoradh ar ghéilliúntas níos fearr ar riachtanais reachtúla comhdaithe, lean an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) le seirbhísí ríomhchomhdaithe a fhorbairt in 2007. Cuireadh áis do ríomhchomhdú tuairisceán reachtúil bliantúil leis na háiseanna comhdaithe ar líne, CORE, agus seoladh go foirmeálta é in Aibreán 2007. Cuirtear iarratas tuairisceáin bhliantúil faoi bhráid an chomhadaí ar an ngréasán le tuairisceán bliantúil atá réamhlíonta agus nach gá ach é a sheiceáil agus é a leasú nuair is gá. Is é an buntáiste a bhaineann leis an tseirbhís seo don chustaiméir agus don OCC ná go seiceálann sé agus go ndeimhníonn sé a bhfuil ar an bhfoirm de réir a bhfuil ar an gClár, ag laghdú earráidí agus dá sin an gá a bhíonn leis an doiciméad a sheoladh ar ais chuig an láithreoir le ceisteanna. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2007, líonadh os cionn 17% de na tuairisceáin bhliantúla ar an mbealach seo.

Breis le Feidhmeanna an ÚMICÉ

Le tosú na Rialachán Trédhearcachta de bhun (Treoir 2004/109/CE) i Meitheamh 2007, ghlac Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasachta na hÉireann (ÚMICÉ) freagracht mar údarás inniúil do ghnéithe tuarascála airgeadais, maoirseachta agus forfheidhmithe na Treorach. Is í aidhm na Treorach ná comhchuibhiú a dhéanamh ar na riachtanais fhaisnéise a bhaineann le heagrais a bhfuil a n-urrús ligthe faoi thrádáil ar mhargadh rialaithe atá suite, nó ag feidhmiú, san AE. Faoi Airteagal 24(4)(h) den Treoir, is é ról ÚMICÉ monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas um Thuairisciú Tréimhsiúil Airgeadais ag eisitheoirí áirithe le frámaíochtaí tuairiscithe ábhartha.

Creatlach Reachtach Chuideachta do Thionscal na Seirbhísí Airgeadais

CUSPÓIR

Soláthar a dhéanamh ar chreatlach sholúbtha reachtaíochta d'fheithicí corparáideacha atá á núsáid ag tionscal na seirbhísí airgeadais. Cuideoidh seo le forbairt bhreise a dhéanamh ar shuíomh iomaíochta na hÉireann mar láthair tarraingteach chun cuideachtaí um sheirbhísí airgeadais a bhunú.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Forbróimid moltaí chun na forálacha reachtaíochta a ghabhann le gach cuideachta infheistíochta a chomhdhlúthú.

D'ullmhaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta dréachtmholadh in 2005 le daingniú agus sruthlíniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a thug sí isteach maidir le cuideachtaí infheistíochta agus cuireadh tús le comhairliúcháin ina dhiaidh sin leis an tionscal agus leis an rialtóir airgeadais.

Idir an dá linn, chuir an Roinn Airgeadais tús le gníomhaíocht chomhthreormhar le daingniú a dhéanamh ar a bhforálacha reachtacha rialacháin don earnáil seirbhíse airgeadais. Tá imscrúdú á dhéanamh ag an dá Roinn faoi láthair ar fhiúntas agus ar fhéidearthacht gníomhaíochta comhdhlúthaithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a chumasc sa Bhille níos leithne atá á ullmhú ag an Roinn Airgeadais. Táthar tar éis dul i gcomhairle freisin le sainphainéal comhairleach, a bunaíodh le cúnamh a thabhairt don Roinn Airgeadais le cabhrú lena Bille comhdhlúthaithe, maidir leis an gcur chuige seo. Leanadh le hobair ar an iarracht seo in 2008.

Breis Ghníomhaíochta Straitéisí a Rinneadh leis an gCuspóir a Bhaint Amach

I Márta 2007, thug an tAontas Eorpach Treoir nua isteach ag soiléiriú na gcineálacha infheistíochta a bheidh incháilithe faoin gcóras Gnóthais

Chomhinfeistíochta d'Urrúis Inaistrithe (GCUI). Ceapadh seo a bheith riachtanach toisc go bhfuil méadú mór ar éagsúlacht na n-ionstraimí airgeadais a thrádáiltear ar na margaí airgeadais ó tugadh an chéad Treoir GCUI isteach sna 1980dí. Tugann an Treoir soiléirithe mion-sainmhíniú ar réimse níos leithne táirgí ar féidir le GCUI infheistíocht a dhéanamh iontu agus ar an mbealach seo tá na Ballstáit ar chomhthuiscint maidir leis na táirgí airgeadais atá incháilithe do GCUI. Shínigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na rialacháin ar an 19ú Nollaig 2007 ag trasuíomh na teorach soiléirithe go Díl na hÉireann.

Reachtaíocht an AE ar Dhlí na gCuideachtaí

CUSPÓIR

Cabhrú le hobair reachtaíochta Chomhairle agus Choimisiún an AE ar dhlí na gcuideachtaí d'fhonn an Margadh Inmheánach a neartú agus a fhorbairt.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Déanfaimid achtú ar chláir reachtaíochta príomhúil agus tánaisteach cuideachta mar is cuí chun soláthar a dhéanamh ar reactaíocht nua an AE a thrasú, ag áireamh:

- ***An Reacht Eorpach um Chuideachtaí;***
- ***An Reacht Eorpach um Chomharchumannn;***
- ***Leasuithe ar an gCéad Treoir um Dhlí na gCuideachtaí;***
- ***Treoir maidir le Déileáil chos istigh agus Cúbláil Mhargaidh (Mí-úsáid Mhargaidh)***
- ***Rialachán Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Cuntasaíochta***
- ***Nuachóiriú ar Theoracha um Oibleagáidí Trédhearcachta Cuntasaíochta, Réamheolairí, Táthcheangail.***

Beimid rannpháirteach in idirbheartaíochtaí maidir le beartais atá faoi bhráid Chomhairle an AE faoi láthair agus maidir le beartais nua go mbeifear ag súil len iad

a thabhairt chun cinn ón bPlean Gníomhaíochta um Rialachas Corparáideach/Dlí na gCuideachtaí do na trí bliana amach romhainn.

An Reacht Eorpach um Chuideachtaí

Chuir Rialacháin (I.R. Uimh. 21 de 2007 agus I.R. Uimh. 22 de 2007) a déanadh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1973, an Reacht Eorpach um Chuideachtaí i bhfeidhm le héifeacht ón 21 Eanáir 2007. Tugann na Rialacháin seo rogha do chuideachtaí a bhfuil leasa tráchtála acu i níos mó ná Ballstáit amháin "Cuideachta Eorpach" a bhunú ar ar tugadh a haimn Laidne 'Societas Europaea' (SE) go foirmeálta. Déanann an Reacht do Chuideachta Eorpach níos éasca é do chuideachtaí méadú agus oibriú trasteorann a bhainistiú gan gréasán fochuideachtaí a bhunú agus an ró-oifigiúlachas a bhaineann leis sin.

Treoir Trédhearcachta

Cuireadh Treoir Trédhearcachta (2004/109/CE) an AE in éineacht le Treoir 2007/14/CE ó Choimisiún an AE, ag leagan mionrialacha síos do chur i bhfeidhm fhorálacha áirithe de Threoir 2004/109/CE, i bhfeidhm i nDlí na hÉireann trí I.R. Uimh. 277 de 2007 de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 le feidhm ón 13 Meitheamh 2007 (I.R. Uimh. 277 de 2007 agus Cuid 3 d'Acht um Cistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006).

Baineann an Treoir Trédhearcachta le comhchuihiú ar na riachtanais maidir le faisnéis a nochtadh faoi eisiúnaithe a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe. Tháinig ann dó in ionad agus mar nuashonrú ar reachtaíocht AE a bhí sa réimse seo roimhe sin – Treoir um Ghlacthaí agus Tuarascálacha Comhdhlúite (2001/34/CE).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007

Tá na rialacháin seo ann in ionad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Stocmhargadh) 1984 (I.R. Uimh. 282 de 1984), mar a leasaíodh i gcaitheamh na mblianta, agus áirítear leasuithe iontu ag éirí as Treoir 2004/109/CE ar chomhchuihiú ceanglas

trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisiúnaithe a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann. Déanann na Rialacháin seo aisghairm ar Ailt 89 go 96 d'Acht na gCuideachtaí 1990 mar thoradh ar Airteagal 32(5) de Threoir 2004/109/CE.

Leasuithe ar an 1ú Treoir um Dhlí na gCuideachtaí

Thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) (Leasú) (I.R. Uimh. 49 de 2007) feidhm do Threoir 2003/58/CE, a leasaíonn an chéad Treoir um Dhlí na gCuideachtaí ar riachtanais noхта maidir le cineálacha áirithe cuideachtaí. Ceadaíonn seo do chomhdú agus do rochtain a fháil ar eolas faoin gcuideachta trí mheán leictreonach agus déanann sé soláthar do chomhdú deonach ar aistriúcháin deimhniithe ar dhoiciméid cuideachta a raibh dualgas iad a chomhadú i nGaeilge nó i mBéarla. Ina theannta sin síneann sé na riachtanais noхта faisnéise atá ann maidir le litreacha agus foirmeacha ordaithe go dtí caidreamh leictreonach agus suíomhanna gréasáin cuideachtaí.

Treoir um Chearta Scairshealbhóra

Leagann Treoir 2007/36/CE, ar glacadh leis ar an 11 Iúil 2007, síos riachtanais maidir le cleachtadh cearta áirithe vótála scairshealbhóirí a ghabhann le scaireanna vótála maidir le cruinnithe ginearálta de chuideachtaí a bhfuil a n-oifig cláraithe i mBallstát agus a bhfuil glacadh lena scaireanna chun trádála ar mhargadh rialaithe atá suite nó atá ag feidhmiú laistigh de Bhallstát. Tá an Treoir le trasuíomh go dlí na hÉireann le héifeacht ón 3 Lúnasa 2009.

Leasuithe ar an 3ú agus an 6ú Treoir um Dhlí na gCuideachtaí

Leagann Treoracha (78/855/CEE agus 82/891/CEE faoi seach), ar glacadh leo ar an 13 Samhain 2007, amach na rialacha agus na nósanna imeachta do chumasc agus do dheighilt cuideachtaí poiblí. Leasaíonn Treoir 2007/63/CE an 3ú agus an 6ú Treoir trí rogha a thabhairt do scairshealbhóirí, má aontaíonn siad go léir, an riachtanas tuarascáil scríofa shaineolaí a bheith acu ar na dréacht-tearmaí de chumasc nó de dheighilt

a ligean ar lár. Tá an Treoir leasaithe le trasuíomh go dlí na hÉireann i mí na Nollag 2008.

An 8ú Treoir um Iniúchtaí Reachtúla

Déileáil an tOchtú Treoir um Dhlí na gCuideachtaí le hionracas proifisiúnta, neamhspleáchas agus cáilíochtaí na niniúcháirí corparáideacha. Glacadh le Treoir 2006/43/AE maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, ag leasú Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus ag aisghairm Threoir 84/253/CEE ón gComhairle, ar an 17ú Bealtaine 2006 agus caithfear é a thrasú faoin 29 Meitheamh 2008. Déanann an Treoir treisiú agus comhchuíbhíú ar fheidhm an iniúchta reachtúil ar fud an AE agus leagann amach prionsabail do mhaoirseacht phoiblí i ngach Ballstát, chomh maith le héileamh ar dhearbhu seachtrach cáilíochta agus déanann soiléiriú ar dhualgais iniúcháirí reachtúla. Sonraíonn sé prionsabail neamhspleáchais chomh maith a ghabhann le gach iniúcháir reachtúil agus cuireann breis feabhais ar neamhspleáchas na n-iniúcháirí trí éileamh a dhéanamh ar chuideachtaí liostaithe coiste iniúcháireachta a bhunú le feidhmeanna soiléire le comhlíonadh.

Leasuithe ar an 4ú agus an 7ú Treoir um Dhlí na gCuideachtaí

Cuireann an 4ú (78/660/CEE) agus an 7ú (83/349/CEE) Treoir um Dhlí na gCuideachtaí, bonn faoi riachtanais chuntasaíochta an AE ag déileáil le cuntais bhliantúla de chineálacha áirithe cuideachtaí agus cuntais chomhdhlúite. Déanann Treoir 2006/46/AE, ar glacadh leis ar an 14ú Meitheamh 2006, leasú ar an 4ú agus ar an 7ú Treoir. Is aidhm don leasú breis feabhais a chur ar mhúinín as ráitis airgeadais agus as na tuarascálacha bliantúla a fhoilsíonn cuideachtaí AE, trína chur orthu eolas níos iontaoifa agus níos iomláine a sholáthar do scairshealbhóirí agus do pháirtithe eile leasmhara. Is gá Treoir 2006/46/AE a thrasú faoin 5ú Meán Fómhair 2008.

An Reacht Eorpach um Chomharchumainn

Tá foráil i Rialachán (CE) Uimh. 1435/2003 ón gComhairle do chineál nua comharchumainn – Comharchumann na hEorpa (CCE) – a cheadaíonn do chomharchumainn dul i mbun gníomhaíochtaí trasteorann níos éasca gan gá a bheith le struchtúir nua dlíthiúla nó riaracháin a bhunú do na Ballstáit éagsúla. Meastar go gcríochnófar an obair maidir le cur i bhfeidhm an rialacháin in 2008.

Treoir um Chumaisc Thrasteorann

Is í aidhm na Treorach seo, atá le teacht i bhfeidhm faoin 15 Nollaig 2007, ná éascú a dhéanamh ar chumaisc thrasteorann chuideachtaí tráchtála faoi dhea-choinníollacha i dtéarmaí costais agus cinnteachta dlíthiúil. Soláthraíonn an chéim seo frámaíocht do chumasc trasteorann gach cuideachta faoi dhliteanas teoranta (faoi réir chatagóirí áirithe díolúine).

Clúdaíonn an Treoir gach cuideachta le scairchaipiteal. Tá sé dírithe sa chéad áit ar chuideachtaí nach mian leo cuideachta reachtúil a bhunú faoin Reacht Eorpach um Chuideachtaí, .i. gnóthais bheaga agus mheánmhéide den chuid is mó. I mBallstáit eile, tá na difríochtaí idir na dlíthe náisiúnta a bhaineann le gach cuideachta ar mhian leo cumasc chomh mór sin go mbíonn ar na cuideachtaí socruithe casta costasacha dlíthiúla a dhéanamh, agus b'fhéidir gan toradh sásúil a bheith leo. Is é an bunphrionsabal atá laistiar den nós imeachta cumaisc trasteorann ná – mura ndeirtear a mhalairt sa Treoir de bharr a nádúir trasteorann – go bhfuil an nós imeachta i ngach Ballstát faoi réir na bprionsabal agus na rialacha céanna a bhaineann le cumaisc idir chuideachtaí gur faoi dhlí an Stáit amháin atá siad rialaithe (.i. cumaisc intíre). Faoi mar atá i gcás an Reachta Eorpach um Chuideachtaí, tá foráil sa bheart seo do rannpháirtíocht fhostaithe i gcuideachta a cruthaíodh trí chumasc trasteorann nuair atá seo ina ghné cheana féin do cheann amháin nó níos mó de na haonáin atá i gceist. Déanadh trasuíomh ar an Treoir nuair a síníodh sa dlí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Thrasteorann) 2008 (I.R. Uimh. 157 de 2008) ar an 27ú Bealtaine 2008.

Tionscadal simplithe an AE

I mí Iúil 2007, d'fhoilsigh Coimisiún na hEorpa Cumarsáid ar thimpeallacht simplithe gnó do chuideachtaí sna réimsí a bhaineann le dlí na gCuideachtaí, cuntasáocht agus iniúchóireacht. Is é cuspóir foriomlán an tionscnaimh simplithe ná a chinntiú go mbíonn reachtaíocht an Chomhphobail sna réimsí seo ag teacht le riachtanais ghnó an lae inniu agus ceadú do ghnó Eorpach dul in iomaíocht go héifeachtach i dtimpeallacht domhanda a bhfuil ardiomaíocht ann. Tar éis a foilsithe, bhí an Chumarsáid faoi réir phróisis oscailte comhairliúcháin.

Is é an riocht atá ann agus seo á scríobh ná go bhfuil an Coimisiún tar éis na freagraí a fuarthas a mheas agus moltaí reachtúla a fhoilsiú, ar thosaigh idirbheartaíocht ina dtaobh ag an gComhairle i mBealtaine 2008. Dírionn na moltaí seo ar sprioc-chéimeanna simplithe ar leith ar phíosáí ar leith den reachtaíocht atá ann – clúdaíonn siad an 1ú agus an 11ú Treoir um Dhlí na gCuideachtaí, a dhéileálann le tuairisceáin bhliantúla chuideachtaí agus brainsí de chuideachtaí, faoi seach, agus an 4ú agus an 7ú Treoir um Dhlí na gCuideachtaí, a dhéileálann le cuntais chuideachtaí.

Clár gníomhaíochta an AE le hUalaí Riaracháin a laghdú

Is í aidhm an Chláir seo go dtiocfaidh tionscnamh Cumarsáide an Choimisiúin le torthaí eile de chuid an Choimisiúin (DG Fiontraíocht) dírithe ar ualaí riaracháin ar ghnó a laghdú 25% faoi 2012, a bhainfidh le hearnálacha éagsúla, ar a n-áirítear dlí na gcuideachtaí, cuntasáocht agus iniúchóireacht. Is cuid d'Athbhreithniú Straitéiseach ar Rialachán Níos Fearn san AE atá sa dara tionscnamh seo a ndearna Comhairle na hEorpa formhuiniú air i Márta 2007 agus a fógraíodh i Samhain 2006. Tá an Coimisiún tar éis dlí Eorpach na gcuideachtaí, cuntasáocht agus iniúchóireacht a aithint mar réimsí tosaíochta i gcomhthéacs an tionscnaimh seo.

Tá an obair críochnaithe ag comhairleoirí seachtracha ar thomhas na gcostas a éiríonn as na hoibleagáidí neamhfhoirmeálta atá sa dlí iomchuí cuideachta AE *acquis* agus tá sí curtha faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh tuilleadh anailíse.

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag comhordú agus ag tiomáint chláir den chineál céanna le hualaí riaracháin na rialachán intíre ar ghnó a laghdú. Tá tuairisc ar an dul chun cinn a déanadh ar an tionscnamh seo sa chuid sin den Tuarascáil seo atá ag déileáil le "Príomhthosaíochtaí".

Acht Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe Dlí na gCuideachtaí

CUSPÓIR

Moltaí um Acht Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe Dlí Cuideachta a thabhairt chun cinn bunaithe ar obair an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfidh isteach an Scéim Ghinearálta do Bhille Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe le faomhadh ag an Rialtas i 2005 le hintinn é a fhoilsiú agus a achtú chomh luath agus is féidir é ina dhiaidh sin.

Cuireadh moill ar an obair ar an Scéim Ghinearálta in 2005 mar cuireadh an Grúpa ar mhalairt slí le hathbhreithniú tábhachtach ar Ráiteas Géilliúntais na Stiúrthóirí a foilsíodh go luath in 2006.

Chuir an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta (GADC) Scéim Ghinearálta an Bhille faoi bhráid an Aire i Márta 2007. Rinne an Rialtas faomhadh ar dhréachtú foirmeálta Bhille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí de réir na Scéime Ghinearálta, i mí Iúil 2007. Déanann an Bille comhdhlúthú ar na trí cinn déag d'Achtanna na gCuideachtaí atá ann in aon cheann amháin, agus tá roinnt bunleasuithe i gceist ann chomh maith. Faoin struchtúr atá molta, ceapfar dlí na gcuideachtaí anois go príomha ar chuideachta phríobháideach teoranta (tá sé bunaithe ar an gcuideachta phoiblí faoi láthair), ag teacht leis an bhfíric go bhfuil 90% de na cuideachtaí in Éirinn corpraithe dá réir. Ar mholtaí eile tá íosmhéid de stiúrthóir amháin, seachas beirt mar atá faoi láthair, bunreacht in aon doiciméad amháin seachas an meabhrán dhá dhoiciméad atá ann faoi láthair agus airteagail chomhlachais, féidearthacht a bheith ann

nach mbeadh gá le CCB agus athchatagóirí ar fhíneálacha.

Tá tugtha le fios ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (ODP) go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh a cuid oibre ar dhréachtú an Bhille, ina bhfuil timpeall 1,250 “ceann”, críochnaithe faoi dheireadh mhí Iúil 2009. Tá roinnt dréachtPháirteanna den Bhille faighte cheana féin ón ODP, agus tá an Roinn tar éis dul ar ais chuig, agus i dteagmháil leis an ODP i gcomhthéacs cheisteanna a éiríonn as na Páirteanna seo.

Lean an GADC ag obair ar a Chlár Oibre do 2007, a bhfuil a thorthaí le foilsiú ina thuarascáil bhliantúil i samhradh 2008. Caithfear machnamh a dhéanamh ar roinnt de na ceisteanna sa Tuarascáil i gcomhthéacs dhréachtú an Bhille um Chomhdhlúthú agus Athchóirí na gCuideachtaí.

Clár Athchóirithe Árachais

CUSPÓIR

Dul i gcomhthadhaill leis an BMDP d'fhonn freagrachtaí an Aire faoi Achtanna an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 agus 2007 a chomhlíonadh, agus lena dheimhniú go bhfuil gníomhaíochtaí an BMDP rialaithe ag riachtanais na gCód Cleachtais Rialachais Corparáideach an Roinn Airgeadais agus riachtanais an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:


Leanfaimid orainn a bheith rannpháirteach leis an, agus tacaíocht a thabhairt don, mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ina chuid oibre le gur féidir leis an tseirbhís a sholáthraíonn sé d'iospartaigh tionóisce Láthair Oibre, Gluaisteán agus Dlíteanais Phoiblí a fhás agus a fheabhsú.

Bhain an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, a bunaíodh in 2004, a lánghluaiseacht ghníomhaíochta amach in 2007, ag láimhseáil os cionn 23,000 éileamh ar dhíobháil phearsanta ar deonadh 8,208 díobh dar luach €181 milliún san iomlán. Ba é costas iomlán

seachadta an BMDP in 2007 ná €7.4 milliún, rud ab ionann le coigilt de nach mór €40 milliún i gcomparáid leis an gcostas ar chúiteamh a sheachadadh faoin seanchóras sáraíochta dlíthíochta, agus ag an am gcéanna dámhachtainí a sheachadadh ar an leibhéal céanna leis na Cúirteanna. Ina theannta sin, tá an gnáthchreat ama de 7 mhí um mheasúnuithe a eisiúint i bhfad níos fabhraí ná an meán de 36 mí a thóg sé éileamh a phróiseáil trí na Cúirteanna.

Déanadh achtú ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007 in Iúil 2007 le aghaidh a thabhairt ar cheist na gcostas in imeachtaí nuair nach nglacann éilítheoir leis an measúnú a dhéanann an BMDP. Is éard atá i gceist i gcás dá leithéid ná nuair a theipeann ar éilítheoirí ina dhiaidh sin dámhachtain níos airde a aimsiú sa Chúirt tá siad faoi dhliteanas maidir leis na costais dhlíthíúla a eascraíonn dá dhroim.

I rith 2007, lean an Roinn lena cuid tacaíochta don BMDP chun deimhin a dhéanamh de go leanfaidh sé ag seachadhadh na leasa sin do thomhaltóirí, do ghnónna agus don sochaí.



Cuaille 4

Seachadadh, Nuachóiriú & Fócas ar Chustaiméir Ghnólachta

CUAILLE 4

SEACHADADH, NUACHÓIRIÚ & FÓCAS AR CHUSTAIMÉIR GHNÓLACHTA

Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

CUSPÓIR

An tseirbhís is airde caighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí trí na caighdeán seirbhíse custaiméara a leagadh síos inár gCairt Seirbhíse Chustaiméara a chur i bhfeidhm chomh maith le saintionscnaimh e-Rialtais atá chun leasa ár gcustaiméirí a chur i bhfeidhm.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Leanfaimid de mhonatóireacht, le measúnú agus le feabhas a chur ar na caighdeán a leagadh amach inár gCairt do Chustaiméirí agus tabharfar tuairisc rialta ar sheachadadh na gcaighdeán sin.

Rinneadh monatóireacht ar na caighdeán uile seirbhíse a bunaíodh in ár gCairt Seirbhíse do Chustaiméirí agus baineadh amach nó sáraíodh iad in 2007 (Féach an Chairt ag www.entemp.ie)

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Leanfaimid de mhonatóireacht, de mhéadú agus d'fheabhsú na seirbhísí atá á seachadadh againn don phobal agus dár bpáirtithe leasmhara agus déanfaimid tréaniarracht e-sheachadadh ar sheirbhísí a mhéadú nuair is cuí agus nuair is féidir é.

Scrúdaigh an tAonad Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí (SAC) pleananna gnó gach aonaid ghnó ag an Roinn ag úsáid prionsabail SAC agus Cairt do Chustaiméirí na Roinne chun measúnú a dhéanamh ar gach plean. Tá na hiniúchtaí tar éis cur i bhfeidhm phrionsabail chainníochtúla agus cháilíochtúla SAC a mhéadú i bpleananna gnó na Roinne trí chaighdeán a

leagan síos agus le soláthar do thomhas feidhmíochta chomh maith le cabhrú le héiteas seirbhíse custaiméara a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na Roinne. In 2007, léirigh pleananna gnó na nAonad go léir go raibh ardghéilliúntas ann do phrionsabail SAC agus leanfaimid le tuilleadh forbartha ar bhealaí chun an ghéilliúlacht seo a thomhas.

Suíomh Gréasáin

Tá an Roinn tiomanta d'fhorbairt leanúnach ar ár suíomh gréasáin mar fhoinsé thábhachtach eolais dár gcustaiméirí, ag áireamh iad siúd atá faoi mhíchumas. Tugadh 1,649,196 turas ar an suíomh gréasáin in 2007. Ionann seo agus méadú de 21% ar fhiigiúr 2006.

E-Rialtas

Tá an Roinn ag leanúint d'áiseanna r-Rialtais a fhorbairt le feabhas a chur ar ár gcuid seirbhísí do chustaiméirí. Ar na sain tionscnaimh r-Rialtais a feidhmíodh in 2007 bhí:

Oifig a bPaitinní

Nuashonrú ar Sheirbhísí Ar-líne gréasáin Oifig na bPaitinní (www.patentsoffice.ie) le cuimsiú a dhéanamh ar Limistéar na mBall, d'fhonn áisiú a dhéanamh ar aistriú slán ar shonraí agus áiseanna cuardaigh do bhaill.

An Binse Achomhairc Fostaíochta

Rinneadh beoú ar Chéim II de Sheirbhísí Ar-líne an BAF (www.eatribunal.ie) in 2007 agus soláthraíonn sé rochtain ar-líne agus cuardach ar Chinntí an Bhinse don phobal. Bhí an tionscadal seo ar an ngearrliosta do dhámhachtain r-Rialtais in 2007.

Córas Iarratais ar Cheadúnas Easportála Ar-líne (CICEA)

Críochnaíodh an fhorbairt ar chóras CICEA (www.entemp.ie) in 2007. Cuireadh an córas ar fáil d'eochair-úsáideoirí ar bhonn píolóta.

OIFIG CLÁRÚCHÁIN na GCUIDEACHTAÍ (OCC)

Seoladh foirm gréasánbhunaithe tuarascála bliantúil Oifig Clárúcháin na gCuideachtaí in Aibreán 2007, rud a chuidigh go mór le méadú ar líon na bhfoirmeacha sin a chomhlántar go leictreonach. Faoi Shamhain 2007, bhí breis is 30% á gcomhadú go leictreonach i gcomparáid le 10% sa Samhain roimhe sin.

Nuachóiriú

CUSPÓIR

Gach réimse a den phróiseas nuachóirithe a chur chun cinn le béim ar leith ar thionscnaimh a chuireann lena luach, chomh maith le cur i bhfeidhm na Frámaíochta Bainistíochta Faisnéise, agus ár struchtúir Chomhpháirtíochta a úsáid chun caidreamh inmheánach agus comhairliúchán leis an bhfoireann a chur chun cinn.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Aimseoidid agus cuirfidid athruithe ar thionscnaimh agus thosaíochtaí bainistíochta don Roinn, tríd an gCoiste Athraithe Bainistíochta agus na Grúpaí TBS agus tiomáinfimid soláthar rathúil ar réimse cuimsitheach tiomantas inár bPlean Gníomhaíochta ar Dhul Chun Cinn a Choinneáil.

Bainistíocht Athruithe

Tháinig ceithre Ghrúpa Oibre um Thionscnamh Bainistíochta Straitéiseach (TBS) na Roinne - (2007) Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí & Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht; Bainistíocht Airgeadais; Bainistíocht Acmhainní

Daonna; agus Bainistíocht Chóras Faisnéise - le chéile go rialta i rith 2007 chun a gclár oibre a chur chun cinn agus le cuidiú le clár oibre nuachóirithe na Roinne a chur níos faide chun cinn. Bunaítear Grúpaí breise ar bhonn téamach de réir mar a éiríonn gá leo bhfianaise na dinimiciúlachta a chruthaíonn an modh tiomána athruithe Tras-Rannach seo. Príomhshampla den chur chuige sin ab ea réimse an Díláraithe, mar a rinne Grúpa Feidhmiúcháin Díláraithe na Roinne maoirseacht ar aistriú 100 ball foirne go dtí réamhoifig i gCeatharlach in 2007 roimh bhuanastriú breis is 250 post faoi Chlár Díláraithe An Rialtais.

Mar a luadh in ár dTuarascáil Bhliantúil 2006, cuireann obair na nGrúpaí seo feabhas ar acmhainn na Roinne le raon de ghníomhaíocht nuachóirithe na Státseirbhíse i réimsí mar fheidhmiúchán ár gcuid Straitéise AD agus feidhmiúchán an áirithe sin tionscadal TFC suntasacha custaiméirbhunaithe, gan ach dhá réimse gníomhaíochta a luadh.

I dTreo 2016 (T16)

I rith 2007, chuir an Roinn dhá thuarascáil ar Dhul Chun Cinn chuig Grúpa Fíorachta Feidhmíochta na Státseirbhíse ag mionsonrú an dul chun cinn atá á dhéanamh ar fheidhmiúchán mórán de na tiomantais atá in ár bPlean Gníomhaíochta Nuachóirithe T16. Thug an Grúpa faomhadh don dá thuarascáil agus tá na Tuarascálacha ar fáil ag "www.CSPVG.gov.ie".

Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil

In 2007, sheol an Taoiseach a thuilleadh tionscnamh dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar chumas na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí seachadadh a dhéanamh dá gcuid páirtithe leasmhara i ngeilleagar agus sochaí nua-aimseartha, dinimiciúil. Ar na tionscnaimh sin bhí an Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil (CAE) agus thairg an Roinn seo, agus roghnaíodh í in éineacht le dhá Roinn eile Rialtais, lena bheith rannpháirteach sa chéad chéim den CAE. Tá an CAE dírithe go háirithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainn Ranna Rialtais seachadadh a dhéanamh ar a gcuid pleannanna líonmhara agus thosaigh ár rannpháirtíocht leis an CAE i ndáiríre sa chuid déanach de 2007. Táthar ag súil leis an Tuarascáil ón CAE i lár 2008, agus ullmhóidh agus foilseoidh gach Roinn ar a ndearnadh athbhreithniú Plean Gníomhaíochta ag

sonraí conas atá i gceist aici feabhas a chur ar a cumas seachadta ag teacht le torthaí an phróisis CAE. Soláthróidh ár dTuarascáil Bhliantúil 2008 sonraí níos mioninste maidir leis seo, gan amhras.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tiomáinimid feidhmiú céimneach agus cur i bhfeidhm na Frámaíochta Faisnéise Bainistíochta ag tógáil ceann de phlean tionscadail FFB 2004-2006.

Dearadh an tionscadal Frámaíochta Faisnéise Bainistíochta chun cinnteoireacht níos fearr a chinntiú sa leithdháileadh ar acmhainní, bainistíocht níos éifeachtaí ar na hacmhainní seo nuair a leithdháiltear iad, agus níos mó trédhearcachta i, agus cuntasachta as, úsáid acmhainní.

D'éirigh leis an bhFoireann Frámaíochta Faisnéise Bainistíochta (FFB) sa Roinn seachadadh a dhéanamh na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Tionscadail FFB i rith 2006. In 2007, bhí an phríomhbhéim ar fheabhas a chur ar rochtain ar thuarascála caiteachais cothrom le data do bhainisteoirí line, lena chur ar a gcumas monatóireacht níos éifeachtaí a dhéanamh ar chaiteachas.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Leanfaimid dena chinntiú go mbíonn ionad lárnach ag ár gCoiste Comhpháirtíochta i gcur caidrimh inmheánaigh agus comhairliúcháin leis an bhfoireann chun cinn ar na príomhcheisteanna athraithe agus feabhais.

I rith 2007, bhí ról gníomhach ag Coiste Comhpháirtíochta na Roinne i gcur chun cinn feabhsaithe ar phróisis agus nósanna imeachta na Roinne. Tháinig an Coiste, atá comhdhéanta d'ionadaithe foirne, ceardchumainn agus bainistíochta, le chéile sé huairte i rith 2007. Ar na nithe a thóg an coiste agus a fhoghrúpaí idir lámha bhí:

Rannpháirtíocht ghníomhach in ullmhúchán agus in athbhreithniú leanúnach ar thuarascálacha ar dhul chun cinn ar Phlean Gníomhaíochta na Roinne faoi id Treo 2016.

Taighde a dhéanamh ar struchtúir inmheánacha cumarsáide na Roinne agus bunú beartas le feabhas a chur ar na cainéil chumarsáide atá ann faoi láthair.

Monatóireacht leanúnach ar cheisteanna a bhainfeadh le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas foirne sa Roinn.

Aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a d'éirigh ó dhúshláin a béimníodh trí rannpháirtíocht na Roinne in 2007 sa chomórtas "Great Place to Work".

Fóram a sholáthar don bhfoireann le ceisteanna a bhaineann leo a tógáil, agus áisiú a dhéanamh ar réiteach na gceisteanna sin le meon a ghlacann le rannpháirtíocht agus le comhoibriú.

Acmhainní Daonna & Traenáil

CUSPÓIR

Leanúint le forbairt ar ár n-acmhainní daonna trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, agus aistriú ó fheidhm traidisiúnta Bainistíochta Pearsanra go córas cineachta do Bhainistíocht Acmhainní Daonna, agus comhionannas deise a sholáthar don fhoireann go léir.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfimid Straitéis Acmhainní Daonna an Rialtais i bhfeidhm, chomh maith le forbairt agus feidhmiú céimneach chlár agus thacaíochtaí traenála.

Leag céad Straitéis AD na Roinne don tréimhse 2005-2007, 55 pointe gníomhaíochta amach d'fhorbairt polasaí AD i 6 chinn d'eochair-réimsí straitéiseacha. *An Roinn a Acmhainniú; Feidhmíocht agus Forbairt a Bhainistiú; Cothromaíocht Oibre-Saoil; Comhshaol Dearfach Oibre; Neartú na Comhpháirtíochta; Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht; agus Tacaíocht a thabhairt don Ghluaiseacht ó Bhainistíocht Pearsanra go hAcmhainní Daonna.* Dhírigh an Straitéis ar an riachtanas go nglacfaí cur chuige níos straitéisí agus forbraíochta do Bhainistíocht Acmhainní Daonna (BAD), ag teacht leis an eochair-ról a samhláidh do BAD sa chlár nua-aoisithe don seirbhís phoiblí.

Ag deireadh 2007, bhí 89% de na pointí gníomhaíochta sa Straitéis tugtha i gcrích, agus bhí 7% idir lámha agus 4% fós gan déanamh. Tá na míreanna atá gan déanamh ag brath ar nithe seachtracha nach bhfuil smacht ag an Roinn orthu. Mír thábhachtach inseachadta den Straitéis ab ea táirgeadh Láimhleabhair Chuimsitheach Bainistíochta Acmhainní Daonna ag leagan amach polasaithe agus cleachtais uile na Roinne; Feictear an doiciméad seo mar thaca tábhachtach don bhfoireann agus do na bainisteoirí i gcomhthéacs na déabhlóide leanúnaí ar cheisteanna AD ó lá go chéile do na bainisteoirí line. Foilsíodh an Láimhleabhar BAD in 2007 agus dáileadh ar an bhfoireann uile é. Soláthraíodh sraith seimineár ar fud na Roinne chomh maith ar ábhar agus úsáid an Láimhleabhair.

Ag deireadh 2007 phléigh an Foghrúpa AD SMI imlíne do Straitéis Chomharba AD don tréimhse 2008-2010. Thángthas chun réitigh ar réimsí ginearálta téamacha, agus ar topaicí ar a ndíreofaí aird ar leith, agus críochnófar an straitéis nua in 2008 lorg próisis chomhairliúcháin.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Leanfaimid de cur i bhfeidhm go héifeachtach ar ár gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), de réir spriocdhátaí aontaithe, chun feabhas a chur ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht na foirne.

In 2007, agus ag teacht le comhaontú ar fud na státseirbhíse uile, rinneadh Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (CBFF) na Roinne a chomhtháthú go foirmeálta le polasaithe níos leithne AD. Go luath in 2007, tosaíodh ar thraenáil ar an gcóras nua comhtháite a chur ar fail don bhfoireann uile, rud a bhéimnigh impleachtaí forfheidhmíochta don bhfoireann maidir le pá agus cáilitheacht lena bheith san áireamh i gcomórtas d'arduithe céime.

I gcaitheamh na bliana lean líonra inmheánach CBFF na Roinne ag déanamh monatóireachta ar chéimeanna éagsúla an phróisis ar fud na Roinne agus cuireadh an t-eolas is deireanaí faoi bhráid an Bhord Bainistíochta go rialta.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid polasaithe a fhorbairt chun go mbeidh níos mó rannpháirtíochta ag mná sna gráid sinsearacha, le béim ar leith ar na spriocanna a bhaint amach go mbeadh 33 faoin gcéad de phoist Phríomhoifigigh Chúnta (PC) agus 20 faoin gcéad de phoist Phríomhoifigigh (PO) á líonadh ag mná.

In 2007, bhain an Roinn amach na spriocanna thuas d'ionadaíocht ban ar leibhéal PO cúnta agus PO.

I rith na bliana, lean an Roinn ag cur an chláir oibre comhionannais chun cinn trí obair an Choiste Chomhpháirtíochta, agus, go háirithe obair an Ghrúpa Comhionannais (foghrúpa den Choiste Comhpháirtíochta).

Rinne an Roinn plé chomh maith le moltaí thuarascáil Choláiste na Tríonóide ar Arduithe Céime do Mhná go Grádanna Sinsearacha (PO cúnta agus PO), ar a ndearna Grúpa Comhionannais na Roinne déanach in 2005. Ar lorg próisis chomhairliúcháin, chin an Roinn ar chláir beartas lena nglacfaí. Orthu seo bhí: Tabhairt isteach spriocanna nua d'ionadaíocht ban sna grádanna PO cúnta agus PO (37% agus 27% faoi seach); staidreamh gnéas-imdhealaithe a choimeád do gach aon chomórtas d'ardú céime; a thuilleadh taighde sonraibhunanaithe a dhéanamh; Grúpa Oibre Meantóireachta a bhunú; agus beartais le feabhas a chur ar thraenáil agus ar fhorbairt deiseanna do mhná.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid polasaithe a fhorbairt chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i gcomórtas ardaithe céime.

I rith 2007, lean an Roinn ag dul thar an gcuóta de 3% d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas.

Ag teacht lenár n-oibligeáidí faoin Acht Míchumais 2005, Bunaíodh Coiste Monatóireachta (comhdhéanta de chúigear ball) le monatóireacht a dhéanamh ar an sprioc de 3% d'fhostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas faoi choimirce na Roinne. Tháinig an Coiste le chéile roinnt uaire i rith na bliana le plé a dhéanamh ar thorthaí bailiúcháin sonraí agus leis an obair a chur chun cinn ar cheapadh tuarascála le cur faoi bhráid an Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) (faoin 30ú Meitheamh 2008).

Sholáthair Oifigeach Idirchaidrimh um Míchumas na Roinne (OIM) an áirithe sin modúl traenála nua-iontrálaithe uile na Roinne, mar chuid de na Cúrsaí Traenála Ionduchtaithe. Is aidhm do na cúrsaí seo an fhoireann uile a dhéanamh feasach ar na cineálacha éagsúla cúnamh agus tacaíochta atá ar fáil, don fhoireann atá faoi mhíchumas agus a gcuid bainisteoirí. Roinneadh faisnéis ar an bhfoireann uile chomh maith trí ailt in iris na Roinne *Enterprising Times* agus ar an *Inlín*.

Sheol an Roinn Airgeadais an Cód Cleachtais d'Fhostú Daoine faoi Mhíchumas i Státseirbhís na hÉireann, i nDeireadh Fómhair 2007. Tá an Cód bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil an acmhainn ag daoine faoi mhíchumas comhchuidiú a thabhairt do chuspóirí na Roinne agus go bhfuil bainistíocht ar cheisteanna míchumais ag teacht le dea-fhorbairt agus cleachtas bainistíochta acmhainní daonna. Díríonn sé chomh maith ar thacar de phrionsabail, gníomhaíochtaí agus freagrachtaí atá le feidhmiú ar gach céim ar leith d'fhorbairt ghairmré d'fhostaithe faoi mhíchumas. Thosaigh an Grúpa Comhionannais ar an gCód a scrúdú in 2007 agus déanfaidh siad moltaí maidir lena fheidhmithe sa Roinn.

Bainistíocht Acmhainní Daonna

CUSPÓIR

A chinntiú go bhfuil na hacmhainní daonna atá riachtanach ag an Roinn, leis na scileanna is gá chun ár spriocanna gnó a chomhlíonadh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Soláthróimid spriocthraenáil agus forbairt, ag tabhairt aghaidh ar riachtanais aitheanta forbartha agus gnó bhaill aonair agus ghrúpaí den fhoireann, ag úsáid chóras e-fhoghlama nuair is féidir é.

Cuirfimid lenár scileanna agus lenár gcumas chun feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhís dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara ar gach leibhéal.

I gcaitheamh 2007, lean an Roinn uirthi ag seachadadh na 35 pointe gníomhaíochta a rianáidh ina Straitéis Traenála agus Forbartha 2006 – 2008. Is aidhm don Straitéis deimhin a dhéanamh de go mbeidh an deis ag gach ball foirne na hinniúlachtaí atá riachtanach lena gcuspóirí gnó a bhaint amach a fhorbairt i rith saolré na straitéise agus ina dhiaidh, agus dá réir ag cuidiú le spriocanna gnó na Roinne a bhaint amach agus forbairt phearsanta agus ghairmré a chur chun cinn.

Aithnítear riachtanais traenála na Roinne trína Córais Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta CBFF agus tá siad nasctha den eolas, scileanna agus iompraíocht is gá don ról reatha, d'ollaidhmeanna gnó na Roinne, agus chomh maith le fócas ar fhorbairt scileanna do rólanna san am atá le teacht agus ar fhorbairt leanúnach ár gcuid seirbhíse dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara. I rith 2007, fuarthas amach go raibh éifeacht ar leith ag athbhreithniú ar r-fhoghlaim do thraenáil laistigh den Roinn maidir le feidhmiú an Chórais Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

Laistigh den sprioc de suas le 4% de na hollchostais phárolla, rinne Aonad Traenála agus Forbartha na Roinne foinsiú ar thraenáil le freastal ar na riachtanais faoin CBFF agus d'oibrigh leis an bhfoireann agus le soláthróirí traenála le traenáil a mhúnlú le freastal ar shainriachtanais na Roinne. In 2007, caitheadh €2,142,872 ar thraenáil, ionann le 4.5 faoin gcéad den phárolla. Eagraíodh 496 cúrsa traenála ina raibh 1,173 rannpháirtí, i réimsí mar anailís polasaí, bainistíocht airgeadais, rialachas corparáide, dlí fostaíochta agus cumarsáid éifeachtach trasteanga.

Tugadh isteach Clár Cinnreachta uailmhianach sa Roinn, dírithe ar leibhéal Príomhoifigigh agus Príomhoifigigh Chúnta. Ar lorg próisis tairiscinte i rith 2006/07, seoladh clár comhdhéanta de mheasúnú "360 céim", oiliúint phearsanta, modúil lárnacha ar chinnreacht, seachadadh straitéise agus cumarsáid, i Meán Fómhair 2007. Bhí ábhar an chlár ina thoradh ar chomhairliúchán fada leis an mbainisteoireacht agus leis an bhfoireann agus leis an soláthróir traenála ag coimeád i gcuimhne na riachtanais fadtéarmacha agus spriocanna gnó na Roinne.

De dhroim na Scéime Aisíoca Táillí ag an Roinn, chuaidh 26 ball foirne ar staidéar tríú leibhéal ina gcuid ama féin le cuidiú airgeadais ón Roinn ar a gcuid staidéir a bheith críochnaithe go rathmhar.

Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

CUSPÓIR

Na seirbhísí is fearr TFC (Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide) a sholáthar chun tacú le riachtanais ghnó na Roinne.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid athbhreithniú ar Straitéis TFC 2003-2006 agus, más cuí, ullmhóimid Straitéis athcheartaithe TFC chun teacht le haon athruithe suntasacha ar thimpeallacht oibre na Roinne.

I rith 2007, lean an tAonad TFC dá chuid oibre ar fhorbairt Straitéise nua TFC don tréimhse 2008-2010. Chuimsigh ceapadh na Straitéise, a forbraíodh in-tí ag an Aonad TFC, infheistíocht shuntasach i dtéarmaí ama agus iarrachta. Bunaíodh seacht gcinn de ghrúpaí oibre laistigh den Aonad TFC le plé a dhéanamh ar eochaircheisteanna straitéiseacha. Ina theannta sin, rinneadh mórán comhairliúcháin le Ranna agus le hOifigí Gnó na Roinne, comhpháirtithe TFC, comhairleoirí seachtracha, soláthróirí tacaíochta agus saineolaithe seachtracha teicneolaíochta, chomh maith le heagraíochta piaracha (ar a n-áirítear ceithre roinn rialtais).

Tá príomhfhócas na Straitéise nua dírithe ar:

- Infreastruchtúr slán TFC a sholáthar;
- Rochtain ar scileanna agus acmhainní oiriúnacha TFC a chinntiú.
- Cuimsiú rialachais éifeachtaigh agus cleachtais Bainistíochta Tionscadail;
- Uasmhéadú a dhéanamh ar Luach ar Airgead ó na hinfeistíochtaí teicneolaíochta atá agus a bheidh ann; agus

- Cuidiú le lorg carbóin na Roinne a laghdú.

Críochnaíodh an Straitéis a ceapadh déanach in 2007 agus ghlac an Bord Bainistíochta léi go luath in 2008.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Soláthróimid infrastructúr láidir TFC d'óstaiocht rathúil ar sheirbhísí na Roinne atá ar aghaidh an phobail ar bhonn 24/7.

I measc na n-iliomad áiseanna atá ar fáil ar-líne dár bpáirtithe leasmhara tá Seirbhísí e-Íocaíochta, Áireamhán Iomarcaíochta, Seirbhísí Cuardaigh, Iarratais Iomarcaíochta & Dóchmhainneachta, Córais Chomhdúcháin ar líne agus áis d'Aistriú Leictreonach Cistíochta go soláthróirí na Roinne. Tá roinnt suíomh gréasáin ag an Roinn freisin a sholáthraíonn rochtain 24/7 ar raon de sheirbhísí na Roinne.

I rith 2007, rinneadh a thuilleadh dul chun cinn maidir le soláthar seirbhísí ar-líne, le háiseanna feabhsaithe leata faisnéise agus cuardaigh bunachair don mBinse Achomhairc Fostaíochta agus d'Oifig na bPaitinní.

Leanadh den obair ar an infrastructúr TFC a neartú chun córais níos daingne agus níos láidre a sholáthar.

Ar lorg gairm ar thairiscintí, rinneadh conradh do sheachadadh seirbhísí slándála TFC agus tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar shlándáil TFC. Tá moltaí an athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm, agus eascróidh neartú ar na córais uile TFC as sin, agus deimhneoidh sin ardleibhéal daingne, slándála agus leanúnachas gnó.

I rith 2007, rinneadh obair shuntasach le cosaint a dhéanamh ar shóchmhainní TFC na Roinne ar rochtain neamhúdaráithe agus ar bhagairtí mailíseacha. Feidhmíodh feabhsuithe ar na córais a choscann r-phost gan iarraidh (TURSCAR) agus víris agus ceannaíodh Córais nua Braite Ionraidh le soláthar a dhéanamh ar chiseal breise cosanta ar ionsuithe trí an Idirlíon. Ceapadh oifigeach lánaimseartha slándála atá faoi láthair ag bainistiú na moltaí atá ag éirí ón athbhreithniú slándála a críochnaíodh le déanaí.

Ón 1ú Eanáir i leith, tá an tAonad TFC ag feidhmiú cur chuige agus córas teicníceanna nua monatóireachta len é féin a chumasú le tuairisciú go cruinn ar infhaighteacht eochairchórais TFC.

Anois soláthraíonn an t-aonad figiúir in aghaidh na ráithe do Ghrúpa Stiúrtha TFC na Roinne ar mheán iontaofachta na gcóras TFC, arna thomhas i bhfrithshuíomh le sprioc d'aga fónaimh de 99% ar na córais uile TFC, i gcaitheamh bliana. Bhí an meán infhaighteachta córais do 2007 ar 99.76%.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Soláthróimid áis atheagraithe phróisis ghnó (APG) chun cabhrú le hAonaid agus le hOifigí na Roinne feabhas a chur ar phróiseas seachadta seirbhíse agus cabhrú ina dhiaidh sin leis na hAonaid agus na hOifigí sin cur chuige nua a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre. Tugaimid tosaíocht ach go háirithe d'obair ar réimsí a dhílárú thar thréimhse na straitéise.

Is fachtóir riachtanach iad Athbhreithnithe Phróisis Ghnó (APG) in áisiú phróisis fheabhsaithe nua oibre a thabhairt isteach. Tosaíodh ar athbhreithniú cuimsitheach i rith na bliana ar Aonad Faisnéise agus Eagraíochta na Roinne agus tosaíodh ar athbhreithniú ar Phróisis Ghnó Íocaíochtaí Dóchmhainneachta na Roinne.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Déanfaimid córas feabhsaithe íocaíochta leictreonach iomarcaíochta a fhorbairt a bheidh níos éifeachtaí.

Ó tugadh isteach an Próiseas Ar-líne don Chóras Íocaíochtaí Iomarcaíochta tá feabhas tagtha ar an aga a thógann sé próiseáil a dhéanamh ar éilimh iomarcaíochta, le haschur do 2007 suas 7.5% ar aschur 2006. Bhain 52.88 faoin gcéad de na custaiméirí úsáid as an áis idirlín i Mí na Nollag 2007; 51.47% an meán don bhliain. Bhí am próiseála na n-éileamh ar 14 seachtaine.

Gné eile den chóras ar líne is ea staitisticí míosúla a tháirgeadh bunaithe ar iarmhír seachas iomarcaíochtaí atá fógartha, faoi mar a bhí leis an gCóras TF a bhí ann roimhe seo. Léiríonn taithí nach dtiteann gach iomarcaíocht a fhógraítear amach, agus tá na staitisticí atá á nginiúint ag an gcóras nua níos iontaofa.

Ó cuireadh i bhfeidhm é, tá tugtha faoi obair le feabhas a chur ar shlándáil agus ar thathag an chórais

agus le chun feabhas a chur ar an bhfáil atá air agus ar a aga fónaimh. Tá glactha le réiteach ard-infhaighteachta le huasmhéadú a dhéanamh ar an aga fónaimh agus déantar tástáil air go tráthrialta.

Dílárú

CUSPÓIR:

Athlonnú a dhéanamh ar fhoireann agus ar fheidhmeanna na Roinne go Ceatharlach laistigh den fhráma ama a leag an Rialtas amach ar bhealach a lagdaíonn an cur isteach ar leanúnachas gnó agus seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí agus a chuireann daoine i gceartlár an phróisis.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA:

Cuirfimid mionphlean gníomhaíochta agus feidhmiúcháin ar fáil a leagfaidh amach ár straitéisí chun cur isteach ar sheirbhís do chustaiméirí a laghdú, chun rioscaí a aithint agus a laghdú, agus chun bainistiú a dhéanamh ar athrúchán, traenáil, bainistiú faisnéise agus cumarsáide foirne.

Oibreoimid go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí chun cabhrú le soláthar foirgnimh ardchaighdeán deartha agus tógála i gCeatharlach, ag soláthar timpeallachta slán, inrochtana don fhoireann go léir.

Déanfaimid pleanáil lena chinntiú go gcoimeádtar soláthar seirbhíse ardchaighdeán i mBaile Cheatharlach.

Ag leanúint ó chinneadh an Rialtais 250 post laistigh den Roinn a athshuí go Ceatharlach lean an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar dhul chun cinn sásúil a dhéanamh in 2007 ar a clár díláraithe a fheidhmiú.

Chuimsigh forbairt mhór in Iúil 2007 críochnú a dhéanamh ar réamhathlonnú rathmhar ar 100 ball den bhfoireann go hoifig nua a tógadh d'aon toisc ar Bhóthar Uí Bhriain, Ceatharlach. D'oscail an tAire Martin an réamhoifig go hoifigiúil Déardaoin 6 Meán Fómhair 2007.

Tar éis suíomh suntasach a cheannach roimhe seo i lár bhaile Cheatharlach, tá an Roinn ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí le buanoifigí don Roinn a fháil i gCeatharlach. D'eisigh an OOP preaseisiúint i Nollaig 2007 ag deimhniú gurbh iad Comhpháirtíocht MacQuarie an fheadhnacht a fuair cuireadh lena bheith ina "Thairgeoir Rathmhar" i leith an tionscadail díláraithe maidir le Buanoifigí na Roinne i gCeatharlach. Cuimsíonn an tionscadal seo soláthar cóiríochta oifige do Roinn Talmhaíochta agus Bia i bPort Laoise agus don Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa Mhuileann gCearr agus tabharfar faoi mar aon chonradh amháin, a sholáthrófar trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP), faoina ndéanfaidh an conraitheoir rathmhar dearadh, tógáil airgeadú agus cothabháil na dtrí fhoirgneamh. Tá comhairle airgeadais á soláthar don OOP ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

Ag deireadh 2007, bhí 97 ball foirne lonnaithe i gCeatharlach. Meastar go méadóidh an líon go 102 faoi dheireadh 2008. Chomh maith leis an bhfoireann atá díláraithe cheana féin go Ceatharlach, faoi dheireadh 2007 bhí 86 eile státseirbhíseach tiomanta do dhílárú go Ceatharlach leis an Roinn seo.

Rialú Airgeadais & Luach ar Airgead

CUSPÓIR

A chinntiú go ndéantar gach beartaíocht airgeadais de réir nósanna imeachta bunaithe airgeadais phoiblí agus go ndéantar iarracht feabhas a chur ar luach ar airgead i riarachán chúramaí na Roinne.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Rachaimid i mbun an chlár nuachóirithe bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm ina iomláine, chomh maith le feabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís dár gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

In 2007, lean an Roinn uirthi ag méadú a córais d'úsáid Ríomhaistriú Airgid (RAA) chun íocaíochtaí díreacha a dhéanamh go cuntais bhainc na soláthróirí. Ag deireadh 2007, próiseáladh 95 faoin gcéad de luach na n-íocaíochtaí uile a rinne an Roinn, trí RAA, ag deimhniú rochtana níos tapúla ar chistíocht do sholáthróirí.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Tabharfaimid leasa an chórais nua bainistíochta airgeadais go haonaid bhainistíochta agus ghnó na Roinne, ag cur ar a gcumas feidhmiú níos éifeachtaí.

Cuireadh dí-róchtain ar fáil ar chóras bainistíochta airgeadais na Roinne in 2007 do gach Rannóg Líne na Roinne. Déanfaidh soláthar dí-róchtana ar thuarascála caiteachais ar chumas bainisteoirí monatóireacht níos géire a dhéanamh ar chaiteachas a bhfuil freagracht orthu agus a chinntiú go bhfuil acmhainní á gcaitheamh go héifeachtach.

Gníomhaíochtaí Breise ar Glacadh leo chun an Cuspóir seo a Bhaint Amach.

Ag teacht le próiseas achóirithe an Rialtais do na Meastacháin agus don Bhuiséad, tiomsaíodh céad Ráiteas Bhliantúil ar Aschur na Roinne go luath in 2007 agus cuireadh faoi bhráid Roghchoiste na Dála ar Fhiontraíocht agus Ghnó Beag é. Rinne ana Ráiteas Bliantúil Aschuir imlíniú ar bhuiséad agus ar thosaíochtaí na Roinne do 2007 i Réimsí Clár tábhachtacha, agus leag amach an áirithe sin eochairspríoc don bhliain, go gcuirfear dul chun cinn i bhfrithshuíomh leo i Ráiteas Bliantúil Aschuir 2008. Tá na Ráitis Bhliantúla Aschuir ar fáil i rannóg Foilseachán suíomh gréasáin na Roinne www.entemp.ie.

Tosaíodh ar dhá athbhreithniú ar luach ar airgead in 2007 agus i réimsí caiteachais Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) agus ar Chlár Forbartha Inniúlachta FÁS (PFC). Táthar ag súil le tuarascála ón dá Athbhreithniú in 2008 agus foilseofar ar shuíomh gréasáin na Roinne iad chomh maith len iad a chur ar fáil do Choiste an Oireachtais ar Fiontair, Trádála agus Fostaíochta lena meas.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Deánfaimid athbhreithniú ar an scéim Iocaíochta Dóchmhainneachta.

Tar éis athbhreithnithe inmheánaigh ar an Scéim Iocaíochta Dóchmhainneachta, tosaíodh ar Athbhreithniú Phróiseas Gnó sa ráithe deiridh de 2007 nuair a earcaíodh comhairleoirí faoi réir ag rialacha um sholáthar poiblí. Críochnaíodh Tuarascáil an APG i Márta 2008. Cuireadh aighneacht faoi bhráid na Rannóige TFC ag tabhairt imlíne ar na tosaíochtaí maidir le feidhmiúchán moltaí teicniúla na Tuarascála. Tugadh feidhm do mholtaí eile na tuarascála, a chuimsigh athruithe riaracháin, ó Bhealtaine 2008.

Iniúchadh Inmheánach

CUSPÓIR:

Seirbhís iniúchta inmheánach riosca-bhunaithe a sholáthar a thugann dearbhú ar na córais rialaithe.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Soláthróimid dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le córais rialaithe inmheánacha na Roinne agus na n-oifigí sin atá díreach faoi shainchúram na Roinne. Cuirfimid sainchomhairle ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le síniú an Ráitis ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh, a bhíonn anois leis an gCuntas Leithghabhála bliantúil.

Soláthraíonn Aonad Iniúchta Inmheánach na Roinne dearbhú i gcónaí don Oifigeach Cuntasaíochta (Ard-Rúnaí) maidir le dóthaineacht chórais rialaithe inmheánacha na Roinne agus na n-oifigí sin atá díreach faoi shainchúram na Roinne. Chuige seo cuirtear clár gníomhaíochta le chéile gach bliain, agus déanann an Coiste Iniúchta Rannach athbhreithniú agus monatóireacht air.

I rith 2007, déanadh an áirithe sin iniúchtaí ar chórais rialaithe inmheánacha na Roinne. Chuir an clár oibre a críochnaíodh i 2007 ar chumas an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh dearbhú a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le síniú an Ráitis ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh, a ghabhann leis an gCuntas Leithghabhála bliantúil.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Comhlíonfaimid ár ndualgais do Choimisiún na hEorpa do chlár gníomhaíochta iniúchta a bheidh le déanamh sna heagraíochtaí a fhaigheann cistiúchán ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) Tá sainról fairsing againn freisin maidir le clabhsúr gach babhta cistiúcháin.

Oibríonn an tAonad Iniúchta Inmheánach chun freagrachtaí na Roinne do Choimisiún na hEorpa a chomhlíonadh maidir le hiniúchadh Chistí Struchtúrtha an AE (a bhaineann go príomha le CSE). Is gá dá dhroim seo iniúchtaí a dhéanamh laistigh den Roinn agus comhordú agus measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht iniúchta a bhaineann leis a dhéantar i Ranna agus in eagraíochtaí eile a fhaigheann Cistiocht Struchtúrtha ón Roinn. Déanann an tAonad teagmháil le Rannóga na gCistí Struchtúrtha sa Roinn agus le Coimisiún an AE maidir le ceistanna a éiríonn as an ngníomhaíocht iniúchta seo agus maidir le gnéithe éagsúla de riachtanais rialaithe airgeadais an AE.

I rith 2007, tosaíodh ar obair le “Dúnadh” Cistí Struchtúrtha CSE 2000–2006 agus forbraíodh struchtúir le freastal ar na riachtanais iniúchóireachta do Chistí Struchtúrtha CSE 2007–2013.

Rinne an tAonad Rialaithe Airgeadais roinnt iniúchtaí de réir Airteagail 10.1(b) agus 10.2 de Rialachán Choimisiún an AE (CE) Uimh. 438/2001 chun an íosmhéid éilimh a chomhlíonadh. I rith 2007 chríochnaigh Iniúchadh Inmheánach, in éineacht le hAonad Rialaithe Airgeadais an CSE, ar iniúchadh ar thionscnamh CSE an Chomhphobail. Rinne an tAonad



An tAire McGuinness ag oscailt oifigiúil Oifigí Eatramhacha NERA i gCeatharlach, le Ger Deering, Stiúrthóir, NERA agus Paul Farrell, Príomh-Oifigeach

Rialaithe Airgeadais éascú ar iniúchadh Choimisiún an AE ar Chlár Oibríochta um Fhorbairt Acmhainní Daonna 2000 – 2006.

Oscailteacht, Trédhearcacht & Freagracht

CUSPÓIR

Feabhas a chur ar éifeacht agus trédhearcacht bhainistíochta inár ngnó, chomh maith le faisnéis ardchaighdeán a sholáthar faoi Shaoráil Faisnéise (SF) agus ionstraimí eile, agus caidreamh leanúnach, éifeachtach a sholáthar soir siar ar fud na Roinne.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfimid le SF, faoi réir chomhaontú an Aire Airgeadais, chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta (feidhmeanna riaracháin amháin), Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann, Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta, Comhairle Ceardaíochta na hÉireann, Aonad Rialaithe Airgeadais Chiste Sóisialta na hEorpa, na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach, Scil-líonta agus an Chúirt Oibreachais (feidhmeanna riaracháin amháin) faoi dheireadh 2005.

I rith 2007, rinneadh 57 iarratas ar an Roinn faoi na hAchtanna Saorála Faisnéise, agus próiseáladh iad uile laistigh de na teorainneacha reachtúla ama. Ag deireadh, bhí ullmhúchán idir lámha le leasú a dhéanamh ar Alt 32 de na hAchtanna SF le héifeacht a thabhairt d'fhorálacha áirithe um neamhnóchtadh isteach sa Tríú Sceideal agus dá bhíthin sin faoi réir SF. Is é éifeacht an leasaithe ná in áit a bheith ag brath ar an gcosc sna hAilt ábhartha de na forálacha, braithfidh an Roinn feasta ar na cosaintí atá ar fail faoin SF agus cinntí á ndéanamh maidir le faisnéis a scaoileadh nó gan a scaoileadh. Déanfar a thuilleadh tuarascála ar an togra seo inár dTuarascáil Bhliantúil 2008.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Leanfaimid d'fhorbairt suímh inlín na Roinne trí fheabhas a chur ar a bhfuil ann agus ar a fheidhmiúlacht chun éascú a dhéanamh ar chumarsáid éifeachtach ar fud na Roinne.

Thosaigh an Roinn ar athdhearadh agus ar fhorbairt an Inlín sa 3ú Ráithe de 2007. Thángthas chun réitigh maidir leis an dearadh nua déanach in 2007 agus tosaíodh ar an obair forbartha go luath in 2008. Críochnaíodh an fhorbairt in Aibreán, 2008 agus tar éis mórán tástála ar an gcóras agus mórán oibre ar ghéilliúntas rochtana tá an tionscadal anois ag dul isteach i gcéim tástála an úsáideora. Rinne an Roinn fógraíocht ag iarraidh réitigh ardchaighdeán cuardaigh le cur in éineacht leis an suíomh agus bronnfar conradh go luath i Ráithe 4, 2008. Tá Céim 1 den tionscadal ar sceideal anois le críochnú déanach i Ráithe 4. Tá Céim 2, fairsingiú an tsuímh le freastal ar riachtanais faisnéise maidir le hOifigí agus réimsí eile feidhmeacha na Roinne, ar sceideal le tosú go luath in 2009.

Straitéis Staidreamh

CUSPÓIR

Bloic thógála a chur ann a dhéanfaidh cumasú ar infhaighteacht thráthúil sonraí mar thacaíocht do dhéanamh cinnidh polasaí fianaisebhunaithe, le tacaíocht níos fearr a thabhairt do luacháil leanúnach ar pholasaí agus ar chlár reatha, agus leis an bhfoireann a chumasú le húsáid níos éifeachtaí a bhaint as sonraí, i dtéarmaí polasaí a cheapadh agus a luacháil araon.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

De bhun tionscadail SPAR an LOS/na Roinne, bunóimid coiste seasta ar straitéis sonraí:

Straitéis Sonraí

Lean an Roinn dá cuid oibre ar cheapadh straitéise sonraí, cé go raibh an dul chun cinn mall. Meastar go mbeidh seo críochnaithe in 2008 Leanadh chomh maith de scrúdú ar fhéidearthacht aitheantóir uathúil gnó agus clár lárnach gaolmhar gnó a thabhairt isteach.

Rialachán Níos Fearr

CUSPÓIR:

Cloí leis na prionsabail rialacháin níos fearr mar a leagadh amach sa Pháipéar Bán “Rialachán Níos Fearr” iad.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Beimid rannpháirteach sa tionscadal píolótach Anailíse ar Thionchair Rialacháin.

Cloífimid le prionsabail an rialacháin níos fearr agus reachtaíocht á hullmhú againn

Tar éis do Roinn an Taoisigh treoirlínte a fhoilsiú ar conas Anailís ar Thionchar Rialúcháin a dhéanamh, tháinig an Roinn seo foireann uirlisí, atá ar fáil anois d’fhoireann uile na Roinne I rith na bliana atá faoi athbhreithniú, thug an Roinn faoi Mheasúnaithe Tionchair Rialacháin (MTRanna). Tá achoimre de na sonraí seo in Aguisín 4.

Bainistíocht Riosca

CUSPÓIR:

Lena chinntiú go ngníomhaíonn an bhainistíocht mar is cuí ar fud na heagraíochta chun na rioscaí a fhéadfadh a bheith ann don eagraíocht a aithint agus a bhainistiú go héifeachtach.

GNÍOMHAÍOCHT STRAITÉISEACH:

Cuirfimid frámaíocht ann chun rioscaí a aithint agus a laghdú d’fhonn a chinntiú go mbeidh modheolaíocht aontaithe agus tuigthe ag an Roinn chun a cuspóirí a thabhairt i gcrích.

Gach bliain, aimsíonn gach Rannóg den Roinn a “bpríomhrioscaí” agus na “gníomhaíochtaí iomchuí” a bheadh le glacadh ag an mbainisteoireacht ar fud na heagraíochta chun rioscaí a fhéadfadh a bheith ann don eagraíocht a bhainistiú go héifeachtach. Déanann gach Rannóg nuashorú ar a Clár Riosca agus tugann Rúnaí Cúnta gach rannóige tuarascáil ar Rioscaí Ardleibhéil na Rannóige don mBord Bainistíochta go ndéanfaí athbhreithniú orthu. Críochnaíodh an ghné thábhachtach seo de phróiseas Bainistíochta Riosca na Roinne in 2007

Cuaille 4

Appendicies

AGUISÍN 1

MEASTACHÁN (NÓ BUISÉAD NA ROINNE DO 2008 AG ÁIREAMH TÁIRGEACHT SHEALADACH DO 2007).

FIONTAR, TRÁDÁIL AGUS FOSTAÍOCHT

I. Meastachán a dhéanamh ar an méid a bheidh ag teastáil sa bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2007 do thuarastail agus chostais Oifige an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag áireamh seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, d'íocaíocht fhóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair, agus le híocaíocht a dhéanamh ar dheontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta.

(a) tríd an soláthar bliantúil reatha

Aon mhíle, trí chéad is aon mhíliún is nócha, trí chéad míle is a aon mhíle euro déag (€1,391,311,000)

(b) trí iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí soláthair chaipitil de leithghabhála nár caitheadh, ar féidir a ngéilleadh a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Sé mhíliún déag, trí chéad is dhá mhíle is fiche euro (€16,32,000)

II. Fo-cheannteidil faoina ndéanfaidh Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cuntas ar an Vóta seo.

	2007 Táirgeacht Sealadach			2008 Meastachán			Athrú i 2008 i gcomparáid le 2007	
	Reatha	Caipiteal	lomlán	Reatha	Caipiteal	lomlán		
	€000	€000	€000	€000	€000	€000		
ADMINISTRATION								
A.1	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	33,149	-	33,149	36,364	-	36,364	10%
A.2	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	1,297	-	1,297	1,689	-	1,689	30%
A.3	COSTAIS THEAGMHASACHA	1,278	-	1,278	1,581	-	1,581	24%
A.4	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	884	-	884	927	-	927	5%
A.5	TREALAMH OIFIGE AGUS SOLÁTHARTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	4,750	-	4,750	5,267	-	5,267	11%
A.6	COSTAIS ÁITRIBH OIFIGE	1,690	-	1,690	1,580	-	1,580	-7%
A.7	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLIÚCHÁIN	189	-	189	439	-	439	132%
A.8	FÓGRAÍOCHT AGUS PHOIBLÍOCHTA	374	-	374	515	-	515	38%
A.9	OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CHORPARÁIDEACH	4,385	-	4,385	4,957	-	4,957	13%
A.10	CÚIRT OIBREACHAIS	2,704	-	2,704	3,193	-	3,193	18%
A.11	AN TÚDARÁS NÁISIÚNTA UM CHEARTA FOSTAÍOCHTA	6,957	-	6,957	10,817	-	10,817	55%
A.12	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNUITHE POLASAÍ	129	-	129	224	-	224	74%
	Fo-iomlán *	57,786	-	57,786	67,553	-	67,553	17%
FIONTAR, GNIOMHAIREACHTAÍ, EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT								
B.1	FORFÁS – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA	32,657	-	32,657	37,835	-	37,835	16%
B.2	INTERTRADEIRELAND	2,646	6,832	9,478	2,968	7,714	10,682	13%
C.1	GFT (GNIOMHAIREACHT FORBARTHA TIONSCAIL) ÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA	42,223	-	42,223	45,230	-	45,230	7%
C.2	GFT ÉIREANN – DEONTAIS DO THIONSCAIL	-	79,000	79,000	-	95,120	95,120	20%
C.3	GFT ÉIREANN – DEONTAS D'OIBRÍOCHTAÍ FOIRGNÍOCHTA	-	3,400	3,400	-	3,400	3,400	-
D.1	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA	99,858	-	99,858	101,661	-	101,661	2%
D.2	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS DO THIONSCAIL	7,037	37,400	44,437	7,970	48,800	56,770	28%
D.3	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS DO CHAITEACHAS CAIPITIL	-	3,400	3,400	-	3,400	3,400	-
E.1	CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONNAINE TEORANTA – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA	-	-	-	102	-	102	-
E.2	CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONNAINE TEORANTA – DEONTAIS DO THIONSCAIL	-	892	892	-	3,000	3,000	236%
F.	CLARACHA EOLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUALAÍOCHTA	24,920	258,028	282,948	27,680	298,878	326,558	15%

* Áiríonn coigilt de €2,580,000 tugtha anonn ó 2007 faoi théarmaí an Chomhaontaithe Riaracháin Chéinainéise.

		2007 Táirgeacht Sealadach			2008 Meastachán			Athrú i 2008 i gcomparáid le 2007
		Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán	
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	
FIONTAR, GNÍOMHAIREACHTAÍ, EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT								
G.	FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE	14,091	16,578	30,669	13,963	18,022	31,985	4%
H.	MONATÓIREACHT AGUS MEASUNÚ AR CHLÁIR AN AE	18	-	18	130	-	130	-
I.	AN tÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA	6,977	291	7,268	8,237	550	8,787	21%
	Fo-iomlán:-	230,427	405,821	636,248	245,776	478,884	724,660	14%
FORBAIRT AN LUCHT SAOTHAIR								
K.1	FÁS – COSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA (a)	147,595	-	147,595	152,254	-	152,254	3%
K.2	FÁS – TACAÍOCHTAÍ TRAEÁLA AGUS TACAÍOCHTAÍ COMHATHAITHE	93,592	-	93,592	99,985	-	99,985	7%
K.3	FÁS – CLÁRACHA FOSTAÍOCHTA	415,228	-	415,228	439,550	-	439,550	6%
K.4	FÁS – CAIPITEAL	-	32,945	32,945	-	16,000	16,000	-51%
L.	DEONTAS D'EAGRAÍOCHT NÁISIÚNTA NA hÉIREANN DO DHAOINE DIFHOSTAITHE (b)	51	-	51	52	-	52	2%
M.1	TACAÍOCHT THEICNIÚIL DO THIONSCNAIMH PHOBAIL	598	-	598	500	-	500	-16%
M.2	CISTÍÚ CHOMHFHREAGRACH DO THIONSCNAIMH POBAIL	33	-	33	102	-	102	209%
M.3	CLÁR FEIDHMIÚCHÁIN D'FHOIRIACHT ACMHAINNÍ DAONNA – CÚNAMH TEICNIÚIL	436	-	436	846	-	846	94%
M.4	CLÁR LEONARDO	128	-	128	140	-	140	9%
M.5	TIONSCNAIMH COMHPHÁIRTIOCHTAÍ FORBARTHA POBAIL CHOITHROM	5,628	-	5,628	2,500	-	2,500	-56%
	Fo-iomlán:-	663,289	32,945	696,234	695,929	16,000	711,929	2%
CEARTA FOSTAÍOCHTA AGUS CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH								
N.	AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA	4,971	-	4,971	6,600	-	6,600	33%
O.1	DEONTAIS DO SHEIRBHISÍ OIDEACHAIS AGUS COMHAIROLEOIREACHTA CEARDCHUMAINN (b)	1,876	-	1,876	1,510	-	1,510	-20%
O.2	CUR CHUN CINN COMHPHÁIRTIOCHTA CHISTE NUÁLAÍOCHT SA LÁTHAIR OIBRE	156	-	156	2,750	-	2,750	-
P.	CÓNASCADH NA gCEARDCHUMANN	43	-	43	150	-	150	249%
	Fo-iomlán:-	7,046	-	7,046	11,010	-	11,010	56%
TRÁCHTÁIL, TOMHALTÓIRÍ AGUS IOMAÍOCHT								
Q.	DEONTAS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA	6,102	-	6,102	6,776	-	6,776	11%
R.1	AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA DO THOMHALTÓIRÍ – DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS GHNÓTHAÍ GINEARÁLTA (c)	7,088	-	7,088	10,000	-	10,000	41%
R.2	TACAÍOCHT DO THOMHALTÓIRÍ	66	-	66	68	-	68	3%
S.1	OIFIG UM CHLÁRÚCHÁN NA gCUIDEACHTAÍ AGUS CLÁRLANN NA gCARA-CHUMANN – DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS GHNÓTHAÍ GINEARÁLTA	9,545	-	9,545	10,091	-	10,091	6%
S.2	ÚDARÁS MAOIRSEACHTA INIÚCHTA AGUS CUNTASAÍOCHTA NA hÉIREANN (DEONTAS I gCABHAIR)	956	-	956	1,547	-	1,547	62%
	Fo-iomlán:-	23,757	-	23,757	28,482	-	28,482	20%
(a) Déanann an Ciste Náisiúnta Traenála cistiú ar chostais chuid de theagascóirí FÁS agus ar chostais Aonaid Anailise Scileanna FÁS								
(b) Fo-cheannteideal airgeadteoranta								
(c) Ar an 1 Bealtaine 2007, cónascadh sa Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóra Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóra agus Bord Eatramhach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóra, a cistíodh roimhe seo faoin bhfotheideal seo.								

		2007 Táirgeacht Sealadach			2008 Meastachán			Athrú i 2008 i gcomparáid le 2007
		Reatha	Caipiteal	lomlán	Reatha	Caipiteal	lomlán	
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	
SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT								
T.	ÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA – DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS GHNÓTHAÍ GINEARÁLTA	22,512	-	22,512	24,440	-	24,440	9%
	Fo-iomlán:-	22,512	-	22,512	24,440	-	24,440	9%
SEIRBHÍÍ EILE								
U.	TAIGHDE AG ÁIREAMH SUIRBHÉANNA DAONCHUMHACHTA	173	-	173	369	-	369	113%
V.	COISTE CREATA NÁISIÚNTA DO PHOLASAITHE COTHROMAÍOCHTA OIBRE/SAOIL	219	-	219	350	-	350	60%
W.	SUIBSCRIBHINNÍ D'EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA, ETC.	15,400	-	15,400	16,239	-	16,239	5%
X.1	COIMISIÚIN, COISTÍ AGUS INIÚCHTAÍ SPEISIALTA	785	-	785	904	-	904	15%
X.2	ÍOCAÍOCHTAÍ ILGHNÉITHEACHA	1,326	-	1,326	1,667	-	1,667	26%
X.3	AOISLIUNTAIS AGUS PINSIN D'FHOIREANN NA CÚIRTE OIBREACHAIS, AN CHOIMISIÚIN UM CHLEACHTAIS SHRIANTACHA AGUS AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA	495	-	495	693	-	693	40%
X.4	EASPÓRTÁIL ÁRACHAS CREIDMHEASA – AISÍOC LEIS AN STÁTCHISTE	476	-	476	60	-	60	-87%
	Fo-iomlán:-	18,874	-	18,874	20,282	-	20,282	7%
	lomlán Comhlán:-	1,023,691	438,766	1,462,457	1,093,472	494,884	1,588,356	9%
	Bain as :-							
Y.	LEITHGHABHÁLA I gCABHAIR	128,411	-	128,411	95,439	-	95,439	-26%
	lomlán Glan:-	895,280	438,766	1,334,046	998,033	494,884	1,492,917	12%
							Méadú Glan (€000)	158,871
	Exchequer pay and pensions included in above net total			321,046			346,317	8%
	Associated Public Service employees and pensioners			6,196			6,435	4%

		2007 Sealadach Táirgeachtlomlán		2008 Meastachán		Athrú i 2008 i gcomparáid le 2007
		Úsáid á bhaint as Géilleadh Iarchurtha				
		€000		€000		
B.2	INTERTRADEIRELAND	-		1,200		
D.3	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS DO CHAITEACHAS CAIPITIL	-		2,000		
F.	CLÁIR EOLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHTA	8,992		4,226		-53%
G	FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE	4,450		3,000		-33%
I.	ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA	880		450		-49%
K.4	CAIPITEAL FÁS	2,000		12,552		528%
		16,322		23,428		44%

	2007 Táirgeacht Sealadach	2008 Meastachán		Athrú i 2008 i gcomparáid le 2007
	Reatha	Reatha		
	€000	€000		
MEASÚNÚCHÁN AR IONCAM AGUS AR CHAITEACHAS AN CHISTE NÁISIÚNTA TRAENÁLA				
IONCAM :				
	IONCAM Ó RANNÍOCAÍOCHTAÍ	408,000	436,000	7%
	IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ	4,485	4,600	3%
	ADMHÁLACHA CSE	20,815	-	-
	Ioncam Iomlán: :-	433,300	440,600	2%
CAITEACHAS:				
	FÁS – TRAENÁIL AR DHAOINE ATÁ FOSTAITHE (A)	151,589	172,821	14%
	FÁS – TRAENÁIL AR DHAOINE CHUN FOSTAÍOCHTA	194,937	198,816	2%
	FÁS – AONAD ANAILÍSE SCILEANNA	369	383	4%
	FÁS – CISTE UM OIDEACHAS SAN LÁTHAIR OIBRE	3,046	3,110	2%
	CLÁR TRAENÁLA GRÉASÁN (SKILLNETS) (B)	13,500	26,472	96%
	GFT ÉIREANN – DEONTAIS TRAENÁLA DO THIONSCAIL	1,034	2,500	142%
	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAIS TRAENÁLA DO THIONSCAIL	3,160	3,000	-5%
	SFADCO. – DEONTAIS TRAENÁLA DO THIONSCAIL	-	255	-
	FORBAIRT LEANÚNACH PROIFISIÚNTA PIOLÓTACH (IEI)	405	450	11%
	SAINGHRÚPA AR RIACHTANAS SCILEANNA SA TODHCHAÍ (FORFÁS)	522	640	23%
	CISTE INFHEISTÍOCHTA UM THEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE (ÚAO)	562	707	26%
	AONAD TACAÍOCHTA TEICNIÚIL (TRAENÁIL INCHUIDEACHTA)	24,206	-	-
	SCÉIMEANNA NUA TRAENÁLA CISTITHE AG AN CSE (B)	1,259	753	-40%
	Caiteachas Iomlán: :-	394,589	409,907	4%
	FARASBARR AN IONCAIM I GCOINNE AN CHAITEACHAS	38,711	30,693	-
	MÉID DE BHARRACHAS CISTÍOCHTA AR AN 31Ú NOLLAIG 2007 (REAMH-MHEASTA)	123,000		
	MÉID DE BHARRACHAS CISTÍOCHTA AR AN 31Ú NOLLAIG 2008 (REAMH-MHEASTA)	161,825		
	MÉID DE BHARRACHAS CISTÍOCHTA AR AN 31Ú NOLLAIG 2008 (REAMH-MHEASTA)		192,518	
(a) Leithdháiltear caiteachas faoin gCiste Náisiúnta Traenála d'eagraíochtaí a fheidhmíonn scéimeanna chun scileanna na ndaoine atá fostaithe a ardú nó chun scileanna a sholáthar dóibh sin ar mian leo scileanna a ghnóthú chun dul i mbun fostaíochta, nó le soláthar a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le riachtanais scileanna atá ann cheana féin, nó gur dóichí a bheidh ann sa todhchaí, san eacnamaíocht. Déanann leithdháileadh CNT do FÁS comhlánú ar ghníomhaíochtaí cistithe ag fo-cheannteidil Státhchiste K1-K3.				
(b) Ag áireamh airleacain CNT do chaiteachas traenála inchiudeachta inaisíochta ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE).				

AGUISÍN 2

LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNUITHE POLASAÍ

(1) Athbhreithnuithe faoi bhreithniú sa tréimhse 2006- 2008

Athbhreithniú ar Achtanna um Shubstaintí Contúirteacha 1972 agus 1979 agus reachtaíocht ghaolmhar

Déanadh coimisiúnú ar staidéar comhairliúcháin i Samhain 2007 le sonraí, eolas agus comhairle a sholáthar don Roinn mar thacaíocht lena hathbhreithniú ar an reachtaíocht ar Shubstaintí Contúirteacha mar a bhaineann le rialú soláthair, stórála agus dáileadh bhíotáille pheitriiliam agus gás peitriiliam leachtaithe (GPL) ag stáisiúin miondíola chomh maith leis na rialúcháin reatha ar lamairní ola, bulcstórais pheitriiliam agus stóráil GPL. Táthar ag súil leis an tuarascáil dheiridh faoi Bhealtaine 2008.

Athbhreithniú ar Luach ar Airgead Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)

Tosaíodh ar athbhreithniú Luach ar Airgead i 2007, agus bronnadh an conradh don athbhreithniú ar Indecon International Consultants i lár 2007. Ba í aidhm an athbhreithnithe príomhchláir chistiúcháin FEÉ a scrúdú agus spriocmholtáí a dhéanamh, nuair is cuí, ar éifeacht fhoriomlán na dtacaí gníomhaireachta i dtógáil chórais taighde den scoth in Éirinn, le fócas ar luach ar airgead na gclár faoi mar atáthar á n-oibriú agus ar úsáid éifeachtach a bhaint as airgead poiblí. Déanadh obair shuntasach i rith 2007 agus táthar ag súil leis go mbeidh an t-athbhreithniú críochnaithe i R2 2008.

Athbhreithniú ar Chlár Forbartha Inniúlachta FÁS.

Deánfaidh an t-athbhreithniú ar Chlár Forbartha Inniúlachta FÁS scrúdú ar chaiteachas FÁS ar dhaoine atá i bhfostaíocht a oiliúint, rud atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí na bhfostaithe a fheabhsú. Táthar ag súil leis go mbeidh an t-athbhreithniú críochnaithe i Meán Fómhair 2008.

(2) Athbhreithnuithe a críochnaíodh in 2007

Grúpa Athbhreithnithe um Modhanna Oibre An Bhinse Achomhairc Fostaíochta (BAF)

I Meitheamh 2007 foilsíodh Tuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe um Modhanna Oibre An Bhinse Achomhairc Fostaíochta (BAF). Cuireadh an Grúpa ar bun i bhFeabhra 2007 le scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna oibre BAF d'fhonn fheabhas a chur ar a sheirbhísí dá chustaiméirí.

Ar an ngrúpa athbhreithnithe bhí baill de BAF, oifigigh ón Roinn, agus ionadaithe a d'ainmnigh ICTU agus IBEC agus ba é Seán Ó Riordáin, Iar-Ard-Rúnaí Chumann na nArd-Státseirbhíseach agus é anois ina Leaschathaoirleach ar an mBainse a bhí ina chathaoirleach.

Tá an Tuarascáil seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne - www.entemp.ie.

AGUISÍN 3

TUARASCÁIL AR GHÉILLIÚNTAS D'FHORÁLACHA AN ACHTA UM ÍOC PRAS CUNTAS

I rith 2007, cuireadh ús pionóis de €5,019.46 ar 81 sonrasc. Seo a leanas miondealú ar an méid seo:

- 36 cás go raibh suas le 30 lá dlite thar téarma agus dá thoradh bhí ús de €1,571.04 i gceist
- 15 sonrasc idir 31 agus 60 lá dlite thar téarma agus dá thoradh bhí ús de €905.67 i gceist
- 30 chás go raibh níos mó ná 60 lá dlite thar téarma agus dá thoradh bhí ús de €2,542.75 i gceist
- De réir I.R. Uimh. 388, ní íoctar ús nuair ach nuair a bhíonn an méid a bhíonn dlite níos mó ná €5.
- Ba é an figiúir comhfhreagrach a bhí ann in 2006 ná 23 íocaíocht dhéanacha agus dá thoradh bhí ús pras íoc de €579.07 i gceist.

AGUISÍN 4

TUARASCÁIL AR MHEASÚNUITHE AR THIONCHAR RIALÁLA (MTR) A RINNE AN ROINN IN 2007

1. Scagadh MTR ar IR I.R. uimh. 557 de 2007, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Éicidheartha do Tháirgí Áirithe a úsáideann Fuinneamh) 2007

Dáta Tosaithe 11 Bealtaine 2007

Dáta Críochnaithe 30 Bealtaine 2007

Cá bhfuil cóip den Scagadh MTR a fháil?

Is féidir cóip den Scagadh MTR a fháil ach é a lorg ar Aonad Comhshaoil na Roinne.

Achoimre ghearr ar Thoradh Scagadh MTR

Toisc nach gcruthaíonn na Rialacháin aon oibleagáidí breise dlíthiúla do ghnó, níor ardaíodh aon cheisteanna substaintiúla le linn an phróisis chomhairliúcháin agus dá bhrí sin ní raibh gá le MTR iomlán. Nuair a bheidh glactha ag Coimisiún Eorpach le ceanglais éicidheartha do tháirgí breise, beidh siad seo faoi réir MTR(anna) scartha.

2. Anailís ar Thionchar Rialála

Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 2007

Dáta Tosaithe Bealtaine 2007

Dáta Críochnaithe Meitheamh 2007

Is tacar d'fhorálacha reachtúla iad na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 le feabhas a spreagadh ar shábháilteacht agus sláinte oibríthe ag an obair. Leagann na Rialacháin oibleagáidí maidir le sábháilteacht agus sláinte ar fhostóirí, ar fhostaithe agus ar dhaoine eile. Leagann siad bonn síos do bhainistiú sábháilteachta agus sláinte agus lena chinntiú go dtéann fhostóirí i gcomhairle le fostaíthe ar cheisteanna sábháilteachta agus sláinte.

Tugadh an chéad thacar de Rialacháin Feidhme Ginearálta isteach in 1993. Coimeádann na Rialacháin nuashonraithe éirim ghinearálta na bhforálacha a bhí ann rompu ach ag an am gcéanna thug siad roinnt mionleasuithe isteach len iad a bheith níos comhtháithe agus ábhartha don timpeallacht athraithe oibre. Ba chóir gur fíorbheagán costais bhreise a bheadh ann d'fhostóirí maidir leis na rialacháin nuashonraithe seo a chomhlíonadh i bhformhór na gcásanna inar déanadh iarrachtaí réasúnta cheana féin an reachtaíocht a bhí ann a chomhlíonadh. Ba chóir nach mbeadh ach an-bheagán costais ar an státchiste toisc go bhfuil córas forfheidhmithe ann cheana féin.

Cá bhfuil cóip den Scagadh MTR a fháil?

Tá an Anailís ar Thionchar Rialacháin do Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas sa Láthair Oibre (Feidhm Ghinearálta) 2007 foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne - www.entemp.ie.

3. Anailís ar Thionchar Rialála an Bhille um Cheimiceáin

Dáta Tosaithe Meitheamh 2007

Dáta Críochnaithe Aibreán 2008

Déanadh Anailís ar Thionchar Rialála an Bhille um Cheimiceáin in 2007. Ba chóir go mbeadh an Bille chun leasa iomaíochais náisiúnta ag éirí as an éifeacht

feabhsaithe rialála a bhfuil sé i gceist aige a thabhairt isteach. An t-aon ualach a bheidh ann do thionscail ag éirí as an mBille seo ná an costas a bhaineann le hacmhainní dírithe ar éascú a dhéanamh ar chigireachtaí agus ar sheiceáil ar chomhlíonadh. Is costais iad seo atá ar thionscail cheana féin maidir le héascú a dhéanamh ar a leithéid de chigireachtaí agus de sheiceáil faoin reachtaíocht reatha sláinte agus sábháilteachta agus timpeallachta, mar shampla. Ceann de spriocanna polasaí na reachtaíochta seo is ea íoslághdú a dhéanamh ar an gcostas riaracháin ar thionscail, agus tá forálacha an Bhille, a sholáthraíonn do shocruithe comhoibrithe idir na húdaráis náisiúnta agus socruithe comhoibrithe frithpháirteacha, dírithe ar seo a bhaint amach.

Cá bhfuil cóip den Scagadh MTR a fháil?

Tá an Anailís ar Thionchar Rialála an Bhille um Cheimiceáin foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne - www.entemp.ie.

4. Bille um Chomhlíonadh Dlí Fostaíochta 2007

Dáta Tosaithe Márta 2008

Dáta Críochnaithe Bealtaine 2008

Níor ceapadh go raibh MTR iomlán riachtanach toisc gur aontaíodh bunghnéithe an Bhille leis na Comhpháirtithe Sóisialta i gCUID 2-Rannóga 11 go dtí 16 de "I dTreo 2016" - Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 10 mbliana 2006-2015.

Foilsíodh an SRIA ar shuíomh gréasáin An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an 16 Bealtaine 2008. Cuireadh tús leis an mBille---arb é an Bille um Chomhlíonadh Dlí Fostaíochta 2008 anois é i nDáil Éireann ar an 13 Márta 2008 agus tá sé ar feitheamh le breithniú na Dála agus Sheanad Éireann.

Cá bhfuil cóip den Scagadh MTR a fháil?

Déanadh Anailís Scagtha ar Thionchar Rialála i nDeireadh Fómhair 2007 maidir leis seo agus tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.entemp.ie/employment/compliance/index.htm

5. Measúnú iomlán ar Thionchar Rialála Threoir Seirbhísí an AE (Treoir 2006/123/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 12 Nollaig 2006)

Dáta Tosaithe

Meitheamh 2007

Dáta Críochnaithe

Is é an spriocdháta do thrashuíomh Threorach Seirbhísí an AE ná an 28ú Nollaig 2009. Tá gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh, Éire ina measc, i mbun an phróisis trashuite ar an Treoir faoi láthair. Dá réir sin táthar fós ag leanúint leis an MTR.

Cá bhfuil cóip den MTR ar fáil?

Níl fáil fós uirthi.

Achoimre ghearr ar thoradh ón MTR

Toisc gur aithníodh go raibh gá le tuilleadh gníomhaíochta le fíor "margadh aonair" a chruthú do sheirbhísí, glacadh le Treoir Seirbhísí an AE i mí na Nollag 2006. Tá trasuíomh na Treorach tríd an Aontas Eorpach le críochnú faoin 28ú Nollaig 2009.

Tá an earnáil seirbhísí ag éirí níos ceannasaí i ngeilleagar na hÉireann, i dtéarmaí táirgeachta, onnmharaithe agus líon na ndaoine atá fostaithe inti. Tá aitheantas ar an méadú atá ar a tábhacht agus ar an ngá atá le héascú a dhéanamh ar sheirbhísí sa todhchaí chun tosaigh i bpolasaithe an Rialtais le déanaí agus cuirfidh trasuíomh tráthúil na Treorach Seirbhísí go suntasach le baint amach a leithéid de spriocanna.

AGUISÍN 5

REACHTAÍOCHT A RIARANN AN ROINN

Sláinte agus Sábháilteacht sa Láthair Oibre

Achtanna um Pléascadh Coirí, 1882 agus 1890

Achtanna um Shábháilteacht i dTionscail 1955 agus 1980

An tAcht um Mianaigh agus Chairéil, 1965

Achtanna um Shubstaintí Contúirteacha 1972 agus 1979

An Acht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa (Córacha amach ón gcósta) 1987

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

Acht na nArm Ceimiceach 1997

An tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 1998

An tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa sa Láthair Oibre 2005

Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch

An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001

Acht um Fhostaithe (Soláthar ar Fheasacht agus ar Chomhairleoireacht) 2006

An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971

An tAcht um Iontaobhas na nOspidéal (1940) Teoranta (Íocaíocht le hIarfhostaithe) 2000

Achtanna um Chaidreamh Tionsclaíoch 1946 go 2004

Achtanna um Fhógra Íostréimhse agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

Acht um Íocaíocht Pá 1991

Achtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 go 2004

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Socraithe) 2003

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirt-Aimseartha) 2001

Achtanna um Chosaint Fostaíochta 1977 agus 2007

Acht um Chosaint Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Suntasacha agus Ábhair Ghaolmhara) 2007

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996

Achtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007

Achtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001

Achtanna na gCeardchumann 1871 go 1990

Acht um Fheasacht agus Chomhairleoireacht Thrasnáisiúnta na bhFostaithe 1996

Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007

Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go dtí 2001

Margadh Inmheánach

Cinneadh 93/72/CEE ón gCoimisiún den 23 Nollaig 1992 ar bhunú Choiste Comhairleach do chomhordú i réimse an Mhargaidh Inmheánaigh

Cinneadh Uimh 3052/95/CE de chuid Parlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 13 Nollaig 1995 ag bunú nós imeachta chun eolas a mhalartú ar bheartais náisiúnta a mhaolaíonn ó phrionsabal na saorghluaiseachta earraí laistigh den Chomhphobal.

Rialachán Comhairle (EC) No. 2679/98 den 7ú Nollaig

1998 ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir le saorghluaiseacht earraí i measc na mBallstát.

Réiteach na Comhairle agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag cruinniú laistigh den Chomhairle, ar an 7ú Nollaig 1998 maidir le saorghluaiseacht earraí.

Moladh Uimh. 2001/893/CE an Choimisiúin ar an 7ú Nollaig 2001 ar phrionsabail d'úsáid a bhaint as "SOLVIT" –

an Gréasán um Réiteach Faidhbe an Mhargaidh Inmheánaigh.

Moladh Uimh. 2005/309/CE an Choimisiúin ar an 12ú Iúil 2004 maidir le Treoracha a chuireann isteach ar an margadh inmheánach a thrasú go dlí náisiúnta.

Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 12 Nollaig 2006 ar sheirbhísí sa mhargadh Inmheánach

Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún den 12 Nollaig 2007 maidir le Cur i bhFeidhm Córais Faisnéise don Mhargadh Inmheánach (FMI) maidir le cosaint sonraí pearsanta

Tionscal

An tAcht Stroighne (Achtacháin a Aisghairm) 2000

Achtanna um Aerphoirt Neamhchustaim, 1947 agus 1958 (cuid de)

An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1987

Achtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go 2006

An tAcht um Thaighde agus Chaighdeáin Tionscail, 1961

An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta, 1996

Acht fán tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996

Achtanna NET, 1963 - 2001

Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Acht um Eolaíocht agus Teicneolaíocht, 1987

Achtanna um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teoranta 1959 - 1991

Dlí Cuideachta

Achtanna na gCuideachtaí 1963 - 2003

Achtanna na gCara-Chumann 1896 - 1977

Acht um Chumainn Tionscail agus Choigiltis, 1893 - 1978

Acht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994

Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005

Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006

Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann, 1997

An tAcht um Chomhpháirtíocht Teoranta, 1907

Acht Comhpháirtíochta, 1890

Acht um Chlárúchán na nAinmneacha Gnó, 1963

An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990

Acht um Chistí Ainmnithe Infheistíochta, 1985 (alt 6)

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 (alt 12(6))

An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995 (alt 80)

An tAcht Iomaíochta 2002 (alt 48 (a) agus 51)

An tAcht um Stocmhalartán 1995

Díobháil Phearsanta

Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007

Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Maoin Intleachtúil

Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003

Ceartha Maoine Intleachtúla

Acht na bPaitinní 1992

Acht (Leasú) na bPaitinní 2006

Acht na dTrádmharcanna 1996

An tAcht um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1998 mar a leasaíodh

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000

Acht um Dhearaí Tionscail 2001

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2004

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007

Trádáil

Acht um Rialú ar Onnmhairí 1983

An tAcht um Shrianadh ar Allmairí, 1962

Achtanna chun Allmhairí a Rialú, 1934-1964

An tAcht Árachais 1953 (mar a leasaíodh)

Polasaí Iomaíochta agus Tomhaltóra

Achtanna Corr-Thrádála 1995

Cairt Chuideachta Órcheardaithe Bhaile Átha Cliath, 1637

Achtanna Iomíochta 2002 agus 2006

An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995

Acht um Chosaint Thomhaltóirí 2007

An tAcht um Shainmharcáil, 1981

An tAcht um Shainmharcáil ar Mhiotail Loghmhara lasachta, 1904

An tAcht um Dhliteanas i Leith Táirgí Fabhtacha, 1991

Achtanna um Marcanna Marsantachta, 1970

An tAcht Méadreolaíochta, 1996

An tAcht um Thrádáil Ócáideach, 1979

An tAcht um Earraí Pacáistithe (Rialú Cainníochta), 1980

An tAcht um Measúnacht ar Mhiotail Loghmhara, 1783

An tAcht um measúnacht ar Mhiotail Loghmhara (Éire), 1807

An tAcht um Measúnacht ar Mhiotail Loghmhara (Leasú), 1931

An tAcht um Dhíol Earraí, 1893

An tAcht um Dhíol Earraí agus um Sholáthar Seirbhísí, 1980

Acht um Uaireanta Trádála Siopa 1938

Acht um Stampaí Trádála, 1980

Fostaíocht agus Traenáil

Acht na bPrintiseachtaí, 1959

Acht um Thraenáil Thionsclaíoch, 1967

Acht um Sheirbhísí Saothair, 1987

An tAcht um Chiste Náisiúnta Traenála, 2000

Achtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006

AGUISÍN 6

REACHTAÍOCHT A ACHTAÍODH IN 2007

Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Uimh. 19 de 2007)

Ar an 1ú Bealtaine 2007 bhunaigh Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar bhonn reachtúil. Tugadh údarás reachtúil níos leithne don Ghníomhaireacht a rinne ionchorprú ar Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóra, le cumhachtaí agus feidhmeanna breise sna réimsí a bhaineann le haighneacht do thomhaltóirí, taighde, oideachas agus feasacht, faisnéis agus forfheidhmiú. In éineacht leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a bhunú déanann an tAcht trasuíomh go dlí na hÉireann ar an Treoir um Chleachtais Éagóracha Tráchtála (Treoir Uimh. 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 11 Bealtaine 2005). Cuireann an tAcht cosc sonrach ar thrádálaithe dul i mbun cleachtas éagóracha tráchtála ar a n-áirítear gníomhaíochtaí míthreoracha, easnaimh mhíthreoracha agus cleachtais ionsaitheacha tráchtála. In éineacht le cosc ginearálta ar chleachtais éagóracha tráchtála, rinne an tAcht eisreachtú ar os cionn 30 cleachtas éagsúil sonrach ar a raibh díol pírimide, camscéimeanna tarraingte duaise, glaoch go leanúnach gan chuireadh etc.

Acht um Chosaint Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Suntasacha agus Ábhair Ghaolmhara) 2007 (Uimh. 27 de 2007)

Baineann "Acht um Chosaint Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Suntasacha agus Ábhair Ghaolmhara) 2007" go príomha le hait 18 ("Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar Chásanna Suntasacha Comhiomarcaíochtaí") agus 19 ("Briste i nDíospóidí Tionsclaíocha") den Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta "I dTreo 2016" a chur i bhfeidhm.

D'fhonn a chinntiú go bhfuil fíoriomarcaíocht i gceist seachas cásanna ina gcuirfí oibrithe nua i mbun na hoibre céanna ar phá níos lú, tá foráil sa reachtaíocht do Phainéal Iomarcaíochta de réir na dtéarmaí a

aontaíodh in "I dTreo 2016". Tá foráil sa reachtaíocht freisin do chosaint eile reachtúil ar chearta fhostaithe a bhí páirteach i stailc, i ngníomhaíocht eile tionsclaíoch nó i bhfrithdhúnadh ach nár déanadh athfhostú ina dhiaidh sin orthu. Cuimsítear roinnt beartas eile chomh maith chun reachtaíocht um chearta fostaíochta a nuashonrú, go príomha baint as an uasteorainn aoise de 66 do theidlíocht reachtúil iomarcaíochta agus forfheidhmiú breithiúnais éigeantaigh Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gcás "Junk v Kuhnel" den 27ú Eanáir, 2005.

Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2007 (Uimh. 35 de 2007)

Tá foráil san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007 i gcásanna áirithe, mar a ndiúltaíonn éilitheoir do mheasúnú an BMDP ar ghlac freagróir leis agus mar a dteipeann orthu in aon imeachtaí ina dhiaidh sin níos mó ná méid an mheasúnaithe BMDP a fháil, nach mbeidh siad i dteideal costais dlí

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007 (Uimh. 39 de 2007)

Déanann an reachtaíocht rialú ar riocht na hÉireann ar iasacht a thabhairt tríd an gcóras leabharlainne poiblí ag teacht le Treoir an AE ar Ligean ar Cíos agus Tabhairt ar Iasacht (92/100/CEE). Tugann an tAcht ceart eisiatach d'údair iasacht a saothar atá faoi chóipcheart a cheadú i leabharlanna poiblí. Is féidir, áfach, ceart ar luach saothair a bheith ann in ionad an chirt eisiataigh seo mar a bhfaigheadh an t-údar íocaíocht dleachta ar a s(h)aothar a thabhairt ar iasacht. Tá an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le scéim oibriúcháin iasachta a bhunú agus táthar ag súil leis go mbeidh an scéim ag feidhmiú ó 2009 ar aghaidh.

AGUISÍN 7

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A DÉANADH I RITH 2007

I.R. Uimh. 6 de 2007

Ordú na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2007

Is aidhm don Ordú seo aisghairm a dhéanamh ar fhoirmeacha a bheadh le húsáid chun críche fhorálacha áirithe d'Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 agus forordú a dhéanamh maidir le hathfhoirmeacha a úsáidí chun críche na bhforálacha seo.

I.R. Uimh. 8 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíle) (Leasú) 2007

Déantar lipéadú ar theicstílí a rialú leis na Príomhrialacháin [I.R. Uimh. 245 de 1998 a rinne trasuíomh ar Threoir 96/74/CE an AE]. Leasaíonn Treoir 2006/3/CE ón gCoimisiún Eorpach na Príomhrialacháin trí theicstíl nua a chur leis ar a dtugtar "elastomultiester".

I.R. Uimh. 9 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Anailís Chainníochtúil ar Mheascáin de Shnáithíní Teicstíle Dénártha) 2007

Déanann an Ionstraim Reachtúil seo trasuíomh ar Threoir 96/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 16 Nollaig 1996 agus is compánach í do Threoir 96/74/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 16 Nollaig 1996. Clúdaíonn Treoir 96/74/CE ainmneacha agus sainmhínithe na dtáirgí éagsúla teicstíle agus clúdaíonn Treoir 96/73/CE na modhanna do thástáil na dteicstílí seo. Leasaíonn Treoir 2006/2/CE ón gCoimisiún Treoir 96/73/CE trí mhodhanna áirithe do thástáil teicstílí a athrú.

I.R. Uimh. 21 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach Dliteanas-Teoranta) 2007 agus

I.R. Uimh. 22 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach Dliteanas-Teoranta) (Foirmeacha) 2007

Tugann na Rialacháin seo feidhm do Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle den 8 Deireadh Fómhair 2001 ar an Reacht do Chuideachta Eorpach. Tugann an Rialachán AE rogha do chuideachtaí le leasa tráchtála i níos mó ná Ballstáit amháin Cuideachta Eorpach a bhunú ar a dtugtar a haimn Laidne 'Societas Europaea' (SE) go foirmeálta. Déanann an Reacht do Chuideachta Eorpach níos éasca é do chuideachtaí méadú agus oibriú trasteorann a bhainistiú gan ghréasán d'fhoichuideachtaí a bhunú.

[Áiríodh sa Reacht do Chuideachta Eorpach Treoir 2001/86/CE ar rannpháirtíocht na n-oibrithe ar déanadh trasuíomh uirthi le I.R. Uimh. 623 de 2006 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach Dliteanas-Teoranta) 2006]

S.I. No. 23 of 2007

Ordú (Tosaithe) 2007 fán Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006

Socraíonn an tOrdú seo an 29ú Eanáir 2007 mar an dáta ar a dtagann forálacha éagsúla an Achta um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006 i bhfeidhm.

I.R. Uimh. 49 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) (Leasú) 2007**

Tugann na rialacháin seo feidhm do Threoir 2003/58/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 15 Iúil 2003 agus leasaítear Treoir 68/151/CEE na Comhairle, maidir le riachtanais nochta faisnéise maidir le cineálacha áirithe cuideachtaí. Is aidhm don Treoir é a bheith níos éasca agus níos tapúla ag an bpobal rochtain a fháil ar eolas faoin chuideachta agus simpliú a dhéanamh ag an am gcéanna ar na foirmiúlachtaí nochta faisnéise a éilítear ar chuideachtaí. Ceadáíonn sé do chomhdú agus do rochtain ar eolas faoin gcuideachta trí mheán leictreonach agus do chomhdú deonach ar aistriúcháin deimhnithe ar dhóiciméid chuideachta a raibh dualgas iad a chur i gcomhad i nGaeilge nó i mBéarla. Ina theannta sin síneann sé na riachtanais nochta faisnéise atá ann maidir le foirmeacha litreach agus ordaithe go dtí caidreamh dá leithéid ar bhealach leictreonach nó trí aon mheán agus go dtí suímh gréasáin chuideachta

I.R. Uimh. 61 de 2007**Acht (Iniúchta agus Cuntasaíochta) na gCuideachtaí 2003 (Ordú um Thosach Feidhme) 2007**

Socraíonn an tOrdú seo an 1ú Márta, 2007 mar dháta ar a dtagann Alt 37(a),(b),(c) agus (e) d'Acht 2003 i bhfeidhm. Leasaíonn Alt 37 Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Is é ábhar an leasaithe ná fairsingiú a dhéanamh ar na riachtanais i bhfo-alt (5) d'alt 194 a bhaineann le cionta a fhéadfadh a bheith indiotáilte de chineál a chuirfeadh ar iniúcháirí tuilleadh eolais a sholáthar, agus rochtain a sholáthar ar leabhair agus doiciméid, don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Treoir ullmhaithe ag ODCE/ICAI le cabhrú le hiniúcháirí le cur i bhfeidhm na forála.

I.R. Uimh. 76 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) (Leasú) 2007.**

Is aidhm do na Rialachán seo sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thionchair dhíobhálacha

ullmhóidí contúirteacha. Cuireann na Rialacháin ar gach déantúsóir, allmhaireoir nó dáileoir ullmhóide contúirtí í a aicmiú agus a lipéadú de réir a bunghuaise agus bileoga sonraí sábháilteachta a sholáthar. Déanann na Rialacháin seo trasuíomh ar Threoir 2006/8/CE an Choimisiúin den 23 Eanáir 2006 a leasaíonn larscríbhinní II,II agus V le Treoir 1999/45/CE. Déantar trasuíomh ar Rialachán 1999/45/CE go dlí na hÉireann le I.R. Uimh 62 de 2004.

I.R. Uimh. 109 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach) 2007**

Rinne na rialacháin seo trasuíomh ar Threoir 2004/108/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 15 Nollaig 2004 ar chomhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus aisghairm ar Threoir 89/336/CEE.

S.I. No. 122 of 2007**Competition Act 2002 (Section 18(5) and (6)) Order 2007 (S.I. No. 122 of 2007)**

Rinne an tOrdú seo aisghairm ar an Ordú um an Acht lomaíochta 2002 (Alt 18 (5) 2002 (I.R. Uimh. 622 de 2002) agus rinne sé caolchúisiú ar aicme na meánchumasc a bheadh le cur in iúl don Údarás lomaíochta.

I.R. Uimh. 157 de 2007**An tOrdú um an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Forálacha Áirithe) (Tosach Feidhme) 2007**

Cheap an tOrdú seo an lá [1ú Bealtaine 2007] ar a dtiocfadh Alt 198 d'Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 i bhfeidhm. Is aidhm d'Ailt 198 a chinntiú go soláthraítear cóipeanna de leabhair a bhíonn ar fáil ar dtús sa Stát do leabharlanna áirithe. Rinne an tAlt seo nuashonrú ar an scéim a bhí ann roimhe seo maidir le leabharlanna taisce chun críche cóipchirt.

I.R. Uimh. 160 de 2007**Rialacháin Mhéadreolaíochta Dlí (Measúnú Comhréire na hEorpa d'Ionstraimí Tomhais) 2007**

Tugann na Rialacháin seo feidhm do Threoir 2004/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 31 Márta 2004 ar chomhchuibhiú dlíthe na mBallstát maidir le hIonstraimí Tomhais. Déanann said soláthar ar shaorghluaiseacht laistigh den Chomhphobal ar ionstraimí áirithe agus leagann siad amach ceanglais fóir-riachtanacha d'ionstraimí atá ceaptha do shainúsáidí.

I.R. Uimh. 178 de 2007**An tOrdú fán Acht um Chosaint Tomhaltóirí (Tosach Feidhme) 2007**

Cheap an tOrdú seo an 1ú lá de Bhealtaine 2007 mar dháta ar a dtiocfadh Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Uimh. 19 de 2007), lasmuigh d'ailt 48 agus 49, i bhfeidhm.

I.R. Uimh. 179 de 2007**An tOrdú um an Acht um Chosaint Tomhaltóirí (An Lá Bunaithe) 2007**

Cheap an tOrdú seo an 1ú lá de Bhealtaine 2007 mar lá bunaithe don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. Tá foráil in Alt 6 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Uimh. 19 de 2007) don lá seo a cheapadh trí ordú ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta An tOrdú fán Acht um Chosaint Tomhaltóirí (Tosach Feidhme) 2007 Cheap an tOrdú seo an 1ú lá de Bhealtaine 2007 mar dháta ar a dtiocfadh Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Uimh. 19 de 2007), lasmuigh d'ailt 48 agus 49, i bhfeidhm.

I.R. Uimh. 239 de 2007**An tOrdú fán Acht um Chaidreamh Tionscail 1990 (Cód Cleachtais Chun Daoine atá ar Fostú i dTithe Dhaoine Eile a Chosaint) (Dearbhú) 2007**

Soláthraíonn an Cód seo frámaíocht chuimsitheach do thuiscint chomhaontaithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí maidir le cosaint daoine atá ar fostú i dtithe dhaoine eile. Cuireann an Cód béim ar chomhtheidlíocht a bheith ag fostaithe i dtithe dhaoine eile ar na cearta agus na cosaintí fostaíochta atá ar fáil d'aon fhostaí eile. Cuireann sé béim ar chuid de na cearta seo agus tá forálacha ann a bhaineann le cosaintí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo do na fostóirí agus do na fostaithe seo.

I.R. Uimh. 254 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Srientacha) (Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) 2007**

Is í éifeacht an Ordaithe seo pionóis a sholáthar ar sháruithe ar Rialacháin na Comhairle (CE) Uimh. 329/2007 den 27 Márta 2007 maidir le beartais áirithe srientacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (Cóiré Thuaidh).

Ar na beartais seo tá cosc ar onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta agus ar chúnamh teicniúil agus airgead a sholáthar, a chuirfeadh le clár a bhaineann le cúrsaí núicléacha, le hairm ollscriosta nó le diúrácáin bhalaistíochta Chóiré Thuaidh. Cuireann sé cosc freisin ar onnmhairiú só-earraí chuig, agus ceannach earraí agus teicneolaíochta ón Chóiré Thuaidh.

I.R. Uimh. 259 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Rannpháirtíocht Fostaithe) 2007**

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh ar Threoir 2003/86/CE an AE den 22 Iúil 2003. Déileáilann an Treoir le gnéithe rannpháirteachta fostaithe i bhfoirm nua dlíthiúil chomharchumann, Comharchumann na hEorpa (ar a dtugtar SCE). Ní féidir SCE nua a chlárú gan idirbheartaíocht a bheith ann ar dtús leis na fostaithe ar a rannpháirtíocht sa chomharchumann, cibé acu an trí fhaisnéis agus chomhairliúchán é agus/nó, rannpháirtíocht, i gcúinsí áirithe, ar leibhéal boird.

I.R. Uimh 277 de 2007**Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007**

Tugann na rialacháin seo in éineacht le Cuid 3 d'Acht um Chistí Infheistíochta, Chuideachtaí agus Fhorálacha Ilghnéitheacha 2006 agus rialacha áirithe ar féidir le húdaráis inniúla (An Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann) a dhéanamh faoi rialachán 40(3) de na Rialacháin éifeacht do Threoir 2004/109/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 15 Nollaig 2004 ar chomhchuíbhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisiúnaithe a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe agus Treoir 2007/14/CE ón gCoimisiún ag leagan síos mionrialacha do chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Threoir 2004/109/CE.

I.R. Uimh 286 de 2007 -**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007**

Tá na rialacháin seo ann in ionad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Stocmhargadh) 1984 (I.R. Uimh. 282 de 1984), mar a leasíodh thar na blianta, agus áirítear leasuithe iontu ag éirí as Treoir 2004/109/CE ar chomhchuíbhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisiúnaithe a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann. Déanann na Rialacháin seo aisghairm ar Ailt 89 go dtí 96 d'Acht na gCuideachtaí 1990 mar thoradh ar Airteagal 32(5) de Threoir 2004/109/CE.

I.R. Uimh. 288 de 2007**Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 2007**

Baineann na Rialacháin seo le hiompar earraí contúirteacha in umair, ar an mórchoír agus i bpacáistí ar bhóithre, chomh maith le pacáil, lódáil, líonadh agus dílódaíl na n-earraí contúirteacha maidir lena n-iompar. Cuireann siad forálacha Iarscríbhinní A agus B ar "Chomhaontú Eorpach ar Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Bhóithre" (ADR) 2007 i bhfeidhm.

I.R. Uimh. 289 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre) (Forálacha Ilghnéitheacha ADR) 2007**

Baineann na Rialacháin seo le hiompar earraí contúirteacha ar bhóithre in umair, ar an mórchoír agus i bpacáistí. Tagann said le forálacha na "gcomhRialachán", is iad sin Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 2007 a déanadh faoi Acht um Iompar Earraí Contúirteacha De Bhóthar 1998.

I.R. Uimh. 290 de 2007**An tOrdú fán Acht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Ceapadh Údarás Inniúil) 2007**

Ceapann an tOrdú seo na húdaráis éagsúla inniúla chun críche an Achta um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 agus na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2007.

I.R. Uimh. 291 de 2007**Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Táillí) 2007.**

Forálann na Rialacháin seo d'íoc táillí gur féidir le húdaráis inniúil, scrúdaitheoir údaraithe nó comhlacht creidiúnaithe iad a ghearradh faoi Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2007.

I.R. Uimh. 299 de 2007**Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007**

Tá na Rialacháin seo in ionad, agus déanann siad aisghairm den chuid is mó ar Rialacháin Feidhme Ginearálta 1993 agus iad freisin in ionad liosta leathan reachtaíochta tánaistí sa réimse a bhaineann le sábháilteacht cheirde agus sláinte chomh maith le trasúomh a dhéanamh ar 14 Treoir ón AE. Tagann siad freisin le hAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 le háireamh á dhéanamh in aon téacs amháin ar beagnach gach dlí sonrath

sábháilteachta agus sláinte a bhaineann go ginearálta le gach fostaíocht. Tá an téacs ceaptha le bheith soláimhsithe agus le cúnamh a thabhairt dóibh siúd a dhéanann tagairt do rialacháin sábháilteachta agus sláinte formhór na bhforálacha ginearálta sábháilteachta a aimsiú in aon téacs amháin. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2007.

I.R. Uimh. 300 de 2007

An tOrdú fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leasa ag an Obair 2005 (Aisghairmeacha) (Tosach Feidhme) 2007

Déanann an tOrdú seo an aisghairm a chur i ngníomh (a bhfuil foráil ann di in ailt 1(2) agus 4(2) d'Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005) d'ailt 33, 34, 35, 115 agus 116 d'Acht Monarchan 1955 agus ailt 28 agus 29 d'Acht um Shábháilteacht i dTionscal 1980, ar theacht i bhfeidhm do na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007), a thagann, i measc nithe eile, in ionad na bhforálacha sin ón 1 Samhain 2007.

I.R. Uimh.450 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gníomhaireachtaí Údaraithe) (Deimhnithe Tionscnaimh a Eisiúint) (Leasú) 2007, (I.R. Uimh. 450 de 2007)

Is í éifeacht na Rialachán seo Cumann Lucht Tráchtála Cheanannais & an Cheantair Mháguaire agus Cumann Lucht Tráchtála Mhainistir na Corann & an Cheantair Mháguaire le sceideal na ngníomhaireachtaí a bhfuil an t údarás acu deimhniú tionscnaimh a eisiúint i Rialacháin 1998. Tá Cumann Lucht Tráchtála Bhéal Átha na Sluaighe, Cumann Lucht Tráchtála Chaisleán an Bharráigh agus Cumann Lucht Tráchtála Dhún na nGall bainte de sceideal na ngníomhaireachtaí údaraithe.

I.R. Uimh. 525 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cur i ngníomh na Rialacha maidir le hlomaíocht a leagadh síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh) (Leasú) 2007

Rinne an tOrdú seo sonrú ar an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) mar údarás iomaíochta maidir le feidhmeanna a sannadh do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, líonraí cumarsáide leictreonaí nó áiseanna a bhaineann leo.

I.R. Uimh. 557 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Éicidheartha do Tháirgí Áirithe a Úsáideann Fuinneamh) 2007

Is aidhm do Rialachán na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Éicidheartha do Tháirgí Áirithe a Úsáideann Fuinneamh) 2007 ná Treoir 2005/32/CE (a ndéanfar tagairt di ina dhiaidh seo mar Threoir um Tháirgí a Úsáideann Fuinneamh) Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 6 Iúil 2005 ag bunú frámaíochta le ceanglais éicidheartha a shocrú do tháirgí a úsáideann fuinneamh agus ag leasú Threoir 92/42/CEE na Comhairle agus Threoracha 96/57/CE agus 2000/55/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Is Creat-Treoir í an Treoir um Tháirgí a Úsáideann Fuinneamh a shonraíonn an fhrámaíocht ina dtabharfaidh an Coimisiún beartais mionsonraithe (ar a dtugtar beartais feidhmiúcháin) ar aghaidh ag socrú ceanglais éicidheartha do shaintáirgí a úsáideann fuinneamh. Tá foráil ann freisin go mbeidh na trí Threoir (a bhaineann le coirí, cuisneoirí agus reoiteoirí agus ballastaí do shruthshoilsíúcháin), atá curtha i bhfeidhm sa dlí náisiúnta, ina mbeartais feidhmiúcháin chun críche na Treorach um Tháirgí a Úsáideann Fuinneamh."

I.R. Uimh. 599 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Acht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fostaithe 1996) (Leasú) 2007.

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh ar Threoir 2006/109/CE an AE den 20 Samhain 2006 lena n-oiriúnaítear Treoir 94/45/CE ar bhunú Chomhairle Oibreacha Eorpach nó nós imeachta i ngnóthais ar scála an Chomhphobail agus i ngrúpaí de ghnóthais ar scála an Chomhphobail chun faisnéis a chur in iúl d'fhostaithe agus chun dul i gcomhchomhairle leo de bhíthin aontachais na Bulgáire agus na Rómáine leis an gComhphobal Eorpach.

I.R. Uimh. 615 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartais Shriantacha) (An Libéir) (Leasú) 2007

Is í éifeacht an Ordaithe seo ná aisghairm a dhéanamh ar an gcuid de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartais Shriantacha) (An Libéir) 2004 (I.R. Uimh. 160 de 2004) a sholáthraíonn pionóis ar sháruithe ar Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 234/2004 na Comhairle. Baineann an tAirteagal le cosc a chur ar allmhairiú diamaint gharbha, spreotaí chruinne agus táirgí adhmaid ón Libéir.

I.R. Uimh. 616 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha) (An Iaráin) 2007

Is é éifeacht an Ordaithe seo ná pionóis a sholáthar ar sháruithe ar Rialacháin na Comhairle (CE) Uimh. 423/2007 den 19 Aibreán 2007, mar a leasaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 618/2007 ón gComhairle den 5 Meitheamh 2007, maidir le beartais áirithe sriantacha in aghaidh na hIaráine. Tá sriantacha sna beartais ar onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta, a fhéadfadh cur le gníomhaíochtaí a bhaineann le saibhriú, le hathphróiseáil, nó le gníomhaíochtaí a bhaineann le huisce trom, nó le forbairt ar chórais soláthar arm núicléach san Iaráin. Cuireann an Rialachán ón gComhairle cosc freisin ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta agus infheistíocht a bhaineann le ceannach a leithéid sin d'earraí agus teicneolaíochta ón Iaráin.

I.R. Uimh. 620 de 2007

Na Rialacháin um Dhearáí Tionscail (Leasú) 2007

Déanann na Rialacháin mionathrú ar Rialacháin um Dhearáí Tionscail 2002 trí chead a thabhairt do dhuine, a bhíonn rannpháirteach in aon imeacht a bhíonn os comhair Rialtóir na bPaitinní, na nDearthaí agus na dTrádmharcanna nó úinéir cláraithe dhearaidh, seoladh a bheith acu do sheirbhís san Aontas Eorpach seachas sa Stát.

I.R. Uimh. 621 de 2007

Rialacha na dTrádmharcanna (Leasú) 2007

Leagann na Rialacha seo amach na riachtanais fhianaiseacha lena gcaithfidh duine, atá bunaithe i mBallstát eile den Chomhphobal Eorpach agus atá incháilithe faoi dhlí an Stáit sin mar ghníomhaire trádmharc, cloí d'fhonn gníomhú thar ceann duine eile maidir le cúrsaí trádmhairc faoi bhráid Rialtóir na bPaitinní, na nDearthaí agus na dTrádmharcanna. Leagann siad síos freisin na híoscháilíochtaí oideachais is gá a bheith ag duine d'fhonn cur isteach ar chlárú ar chlár Gníomhairí Trádmharcanna in Éirinn agus déanann siad soiléiriú ar fheidhmeanna áirithe atá le chomhlíonadh ag Bord na nGníomhairí Trádmharcanna.

I.R. Uimh. 622 de 2007

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí a Sholáthar Maidir le Trádmharcanna agus Dearáí Tionscail) 2007

Déanann na Rialacháin seo a déanadh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, leasú ar fhorálacha áirithe d'Acht na dTrádmharcanna, 1996 agus den Acht um Dhearáí Tionscail, 2001 d'fhonn cead a thabhairt do dhuine, atá bunaithe i mBallstát eile den Chomhphobal Eorpach, agus atá incháilithe faoi dhlí an Stáit sin, gníomhú mar ghníomhaire trádmharcanna, gníomhú thar ceann duine eile maidir le cúrsaí trádmharcanna os comhair Rialtóir na bPaitinní, na nDearthaí agus na dTrádmharcanna.

I.R. Uimh. 689 de 2007**Na Rialacháin Cosanta do Thomhaltóirí (Fógra um Íocaíochtaí Seasta) 2007**

Leagann na Rialacháin seo síos foirm fhógra maidir le híocaíochtaí seasta chun críche ailt 85(3) d'Acht um Chosaint do Thomhaltóirí 2007. Tá foráil in Alt 85(2) den Acht um Chosaint do Thomhaltóirí gur féidir le hoifigeach údaraithe na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí fógra maidir le híocaíochtaí seasta a sheirbheáil ar dhuine a mbeadh cúis réasúnta aige/aici a chreidiúint go bhfuil sé/sí ciontach i gcion iomchuí. Tugann Alt 85(1) den Acht sainmhíniú ar cad is cion iomchuí ann mar chion faoi na hachtacháin seo a leanas:

(a) alt 58 d'Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (i dtaca le rialacháin maidir le praghasanna a thaispeáint);

(b) alt 22(a) nó (b) d'Acht um Praghasanna 1958 (i dtaca le horduithe maidir le praghasanna a thaispeáint);

(c) Rialacháin 4(3), 5(5), 6(3) nó 7(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Praghasanna Táirgí a Chur in Iúl) 2002 (I.R. Uimh. 639 de 2002).

Níor déanadh aon rialachán go dtí seo faoi alt 58 maidir le praghasanna a thaispeáint.

I.R. Uimh. 729 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartais Shriantacha in aghaidh Daoine agus Aonáin Áirithe a bhaineann le Usama Bin Laden, le Lónra Al-Qaida agus leis an Taliban) (Leasú) 2007**

Is í iarmhairt an Ordaithe seo ná leasú a dhéanamh ar an Ionstraim Reachtúil a rinne foráil maidir le pionóis ar sháruithe Rialúchán na Comhairle (CE) Uimh. 881 de 2002 a thug beartais isteach in aghaidh daoine agus aonáin áirithe a bhaineann le hUsama Bin Laden, le Lónra Al-Qaida agus leis an Taliban.

I.R. Uimh. 732 de 2007**Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2007**

Cuireann na Rialacháin seo deireadh le débhríocht maidir le leanúint de cineálacha áirithe trealamh a úsáid, le breis soiléire a sholáthar ar na riachtanais teicniúla a bhaineann le trealamh inaistrithe agus faoiseamh a thabhairt maidir leis an ualach agus leis an gcostas a bhaineann le géilliúntas do chigireacht agus do thástáil ar fhearais leictreacha.

Ina theannta sin ceartaíonn siad easnamh sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (I.R. 299 de 2007), le soiléiriú a dhéanamh ar na riachtanais maidir le tástáil, mar chuid de mhionscrúdú, ar threalamh ardaíthe, agus ceartaíonn siad roinnt earráidí i dtéacs I.R. 299 de 2007. Tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm ar an 12 Samhain 2007.

I.R. Uimh. 746 de 2007**Rialúchán na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú) 2007**

Leasaíonn na Rialacháin seo Sceidil 1 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid), 2003 (I.R. Uimh. 220 de 2003), mar a leasaíodh go deireanach roimhe sin le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú) 2006 (I.R. Uimh. 364 de 2006). Leagann na Rialacháin seo srianta áirithe ar mhargú agus úsáid chomhdhúile arsanaic agus ar sholfónáit phearfluarochtáin.

I.R. Uimh. 755 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartais Shriantacha) (An tSomáil) 2007**

Is é éifeacht an Ordaithe seo ná pionóis a sholáthar do sháruithe ar Rialúchán na Comhairle (CE) Uimh. 147/2003, mar a leasaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 631/2007 ón gComhairle, a thug cosc isteach ar dhíol, ar sholáthar nó ar aistriú ar chomhairle theicniúil, ar chúnamh nó ar oiliúint agus ar sholáthar airgeadais agus cúnamh airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata i dtaobh na Somáile. Déanann an tOrdú aisghairm freisin ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartais Shriantacha) (An tSomáil) 2003 (I.R. Uimh. 67 de 2003).

I.R. Uimh. 761 de 2007**An tOrdú um Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 (Forálacha Áirithe) (Tosach Feidhme) 2007**

Cheap an tOrdú seo an lá (13ú Nollaig 2007) ar a dtiocfadh forálacha sonraithe d'Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 i bhfeidhm, ag éirí as an athbhreithniú ar Choinbhinsiún maidir leis an bPaitinn Eorpach. Leasaíodh Acht na bPaitinní, 1992 le hAcht na bPaitinní (Leasú) 2006 chun athruithe a thug an Coinbhinsiún leasaithe ar an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm. Tháinig an Coinbhinsiún leasaithe i bhfeidhm ar an 13ú Nollaig 2007.

I.R. Uimh. 774 de 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumarsáid Mhargaíochta atá Míthreorach agus Comparáideach) 2007**

Cuireann na Rialacháin seo Treoir 2006/114/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 12 Nollaig 2006, maidir le fógraíocht atá míthreorach agus comparáideach, i bhfeidhm. Is aidhm dóibh trádálaithe a chosaint ar chumarsáid mhargaíochta atá míthreorach agus na torthaí éagóracha a bhíonn uirthi agus cúinsí a shonrú ina gcuirtear cosc ar chumarsáid mhargaíochta atá comparáideach.

Déanann na Rialacháin aisghairm ar Rialacháin (Fógraíocht atá Míthreorach) na gComhphobal Eorpach 1988 (I.R. Uimh: 134 de 1988).

S.I. No. 832 of 2007**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) (Leasú) 2007**

Tugann na Rialacháin seo feidhm do Threoir 2007/16/CE ón gCoimisiún den 19 Márta 2007 ag cur Treoir 85/611/CEE na Comhairle maidir le comhordú dlíthe, rialacháin, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta ar urrúis inaistrithe (GCU) i bhfeidhm maidir le soiléiriú ar shainmhínte áirithe. Baineann na sainmhínte seo le sóchmhainní incháilithe ar féidir le GCU infheistiú iontu.

I.R. Uimh. 869 de 2007**Rialacháin an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2007**

Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) 2004, ag ardú na táille ó €900 go dtí €1050, le feidhm ón 1ú Eanáir 2008.

AGUISÍN 8

TREORACHA AR GLACADH LEO AR LEIBHÉAL AE I RITH 2007

2007/13/CE

Forálann Treoir 2007/13/CE Choimisiúin den 7 Márta 2007 ag leasú larscríbhinn II le Treoir 71/316/CEE na Comhairle ar chomhfhogasú ar dhlíthe na mBallstát maidir le comhfhórlacha d'ionstraimí tomhais agus do mhodhanna rialaithe meitreolaíocha araon.

2007/14/CE

Treoir 2007/14/CE ag leagan rialacha mionsonraithe síos do chur i bhfeidhm fhorálacha áirithe de Threoir 2004/109/CE ar riachtanas comhchuibhithe agus trédhearcachta.

2007/16/CE

2007/16/CE ag cur Treoir 85/611/CEE ón gComhairle maidir le comhordú dlíthe, rialachán, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta ar urrúis inaistrithe (GCU) i bhfeidhm maidir le soiléiriú ar shainmhínte áirithe.

2007/51/CE

Treoir 2007/51/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 25 Meán Fómhair 2007 lena leasaítear Treoir 76/769/CEE na Comhairle maidir le srianta ar mhargaíocht feistí áirithe tomhais a bhfuil mearcair iontu.

2007/63/CE

Treoir 2007/63/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 13 Samhain 2007 lena leasaítear Treoir 78/855/CEE agus 82/891/CEE na Comhairle maidir le riachtanas tuarascála shaineolaí neamhspleách ar ócáid chumaisc nó deighilte chuideachtaí poiblí dliteanais theoranta.

AGUISÍN 9

TREORACHA A TRASAÍODH I RITH 2007

Treoir 2003/58/CE maidir le riachtanais nochta faisnéise maidir le cineálacha áirithe cuideachtaí

Treoir 2003/72/CE ag forlíonadh an Reachta do Chomharchumann Eorpach i dtaca le rannpháirtíocht na bhfostaithe.

Treoir 2004/108/CE maidir le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus aisghairm ar Threoir 89/336/CEE

Treoir 2004/22/CE den 31 Márta 2004 ar ionstraimí tomhais

Treoir 2004/109/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar íosriachtanais trédhearcachta do chuideachtaí liostaithe

Treoir 2005/32/CE ar Éicidhearadh

Treoir 2005/29/CE ar chleachtais éagóracha tráchtála

Treoir 2006/89/CE ar iompar earraí contúirteacha ar bhóithre

Treoir 2006/8/CE maidir le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú ullmhóidí contúirteacha

Treoir 2006/15/CE de mhí Feabhra 2006 ag bunú an dara liosta de luach-theorainneacha nochta táscacha ceirde i gcur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE na Comhairle agus ag leasú Threoracha 91/32/CEE agus 2000/39/CE

Treoir 2006/109/CE ag iarraidh cur le Treoir 94/45/CE ar bhunú Chomhairle Oibreacha Eorpach don Bhulgáir agus don Rómáin.

Treoir 2006/139/CE ag leasú Treoir na Comhairle maidir le srianta ar mhargaíocht agus ar úsáid comhdhúile arsanaice d'oiriúnú larscríbhinn I do phróiseas teicniúil.

Treoir 2006/122/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 12 Nollaig 2006 maidir le srianta ar mhargaíocht agus ar úsáid substaintí agus ullmhóidí áirithe atá contúirteach.

Treoir 2006/114/CEE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 12 Nollaig 2006, maidir le fógraíocht atá míthreorach agus comparáideach (leagan códaithe)

Treoir 2006/2/CE ar mhodhanna áirithe anailíse cainníochtúla ar mheascáin de shnáithíní teicstíle dénártha

Treoir 2006/3/CE ar ainmneacha teicstíle

Treoir 2007/16/EC 2007/16/CE ag soiléiriú sainmhínithe áirithe maidir le sócmhainní incháilithe do ghnóthais chomhinfeistíochta d'urrúis inaistrithe (GCU).

Treoir 2007/14/CE ag leagan mionrialacha síos do chur i bhfeidhm fhorálacha áirithe de Threoir 2004/109/CE ar riachtanas comhchuibhithe agus trédhearcachta.

AGUISÍN 10

ORDUITHE RIALAITHE FOSTAÍOCHTA (ORF) AGUS COMHAONTUITHE FOSTAÍOCHTA CLÁRAITHE (CFC) A DÉANADH I RITH 2007

(ORFanna) ORDUITHE RIALAITHE FOSTAÍOCHTA

Déanadh na hOrduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna) seo a leanas in 2007, ag socrú íosrátaí pá agus ag rialú na gcoinníollacha fostaíochta sna hearnála atá i gceist: rinne an Chúirt Oibreachais na hOrduithe seo tar éis do na Comhchoistí Oibreachais moltaí a dhéanamh

(CFCa) COMHAONTUITHE FOSTAÍOCHTA CLÁRAITHE

Ag deireadh 2007 bhí 46 Comhaontú Fostaíochta ar an gClár a choimeádann an Chúirt Oibreachais. Chláraigh an Chúirt Comhaontú Fostaíochta nua amháin in 2007.

Athraíodh na Comhaontuithe Cláraithe seo a leanas i rith 2007.

- Tionscal Conraitheoireachta Leictrí (uair amháin)
- Clódoireacht (uair amháin)

Comhchoiste Oibreachais	Ionstraim Reachtúil Uimhir an ORF
Comhchoiste Oibreachais Oibríthe Talún	I.R. Uimh. 190 de 2007
Comhchoiste Oibreachais Lónadóireachta (Contaebhuirg Bhaile Átha Cliath agus Buirg Dhún Laoghaire)	I.R. Uimh. 228 de 2007
Comhchoiste Oibreachais Lónadóireachta (ag eisiamh Contaebhuirg Bhaile Átha Cliath agus Buirg Dhún Laoghaire)	I.R. Uimh. 296 de 2007
Comhchoiste Oibreachais (Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath) Glanadh ar Conradh	I.R. Uimh. 624 de 2007
Comhchoiste Oibreachais (ag eisiamh Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath) Glanadh ar Conradh	I.R. Uimh. 623 de 2007
Comhchoiste Oibreachais (Cathair Chorcaí) Gruagaireacht	I.R. Uimh. 244 de 2007
Comhchoiste Oibreachais (Baile Átha Cliath, Dún Laoghaire agus Bré) Gruagaireacht	I.R. Uimh. 7 de 2007
Comhchoiste Oibreachais (Baile Átha Cliath, Dún Laoghaire agus Bré) Gruagaireacht	I.R. Uimh. 505 de 2007
Comhchoiste Oibreachais (seachas Contaebhuirgí Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí) Óstáin	I.R. Uimh. 4 de 2007
Comhchoiste Oibreachais (seachas Contaebhuirgí Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí) Óstáin	I.R. Uimh. 752 de 2007*
Comhchoiste Oibreachais na gCléireach Dlí	I.R. Uimh. 118 de 2007
(*I mí na Samhna 2007, cuireadh tús le himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh maidir leis an ORF seo. Ní raibh deireadh leis na himeachtaí seo faoi dheireadh 2007. Rinne an ArdChúirt an tOrdú a chur ar neamhní i mí Feabhra 2008).	

AGUISÍN 11

SONRAÍ AR MHARGADH AN TSAOTHAIR

Forás Eacnamaíoch

Lean fás na heacnamaíochta i 2007 le méadú 3.5% ar Olltáirgeacht Intíre (OTI) agus 1.2% ar Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) sa cheathrú ráithe de 2007 i gcomparáid leis an ráithe chéanna in 2006.

Fórsa Saothair

Ón gceathrú Ráithe de 2007, bhí 2,239,900 sa bhfórsa oibre (daoine fostaithe + dífhostaithe), ar mhéadú bliantúil de 77,500 (+3.6%) é. Chuir tosca déimeagrafacha mar an méadú ar an daonra in aois oibre 63,000 leis an bhfórsa saothair. Lean glan-inimirce, rud ba chúis le beagnach 80% de na tosca déimeagrafacha leis an c.15,000 eile le leagan ar mhéadú ar rannpháirtíocht sa bhfórsa saothair.

Fostaíocht

Lean an fás ar fhostaíocht in 2007 agus mhéadaigh líon na ndaoine i bhfostaíocht de 66,800, (+3.2%) sa bhliain go dtí an ceathrú ráithe de 2007. Thug an méadú seo líon iomlán na ndaoine i bhfostaíocht go dtí 2,138,900. Bhí ardú beag ar an ráta fostaíochta de 0.2% go dtí 69.0%. B'ionann fostaíocht lánaimseartha agus 82% den fhostaíocht fhoriomlán agus tá 1,754,400 duine anois ag obair ar bhonn lánaimseartha. Lean an méadú ar fhostaíocht pháirtaimseartha (+36,500) in 2007 agus bhí 384,500 duine ag obair go páirtaimseartha. Tháinig méadú, ar bhonn bliantúil, de 5.2% agus 1.8% faoi seach ar líon na n-oibrithe bainearna agus fireanna i bhfostaíocht.

Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe i bhformhór earnála an gheilleagair seachas laghdú i dtionscal na Tógála (-5,600) agus i dtionscail Eile táirgeachta (-4,200). Tháinig méadú ar fhostaíocht san earnáil Mhórdhíola agus Miondíola (+23,800) agus san earnáil Airgeadais agus seirbhísí eile gnó (+20,900); is ionann an dá earnáil seo in éineacht agus os cionn dhá thrian den mhéadú foriomlán ar fhostaíocht. Tháinig méadú ar líon na ndaoine i bhfostaíocht i bhformhór na gcatagóirí gairme ach amháin do Ghairmiúlaigh (-3,600). Tháinig an méadú ba mhó i bPearsanra agus i seirbhísí cosantacha (+13,100), Cléireachas agus rúnaíocht (+12,800), Díolachán (+11,700) agus grúpaí Comhlacha gairme agus teicniúla (+11,300).

Fostaíocht de réir Náisiúntachta

B'ionann fostaíocht dhaoine nach náisiúnaigh Éireannacha iad agus beagnach 16% den fhostaíocht iomlán sa cheathrú ráithe de 2007. Tháinig méadú i rith na bliana de 48,700 (+17%) ar líon na ndaoine na nár bh náisiúnaigh Éireannacha iad i bhfostaíocht le 89.3% den mhéadú leagtha ar dhaoine ó Bhallstáit 12AE. Tháinig méadú ar líon na ndaoine na nach náisiúnaigh Éireannacha iad i mbeagnach gach earnáil den gheilleagar, leis an méadú ba mhó á thaifead i dTrádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola, in Airgeadas agus i seirbhísí eile gnó, in Óstáin agus i mBialanna agus i dtionscail Eile Táirgeachta. Ba iad na hearnála ina raibh an líon is mó daoine nach náisiúnaigh Éireannacha fostaithe ná Óstáin agus Bialanna (37%), Tionscail Eile Táirgeachta (17.7%), trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola (17.3%), Tógáil (17.2%) agus Airgeadas agus seirbhísí eile gnó (15.5%).

1 Central Statistics Office Quarterly National Accounts Quarter 4 2007

2 All labour market data Central Statistics Office Quarterly National Household Survey Quarter 4 2007 unless indicated.

Dífhostaíocht

Sa cheathrú ráithe de 2007 bhí 101,000 duine dífhostaithe (63,600 fireann agus 37,500 baineann). Tháinig méadú de 0.3% ar an ráta dífhostaíochta go dtí 4.5% sa bhliain, leis an ráta d'fireannaigh ag méadú 0.6% go dtí 5.0%, agus d'fhan an ráta do bhaineannaigh ag 3.9%. Bhí 27,700 duine dífhostaithe go fadtéarmach, agus bhí an ráta dífhostaíochta fadtréimhseach ag laghdaithe beagán go dtí 1.2%.

Comparáidí Réigiúnacha

Sa bhliain go dtí an ceathrú ráithe de 2007 tháinig méadú 40,300 (+2.6%) ar fhostaíocht i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (D&O) agus méadú 26,500 (+4.9%) i réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (TLTI). Tháinig méadú ar an líon dífhostaithe sna réigiúin D&O (+8,100) agus TLTI (+2,600). Tháinig méadú ar dhífhostaíocht i ngach fo-réigiún, agus bhí an ráta fáis ab airde, de 6.4% agus 5.9% faoi seach, sa Lár-Oirthear agus i Lár Tíre.

Ionchas Mhargadh an tSaothair

Tá meánrátaí fáis 3.5% agus 3.3% in aghaidh na bliana á thuar ag an Roinn Airgeadais ar OTI agus OTN faoi seach sa tréimhse 2008-2010. Táthar ag súil le méadú 1.1% ar fhostaíocht do 2008, le méadú beag ar an ráta fáis á thuar do na blianta ina dhiaidh sin. Meastar go dtiocfaidh ardú ar an ráta dífhostaíochta go dtí meán de 5.5% thar an tréimhse. Beidh an t-ardú seo ag brath ar roinnt tosca, ar áireamh a ndéanfaidh inimirigh maidir le margadh fostaíochta nach bhfuil chomh maith sin. Is féidir a bheith ag súil le laghdú ar bhrúanna pá le níos lú fáis ar fhostaíocht, agus táthar á thuar seo thar an tréimhse. Ba chóir go léireodh an athchothromaíocht ar fhás amach ó thógáil nua cónaithe agus níos mó i dtreo na hearnála seachtraí rud a léireodh feabhas ar tháirgiúlacht saothair. Tá an cás cuíosach neamhurchóideach seo teagmhasach ar fhorbairtí sa gheilleagar domhanda a bhfuil roinnt rioscaí ina measc mar fhorbairtí sa mhargadh airgeadais, praghasanna ola ag ardú agus luachmhéadú ar an euro in aghaidh an dollair agus sterling.

TÁBLA1 SONRAÍ AR MHARGADH AN TSAOTHAIR 2002-2007						
Iomlán (000te)	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Fórsa Saothair	1,862.8	1,912.7	1,982.1	2,078.1	2,162.4	2,239.9
Fostaithe	1,778.7	1,827.1	1,896.4	1,985.7	2,072.1	2,138.9
Lánaimseartha	1,484.4	1,522.3	1,580.1	1,645.2	1,724.1	1,754.4
Páirtaimseartha	294.3	304.7	316.3	340.6	348.0	384.5
Dífhostaithe	84.1	85.7	85.8	92.3	90.3	101.0
Dífhostaithe go Fadtéarmach	24.9	26.3	28.8	27.6	27.1	27.7
Fireann (000te)	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Fórsa Saothair	1,090.7	1,114.9	1,149.9	1,202.9	1,248.2	1,277.7
Fostaithe	1,038.8	1,061.6	1,096.9	1,148.0	1,193.1	1,214.1
Lánaimseartha	973.5	995.0	1,031.7	1,072.9	1,116.9	1,128.7
Páirtaimseartha	65.3	66.6	65.2	75.1	76.2	85.4
Dífhostaithe	51.9	53.3	53.0	54.9	55.1	63.6
Dífhostaithe go Fadtéarmach	19.0	19.6	21.3	20.7	19.9	20.6
Baineann (000te)	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Fórsa Saothair	772.1	797.8	832.3	875.1	914.2	962.3
Fostaithe	739.9	765.5	799.5	837.7	879.0	924.8
Lánaimseartha	510.9	527.3	548.3	572.3	607.2	625.7
Páirtaimseartha	229.0	238.1	251.1	265.5	271.8	299.1
Dífhostaithe	32.2	32.4	32.8	37.4	35.2	37.5
Dífhostaithe go Fadtéarmach	5.9	6.7	7.5	7.0	7.1	7.1
Ráta (%)	2002	2003	2004	2005	2006	2007
Fostaíocht	65.0%	65.6%	66.6%	67.8%	68.8%	69.0%
Fostaíocht Baineannach	54.8%	55.7%	57.1%	58.3%	59.6%	60.8%
Fostaíocht Oibríthe Scothaosta	48.4%	49.0%	50.1%	52.2%	53.0%	53.9%
Dífhostaíocht	4.5%	4.5%	4.3%	4.4%	4.2%	4.5%
Dífhostaíocht Fhadtéarmach	1.3%	1.4%	1.5%	1.3%	1.3%	1.2%

